2026/2547

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2547 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 18 Meán Fómhair 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam ('na tíortha lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach ('an gearánach') isteach an 4 Lúnasa 2025. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2432 ón gCoimisiún ([3]) ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus d'údaráis na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam agus d'allmhaireoirí, soláthróirí, úsáideoirí, trádálaithe aitheanta agus comhlachais arb eol iad a bheith bainteach gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara uile a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam (IO C, C/2025/5025, 18.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5025/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2432 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2025 lena gcuirtear allmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam faoi réir a gcláraithe d'fhonn tobhach dleachtanna frithdhumpála ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe a cheadú (IO L, 2025/2432, 4.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2432/oj).

(6) An 18 Meán Fómhair 2025, d'iarr Daido Steel Co., Ltd ('Daido'), táirgeoir Seapánach táirgí cruach speisialtachta éagsúla, lena n-áirítear táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, a bheith ina pháirtí leasmhar san imscrúdú, ag maíomh go ndearna toradh an imscrúdaithe difríocht dó mar tháirgeoir an táirge faoi imscrúdú é a d'onnmhairigh méideanna beaga san am a chuaigh thart agus go raibh sé beartaithe aige onnmhairí chuig an Aontas a atosú go luath amach anseo. An 2 Deireadh Fómhair 2025, dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh Daido ós rud é, de réir an fhreagra ar an bhfoirm shamplála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin, nár onnmhairigh Daido an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An 9 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr Daido ar an Oifigeach Éisteachta idirghabháil a dhéanamh ionas gur aithin seirbhísí an Choimisiúin stádas Daido mar pháirtí leasmhar, a bhfuil leas soiléir aige i dtoradh an imscrúdaithe, agus a luann go bhfuil sé ar intinn aige iarraidh ar eisiamh táirgí a dhéanamh. An 4 Nollaig 2025, tar éis dó an t-ábhar a fhiosrú go críochnúil le seirbhísí an Choimisiúin, d'eisigh an t-oifigeach éisteachta moladh maidir le hiarraidh Daido ar stádas mar pháirtí leasmhair. Níor ghá an moladh a mheas, áfach, toisc gur chuir seirbhísí an Choimisiúin in iúl do Daido an 18 Feabhra 2026 gur suíodh go raibh sé comhlachaithe leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte in Japan Nippon Steel Corporation ('Nippon Steel') agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh Daido a uiríll a chur in iúl i gcomhthéacs an imscrúdaithe mar chuid de ghrúpa Nippon Steel. An 4 Márta 2026, chomhdaigh Daido a iarraidh ar eisiamh táirgí, a dtugtar aghaidh uirthi thíos i roinn 2.4. An 24 Lúnasa 2026, chomhdaigh Daido barúlacha maidir leis an Doiciméad Ginearálta um Nochtadh, agus dá bhrí sin, ceadaíodh go hiomlán dó a chearta mar pháirtí leasmhar a fheidhmiú.

(7) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin Turcach Tezcan Galvanizli Yapı Elemanları Sanayi ve Tic. A.Ş. ('Tezcan') go measfaí é a bheith ina tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte. Mhaígh an chuideachta gur cheart don Choimisiún imthosca áirithe a chur san áireamh, is é sin gur onnmhairigh Tezcan cainníochtaí teoranta chuig an Aontas agus, le linn an imscrúdaithe atá idir lámha, go raibh sé gafa go mór le hathbhreithniú éaga.

(8) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh. Cuireadh an chuideachta ar an eolas go cuí faoin imscrúdú lá a thionscanta. Níor sholáthair an chuideachta freagra samplála, áfach, ná níor chláraigh sí mar pháirtí leasmhar. I dteannta na faisnéise a sholáthair an Coimisiún maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, cuireadh an chuideachta ar an eolas faoin imeacht ag Rialtas na Tuirce, a bhailigh sonraí ó tháirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta chun críoch fhreagra Rialtas na Tuirce ar an gceistneoir maidir le staid margaidh áirithe a bheith sa Tuirc.

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

1.4.1. *Maímh maidir le staid margaidh áirithe*

(9) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire gur soláthraíodh fianaise leordhóthanach leis an ngearán, de réir bhrí Airteagal 5 den bhun-Rialachán, ar dhumpáil gan aon choigeartú ar staid margaidh áirithe chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe. Go deimhin, mar a luaitear i roinn 3 den fhógra tionscnaimh, soláthraíodh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar dhumpáil arna ríomh ar bhonn comparáid idir an praghas intíre agus praghas onnmhairiúcháin (an praghas díreach ón monarcha) an táirge faoi imscrúdú nuair a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas é, gan aon choigeartú mar gheall ar staid margaidh áirithe a líomhain an gearánach. Bhí na corrlaigh dumpála a bhí mar thoradh ar an gcomparáid sin suntasach i gcás na dtíortha uile lena mbaineann agus, dá réir sin, is fianaise leordhóthanach iad ar dhumpáil a fhágann gur gá imscrúdú a thionscnamh i gcás na dtíortha uile lena mbaineann. Chomh maith leis sin, tá feidhm ag forálacha Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán maidir le staid margaidh áirithe, amhail gach foráil eile den Airteagal sin, maidir leis an ngnáthluach a chinneadh gan beann ar an bhfianaise a sholáthraítear sa ghearán. Dá bhrí sin, ní féidir le haon cheann de na maímh maidir le fianaise agus líomhaintí i leith staid margaidh áirithe sa ghearán amhras a chaitheamh ar an gconclúid maidir le leordhóthanacht na fianaise is bonn le tionscnamh an imscrúdaithe ná maidir le ceart an Choimisiúin imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil staid margaidh áirithe sna tíortha a bhfuiltear ag díriú orthu.

1.4.1.1. Maímh maidir leis an 'éifeacht brú amach'

(10) Mínítear éifeacht 'brú amach', mar a thugtar uirthi, i roinn 3.1.

(11) Líomhain POSCO VIETNAM Co., Ltd, Cathair Ho Chi Minh ('POSVIET') agus Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş., Iostanbúl ('Tatmetal') nár leor an fhianaise ar staid margaidh áirithe a áiríodh sa ghearán maidir le Vítneam agus maidir leis an Tuirc chun bheith ina fianaise *prima facie* de réir bhrí Airteagal 5.2 de Chomhaontú Frithdhumpála

EDT. *Rinne POSVIET agus Tatmetal tagairt do chonclúidí* phainéal EDT in *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper* ([4]), inar cinneadh 'go leanann sé ón gcáilitheoir 'áirithe' nach mór do staid an mhargaidh a bheith 'ar leithligh, aonair, sonrach'. Líomhain POSVIET freisin gur luaigh painéal EDT in *EU – Cost Adjustment Methodologies II (Russia)* ([5]) gur chuir an téarma 'áirithe' cosc ar 'staid ghinearálta' cáiliú mar staid margaidh áirithe. D'áitigh POSVIET, cé nár ghá staid margaidh áirithe a bheith eisiach do mhargadh intíre tíre ar leith, gur ghá é a bheith ina fheiniméan logánta mar sin féin, i.e. feiniméan a léiríodh laistigh den mhargadh sonrach sin seachas imthoisc leathan nó dhomhanda a léiriú. Tháinig POSVIET agus Tatmetal ar an gconclúid, ós rud é gur áitigh an gearánach gur scaip ró-acmhainneachtaí na Síne amach go tapa chuig an gcuid eile den domhan, nach staid í a thuilleadh a bhí sonrach do mhargaí intíre na gcúig thír spriocdhírithe ach treocht dhomhanda idirleata, arbh é an cineál 'staid ghinearálta' é nár chuir painéil EDT san áireamh.

(12) D'áitigh POSVIET freisin go raibh an gearán róghinearálta maidir leis an margadh táirgí a ndearna an éifeacht 'brú amach' líomhnaithe ró-acmhainneacht na Síne difear dó, toisc gur thagair sé do 'ró-acmhainneachtaí cruach (lena n-áirítear do tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta) ar fud an domhain'. D'áitigh POSVIET go raibh an staid líomhnaithe sin ar fud an domhain agus lasmuigh de mhargaí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, mar is léir ó ráiteas an ghearáin go bhfuil 'ró-acmhainneachtaí domhanda tar éis praghsanna idirnáisiúnta cruach a ísliú go saorga ar fud an domhain'. D'áitigh POSVIET go raibh dálaí margaidh a dhéanann difear do raon táirgí den sórt sin i bhformhór na margaí idirnáisiúnta go hiomlán contrártha le 'áirithe'.

(13) D'áitigh Tatmetal freisin go raibh an Tuirc sna 10 dtír onnmhairiúcháin is mó ar domhan d'onnmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne, ach nach raibh sna hallmhairí chuig an Tuirc ach 3,5 % d'onnmhairí an táirge faoi imscrúdú ón tSín. Mhaígh Tatmetal nach raibh an Tuirc leochaileach d'allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín, ós rud é nach raibh an tSín ach ar an tríú foinse allmhairiúcháin is mó. Líomhain Tatmetal freisin nár sholáthair an gearán nasc cúisíoch idir ró-acmhainneachtaí na Síne agus iompraíocht phraghsála na Tuirce ag cuideachtaí a mhonaraíonn an táirge faoi imscrúdú agus go mbaineann torthaí airgeadais Tatmetal an bonn de bhuntuiscint na líomhaintí maidir leis an éifeacht 'brú amach'.

(14) Áiríodh sa ghearán faisnéis maidir leis an mborradh atá tagtha ar allmhairí tairgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín isteach i Vítneam agus sa Tuirc ó 2019 go 2024 ([6]). Thairis sin, áiríodh sa ghearán faisnéis maidir le sciar allmhairí na Síne in allmhairí foriomlána Vítneam agus na Tuirce de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ([7]) agus maidir leis an gcomparáid idir praghas allmhairí na Síne isteach i Vítneam agus sa Tuirc, praghsanna intíre Vítneam agus na Tuirce idir 2019 agus 2024 ([8]) agus a éifeachtaí ar phraghsanna intíre Vítneam agus na Tuirce. Thairis sin, thagair na heilimintí sin freisin don tréimhse imscrúdúcháin a ndearnadh anailís uirthi sa ghearán (i.e., 2024), ar thagair torthaí airgeadais na gcuideachtaí dóibh freisin. Áiríodh sa ghearán fianaise leordhóthanach ar staid margaidh áirithe i margadh intíre Vítneam agus na Tuirce. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(15) Mhaígh údaráis na Téaváine nár leor an fhianaise faoi staid margaidh áirithe a áiríodh sa ghearán maidir leis an Téaváin chun bheith ina fianaise *prima facie* de réir bhrí Airteagal 5.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. De réir údaráis na Téaváine, níor bhain formhór na fianaise a cuireadh isteach chun údar a thabhairt le staid margaidh áirithe a bheith ann leis an margadh intíre sa Téaváin, toisc nár chuir an gearánach chun cinn maidir leis an Téaváin ach torthaí airgeadais 2 tháirgeoir cruach sa Téaváin. Thagair na torthaí airgeadais sin don chuideachta agus/nó don ghrúpa iomlán agus níor bhain siad go sonrach do tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Thairis sin, thagair siad do 2024, ach rinne an gearánach anailís ar an tréimhse 2015-2020 chun an coigeartú ar an mbrabúsacht is gá mar gheall ar staid margaidh áirithe a chinneadh.

([4]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia – Anti-Dumping Measures on A4 Copy Paper*, WT/DS529/R agus Aguisín 1, arna glacadh an 28 Eanáir 2020, DSR 2020:I, lch. 261, mír 7.21.

([5]) Tuarascáil ón bpainéal, *European Union – Cost Adjustment Methodologies and Certain Anti-Dumping Measures on Imports from Russia (Second Complaint)*, WT/DS494/R agus Aguisín 1, a scaipeadh ar chomhaltaí EDT an 24 Iúil 2020, a ndearnadh achomharc ina aghaidh an 28 Lúnasa 2020, mír 7.180.

([6]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (234), agus mhír (237).

([7]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (239).

([8]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (241).

(16) Áiríodh sa ghearán faisnéis maidir leis an mborradh atá tagtha ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín isteach sa Téaváin ó 2019 go 2024 ([9]). Thairis sin, áiríodh sa ghearán faisnéis faoi sciar allmhairí na Síne in allmhairí foriomlána de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ([10]) na Téaváine agus faoin gcomparáid idir praghas allmhairí na Síne isteach go dtí an Téaváin agus praghsanna intíre na Téaváine idir 2019 agus 2024 ([11]) agus a héifeachtaí ar phraghsanna intíre na Téaváine. Thairis sin, thagair na heilimintí sin freisin don tréimhse imscrúdúcháin a ndearnadh anailís uirthi sa ghearán (i.e., 2024), ar thagair torthaí airgeadais na gcuideachtaí dóibh freisin. Dá bhrí sin, áiríodh sa ghearán fianaise leordhóthanach ar staid margaidh áirithe i margadh intíre na Téaváine. An tagarmharc a úsáideadh sa ghearán chun brabúsacht cuideachtaí cruach a shuí, murar tháinig borradh faoi ró-acmhainneacht na Síne mar a rinne sí, thagair sé do chuideachtaí cruach ar domhan, gan an tSín a áireamh. Dá bhrí sin, thagair an tagarmharc freisin do chuideachtaí na Téaváine. Bhí an gearánach ag brath ar na blianta 2015, 2017 agus 2020, ach áiríodh sna sonraí a soláthraíodh sraith stairiúil ó 2005 go 2020 ([12]). Níor úsáideadh na sonraí brabúsachta sin ach mar thagarmharc chun na brabúis is féidir le cuideachtaí cruach lasmuigh den tSín a bhaint amach a chinneadh i gcás nár tháinig borradh faoi ró-acmhainneacht na Síne mar a rinne sí. Dá bhrí sin, ní raibh i gceist leo ach coigeartú brabúis féideartha a léiriú agus ionsamhlú a dhéanamh ar ríomh brabúis i ngnáthdhálaí margaidh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(17) D'áitigh údaráis na Téaváine freisin nach raibh éagsúlachtaí i mbrabúsacht cuideachtaí aonair ábhartha don chinneadh go raibh staid margaidh áirithe ann.

(18) Bhraith an gearánach ar bhrabúsacht 2 tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Téaváin le haghaidh an ríomha dumpála, agus ní mar fhianaise ar staid margaidh áirithe. In aon chás, mheas an Coimisiún go bhféadfadh an éagsúlacht i mbrabúsacht cuideachta aonair le himeacht ama a bheith ina fianaise leordhóthanach ar staid margaidh áirithe chun críche an ghearáin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(19) Thairis sin, mhaígh údaráis na Téaváine nach raibh aon bhunús dlí faoi dhlí EDT leis an staid margaidh áirithe a líomhnaíodh sa ghearán, toisc gur chuir an Painéal i dtábhacht *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper* go bhfuil staid margaidh áirithe 'dírithe ar mhargadh intíre' na tíre lena mbaineann, agus ní i dtír eile ([13]). De réir údaráis na Téaváine, níor míníodh sa ghearán cén fáth nach dtiocfadh staid margaidh áirithe a eascraíonn as an éifeacht 'brú amach' ar allmhairí na Síne isteach sna tíortha lena mbaineann chun cinn ach amháin sna tíortha lena mbaineann agus ní i dtríú tíortha eile, lena n-áirítear an tAontas.

(20) Ní ró-acmhainneacht dhomhanda, ná ró-acmhainneacht na Síne i gcoitinne, é an staid margaidh áirithe a líomhnaítear sa ghearán maidir leis an Téaváin, ach éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne a d'ísligh na praghsanna intíre sa Téaváin go saorga. Dá bhrí sin, cuireadh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar fáil maidir le staid margaidh áirithe a bhaineann go sonrach leis an Téaváin, mar a shonraítear in aithris (16), mar a rinneadh i gcás na gceithre thír eile lena mbaineann. Ní raibh an staid i dtríú tíortha eile, lena n-áirítear an tAontas, ábhartha le haghaidh tionscnaimh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(21) Ar deireadh, mhaígh údaráis na Téaváine gur léir go raibh modheolaíocht an ghearáin maidir le brabús táirgeoirí intíre sa Téaváin a choigeartú le faisnéis lasmuigh den tír ó tháirgeoirí cruach domhanda ar neamhréir le hAirteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT.

(22) Bhí modheolaíocht an ghearáin bunaithe ar an bhfíric go ndearna an staid margaidh áirithe an brabús a bhain táirgeoirí intíre sa Téaváin amach á smálú, mar na sonraí díolacháin intíre ina n-iomláine. Thairis sin, ní sonraí lasmuigh den tír a bhí san fhaisnéis a úsáideadh chun coigeartú a dhéanamh ach léiríodh léi brabús iarbhír agus hipitéiseach chuideachtaí an domhain, rud a d'fhéadfadh brabúsacht laghdaithe agus hipitéiseach tháirgeoirí na Téaváine a áireamh freisin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(23) D'áitigh Rialtas na Seapáine nach raibh aon fhianaise sa mhaíomh go raibh staid margaidh áirithe i margadh na Seapáine mar gheall ar thionchar ró-acmhainneacht na Síne.

([9]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (234), agus mhír (237).
([10]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (239).
([11]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (241).
([12]) Féach na hiarscríbhinní a ghabhann leis an leagan oscailte den ghearán 'OPEN_Annex_CRF_Profit adjustment_16.09.25' agus 'OECD_GFSEC_Impacts of global excess capacity..._2024'.
([13]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper*, mír 7.36.

(24) Áiríodh sa ghearán faisnéis maidir le treocht allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín isteach sa tSeapáin ó 2019 go 2024 ([14]). Thairis sin, áiríodh sa ghearán faisnéis maidir le sciar na n-allmhairí Síneacha in allmhairí foriomlána táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ([15]) na Seapáine agus maidir leis an gcomparáid idir praghas onnmhairí na Síne chuig an tSeapáin agus praghsanna intíre na Seapáine idir 2019 agus 2024 ([16]) agus a héifeachtaí ar phraghsanna intíre na Seapáine. Dá bhrí sin, áiríodh sa ghearán fianaise leordhóthanach ar staid margaidh áirithe i margadh intíre na Seapáine. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(25) Mhaígh Rialtas na Seapáine, Nippon Steel, JFE Steel Corporation ('JFE') agus Kobe Steel, Ltd. ('Kobe') nach raibh aon staid margaidh áirithe sa tSeapáin mar thoradh ar an éifeacht 'brú amach' ón tSín. Go háirithe, mhaígh Nippon Steel, JFE agus Kobe, ós rud é gur líomhain an gearánach go ndearna ró-acmhainneacht na Síne difear do gach ceann de na 5 thír lena mbaineann agus gur admhaigh sé go raibh onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha eile mar thoradh ar ró-acmhainneacht chruach na Síne, nach féidir leis an acmhainneacht dhomhanda a bheith ina staid margaidh áirithe atá 'ar leithligh, aonair, sonrach' mar a d'iarr an painéal in *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper* ([17]). Léirítear nach bhfuil ró-acmhainneacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta teoranta do mhargadh na Seapáine toisc nach raibh an tSeapáin i measc na 10 gceann scríbe onnmhairiúcháin is mó de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne in 2024, nach raibh inti ach 2,3 % d'onnmhairí na Síne, de réir shonraí Comtrade. Dúirt siad freisin gur dáileadh an tionchar beagnach go cothrom ar fud an gheilleagair dhomhanda agus nach mbaineann sé go háirithe le haon tír ná grúpa tíortha amháin.

(26) Ní ró-acmhainneacht na Síne i gcoitinne a bhí sa staid margaidh áirithe a líomhnaíodh sa ghearán i ndáil leis an tSeapáin, ach éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne a d'ísligh na praghsanna intíre go saorga sa tSeapáin. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán maidir le staid margaidh áirithe a bhaineann go sonrach leis an tSeapáin, mar a shonraítear in aithris (24). Ní raibh an staid i dtríú tíortha eile ábhartha don tionscnamh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(27) D'áitigh Rialtas na Seapáine agus POSVIET nach raibh praghsanna a bhí íseal go saorga ag margaí na Seapáine agus Vítneam, agus mhaígh Nippon Steel, JFE, Kobe agus POSVIET nár chuir an gearánach aon fhianaise ar fáil gur laghdaíodh praghsanna intíre go saorga ionas go ndreasófaí gnólachtaí chun díol i dtríú tíortha seachas ar bhonn intíre. I ndáil leis sin, thuairiscigh Nippon Steel, JFE agus Kobe go raibh meánphraghas allmhairiúcháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta isteach sa tSeapáin agus i Vítneam i gcomhréir, agus níos airde go deimhin, ná an meán domhanda in 2024, bunaithe ar shonraí Comtrade. Líomhain POSVIET freisin nár thug an gearán aghaidh ar na hábhair ionchuir, ach ar an táirge iartheachtach agus go raibh sé neamhfhónta go heacnamaíoch a mheas go mbeadh praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sna tíortha spriocdhírithe íseal go saorga díreach toisc go líomhnaítear go raibh praghsanna allmhairiúcháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín íseal go saorga. Chuir POSVIET i dtábhacht freisin go raibh sciar allmhairiúcháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne isteach sna tíortha spriocdhírithe sách íseal i gcás roinnt tíortha, idir 12 % san India agus 78 % sa Téaváin. D'áitigh POSVIET nár leor na sciartha allmhairiúcháin chun 'praghsanna atá íseal go saorga' a tharchur ón tSín chuig margadh allmhairiúcháin.

(28) Sholáthair an gearánach comparáid idir praghas onnmhairí na Síne chuig an tSeapáin agus chuig Vítneam, agus praghsanna intíre na Seapáine agus Vítneam idir 2019 agus 2024 ([18]) agus faisnéis maidir le sciar na n-allmhairí Síneacha in allmhairí foriomlána táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Seapáine agus Vítneam ([19]), rud a thug le fios gur chuir allmhairí na Síne brú ar an margadh. Thairis sin, thuairiscigh an gearánach gur tháinig méadú ar onnmhairí cruach na Seapáine agus Vítneam chuig an Aontas d'ainneoin gur tháinig laghdú ar onnmhairí cruach foriomlána ([20]). Dá bhrí sin, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil chun a léiriú gur laghdaigh ró-acmhainneachtaí na Síne praghsanna intíre go saorga. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(29) Chuir Nippon Steel, JFE agus Kobe in aghaidh anailís an ghearánaigh a raibh sé d'aidhm aici méadú ar allmhairí ón tSín isteach sa tSeapáin ó 2020 a léiriú, d'ainneoin imthosca eisceachtúla na bliana sin. Dar leo, ba cheart tús a chur leis an anailís ar an treocht in 2019 agus léireodh sí go raibh siad fós níos ísle in 2024 ná mar a bhí in 2019, bunaithe ar staitisticí na Seapáine.

([14]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (234), agus mhír (237).
([15]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (239).
([16]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (241).
([17]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia –Anti-Dumping Measures on Paper*, mír 7.22.
([18]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (241).
([19]) Féach an leagan oscailte den ghearán, an tábla i ndiaidh mhír (239).
([20]) Féach an leagan oscailte den ghearán, míreanna (398)-(399).

(30) Bhí Nippon Steel, JFE agus Kobe ag brath ar eastóscadh lena n-áirítear na hallmhairí ó Phoblacht na Cóiré ('an Chóiré', arna marcáil le cód staidrimh na Seapáine 103) isteach sa tSeapáin, seachas ón tSín (arna marcáil le cód staidrimh na Seapáine 105) isteach sa tSeapáin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

1.4.1.2. Maímh maidir leis an staid margaidh áirithe a bhaineann le costais i Vítneam

(31) Líomhain an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam ('an tÚdarás) go raibh an fhianaise sa ghearán míchruinn agus as dáta maidir le staid an tionscail táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i Vítneam. Shoiléirigh an tÚdarás nár ghlac rialtas Vítneam páirt i Roinn 20 de thuarascáil Cheanada agus go raibh na cinntí bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil agus gur aisiompaíodh na cinntí le dhá athbhreithniú ina dhiaidh sin, i bpíopa ([21]) táite de chruach charbóin agus i gcruach fhrithchreimneach ([22]).

(32) Cuireadh fianaise ar fáil sa ghearán ar roinnt beart i Vítneam a rinne difear don chostas táirgthe i dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ([23]). Dá bhrí sin, bhí fianaise leordhóthanach ann go raibh bearta i bhfeidhm a d'fhéadfadh staid margaidh áirithe a chruthú i Vítneam agus dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Cinnfidh an t-imscrúdú an bhfuil bearta den sórt sin fós i bhfeidhm agus a dtionchar ar an gcostas táirgthe i dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, i gcás inarb iomchuí.

1.4.1.3. Maímh maidir leis an gcomparáid cheart

(33) Mheabhraigh POSVIET agus Tatmetal conclúidí phainéal EDT in *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper*, inar cinneadh go n-éilíonn an teanga 'comparáid cheart' measúnú i ndáil leis an gcomparáid idir praghsanna intíre agus praghsanna onnmhairiúcháin' agus go raibh an measúnú inchomparáideachta sin éagsúil leis an gceist an raibh staid margaidh áirithe ann. Dá bhrí sin, fiú dá mba ann do staid margaidh áirithe (*quod non*), ní fhéadfaí a thoimhdiú nach féidir comparáid cheart a dhéanamh leis na díolacháin intíre. Maidir le conclúidí phainéal EDT, d'áitigh POSVIET agus Tatmetal nár cuireadh fianaise ar fáil sa ghearán a thabharfadh le fios nár cheadaigh praghsanna intíre sna tíortha spriocdhírithe comparáid cheart a dhéanamh.

(34) Thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán gur laghdaíodh brabúis na dtáirgeoirí intíre sna 5 thír lena mbaineann mar gheall ar éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne, rud a laghdaigh praghsanna intíre go saorga sna margaí intíre sin faoi seach. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar ag an staid margaidh áirithe líomhnaithe ach ar phraghsanna intíre, rud a d'fhág nárbh fhéidir comparáid cheart a dhéanamh idir praghsanna intíre agus díolacháin onnmhairiúcháin. Diúltaíodh don argóint.

(35) Mheabhraigh údaráis na Téaváine freisin, chun a agairt gur ann do staid margaidh áirithe, nach mór a léiriú go raibh sé d'éifeacht ag cás den sórt sin díolacháin intíre a dhéanamh mí-oiriúnach chun comparáid cheart a dhéanamh leis an bpraghas onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, mhaígh siad nár thug aon chuid den fhianaise a soláthraíodh sa ghearán le fios gur chuir staid margaidh áirithe cosc ar chomparáid cheart. Go deimhin, de réir údaráis na Téaváine, bunaithe ar an bhfianaise sa ghearán, bhí tionchar ag ró-acmhainneacht dhomhanda ar na brabúis uile a rinne táirgeoirí cruach ar fud an domhain, agus mar thoradh air sin ní chuirfeadh staid margaidh áirithe cosc ar chomparáid cheart a dhéanamh.

(36) Thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán go raibh laghdú tagtha ar bhrabúis tháirgeoirí intíre na Téaváine mar gheall ar éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne, rud a laghdaigh praghsanna intíre go saorga sa Téaváin, ní mar thoradh ar ró-acmhainneacht dhomhanda. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar ag an staid margaidh áirithe líomhnaithe ach ar phraghsanna intíre, rud a d'fhág nárbh fhéidir comparáid cheart a dhéanamh idir praghsanna intíre agus díolacháin onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

(37) Nippon Steel. Mhaígh JFE agus Kobe nár pléadh sa ghearán an ceanglas nach mór do staid margaidh áirithe, má shuitear é, díolacháin intíre a dhéanamh míchuí chun comparáid a dhéanamh leis an bpraghas onnmhairiúcháin.

([21]) CSWP3 2018 IN FD SOR, 31 Eanáir 2019.
([22]) COR2 2019 IN FD SOR, 30 Deireadh Fómhair 2020.
([23]) Féach roinn 4.4.1 den leagan oscailte den ghearán.

(38) Thug an Coimisiún dá aire go meabhraítear an ceanglas maidir le comparáid cheart sa ghearán ([24]) agus go dtacaíonn sé le ríomh an ghnáthluacha trí choigeartú brabúis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

1.4.1.4. Maímh eile maidir leis an staid margaidh áirithe

(39) Mhaígh údaráis na Téaváine gur minic a bhí táirgeoirí cruach sa Téaváin comhtháite go hingearach agus, dá bhrí sin, nach raibh siad ag brath ar allmhairí amhábhar ón tSín. Chuir an struchtúr sin ar chumas thionscal na Téaváine leanúint de bheith iomaíoch agus aghaidh á tabhairt ar allmhairí ó thríú tíortha.

(40) Mhaígh údaráis na Téaváine freisin gur geilleagar margaidh í an Téaváin ina socraítear praghsanna de réir gnáthdhálaí iomaíochta, gan idirghabháil ón rialtas. Mar sin, ba cheart don Choimisiún brath ar phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, mar a rinne sé san imscrúdú is déanaí ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh, *inter alia*, na Téaváine ([25]). Luaigh údaráis na Téaváine nach ndearnadh tagairt san iarraidh ná san fhógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála sin, a bhí ar siúl tráth an imscrúdaithe reatha, d'aon staid margaidh áirithe sa Téaváin, d'easpa ionadaíochais ar dhíolacháin intíre ná ar shaobhadh brabúis.

(41) Ina theannta sin, mhaígh údaráis na Téaváine nach féidir toradh gur ann do staid margaidh áirithe a bhunú ar fheiniméin dhomhanda praghsanna arna spreagadh ag tríú tír nach bhfuil mar chuid d'imscrúdú. Chuir údaráis na Téaváine ábhair imní in iúl maidir le comhlíonadh rialacha EDT i ndáil le léirmhíniú den sórt sin ar choincheap staide margaidh áirithe, go háirithe mura raibh fianaise shoiléir ar idirghabháil Stáit agus saobhadh margaidh iarmhartach a bhaineann go sonrach le margadh na Téaváine ag tacú le léirmhíniú den sórt sin. I ndáil leis sin, thagair údaráis na Téaváine d'fhasach ina raibh baint ag staid margaidh áirithe le cineálacha inaitheanta tionchair rialtais ([26]), chomh maith le cás inar dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh go raibh staid margaidh áirithe ann i ndáil le táirge cruach ([27]).

(42) I ndáil leis sin, d'áitigh Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach nach mbaineann an toisc chinntitheach le cineál na staide féin, ach leis an éifeacht agus leis an tionchar a bhíonn aige ar an margadh. Go nithiúil, ní hé ró-acmhainneacht na Síne féin a chruthaíonn staid áirithe, ach a tionchar ar gach ceann de na tíortha lena mbaineann.

(43) Mhaígh Nippon Steel, JFE agus Kobe nach raibh an tSeapáin an-leochaileach d'allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín toisc go raibh an sciar a tuairiscíodh sa ghearán níos ísle i gcomparáid leis an sciar isteach sa Téaváin nó i Vítneam.

(44) Dúirt Nippon Steel, JFE agus Kobe freisin go bhfuil tionscal na Seapáine cosanta go córasach ar éifeachtaí ró-acmhainneacht na Síne leis na bearta cosanta trádála arna bhforchur ag Rialtas na Seapáine agus thagair siad do roinnt beart agus d'fhaireachán leanúnach Rialtas na Seapáine.

(45) Chuir Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach i gcoinne an léimh sin agus luaigh sé nár leor an chosaint sin chun ábhair imní thionscal na Seapáine a mhaolú trí thagairt a dhéanamh do roinnt ráitis phoiblí ó ionadaithe ó chuideachtaí cruach agus ó thithe trádála Seapánacha.

(46) Mhaígh Nippon Steel, JFE agus Kobe freisin go raibh margadh cruach na Seapáine cosanta go struchtúrach ó dhul i bhfód allmhairí Síneacha mar thoradh ar cheanglais tomhaltóirí maidir le táirge ardcháilíochta, nach dtairgeann tionscal na Síne de ghnáth, go háirithe in earnáil mótarfheithiclí na Seapáine, agus ar an mbealach an-sonrach ina ndéantar gnó ar mhargadh na Seapáine, arb é is príomhthréith dó rannpháirtíocht cuideachtaí trádála, a d'fhorbair caidrimh sheanbhunaithe agus an-shainithe le táirgeoirí na Seapáine.

([24]) Féach an leagan oscailte den ghearán, míreanna (58) agus (191).

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta áirithe de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/508/oj).

([26]) Tuarascáil ón bpainéil, *EU – Cost Adjustment Methodologies II (Russia)*, mír 7.40.

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na hÉigipte, na Seapáine agus Vítneam agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú ar allmhairí na dtáirgí sin de thionscnamh na hIndia (IO L, 2025/1919, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1919/oj), aithrisí (132)-(137).

(47) D'áitigh Nippon Steel freisin sa leagan íogair dá bharúlacha go raibh praghsanna intíre sa tSeapáin níos airde go saorga mar gheall ar na gnéithe de mhargadh na Seapáine a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (44) agus (46).

(48) Luaigh Nippon Steel, JFE agus Kobe freisin nár chuir tionscal na Seapáine le ró-acmhainneachtaí domhanda san earnáil cruach, toisc gur tháinig laghdú ar acmhainneacht cruach intíre sa tSeapáin idir 2019 agus 2024, bunaithe ar shonraí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('ECFE'), i gcodarsnacht le Vítneam, áit ar tháinig méadú ar an acmhainneacht. Thairis sin, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ghlac Rialtas na Seapáine páirt i bplé tríthaobhach leis an Aontas agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá chun aghaidh a thabhairt ar an ró-acmhainneacht dhomhanda cruach agus is comhalta seanbhunaithe réamhghníomhach é den Fhóram Domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach.

(49) D'áitigh an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam go raibh an líomhain sa ghearán gur chuir táirgí cothroma fuar-rollta Síneacha i Vítneam ar phraghsanna ísle iallach ar tháirgeoirí táirgí cothroma fuar-rollta intíre a bpraghsanna díola intíre a laghdú go leibhéil neamh-inbhuanaithe chun dul in iomaíocht le praghsanna táirgí cothroma fuar-rollta na Síne mícheart go fíorasach, toisc go bhfuil allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín isteach i Vítneam faoi réir dleachtanna frithdhumpála ó 2020 i leith agus gur cuireadh síneadh leis na bearta i mí na Nollag 2025.

(50) D'iarr Rialtas na Seapáine go gcuirfí díolacháin intíre agus praghas onnmhairiúcháin i gcomparáid go hiomchuí. I ndáil leis sin, d'áitigh Nippon Steel, JFE agus Kobe freisin, fiú dá suífeadh an Coimisiún go bhfuil staid margaidh áirithe i margadh na Seapáine, nach gcuirfeadh sé sin cosc go huathoibríoch ar chomparáid cheart a dhéanamh idir an praghas intíre agus an praghas onnmhairiúcháin toisc go ndearna éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne san earnáil cruach difear a mhéid céanna do mhargadh na Seapáine agus do mhargadh an Aontais araon. Dar leo, eascraíonn sé sin as cineál na staide margaidh áirithe líomhnaithe, ós rud é go bhfuil éifeachtaí domhanda ag an ró-acmhainneacht san earnáil cruach agus, go háirithe, sa tSín, agus go bhfuil tionchar aici ar an ngeilleagar domhanda, mar a d'aithin an gearánach. Chun tacú leis sin, rinne siad comparáid idir méid iomlán na n-allmhairí táirgí de chruach fhuar-rollta isteach sa tSeapáin agus isteach san Aontas agus dúirt siad go raibh siad cosúil le chéile. Dar leosan, tá an chosaint ó allmhairí Síneacha cosúil leis sin freisin. Bheadh an tSeapáin faoi chosaint ag na tosca a luaitear in aithrisí (44) agus (46), ach bheadh an tAontas faoi chosaint ag dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh, *inter alia*, na Síne ([28]) agus ag na bearta coimirce ar tháirgí cruach áirithe ([29]). Mar sin féin, dar leo, léiríodh nach raibh na bearta sin éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainneacht ós rud é gur tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais agus gur tháinig méadú ar mhéideanna na gcuótaí ráta taraife trí léirscaoileadh bliantúil. Dheimhneofaí é sin leis an togra ón gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha trádála a bhaineann le ró-acmhainneacht dhomhanda ar mhargadh cruach an Aontais ([30]).

(51) Os a choinne sin, mheas Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach nach raibh gá le hanailís chomparáide cheart in imthosca an cháis seo, toisc nach é an staid margaidh áirithe chéanna é a dhéanann difear do na praghsanna onnmhairiúcháin, ach feiniméan eacnamaíoch difriúil (i.e. éifeacht ró-acmhainneachtaí na Síne ar mhargadh an Aontais). Dar le Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach, is éard a bhí sa dumpáil go díreach rogha a dhéanamh praghsanna onnmhairiúcháin a shocrú ar leibhéal níos ísle ná praghsanna gnáthluacha, d'ainneoin dinimic eacnamaíoch ar na margaí onnmhairiúcháin. Thairis sin, ní dhéanann an Coimisiún anailís chomhthreomhar den sórt sin ar chúiseanna eile chun an gnáthluach a ríomh. Mar shampla, má mheasann an Coimisiún go ndíoltar na díolacháin intíre uile faoi chaillteanas agus dá réir sin nach ndíoltar iad sa ghnáthchúrsa trádála, ní féidir leis cinneadh a dhéanamh sonraí díolachán iarbhír a úsáid toisc go ndíoltar na díolacháin uile ar mhargadh an Aontais faoi chaillteanas freisin. I dtuairim Chónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach, ní bhaineann an ghné dheireanach sin le hábhar.

([28]) Ar deireadh, arna chur chun feidhme trí bhithín Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2068/oj).

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/159/oj).

([30]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda, (COM(2025)) 726 final, 7.10.2025.

(52) Ina theannta sin, mhaígh Nippon Steel, JFE, Kobe agus Tatmetal, fiú dá gcomhlíonfaí na coinníollacha faoi Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, nach bhféadfadh an Coimisiún neamhaird a dhéanamh ar bhrabúis iarbhír Nippon Steel agus Tatmetal ar a dhíolacháin intíre sa ghnáthchúrsa trádála, de réir réamhrá Airteagal 2(6), ós rud é nár ceadaíodh le hAirteagal 2(3) don Choimisiún ach an gnáthluach a ríomh. Go deimhin, dar leo, má tá sonraí iarbhír ann maidir le táirgeadh agus díolacháin sa ghnáthchúrsa trádála, ní mór don Choimisiún na sonraí sin a úsáid chun méid an bhrabúis a shuí, mar a mhínigh an Chúirt in *Goldstar v an Chomhairle* ([31]) agus i roinnt rialuithe EDT ([32]). Dar leo, ní fhéadfaí neamhaird a thabhairt ar bhrabús ar dhíolacháin intíre iarbhír sa ghnáthchúrsa trádála agus an gnáthluach á ríomh faoi Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán ach amháin in éagmais díolacháin intíre sa ghnáthchúrsa trádála. I ndáil leis sin, ní fhéadfadh an Coimisiún an gnáthchúrsa trádála a chomhcheangal le staid margaidh áirithe chun neamhaird a thabhairt ar an mbrabús a dhéantar ar dhíolacháin intíre sa ghnáthchúrsa trádála, ós rud é gur coincheapa ar leith a bheadh sa dá cheann mar a léirítear le húsáid an téarma 'nó' eatarthu in Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán. Bunaithe ar *NutraSweet v an Chomhairle* ([33]), d'áitigh Nippon Steel, JFE agus Kobe gur bhain an tástáil an ghnáthchúrsa trádála le cineál na ndíolachán féin agus ní le cineál an mhargaidh inar oibrigh cuideachta. Thagair Nippon Steel, JFE, Kobe agus Tatmetal freisin don *Chomhairle v Alumina* ([34]). Ní bhainfeadh sé le hábhar, de réir Nippon Steel, JFE agus Kobe, a thagair do *Hansol*, go bhféadfadh gnáthluach ríofa a bheadh comhionann leis na praghsanna díola intíre ar tugadh neamhaird orthu a bheith mar thoradh air sin mar gheall ar staid margaidh áirithe ([35]).

(53) D'easaontaigh Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach agus mheas sé nach mbeadh na díolacháin intíre i margadh a ndéanann staid margaidh áirithe difear dó sa ghnáthchúrsa trádála, rud a chuirfeadh cosc ar an gCoimisiún brath ar na praghsanna iarbhír. D'áitigh Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach freisin nár thacaigh *an Chomhairle v Alumina*, ná *NutraSweet v an Chomhairle* leis an gconclúid gur bhain tástáil an ghnáthchúrsa trádála le cineál na ndíolachán féin seachas le cineál an mhargaidh ina n-oibríonn cuideachta.

(54) D'athdhearbhaigh Nippon Steel gur ndearna Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach comhcheangail ar choincheapa an ghnáthchúrsa trádála agus staid margaidh áirithe, a bhí éagsúil in Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, agus gur soiléiríodh an pointe a bhain le tástáil an ghnáthchúrsa trádála le cineál na ndíolachán féin in *NutraSweet v an Chomhairle* ([36]). Os a choinne sin, tugadh le fios i Rialachán (CE) Uimh. 1972/2002 ón gComhairle ([37]), lenar tugadh isteach coincheap maidir le staid margaidh áirithe sa bhun-Rialachán ar dtús, go raibh an réasúnaíocht bheartais ba bhonn le tabhairt isteach staid margaidh áirithe dírithe ar dhálaí struchtúracha níos leithne laistigh de mhargadh, seachas ar dhíolacháin ag cuideachta shonrach ([38]). Thairis sin, luaigh Nippon Steel nach bhfuil aon tagairt do staid margaidh áirithe in Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán, a úsáideann an

([31]) Breithiúnas an 13 Feabhra 1992, *Goldstar Co. Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-105/90, ECLI:EU:C:1992:69, míreanna 35-38.

([32]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia – Anti-Dumping and Countervailing Duty Measures on Certain Products from China*, WT/DS603/R agus Aguisín 1, arna glacadh an 26 Aibreán 2024, míreanna 7.1157.116; Tuarascáil ón bpainéal, Pakistan – *Anti-Dumping Measures on Biaxially Oriented Polypropylene Film from the United Arab Emirates*, WT/DS538/R agus Aguisín 1, a scaipeadh ar Chomhaltaí EDT an 18 Eanáir 2021, rinneadh achomharc an 22 Feabhra 2021, míreanna 7.147-7.148; Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *European Communities – Anti-Dumping Duties on Imports of Cotton-Type Bed Linen from India*, WT/DS141/AB/R, arna glacadh an 12 Márta 2001, DSR 2001:V, lch. 2049, mír 81; agus Tuarascálacha ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *China – Measures Imposing Anti-Dumping Duties on High-Performance Stainless Steel Seamless Tubes ('HP-SSST') from Japan / China – Measures Imposing Anti-Dumping Duties on High-Performance Stainless Steel Seamless Tubes ('HP-SSST') from the European Union*, WT/DS454/AB/R agus Aguisín 1 / WT/DS460/AB/R agus Aguisín 1, arna ghlacadh an 28 Deireadh Fómhair 2015, DSR 2015:IX, lch. 457, míreanna 5.255.27.

([33]) Breithiúnas an 3 Bealtaine 2001, *Ajinomoto Co., Inc. agus The NutraSweet Company v Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach*, cásanna uamtha C-76/98 P agus C-77/98 P, ECLI:EU:C:2001:234, mír 38.

([34]) Breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *Comhairle an Aontais Eorpaigh v Alumina d.o.o.*, C-393/13 P, ECLI:EU:C:2014:2245, mír 30.

([35]) Ordú an 13 Meitheamh 2024, *Hansol Paper Co. Ltd v An Coimisiún Eorpach*, T-199/23, ECLI:EU:T:2024:388, mír 63.

([36]) Cásanna uamtha C-76/98 P agus C-77/98 P, *NutraSweet v an Chomhairle*, mír 38.

([37]) Rialachán (CE) Uimh. 1972/2002 ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 384/96 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 305, 7.11.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1972/oj).

([38]) Rialachán (CE) Uimh. 1972/2002.

téarma 'gnáthchúrsa trádála' ina ionad sin. Mhaígh Nippon Steel freisin gur ghá brabúis ó dhíolacháin a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála a úsáid, bunaithe ar thuarascáil ón bpainéal in *EC – Salmon (Norway)* ([39]). D'áitigh Nippon Steel, fiú i gcásanna nach bhfuil díolacháin táirge ar leith leordhóthanach chun údar a thabhairt le díolacháin intíre a úsáid, go n-úsáidfeadh an Coimisiún brabúsacht na ndíolachán sin atá sa ghnáthchúrsa trádála fós, i gcomhréir le hAirteagal 2(6) agus *PT Musim Mas v an Coimisiún* ([40]). Dar le Nippon Steel, ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin agus neamhaird á tabhairt ar phraghsanna intíre mar gheall ar staid margaidh áirithe agus níor léirigh an gearánach nach raibh díolacháin intíre tháirgeoirí na Seapáine sa ghnáthchúrsa trádála.

(55) Thairis sin, mhaígh Nippon Steel, JFE agus Kobe, dá gcinnfeadh an Coimisiún mar sin féin dul ar iontaoibh Airteagal 2(6), fomhír (c), go mbeadh sé faoi oibleagáid an chaidhp bhrabúis a ríomh chun a áirithiú nach sárófaí í, mar a mheabhraigh an painéal in *EU – Footwear (China)* ([41]) agus *EU – Biodiesel (Indonesia)* ([42]). Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún léiriú a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar a bhfuil i gceist leis an gcaidhp agus ar an gcaoi ar bhunaigh sé í. Ar deireadh, mheabhraigh siad gur thagair 'brabús a réadaíodh de ghnáth' do bhrabúis a réadaíodh go rialta nó de ghnáth.

(56) I ndáil leis sin, d'áitigh Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach gur cheart don Choimisiún dul ar iontaoibh fhomhír (c) toisc nárbh fhéidir fomhír (a) a úsáid toisc go ndearna an staid margaidh áirithe difear do na díolacháin uile, ní fhéadfaí fomhír (b) a úsáid toisc go bhféadfadh feidhm a bheith ag éifeachtaí saobhacha ró-acmhainneachtaí na Síne ar tháirgí cruach maidir le raon leathan táirgí cruach agus nach bhféadfadh aon táirge eile atá an-chosúil le sainiúlachtaí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a bheith i gceist.

(57) D'fhreagair Nippon Steel le barúlacha nár tugadh ach amháin sa leagan íogair a bhaineann le brabúis a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

(58) D'easaontaigh JSW Steel Limited agus a chuideachtaí comhlachaithe (JSW) leis an ngearánach gur soláthraíodh bunús dlí le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán chun na costais a choigeartú chun an gnáthluach a ríomh fiú má bhunaigh an Coimisiún staid margaidh áirithe san India. Mhaígh JSW nach gceadófaí, faoin mbun-Rialachán, staid margaidh áirithe a bheith ann faoi Airteagal 2(3), ach an gnáthluach ríofa a úsáid, arna ríomh ar bhonn an chostais táirgthe, in ionad na bpraghsanna díola iarbhír.

(59) Mhaígh JSW nár leor staid margaidh áirithe a bhunú i margadh na hIndia i gcoitinne agus go mbeadh ar an gCoimisiún a léiriú go ndearna an staid margaidh áirithe líomhnaithe difear iarbhír do JSW. Thairis sin, mhaígh JSW nach ndearna aon cheann de na staideanna margaidh áirithe líomhnaithe difear dó.

(60) Maidir leis an amhiarann, mhaígh JSW nach raibh aon srian onnmhairiúcháin ar an amhiarann ina bhfuil cion iarainn faoi bhun 58 % agus nár léirigh an gearánach conas a laghdaigh aon bheart san India praghas intíre an amhiarainn i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin. Mhaígh JSW freisin, a mhéid a bhaineann le hamhiarann ina bhfuil cion iarainn os cionn 58 %, nach ndearna staid an margaidh áirithe ar deireadh difear do na cainníochtaí a d'allmhairigh JSW. Thairis sin, mhaígh JSW freisin go raibh an praghas ar ar cheannaigh JSW iarann intíre le hiarann os cionn 58 % i gcomhréir leis an bpraghas allmhairiúcháin. Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le húsáid faoi chuing amhiarainn, mhaígh JSW go raibh an praghas a d'íoc sé os cionn phraghas an mhargaidh agus gurbh é slándáil an tsoláthair an t-aon tairbhe do JSW a bhain leis an úsáid faoi chuing.

(61) Maidir le gual, d'áitigh JSW nach ndearnadh idirdhealú sa ghearán idir an gual cóic ar ionchur díreach é sa phróiseas déanta cruach agus gual neamhchóic a úsáidtear i dtáirgeadh fuinnimh. Mhaígh JSW, ós rud é nach raibh an dá tháirge sin inmhalartaithe agus go raibh na margaí don dá tháirge sin éagsúil, gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar an maíomh go raibh staid margaidh áirithe ann do ghual san India. Mhaígh JSW freisin gur allmhairigh sé an chuid is mó den ghual cóic a bhí ag teastáil uaidh ós rud é nach raibh infhaighteacht leordhóthanach ar ghual cóic intíre agus nár leor a cháilíocht chun cruach a dhéanamh. Ar deireadh, mhaígh JSW go raibh praghsanna ceannaigh JSW ar ghual cóic inchomparáide le praghsanna idirnáisiúnta a léirigh nach raibh aon éifeacht anuas ar phraghsanna allmhairiúcháin na hIndia mar thoradh ar bheartas intíre.

([39]) Tuarascáil ón bpainéal, *European Communities – Anti-Dumping Measure on Farmed Salmon from Norway*, WT/DS337/R, arna glacadh an 15 Eanáir 2008, agus ceartúchán 1, DSR 2008:I, lch. 3, mír 7.298.

([40]) Breithiúnas an 2 Iúil 2025, PT Musim Mas v An Coimisiún, T-176/23, ECLI:EU:T:2025:662, mír 116.

([41]) Tuarascáil ón bpainéal, *European Union – Anti-Dumping Measures on Certain Footwear from China*, WT/DS405/R, arna glacadh an 22 Feabhra 2012, DSR 2012:IX, lch. 4585, míreanna 7.2997.300.

([42]) Tuarascáil ón bpainéal, *European Union – Anti-Dumping Measures on Biodiesel from Indonesia*, WT/DS480/R agus Aguisín 1, arna glacadh an 28 Feabhra 2018, DSR 2018:II, lch. 605, mír 7.51.

(62) Maidir le dramhchruach, d'áitigh JSW go raibh an líomhain maidir le staid margaidh áirithe ar ghual ag teacht salach ar staid margaidh áirithe ar dhramhchruach ós rud é go laghdódh staid margaidh áirithe ar ghual an t-éileamh ar dhramhchruach. Mhaígh JSW nár léirigh an gearánach conas a chuir bearta na hIndia a bhain le dramhchruach, amhail an dleacht onnmhairiúcháin 15 %, le praghsanna dramhchruach níos ísle. Mhaígh JSW freisin go raibh bearta curtha i bhfeidhm ag roinnt tíortha eile, lena n-áirítear an tAontas, chun tacú le dramhchruach a thabhairt cothrom le dáta agus nár shuigh an gearánach conas a bhí bearta na hIndia sonrach nó sainiúil, rud a mhaígh JSW a bheith riachtanach chun staid margaidh áirithe a bhunú.

(63) Mhaígh JSW, fiú dá mbeadh staid margaidh áirithe ann, gur cheart don Choimisiún a mheas an gceadódh an staid margaidh áirithe comparáid cheart idir díolacháin intíre agus díolacháin onnmhairí. Mhaígh JSW freisin go raibh an costas táirgthe céanna ag JSW gan beann ar cé acu a díoladh an táirge lena mbaineann sa bhaile nó a onnmhairíodh é. Mhaígh JSW freisin gur cuireadh na hionchuir ábhartha isteach san fhoirnéis gan idirdhealú a dhéanamh idir a bhfoinse, rud a dheimhnítear a thuilleadh toisc nach raibh a fhios ag na línte táirgthe, agus táirgí réamhtheachtacha amhail cornaí teorollta á dtáirgeadh, an ndéanfaí an corna a thiontú a thuilleadh ina tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta nó an ndíolfaí mar sin é.

(64) Níor aontaigh JSW le líomhaintí an ghearánaigh gur laghdaigh méideanna móra allmhairí Síneacha an táirge faoi imscrúdú praghsanna i margadh intíre na hIndia, rud a bhain an bonn de chumas tháirgeoirí na hIndia díol go brabúsach agus, mar thoradh air sin, go ndearna táirgeoirí na hIndia aschur a atreorú chuig margadh an Aontais. Mhaígh JSW nach leis an India amháin a bhain an éifeacht 'brú amach' a líomhain an gearánach agus nach raibh éifeachtaí inléirithe aici ar phraghsanna, ar phatrúin trádála ná ar bhrabúsacht tháirgeoirí na hIndia. Mhaígh JSW freisin nach ndearna ró-acmhainneacht na Síne difear dá bhrabús sa mhargadh intíre agus go raibh a mhéid díolachán fós ard sna margaí intíre agus onnmhairiúcháin araon. A mhéid a bhaineann le praghsanna, mhaígh JSW go raibh an treocht sa mhargadh intíre cosúil leis na margaí onnmhairiúcháin. Ina theannta sin, d'áitigh JSW go bhfuil allmhairí na Síne an-íseal i gcomparáid le tíortha allmhairiúcháin eile (3-12 % de na hallmhairí iomlána), nach bhfuil in allmhairí na Síne ach 0,2-0,3 % den tomhaltas intíre agus go bhfuil treochtaí allmhairiúcháin na Síne chun deiridh ar threochtaí tomhaltais intíre. Ar deireadh, mhaígh JSW go raibh bearta cosanta trádála i bhfeidhm ag an India in aghaidh an táirge faoi imscrúdú.

(65) Mhaígh JSW gur ceanglaíodh le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán go mbeadh ar an staid margaidh áirithe líomhnaithe an praghas intíre a fhágáil míchuí chun comparáid a dhéanamh leis an bpraghas onnmhairiúcháin. Mhaígh JSW freisin go raibh an dá phraghas sin inchomparáide ós rud é go raibh bearta cosanta trádála éifeachtacha i bhfeidhm ag an India in aghaidh an táirge faoi imscrúdú agus murab ionann agus go leor tíortha eile go raibh éileamh intíre méadaithe ann.

(66) Níor aontaigh JSW leis an ngearán go bhféadfadh an Coimisiún an brabús a choigeartú agus an gnáthluach á chinneadh aige dá mbunófaí staid margaidh áirithe. Mhaígh JSW nach bhfuil aon bhunús dlí ag an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar an mbrabús iarbhír a rinne JSW ar a dhíolacháin intíre chun an gnáthluach a ríomh. Ar deireadh, dúirt JSW freisin, fiú dá mbeadh an Coimisiún ag brath ar Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán, nach mór don Choimisiún a léiriú do pháirtithe leasmhara cad é an chaidhp agus é a shuí chun a áirithiú nach mó méid an bhrabúis a úsáidtear ná an brabús a dhéanann onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na tíre tionscnaimh.

(67) D'áitigh an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam, in imscrúdú frithdhumpála a rinne an tAontas le déanaí maidir le hallmhairí táirgí cothroma de chruach theorollta ó Vítneam, nach raibh an tAontas in ann a shuí gur ann do shaobhadh ar na hamhábhair. Líomhain an tÚdarás go raibh feidhm ag an gconclúid chéanna maidir le cruach chothrom fhuar-rollta, ós rud é go dtáirgtear cruach chothrom fhuar-rollta as cruach theorollta. D'áitigh an tÚdarás go raibh earráidí dlíthiúla agus fíorasacha sa ghearán. Líomhain an tÚdarás freisin go bhfuil beartais Vítneam maidir le honnmhairí mianraí ceaptha chun bainistiú inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha na tíre a áirithiú, i gcomhréir iomlán le dlíthe náisiúnta agus le gealltanais idirnáisiúnta, amhail Airteagal XX de GATT 1994.

(68) D'áitigh POSVIET freisin gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí táirgí cothroma de chruach theorollta áirithe de thionscnamh Vítneam, na Seapáine, na hIndia agus na hÉigipte ('imscrúdú maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta') ([43]) nach bhféadfaí a shuí gur ann do staid margaidh áirithe i Vítneam. D'áitigh an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam go bhfaightear formhór na dtáirgí cothroma de chruach theorollta a úsáideann tionscal intíre Vítneam ó tháirgeoirí intíre, amhail Hoa Phat Dung Quat Steel Corporation of Formosa Ha Tinh Steel Corporation. Líomhain POSVIET freisin, ós rud é go raibh an gearán san imscrúdú seo bunaithe ar an mbonn fianaiseach céanna, *inter alia* i leith praghsanna intíre guail cóic, amhiarainn agus dramhchruach, gur cheart don Choimisiún a chinneadh freisin nach leor é chun a shuí gur ann do staid margaidh áirithe i Vítneam. Thagair POSVIET freisin do thorthaí na Cúirte Ginearálta maidir le Bithdhíosal ([44]), inar tugadh aghaidh ar mheasúnú an Choimisiúin ar thionchar chóras na hIndinéise um cháin dhifreálach ar onnmhairiú ar phraghsanna amhola pailme intíre agus ar na coinníollacha gaolmhara atá le léiriú chun praghsanna saofa amhábhar ar an margadh intíre a léiriú.

(69) Maidir leis na bearta a bhaineann le hamhiarann, dramhchruach agus gual cóic, líomhain an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam agus POSVIET nár sholáthair an gearánach aon fhianaise go raibh saobhadh ar an margadh intíre le haghaidh amhábhar mar thoradh éifeachtach ar na bearta sin agus nach féidir le cánacha onnmhairiúcháin nó tionscnaimh bheartais eile a bheith ina n-údar go huathoibríoch le cinneadh go bhfuil praghsanna íseal go saorga. D'easaontaigh an tÚdarás agus POSVIET freisin gur staid margaidh áirithe a bhí san fheachtas 'Tugann muintir Vítneam tús áite d'úsáid táirgí Vítneamacha', cuideachtaí atá comhtháite go hingearach. Dhiúltaigh an tÚdarás freisin d'aon rannpháirtíocht i mbainistiú agus i socrú praghsanna fiontar atá ag gabháil do tháirgeadh agus d'onnmhairiú táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta agus shoiléirigh sé gur cuireadh deireadh le 'Straitéis Forbartha an Tionscail Cruach go dtí 2030 le fís go 2050' in 2018. Agus ar deireadh, d'easaontaigh POSVIET nár chiallaigh an fíoras go raibh praghsanna táirgí cothroma de chruach theorollta íseal go saorga sa tSín, quod non, go raibh praghsanna táirgí cothroma de chruach theorollta i Vítneam íseal go saorga de bhua trádála amháin.

(70) Ní raibh na barúlacha ó pháirtithe leasmhara in aithrisí (39) go (69) ábhartha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Go deimhin, bhain na barúlacha sin go léir le hábhair nach bhféadfaí a chinneadh ach amháin le linn an imscrúdaithe agus ní leis an bhfianaise sa ghearán. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire iad. Soláthraítear torthaí an Choimisiúin san imscrúdú ar na hábhair sin uile san imscrúdú, i gcás inarb ábhartha, faoi na ranna comhfhreagracha den Rialachán seo.

1.4.2. *Maímh maidir le méid na n-allmhairí agus carnadh*

(71) Rinne roinnt páirtithe leasmhara, is iad sin Rialtas na Tuirce, POSVIET, Nippon Steel & JP, agus corparáidí na Téaváine, agóid i gcoinne leordhóthanacht agus inchomparáideacht na méideanna allmhairí le haghaidh carnadh.

(72) D'áitigh Rialtas na Tuirce agus Nippon Steel & JP nach raibh allmhairí suntasach faoi Airteagal 5(7) agus Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán, agus sciartha ísle nó luaineacha den mhargadh á lua acu. Mhaígh POSVIET ar an gcaoi chéanna go raibh allmhairí diomaibhseach. D'áitigh siad freisin go raibh srian struchtúrach ar leibhéil onnmhairiúcháin agus go raibh carnadh míchuí mar gheall ar dhifríochtaí i gcoinníollacha allmhairiúcháin, i saintréithe táirgí agus i staideanna iomaíocha.

(73) Mheas an Coimisiún go gceanglaítear le hAirteagal 5(3) den bhun-Rialachán, ag céim an tionscnaimh, fianaise leordhóthanach ar allmhairí, seachas measúnú cinntitheach ar a dtionchar beacht.

(74) Cuirtear fianaise leordhóthanach ar fáil sa ghearán gur tháinig allmhairí ó na tíortha lena mbaineann isteach i margadh an Aontais i méideanna móra agus go bhfuil siad in iomaíocht le táirge an Aontais faoi dhálaí iomaíochta comhchosúla, ós rud é go ndíríonn táirgí allmhairithe agus táirgí de chuid an Aontais araon ar na húsáideoirí deiridh céanna a dhíríonn ar dheighleoga margaidh comhchosúla, agus ar an gcaoi sin inionadaitheacht dhíreach a áirithiú.

([43]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919.

([44]) Cásanna T-120/14, *PT Ciliandra Perkasa v an Chomhairle*, agus T-121/14, *PT Pelita Agung Agrindustri v an Chomhairle*, Breithiúnais ón gCúirt Ghinearálta an 15 Meán Fómhair 2016 ('Bithdhíosal'). Féach freisin Cásanna T-112/14 go T-116/14 agus T119/14, Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meán Fómhair 2016.

(75) Ina theannta sin, níl aon léiriú ann ag an gcéim seo go ndéanfadh carnadh an anailís díobhála a shaobhadh. Os a choinne sin, tugann an fhianaise *prima facie* le fios go bhfuil na hallmhairí lena mbaineann ar mhargadh an Aontais an tráth céanna agus go gcuireann siad brú praghsanna comhthráthach i bhfeidhm.

(76) Dá réir sin, comhlíontar na coinníollacha maidir le carnadh tráth an tionscnaimh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na hargóintí.

(77) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh Nippon Steel Corporation, JFE Steel Corporation agus Kobe Steel, Ltd. (na 'táirgeoirí Seapánacha') a n-argóintí maidir le leordhóthanacht agus inchomparáideacht méideanna allmhairí chun críche carnadh. Mheas siad nár thug an Coimisiún aghaidh ar na hargóintí sin go leordhóthanach agus d'iarr siad go dtabharfaí aghaidh orthu sna torthaí cinntitheacha. I ndáil leis sin, mhaígh roinnt páirtithe leasmhara, arb as tíortha iad ar ina leith nár suíodh aon staid margaidh áirithe a bheith ann a dhéanann difear d'iontaofacht praghsanna díola intíre, nár cheart measúnú carnach a bheith déanta ar a n-allmhairí i dteannta le hallmhairí ó na tíortha eile lena mbaineann. D'áitigh siad, ós rud é gur suíodh staid margaidh áirithe a bheith i dtíortha áirithe eile, nár cheart don Choimisiún allmhairí óna dtíortha tionscnaimh a charnadh le hallmhairí ó na tíortha a ndéanann staid margaidh áirithe difear dóibh, gan an difríocht sin a chur san áireamh go cuí sa mheasúnú ar charnadh.

(78) Thug an Coimisiún dá aire go ndéantar measúnú ar staid margaidh áirithe chun gnáthluach a shuí. Ní bhaineann an measúnú sin leis an meastóireacht ar leithligh faoi Airteagal 3(4), a bhaineann leis na dálaí iomaíocha idir táirgí allmhairithe ar mhargadh an Aontais agus idir na hallmhairí sin agus tionscal an Aontais. Dírítear in Airteagal 2(3) ar an staid i margadh intíre na dtíortha onnmhairiúcháin; Dírítear in Airteagal 3(4) ar an iomaíocht laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, é a bheith suite gur ann do staid margaidh áirithe i roinnt tíortha onnmhairiúcháin, ní rud é a léiríonn, as féin, iompraíocht mhargaidh neamhchosúil ar mhargadh an Aontais.

(79) Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfágann carnadh gur gá a chinneadh an bhfuil saintréithe fisiceacha comhchosúla agus úsáidí deiridh inmhalartaithe ag na táirgí allmhairithe, agus an léiríonn onnmhaireoirí iompraíocht mhargaidh chomhchosúil agus caidreamh iomaíoch inchomparáide le tionscal an Aontais. Braitheann an measúnú sin ar eilimintí amhail láithreacht chomhuaineach sa mhargadh, praghsáil inchomparáide, bealaí díolacháin forluiteacha agus custaiméirí forluiteacha, agus treochtaí comhchosúla i méideanna allmhairí agus i sciartha den mhargadh. Léiríodh san imscrúdú go raibh allmhairí ón tSeapáin agus ó na tíortha eile lena mbaineann i láthair i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gur dhírigh siad ar na húsáideoirí deiridh céanna agus ar na deighleoga céanna den mhargadh, go raibh siad inionadaithe go díreach le táirge an Aontais, agus gur chuir siad brú praghsanna comhthráthach i bhfeidhm.

(80) Dheimhnigh an Coimisiún, dá bhrí sin, gur áiríodh iad san anailís charnach díobhála agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

1.4.3. *Maímh maidir le heaspa díobhála do thionscal an Aontais*

(81) D'áitigh páirtithe leasmhara nár leor an fhianaise maidir le díobháil nó nach raibh sí ionadaíoch ar dhíobháil ábhartha de réir bhrí Airteagal 3 den bhun-Rialachán. D'áitigh Rialtas na Tuirce, Nippon Steel & JP agus corparáidí na Téaváine sa ghearán gur choinnigh tionscal an Aontais suíomh láidir ar an margadh, le sciartha cobhsaí nó arda den mhargadh, agus nár léirigh táscairí amhail acmhainneacht, táirgeadh agus infheistíocht meath ábhartha. D'áitigh POSVIET go raibh tionscal an Aontais fós athléimneach d'ainneoin dálaí díobhálacha margaidh, lena n-áirítear normalú iarphaindéime agus costais mhéadaithe. D'áitigh siad freisin nach raibh fianaise leordhóthanach prima facie sa ghearán maidir le roinnt táscairí díobhála, lena n-áirítear táirgiúlacht, toradh ar infheistíocht, sreabhadh airgid, pá, fás agus cumas tiomsaithe caipitil, agus nár cheart, dá bhrí sin, údar a bheith leis an tionscnamh.

(82) Mheabhraigh an Coimisiún nach gceanglaítear le hAirteagal 5(2) agus Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán ach fianaise leordhóthanach a bheith ar fáil go réasúnach chun údar a thabhairt leis an tionscnamh. Bhí fianaise ábhartha sa ghearán maidir le príomhthosca díobhála a dhéanann difear do thionscal an Aontais, lena n-áirítear brabúsacht atá ag laghdú, brú praghsanna agus táscairí feidhmíochta atá ag lagú. Ní chuireann táscairí athléimneacha áirithe, amhail sciartha cobhsaí den mhargadh, bac ar dhíobháil ábhartha a aimsiú i gcás ina léiríonn táscairí eile forbairtí diúltacha. Dá bhrí sin, ní dhearna an easpa sonraí maidir leis na táscairí uile a luaigh POSVIET an tionscnamh a neamhbhailíochtú. Diúltaíodh do na hargóintí dá réir sin.

1.4.4. *Maímh maidir le cúisíocht*

(83) Chuir Rialtas na Tuirce, Nippon Steel & JP, corparáidí na Téaváine agus POSVIET, i gcoinne nasc cúisíoch a bheith ann idir na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. D'áitigh siad gur tosca eile ba chúis leis an meath ar fheidhmíocht go príomha amhail laghdú ar thomhaltas, méadú ar chostais fuinnimh agus amhábhar, coigeartuithe iarphaindéime agus cinntí straitéiseacha arna ndéanamh ag táirgeoirí an Aontais.

(84) Mheabhraigh an Coimisiún nach gceanglaítear le hAirteagal 5(3), tráth an tionscnaimh, ach fianaise leordhóthanach ar nasc cúisíoch a d'fhéadfadh a bheith ann, seachas cinneadh cinntitheach faoi Airteagal 3(6) agus (7). Soláthraíodh fianaise sa ghearán ar allmhairí comhuaineacha ó na tíortha lena mbaineann agus ar mheath ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, lena n-áirítear táscairí brú praghsanna. Tá mínithe malartacha a chuir na páirtithe sin isteach ábhartha do chéim an imscrúdaithe ach ní bhréagnaíonn siad nasc cúisíoch prima facie. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na hargóintí.

1.4.5. *Maímh maidir le leibhéal na mbeart agus na modheolaíochta (spriocbhrabús, coigeartuithe)*

(85) Chuir roinnt páirtithe leasmhara i gcoinne gnéithe de ríomh an chorrlaigh díobhála agus ríomh an ghnáthluacha a soláthraíodh sa ghearán. D'áitigh siad go raibh an spriocbhrabús iomarcach agus nach raibh sé ionadaíoch ar ghnáthdhálaí an mhargaidh, agus go bhféadfadh comhaireamh dúbailte a bheith mar thoradh ar chostais a bhaineann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí ('CTA') a áireamh. Anuas air sin, chuir Rialtas na Tuirce agus Nippon Steel & JP in aghaidh coigeartuithe a bhaineann le hinfheistíocht agus modheolaíochtaí leithdháilte costais.

(86) Mheas an Coimisiún go gceanglaítear ar an ngearánach, tráth an tionscnaimh, meastacháin réasúnta a sholáthar bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil. Is saincheisteanna teicniúla casta iad cinntí modheolaíochta, lena n-áirítear roghnú an spriocbhrabúis, láimhseáil costais CTA agus modheolaíochtaí coigeartaithe, atá faoi réir fíoraithe le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, bhain na hargóintí a d'ardaigh Rialtas na Tuirce, Nippon Steel & JP, corparáidí na Téaváine agus POSVIET le hábhair nach féidir measúnú cinntitheach a dhéanamh orthu ag céim an tionscnaimh agus diúltaíodh dóibh dá réir sin.

1.4.6. *Maímh maidir le saobhadh amhábhair*

(87) D'áitigh POSVIET nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, agus d'áitigh sé go raibh Vítneam ag brath ar amhábhair allmhairithe a ceannaíodh ar phraghsanna an mhargaidh idirnáisiúnta agus nár léiríodh aon saobhadh suntasach. Chuir an tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam in iúl freisin nár chomhlíon na hamhábhair a ndéantar mianadóireacht orthu sa bhaile agus a bhfuil gá leo chun cornaí teorollta a tháirgeadh ceanglais an tionscail cruach agus nach bhféadfaí, go ginearálta, iad a úsáid i bpróiseas monaraíochta cornaí teorollta.

(88) Mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil gá ach le fianaise leordhóthanach tráth an tionscnaimh lena léirítear gur ann do shaobhadh suntasach ar amhábhair a dhéanann difear do chostais táirgthe sa tír is onnmhaireoir agus go bhféadfadh sé go mbeadh éifeacht ag riail na dleachta is lú. Thug sé dá aire go raibh fianaise leordhóthanach den sórt sin sa ghearán, lena n-áirítear faisnéis maidir le dálaí agus tosca ábhartha margaidh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do phraghsáil amhábhar agus do struchtúir chostais sna tíortha onnmhairiúcháin.

(89) Mheas an Coimisiún freisin gur gá anailís chuimsitheach a dhéanamh ar struchtúr an mhargaidh, ar choinníollacha praghsála, agus ar thionchar stáit a d'fhéadfadh a bheith ann chun measúnú a dhéanamh ar shaobhadh den sórt sin, rud nach féidir a dhéanamh go cinntitheach tráth an tionscnaimh. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'argóintí POSVIET.

1.4.7. *Maímh maidir le leas an Aontais*

(90) D'áitigh páirtithe áirithe, eadhon Rialtas na Tuirce, Nippon Steel & JP, corparáidí na Téaváine agus BSH Hausgeräte GmbH, nach mbeadh forchur beart chun leas an Aontais de réir bhrí Airteagal 21 den bhun-Rialachán. D'áitigh siad go méadódh bearta costais ionchuir do thionscail iartheachtacha, lena n-áirítear earnálacha mótarfheithiclí, an innealra agus na bhfearas tí, agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar iomaíochas, ar fhostaíocht agus ar chobhsaíocht an tslabhra soláthair.

(91) Mheabhraigh an Coimisiún nach ndéantar an measúnú ar leas an Aontais faoi Airteagal 21 tráth an tionscnaimh ach ag céim na mbeart sealadach nó cinntitheach amháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na hargóintí a chuir Rialtas na Tuirce, Nippon Steel & JP, corparáidí na Téaváine agus BSH Hausgeräte GmbH isteach.

1.5. **Sampláil**

(92) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(93) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún sampla ar bhonn na méideanna táirgeachta agus díolacháin ionadaíocha is airde agus raon geografach á áirithiú an tráth céanna. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach ach ní bhfuair sé aon bharúil uathu.

(94) Mar thoradh air sin, is éard a bhí sa sampla deiridh trí tháirgeoir de chuid an Aontais atá lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Tá breis agus 24 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus breis agus 17 % de dhíolacháin mheasta an táirge chomhchosúil ar an saormhargadh san Aontas. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Sampláil na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe

(95) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(96) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(97) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India, sa tSeapáin, sa Téaváin, sa Tuirc agus sa Vítneam an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht na hIndia chuig an Aontas, ar Mhisean na Seapáine chuig an Aontas, ar Oifig Ionadaíoch Taipei san Aontas, ar Mhisean Phoblacht na Tuirce chuig an Aontas agus ar Mhisean Phoblacht Shóisialach Vítneam chuig an Aontas táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(98) Sholáthair ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla d'allmhaireoir allmhairiúcháin amháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Ba é an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ba chúis le [90 %-100 %] den chainníocht iomlán mheasta a onnmhairíodh chuig an Aontas ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na hIndia maidir le roghnú an tsampla. Níor cuireadh aon bharúil isteach.

(99) Sholáthair 5 chuideachta sa tSeapáin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Níor thuairiscigh ceann amháin acu, Daido, aon díolachán onnmhairiúcháin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níos déanaí le linn an imscrúdaithe, áfach, mheas an Coimisiún go raibh gaol ag an gcuideachta sin leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, mar a léirítear in aithrisí (271) to (273). Thairis sin, thuairiscigh ceann eile '0' maidir le táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus na mblianta eile a iarradh san fhoirm shamplála, ionas nach bhféadfaí é a mheas mar tháirgeoir sa tSeapáin. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla

d'allmhaireoir allmhairiúcháin amháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Ba é an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ba chúis le [80 %-90 %] den chainníocht iomlán mheasta a onnmhairíodh chuig an Aontas ón tSeapáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na Seapáine maidir le roghnú an tsampla. Níor cuireadh aon bharúil isteach.

(100) Sholáthair 3 tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Téaváin, a bhaineann le dhá ghrúpa, an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá onnmhaireoir onnmhairiúcháin, ar cuid de ghrúpa amháin iad, ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Ba é an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ba chúis le [60 %-70 %] den chainníocht iomlán mheasta a onnmhairíodh chuig an Aontas ón Téaváin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na Téaváine maidir le roghnú an tsampla. Níor cuireadh aon bharúil isteach.

(101) Sholáthair sé tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Tuirc an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá allmhaireoir allmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Ba iad na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ba chúis le [50-60] % den chainníocht iomlán mheasta a onnmhairíodh chuig an Aontas ón Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na Tuirce maidir le roghnú an tsampla. Níor cuireadh aon bharúil isteach.

(102) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin i Vítneam an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla d'allmhaireoir allmhairiúcháin amháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. Ba é an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ba chúis le [80-90] % den chainníocht iomlán mheasta a onnmhairíodh chuig an Aontas ó Vítneam le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis Vítneam maidir le roghnú an tsampla. Níor cuireadh aon bharúil isteach.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(103) Mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, sheol an Coimisiún ceistneoirí sonracha chuig údaráis na dtíortha uile lena mbaineann chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí faoi staid margaidh áirithe mar gheall ar an éifeacht 'brú amach' a chruthaigh allmhairí na Síne. D'iarr na ceistneoirí sin faisnéis a mheas an Coimisiún a bheith riachtanach chun imscrúdú a dhéanamh ar an éifeacht 'brú amach' líomhnaithe, amhail, mar shampla, méideanna, praghsanna agus sciartha margaidh na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre sna tíortha lena mbaineann. Iarradh an fhaisnéis sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2025, an tréimhse chéanna a úsáideadh chun dumpáil agus díobháil a chinneadh san imscrúdú (féach aithris (107)). Chuir an Coimisiún ceistneoirí sonracha chuig Rialtas na hIndia agus Rialtas Vítneam freisin chun imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí faoi staid margaidh áirithe mar gheall ar bhearta maidir le hionchuir shonracha le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(104) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhféadfadh saobhadh amhábhair a bheith ann san India agus i Vítneam maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar líomhnaithe sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an India agus Vítneam. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise i ndáil leis sin chuig Rialtas na hIndia agus chuig Rialtas Vítneam.

(105) Sheol an Coimisiún ceistneoirí freisin chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig na hallmhaireoirí neamh-chomhlachaithe aitheanta agus chuig na húsáideoirí. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([45]) lá an tionscnaimh.

([45]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2812.

(106) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, leas an Aontais, staid mhargaidh áirithe agus saobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2)(a) den bhun-Rialachán. Is in áitribh údaráis na dtíortha uile lena mbaineann agus na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— ArcelorMittal, Gent, an Bheilg

— ArcelorMittal, Asturias, an Spáinn

— Thyssenkrupp Steel Europe AG, Duisburg na Gearmáine

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san India:

— JSW Steel Limited, Mumbai

— JSW Steel Coated Products Limited, Mumbai

Táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSeapáin:

— Nippon Steel Corporation, Tóiceo

Trádálaithe comhlachaithe:

— Marubeni-Itochu Steel Inc., Tóiceo, an tSeapáin

— Metal One Corporation, Tóiceo, an tSeapáin

— Nippon Steel Trading Corporation, Tóiceo, an tSeapáin

— Sumitomo Corporation Global Metals Co., Ltd., Tóiceo, an tSeapáin

— Steel Center Co., Ltd., Tóiceo, an tSeapáin

— NST Coil Center Co., Ltd., Tóiceo, an tSeapáin

Allmhairí comhlachaithe san Aontas:

— Marubeni-Itochu Steel Europe GmbH, Düsseldorf, an Ghearmáin

— Nippon Steel Trading Austria GmbH, Vín, an Ostair

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Téaváin:

— China Steel Corporation, Kaohsiung

— Chung Hung Steel Corporation, Kaohsiung

Trádálaí comhlachaithe:

— China Steel Structure Co., Ltd., Kaohsiung, an Téaváin

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc:

— Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.š., Bursa

— Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A., Iostanbúl

Trádálaí comhlachaithe:

— ArcelorMittal Çelik Ticaret A.š., Iostanbúl, an Tuirc

Allmhaireoirí comhlachtaithe san Aontas agus/nó soláthróirí amhábhar (rinneadh cros-seiceálacha cianda ar líne):

— ArcelorMittal Flat Carbon Europe S.A., Lucsamburg, Lucsamburg

— Bamesa Oźel, S.A., Topoloveni, an Rómáin

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i Vítneam:

— POSCO VIETNAM Co., Ltd, Ho Chi Minh City

Ionad próiseála agus trádálaí comhlachaithe:

— POSCO Vietnam Processing Center Joint Stock Company, Phuoc An, Vítneam

Trádálaí comhlachaithe:

— POSCO International Corporation, Súl, Poblacht na Cóiré

Soláthróir comhlachaithe amhábhar:

— Posco Co. Ltd., Súl, Poblacht na Cóiré

Allmhaireoir gaolmhar san Aontas:

— Posco INTERNATIONAL Deutschland GmbH, Eschborn, an Ghearmáin.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(107) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

(108) Tar éis an nochta, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha nár bhliain tosaigh iomchuí í 2022 don mheasúnú díobhála, ós rud é gur lean an téarnamh eacnamaíoch láidir iar-COVID ar aghaidh sa chéad leath den bhliain sin. Dar leo, chruthaigh na dálaí fabhracha margaidh a bhí i réim in 2022 tagarmharc saofa, rud a d'fhág go ndearnadh áibhéil faoin meath nuair a cuireadh an tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid leis an mbliain sin. Dá bhrí sin, d'iarr siad ar an gCoimisiún tréimhse thagartha níos faide a úsáid nó, de rogha air sin, na coinníollacha atá i réim in 2022 a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt na dtáscairí díobhála.

(109) Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh cinneadh díobhála an Choimisiúin bunaithe ar fhorbairt staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú agus ní ar an gcomparáid idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin amháin. Thug an Coimisiún dá aire gurb é is cuspóir do scrúdú a dhéanamh ar thréimhse ilbhliantúil, seachas a bheith ag brath ar bhliain aonair, éifeacht luaineachtaí timthriallacha nó gearrthéarmacha a mhaolú agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na treochtaí ábhartha fós comhsheasmhach i gcaitheamh tréimhse ama sách ionadaíoch. Cumhdaíodh leis an measúnú na tosca agus na táscairí eacnamaíocha ábhartha uile a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais, lena n-áirítear díolacháin, táirgeacht, sciar den mhargadh, brabúsacht, fostaíocht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíocht.

(110) D'áitigh na táirgeoirí Seapánacha go raibh na coinníollacha a bhí i réim in 2022 thar a bheith fabhrach mar gheall ar an téarnamh iar-COVID agus, dá bhrí sin, go ndearnadh áibhéil faoi mheath thionscal an Aontais sa chomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin. Dálaí fabhracha margaidh a bheith ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, áfach, ní rud é ann féin a léiríonn nárbh iad na tosca a scrúdaíodh san imscrúdú ba chúis leis an meath ina dhiaidh sin.

(111) Ní bhraitheann measúnú an Choimisiúin ach oiread ar tháscaire aonair ná ar bhliain aonair ach tá sé bunaithe ar anailís dhinimiciúil. Thug roinnt táscairí léiriú ar an meath agus bhain sé le feidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais agus lena shuíomh ar mhargadh an Aontais araon. Rinneadh measúnú ar na táscairí freisin maidir le comhsheasmhacht agus treo a ngluaiseachta ar feadh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, lena n-áirítear na blianta idir an túsphointe agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tugann forbairt chomhuaineach na dtáscairí sin léargas níos iomláine ar staid thionscal an Aontais ná na coinníollacha a bhíonn i réim in aon bhliain ar leith.

(112) Thairis sin, níor léirigh na táirgeoirí Seapánacha nach raibh sa mheath a breathnaíodh tar éis 2022 ach filleadh ar na gnáthdhálaí a bhí ann roimh an téarnamh iar-COVID. Go sonrach, níor sholáthair siad fianaise lena suífí cén leibhéal feidhmíochta ba cheart a mheas a bheith ina ghnáthleibhéal feidhmíochta do thionscal an Aontais nó lena léireofaí go raibh na leibhéil a baineadh amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin comhsheasmhach leis na gnáthdhálaí sin.

(113) Mheas an Coimisiún freisin nach soláthródh tréimhse thagartha níos faide, inti féin, measúnú níos iomchuí ar dhíobháil. Dá gcuirfí síneadh leis an tréimhse, ní chuirfí deireadh leis an ngá measúnú a dhéanamh ar fhorbairt iarbhír thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ná ní léireodh sé nach raibh baint ag an meath a breathnaíodh leis na hallmhairí dumpáilte.

(114) Níor shainaithin na táirgeoirí Seapánacha ach oiread aon táscaire díobhála sonrach ar dá réir a d'fhéadfaí an meath a chur go heisiach i leith dheireadh an téarnaimh iar-COVID. Dá bhrí sin, ní mhínítear leis an argóint an meath foriomlán a breathnaíodh ar fud na dtáscairí díobhála.

(115) Mheas an Coimisiún dá bhrí sin nár chaith na hargóintí maidir leis na dálaí eacnamaíocha a bhí i réim in 2022 amhras ar an measúnú díobhála. Bhí an measúnú bunaithe ar fhorbairt staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú agus ar fhorbairt chomhcheangailte na dtáscairí díobhála ábhartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

1.8. **Neamh-fhorchur na mbeart sealadach agus an nós imeachta ina dhiaidh sin**

(116) An 17 Aibreán 2026, i gcomhréir le hAirteagal 19a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoina rún gan bearta sealadacha a fhorchur agus thug sé deis dóibh faisnéis bhreise a chur isteach.

(117) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha.

(118) An 6 Lúnasa 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fuar-rollta áirithe de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Turice agus Vítneam ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(119) Mar thoradh ar chuid de na barúlacha a fuarthas maidir leis an nochtadh deiridh, rinneadh athbhreithniú ar na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a luaitear in aithris (118). An 6 Deireadh Fómhair 2026, rinne an Coimisiún nochtadh deiridh breise chuig na páirtithe leasmhara uile. Tugadh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh a bhí teoranta don fhaisnéis athbhreithnithe a soláthraíodh sa nochtadh deiridh breise. An 16 Deireadh Fómhair 2026, tar éis na mbarúlacha a fuarthas tar éis an nochta deiridh breise, rinne an Coimisiún an dara nochtadh deiridh breise do na páirtithe leasmhara uile. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh, tréimhse a bhí teoranta freisin don fhaisnéis a soláthraíodh sa dara nochtadh breise sin.

(120) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Reáchtáladh éisteachtaí leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile, le húdaráis na Téaváine agus na Tuirce, agus le Czech Blades s.r.o., ar ceann d'úsáideoirí an táirge lena mbaineann é.

(121) An 8 Deireadh Fómhair 2026, d'iarr POSVIET ar an Oifigeach Éisteachta éisteacht a eagrú leis na seirbhísí chun a áirithiú, sular glacadh an cinneadh deiridh, gur thug an Coimisiún aghaidh ar thrí mhaíomh a rinneadh cheana maidir lena bharúlacha i ndáil leis an nochtadh deiridh an 17 Lúnasa 2026, agus chun deis fhóinteach a thabhairt do POSVIET freagairt do bhreithnithe fíorasacha nua atá sa nochtadh deiridh breise, a raibh 2 lá ag POSVIET chun barúil a thabhairt ina leith. Tionóladh an éisteacht an 12 Deireadh Fómhair 2026. Ag an éisteacht, dheimhnigh seirbhísí an Choimisiúin gur thuig siad na líomhaintí agus na barúlacha agus go dtabharfaidís aghaidh orthu sa rialachán cinntitheach. Tháinig an tOifigeach Éisteachta ar an gconclúid gur tugadh gach deis dhlíthiúil do POSVIET a thuairimí a chur in iúl do sheirbhísí an Choimisiúin, a bharúlacha agus a argóintí a chur isteach i scríbhinn agus le linn éisteachtaí ó bhéal araon agus gur urramaíodh cearta cosanta POSVIET san imscrúdú seo.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(122) Is é an táirge atá faoi imscrúdú (táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta) táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, nó de chruach cóimhiotail eile cé is moite de chruach dhosmálta, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), ach gan na nithe seo a leanas san áireamh:

— táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh, bídís ina gcornaí nó ná bídís, de gach tiús, leictreach,

— táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, iad ina gcornaí, ar tiús is lú ná 0,35 mm, ainéalta (ar a dtugtar 'plátaí dubha'),

— táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail eile, de gach leithead, de chruach shileacain-leictreach, agus

— táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail, gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), de chruach ardluais.

(123) Úsáidtear táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i réimse leathan feidhmeanna, lena n-áirítear an tionscal mótarfheithiclí, fearais tí, ábhair thógála, innealra tionsclaíoch, trealamh leictreach, troscán miotail, córais stórála, feadáin agus píobáin, agus feidhmeanna monaraíochta iartheachtacha eile a éilíonn bailchríoch dhromchla ardcháilíochta agus beachtas toiseach.

2.2. An táirge lena mbaineann

(124) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce nó Vítneam, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, ex 7209 18 99, ex 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7211 23 30, ex 7211 23 80, ex 7211 29 00, 7225 50 80, 7226 92 00 (cóid TARIC 7209 15 00 90, 7209 18 99 90, 7209 25 00 90, 7211 23 80 19, 7211 23 80 95, 7211 23 80 99, 7211 29 00 19, 7211 29 00 99).

2.3. An táirge comhchosúil

(125) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(126) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(127) Chuir Daido iarraidh ar eisiamh táirge isteach le haghaidh DF42N, MENPD, agus MAS1C (le chéile, 'Cóimhiotail fheidhmiúla Daido'). Mhaígh Daido gur cheart na cóimhiotail sin a eisiamh toisc go raibh úsáidí deiridh, próisis mhonaraíochta, bealaí dáileacháin agus praghsanna éagsúla acu ná mar a bhí ag 'táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ginearálta'. D'áitigh sé freisin go mbeadh údar leis an eisiamh toisc go dtiocfadh cóimhiotail fheidhmiúla Daido faoi chatagóir 09 den uimhir rialaithe táirgí. De réir Daido, comhfhreagraíonn Catagóirí 01–08 d'aicmí aitheanta táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a shainmhínítear le caighdeáin EN agus a úsáidtear i slabhraí soláthair príomhshrutha mótarfheithiclí, fearas agus tógála, ach feidhmíonn catagóir 09 mar aicme iarmharach le haghaidh ábhair nach gcomhlíonann critéir mheicniúla nó dhromchla a bhaineann go sonrach le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(128) Níor sholáthair Daido aon fhianaise a léiríonn nach bhfuil na buntréithe teicniúla, ceimiceacha agus fisiceacha céanna ag cóimhiotail fheidhmiúla Daido agus atá ag táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Go deimhin, monaraíodh a gcóimhiotail fós as na hamhábhair chéanna agus lean siad an próiseas céanna go bunúsach. Is é táirge cothrom de chruach fhuar-rollta an táirge a bheadh mar thoradh air sin fós. Ní raibh an úsáid deiridh shonrach, an bealach dáileacháin nó an praghas deiridh ábhartha chun údar a thabhairt le heisiamh táirge.

(129) Cé gur bhain an táirge le catagóir 09 den uimhir rialaithe táirgí mar a chuir Daido isteach, níor thug sé sin údar le heisiamh ach oiread. Os a choinne sin, deimhníodh le fíoras den sórt sin gurbh é an táirge faoi imscrúdú go deimhin, a raibh na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna aige agus atá ag táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a d'aicmeofaí i gcatagóirí eile den uimhir rialaithe táirgí, agus freisin go gcumhdaítear leis an imscrúdú cineálacha éagsúla táirgí le haghaidh feidhmeanna éagsúla.

(130) Ar an bhforas sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh táirgí.

(131) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh Daido a mhaíomh gur cheart Cóimhiotail Fheidhmiúla Daido a eisiamh ó raon feidhme an táirge, go háirithe ar bhonn a saintréithe, a n-úsáidí agus a ndálaí iomaíocha a líomhnaítear a bheith éagsúil agus ar bhonn a n-aicmithe faoi chatagóir 09 den uimhir rialaithe táirgí.

(132) Níor chuir Daido aon fhaisnéis ná fianaise nua isteach a d'fhéadfadh measúnú an Choimisiúin a athrú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh táirgí.

(133) D'iarr Czech Blades s.r.o., úsáideoir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, go ndéanfaí stiallacha cruach fuar-rollta áirithe a bhfuil saintréithe teicniúla sonracha acu a eisiamh ó raon feidhme na mbeart. Mhaígh an t-úsáideoir go monaraítear na táirgí sin de réir sonraíochtaí teicniúla an-speisialaithe le haghaidh feidhm iartheachtach nideoige, nach bhfuil siad ar fáil ó tháirgeoirí an Aontais, agus dá bhrí sin go bhfuil allmhairí á spreagadh ag riachtanas teicniúil seachas ag breithnithe praghais. D'áitigh an t-úsáideoir freisin nach bhfuil na táirgí inmhalartaithe le táirgí cruach fuar-rollta eile agus go ndéanfadh forchur na mbeart dochar dá oibríochtaí iartheachtacha.

(134) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin. Níor leor an fhianaise a cuireadh isteach chun a léiriú go bhfuil saintréithe teicniúla, ceimiceacha agus fisiceacha éagsúla ag na táirgí lena mbaineann a fhágann gur gá iad a eisiamh ó raon feidhme na mbeart nó nach bhfuil táirgí a chomhlíonann na saintréithe teicniúla is gá, nó táirgí atá inmhalartaithe go teicniúil, ar fáil ó tháirgeoirí de chuid an Aontais. Ní raibh fianaise sách iomlán, comhsheasmhach agus infhíoraithe san fhaisnéis a soláthraíodh chun bunús a thabhairt leis na maímh sin.

(135) Thairis sin, suíodh san imscrúdú gurb é tionscal an Aontais a mhonaraíonn táirgí a chomhlíonann na saintréithe teicniúla maíte, nó táirgí atá idirmhalartaithe go teicniúil. Dá bhrí sin, níor deimhníodh leis an imscrúdú maíomh an úsáideora nach bhféadfaí na táirgí lena mbaineann a fháil ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(136) Ar deireadh, níor cuireadh isteach an fhaisnéis tacaíochta is bonn leis an iarraidh ach ag céim an-déanach den imscrúdú. Ag an gcéim sin, ní raibh an Coimisiún in ann an fíorú is gá a dhéanamh a thuilleadh ná imscrúdú breise a dhéanamh ar na dearbhuithe a rinneadh. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir an fhaisnéis a chur san áireamh chun a shuí ar comhlíonadh na coinníollacha chun na táirgí a eisiamh ó raon feidhme na mbeart.

(137) Tar éis an nochta, mhaígh Czech Blades gur táirgí nideoige thar a bheith speisialaithe iad na lanna rásúir shábháilte agus na lanna tionsclaíocha a mhonaraíonn sé agus go bhfuil siad uathúil laistigh de mhargadh an Aontais. Chuir Czech Blades faisnéis bhreise isteach chun tacú lena iarraidh ar eisiamh. Cuireadh an aighneacht sin ar fáil mar fhreagairt ar threoir an Choimisiúin go ndéanfaí aon iarraidh bhreise a dhoiciméadú go cuí agus go dtabharfaí aghaidh leis, go háirithe, (i) ar bhuntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na dtáirgí allmhairithe agus na dtáirgí de chuid an Aontais, (ii) ar a n-úsáid deiridh agus a n-inmhalartacht, (iii) ar fhoinsí malartacha soláthair, (iv) ar an tionchar a d'imreodh díolúine ar dhleachtanna agus (v) ar thionchar na ndleachtanna ar an úsáideoir. Thug Czech Blades dá aire gur faoi rún a cuireadh isteach an fhianaise a sholáthair sé roimhe sin, rud a choisc ar pháirtithe leasmhara eile barúil a thabhairt maidir léi. Dá bhrí sin, sholáthair sé sonraíocht ábhair comhaid oscailte.

(138) A mhéid a bhaineann le saintréithe agus idirmhalartacht, mhaígh Czech Blades gur catagóir thar a bheith speisialaithe í cruach lann, a bhfágann a sonraíochtaí dochta go bhfuil gráid eile chruach mí-oiriúnach mar ionadaigh. A mhéid a bhaineann le soláthar malartach, mhaígh Czech Blades nach raibh aon soláthróir de chuid an Aontais in ann an táirge a sheachadadh. Mhaígh sé nár éirigh le hiarrachtaí a rinne sé cruach lann a fhoinsiú ó mhuilte de chuid an Aontais: ní raibh soláthróirí in ann freastal ar an gcáilíocht, ar na lamháltais nó ar na méideanna is gá, nó níor fhreagair siad. D'áitigh sé thairis sin, i bhfianaise an phróisis táirgthe dianfhuinnimh agus dlúthshaothair agus an éilimh bhliantúil theoranta, gur mheas táirgeoirí an Aontais nach bhfuil an táirge tarraingteach ó thaobh tráchtála de. A mhéid a bhaineann le tionchar na ndleachtanna, mhaígh Czech Blades gur sciar mór dá tháirgeadh de réir luacha iad lanna a dhéantar as an ábhar atá i gceist.

(139) Tar éis an nochta, thacaigh tionscal an Aontais le diúltú na hiarrata. D'áitigh sé gur shuigh an Coimisiún cheana féin go dtáirgtear na táirgí sin san Aontas, go mbíonn bunábhar fuar-rollta á sholáthar go deimhin ag táirgeoirí an Aontais agus go bpróiseálann athrollóirí an Aontais é ina stiallacha cúnga a úsáidtear le haghaidh lanna rásúir, nach gcuireann na bearta toirmeasc ar allmhairí ach go n-athbhunaíonn siad cothrom iomaíochta, agus go bhfuil an tionchar costais diomaibhseach.

(140) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús gur faoin bpáirtí a iarrann eisiamh atá sé a léiriú, ar bhonn fianaise iomlán, chomhsheasmhach agus infhíoraithe a chuirtear isteach go tráthúil, go gcomhlíontar go carnach na coinníollacha ábhartha uile maidir le heisiamh. Ní leor do pháirtí eilimint amháin a shuí ina haonar; ní mór an iarraidh a mheasúnú ina hiomláine in aghaidh gach ceann de na cúig eilimint a shainaithnítear in aithris (137).

(141) A mhéid a bhaineann le saintréithe agus idirmhalartacht, thug an Coimisiún dá aire, cé go dtugann an fhaisnéis bhreise tuairisc níos mionsonraithe ar an ábhar a allmhairíonn Czech Blades, nach suitear leis an bhfaisnéis sin, inti féin, nach monaraíonn tionscal an Aontais táirgí ag a bhfuil na saintréithe teicniúla, ceimiceacha agus fisiceacha céanna nó coibhéiseacha. Léiríonn an tsonraíocht ábhair na ceanglais is infheidhme maidir le ceannacháin dhílse Czech Blades ach ní fianaise í nach bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann freastal ar na sonraíochtaí sin. An fíoras go bhféadfadh sé nach rogha mhalartach oiriúnach í cruach dhosmálta, ní shuitear leis nach bhfuil táirgí cruach carbóin eile ar fáil a chomhlíonann ceanglais theicniúla choibhéiseacha. Níor sholáthair Czech Blades aon fhianaise lena dtugtar aghaidh go sonrach ar cé acu is féidir nó nach féidir le táirgí arna monarú ag táirgeoirí an Aontais na ceanglais theicniúla a shainaithnítear ina shonraíocht a chomhlíonadh.

(142) A mhéid a bhaineann le foinsí malartacha soláthair, thug an Coimisiún dá aire nach raibh an fhianaise a chuir Czech Blades isteach uileghabhálach agus go raibh sí bunaithe ar ráitis seachas ar shonraí infhíoraithe. Thug an Coimisiún dá aire freisin, mar a mhaígh tionscal an Aontais (féach aithris (139)), gur ó bhunábhar fuar-rollta arna sholáthar ag táirgeoirí an Aontais a fhaigheann athrollóirí an Aontais an stiall chúng a úsáidtear le haghaidh lanna rásúir, rud a dheimhníonn gur ann don slabhra táirgeachta ábhartha san Aontas. Dá bhrí sin, níor léirigh Czech Blades nach féidir an táirge a fháil ó tháirgeoirí an Aontais

(143) A mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'imreodh díolúine ar dhleachtanna, ní sholáthraíonn an aighneacht bhreise cainníochtú sonrach ar na dleachtanna a sheachnófaí dá ndeonófaí an t-eisiamh a iarradh. An fhaisnéis a cuireadh isteach, díríonn sí ar an méadú a bhfuil coinne leis ar chostais ionchuir an úsáideora agus ní chainníochtaíonn sí tionchar comhfhreagrach na díolúine ar na dleachtanna.

(144) Ar an iomlán, soláthraíonn an fhaisnéis bhreise a cuireadh isteach tar éis an nochta fianaise níos mionsonraithe agus níos sonraí ná mar a bhí ar fáil nuair a rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh roimhe seo. Leis an bhfaisnéis bhreise sin, áfach, ní scaoiltear Czech Blades ón dualgas cruthúnais a thuairiscítear in aithris (137), lena gceanglaítear fianaise dhearfach, seachas dearbhuithe amháin, go gcomhlíontar gach coinníoll maidir le heisiamh. Ní shuitear leis an bhfaisnéis bhreise, inti féin, go bhfuil saintréithe ag na táirgí lena mbaineann a idirdhealaíonn iad ó tháirgí fuar-rollta arna monarú ag tionscal an Aontais, nó nach féidir táirgí a chomhlíonann na saintréithe is gá, nó táirgí atá idirmhalartaithe go teicniúil, a fháil ó tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, an fhaisnéis maidir leis na déantóirí cruach a ndeachthas i dteagmháil leo, ní mór measúnú a dhéanamh uirthi in éineacht leis an tsonraíocht theicniúil chun a chinneadh an bhfuil an easpa líomhnaithe soláthair mhalartaigh bunaithe ar theorainneacha teicniúla nó ar bhreithnithe tráchtála. Thairis sin, an tionchar ar dhleachtanna a d'imreodh an díolúine a iarradh, ní chainníochtaítear é san aighneacht bhreise, agus ní mór bunús a thabhairt leis na meastacháin a bhaineann le tionchar na mbeart ar Czech Blades a mhéid a bhaineann leis na toimhdí foluiteacha agus leis an nasc cúisíoch idir na dleachtanna agus an caillteanas díolachán agus fostaíochta a mhaítear. Is eilimintí riachtanacha iad sin d'iarraidh ar eisiamh a bhfuil bunús cuí léi, agus tugann easpa na n-eilimintí sin údar go neamhspleách le diúltú na hiarrata, gan beann ar an measúnú ar an bhfianaise theicniúil agus ar an bhfianaise a bhaineann leis an soláthar

(145) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár léirigh Czech Blades gur comhlíonadh na coinníollacha maidir leis na táirgí lena mbaineann a eisiamh ó raon feidhme na mbeart. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh ar eisiamh.

(146) Tar éis an nochta, d'iarr Proterial Ltd., ar táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte de chuid na Seapáine é, ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm na dleachta frithdhumpála cinntithí maidir lena n-onnmhairí a choigeartú i bhfianaise chineál uathúil líomhnaithe a dtáirge agus a róil i bhfeidhmeanna mótarfheithiclí.

(147) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an táirge a dtugann an páirtí tuairisc air fós faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Níor thacaigh fianaise leis na hargóintí a chuirtear i láthair agus dá bhrí sin níorbh fhéidir leo údar a thabhairt le haon bhreithniú táirgeshonrach. Rinneadh measúnú ar leas an Aontais cheana féin sa doiciméad nochta, agus níor cuireadh aon sonraí breise ar fáil a d'athródh conclúidí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3. DUMPÁIL

3.1. Staid margaidh áirithe: éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne

3.1.1. *An éifeacht 'brú amach' mar staid margaidh áirithe faoi Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán*

(148) Chun críocha an imscrúdaithe seo, bhí an Coimisiún ag brath ar an sainmhíniú ar ró-acmhainneacht a d'úsáid an Fóram Domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach ([46]): is éard is ró-acmhainneacht ann an bhearna idir an acmhainneacht táirgeachta agus an t-éileamh. Lean an gearánach an sainmhíniú sin freisin.

(149) D'áitigh an gearánach gur bhrúigh ró-acmhainneacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSín onnmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne ar phraghsanna ísle isteach i margaí na dtíortha uile lena mbaineann. Laghdódh brú na n-onnmhairí sin praghsanna na dtáirgeoirí intíre sna tíortha lena mbaineann go leibhéil neamh-inbhuanaithe. Dá bhrí sin, bheadh praghsanna díola táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sna tíortha lena mbaineann íseal go saorga. Dá réir sin, bheadh brabúis atá íseal go saorga ann do tháirgeoirí intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sna tíortha lena mbaineann agus iad ag díol ina margaí intíre mar thoradh ar phraghsanna den sórt sin.

(150) Mar thoradh air sin, d'áitigh an gearánach gur cheart an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán agus gur cheart na sonraí brabúis iarbhír a ionadú chun an éifeacht ar an staid margaidh áirithe a bhaint.

([46]) https://www.steelforum.org/.

3.1.2. *Ró-acmhainneacht cruach sa tSín i gcoitinne*

(151) De réir an ghearáin, cé gur saincheist dhomhanda í an ró-acmhainneacht cruach, is í an tSín an fhoinse bhunaidh agus is tábhachtaí ró-acmhainneachta. Ó 2024 ar aghaidh, bhí 47 % d'acmhainneacht amhchruach an domhain ag an tSín, rud a chomhfhreagraíonn do 1 173 mhilliún tona méadrach ([47]).

(152) Mhínigh an gearánach nach de chineál gearrthéarmach í an ró-acmhainneacht cruach sa tSín mar gheall ar laghdú ar an éileamh, ach gur de chineál struchtúrach í trína ndéantar, de réir na mbeartas rialtais, cruthú acmhainneachta táirgeachta nua sa tSín a dhícheangal ón éileamh a bhfuil coinne leis. De réir ECFE, cé go n-eascraíonn an chéad cheann as gnáthluaineachtaí sa timthriall gnó, tagraíonn an dara ceann do ró-acmhainneacht atá mar thoradh ar fhóirdheontais agus ar chineálacha eile tacaíochta rialtais ([48]).

(153) Ar bhonn níos leithne, thug an Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach dá aire go mbíonn rósholáthar cruach ar mhargaí idirnáisiúnta agus praghsanna cruach laghdaithe mar thoradh ar ró-acmhainneacht, chomh maith le sciartha níos ísle den mhargadh agus rátaí úsáide acmhainneachta níos ísle do tháirgeoirí cruach intíre i dtríú tíortha a oibríonn faoi dhálaí an mhargaidh ([49]).

(154) I bhfianaise an mhéid sin, deimhníodh san anailís a rinne an Coimisiún féin ar thionscal cruach na Síne go bhfuil ró-acmhainneacht mhór san earnáil cruach sa tSín ó 2014 ar a laghad, rud a dheimhnigh a cineál struchtúrach ([50]). Thairis sin, léiríodh in imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe seo gur chruthaigh idirghabháil Rialtas na Síne san earnáil cruach saobhadh suntasach ar an margadh ([51]). Ina theannta sin, léiríonn taighde atá ar fáil go poiblí freisin go léiríonn an tacaíocht a dheonaíonn Rialtas na Síne ar leibhéil éagsúla do chuideachtaí cruach nach n-oibríonn an margadh cruach sa tSín faoi ghnáthfhórsaí an mhargaidh ([52]).

3.1.3. *Ró-acmhainneacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSín go háirithe*

(155) Maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta go sonrach, léirigh an gearánach nach raibh acmhainneacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne ag teacht leis an éileamh intíre. Go deimhin, ós rud é gur fhan éileamh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne idir 2022 agus 2024 cobhsaí agus faoi bhun na hacmhainneachta i gcónaí, tháinig méadú comhsheasmhach ar acmhainneacht an mhuilinn tandaim ([53]).

(156) Chinn an Coimisiún cheana féin, ina imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh, *inter alia*, na Síne ([54]), go raibh acmhainneacht iomlán CFR na Síne níos mó ná 120 milliún tona in 2020, agus measadh gur 100 milliún tona a bhí i dtáirgeacht agus tomhaltas na Síne in 2020, rud a d'fhág go raibh acmhainneacht bhreise a measadh ag 20 milliún tona in 2020. Ar bhonn na sonraí sa ghearán, in 2024 tháinig méadú breise 12 % ar acmhainneacht na Síne i gcomparáid le 2019 agus méadú 9 % i gcomparáid le 2021 ([55]). An tráth céanna, níor tháinig ach méadú 3 % ar an éileamh intíre i gcomparáid le 2019 agus tháinig laghdú 2 % air fiú i gcomparáid le 2021 ([56]). Ní dhearna aon pháirtí leasmhar agóid in aghaidh na sonraí sin.

([47]) An Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, *Steel exports, trade remedy actions and sources of excess capacity*, Bealtaine 2024, lch. 6, le fáil ag: https://www.steelforum.org/content/dam/steel-forum/en/publications/gfsec-steel-exports-trade-remedy-actions-and-sources-of-excess-capacity_0525.pdf.

([48]) Páipéar Beartais Trádála ECFE, *Measuring distortions in international markets*: *Below-Market finance*,, Bealtaine 2021 uimh. 247, https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2021/05/measuring-distortions-in-international-markets-below-market-finance_ef463ae3/a1a5aa8a-en.pdf .

([49]) An Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, *Impacts of global excess capacity on the health of GFSEC steel industries*, Márta 2024, lch. 5, le fáil ag: https://www.steelforum.org/content/dam/steel-forum/en/publications/gfsec-impacts-of-global-excess-capacity_0325.pdf.

([50]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch imscrúduithe cosanta trádála, Roinn 14.6. Ró-acmhainneacht, lch. 408 et seq., le fáil ag https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

([51]) Go háirithe Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508.

([52]) Trade Policy Hub & LSE Consulting, *Research into market distortions in the steel sector*, The London School of Economics and Political Science, 20245, le fáil ag: https://www.lse.ac.uk/business/consulting/assets/documents/Research-into-Market-Distortions-in-the-Steel-Sector.pdf.

([53]) *Foinsí:* WV Stahl, Plantfacts, MetalSpans mar a cuireadh ar fáil ó chliaint.

([54]) Arna fhorchur go deireanach trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068.

([55]) *Foinsí:* WV Stahl, Plantfacts, MetalSpans mar a cuireadh ar fáil ó chliaint.

([56]) *Idem*.

(157) Tharla an méadú sin ar ró-acmhainneacht den chuid is mó mar gheall ar phleananna maoinithe Rialtas na Síne mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda 2008-2009 ([57]). Ós rud é go dtacaíonn idirghabhálacha Rialtas na Síne go forleathan le ró-acmhainneacht na Síne, nuair a stopann an t-éileamh intíre, mar shampla tar éis phaindéim COVID-19 mar gheall ar ghéarchéim na hearnála tógála, tá tionchar ag rósholáthar ar mhargadh na Síne ([58]).

3.1.4. *Iarmhairt ró-acmhainneacht na Síne ar phraghsanna*

(158) Léirigh an gearánach gurbh é laghdú ar phraghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSín an toradh comhcheangailte a bhí ar acmhainneacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a mhéadú agus éileamh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a laghdú. In CNY, tháinig laghdú ar phraghas cruach carbóin fuar-rollta sa tSín idir 2022 agus 2024 ([59]).

(159) Dá bhrí sin, cuireadh iallach ar tháirgeoirí cruach na Síne a rótháirgeacht a onnmhairiú ar na praghsanna ísle a d'eascair as ró-acmhainneacht ([60]).

(160) Go deimhin, tá an ró-acmhainneacht sa tSín ina cúis le borradh faoi onnmhairí agus le hísliú praghsanna cruach ar fud an domhain, agus dá bhrí sin tá margaí cruach domhanda díchobhsaithe aici. Mar thoradh air sin, lean bearta, lena n-áirítear imscrúduithe cosanta trádála, in aghaidh allmhairí cruach na Síne, de bheith ag méadú le blianta beaga anuas ([61]).

(161) Bhailigh an Coimisiún fianaise ina leith sin le linn an imscrúdaithe, go háirithe tríd an bhfreagra ar an gceistneoir agus trí fhíorú údaráis na dtíortha lena mbaineann. Léirigh fianaise den sórt sin go raibh na tíortha lena mbaineann ar an eolas freisin faoi éifeachtaí díobhálacha ró-acmhainneacht na Síne agus go ndearna go leor acu bearta chun í a chomhrac, mar a mhínítear sna ranna ábhartha.

(162) Cé go n-áirítear anailís ar mhéid na n-allmhairí agus ar phraghsanna i ngach tír lena mbaineann sna ranna ábhartha, thug an Coimisiún dá aire ag an gcéim seo, ós rud é go ndearna an ró-acmhainneacht difear do phraghsanna intíre na Síne, gurbh ionann praghsanna allmhairiúcháin na Síne isteach sa tír lena mbaineann agus seachtrú ró-acmhainneacht na Síne sin.

(163) Go sonrach, ina imscrúdú frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh, *inter alia*, na Síne ([62]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tionchar ag saobhadh suntasach ar phraghsanna díola intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ([63]).

(164) Thángthas ar an gconclúid sin freisin bunaithe ar an bhfíoras 'gur fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú nó maoirseacht nó treoraíocht beartais údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne a fhreastalaíonn den chuid is mó ar mhargadh de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta' ([64]).

(165) Maidir leis na praghsanna i margaí na dtíortha lena mbaineann, a laghdófaí mar gheall ar bhrú phraghsanna na Síne a ndearna ró-acmhainneacht difear dóibh, mhínigh an gearánach go mbeidís íseal go saorga toisc nach bhfuil leibhéal phraghsanna allmhairiúcháin na Síne bunaithe ar bhreithnithe margaidh. De réir an ghearánaigh, ós rud é go bhfuil cuideachtaí fóirdheonaithe chomh mór sin, is féidir leo blianta caillteanas a charnadh agus gan acmhainneacht a laghdú.

(166) Tháinig an Coimisiún ar chonclúid ina leith sin do gach tír lena mbaineann, sna ranna ábhartha thíos, i bhfianaise na n-allmhairí faoi seach ón tSín agus leibhéal a bpraghsanna.

([57]) An Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, *Steel exports, trade remedy actions and sources of excess capacity*, cit., lch. 6.

([58]) Credendo, *China's ongoing construction crisis drives global steel prices down*, an 28 Lúnasa 2024, le fáil ag: https://credendo.com/en/knowledge-hub/steel-sector-global-steel-prices-under-pressure-amid-chinas-real-estate-downturn agus CTECH, *The iron curtain falls: China steel exports surge amid domestic crisis*, an 3 Meán Fómhair 2024, https://www.calcalistech.com/ctechnews/article/sxv9qbfq2.

([59]) *Foinse:* Bunachair sonraí Fastmarkets agus Argus.

([60]) Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, *Global excess capacity and employment in steel and downstream activities*, Márta 2025, lch. 9, le fáil ag: https://www.steelforum.org/content/dam/steel-forum/en/publications/GFSEC-Employment_and-excess-capacity_31_jan_2025-(002)_250305_1015.pdf.

([61]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch imscrúduithe cosanta trádála, Roinn 14.6. Ró-acmhainneacht, lch. 408 et seq., le fáil ag https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

([62]) Arna fhorchur go deireanach trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068.

([63]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris (78).

([64]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris (62).

3.1.5. *Iarmhairt ró-acmhainneacht na Síne ar bhrabúis*

(167) Mhínigh an gearánach go dtugtar brabúis níos ísle le tuiscint le praghsanna atá íseal go saorga. I ndáil leis sin, thuairiscigh sé fianaise ar bhrabúsacht tháirgeoirí cruach na Síne a bhí ag dul in olcas in 2024 ([65]) agus ar an bhfíoras go raibh praghsanna cruach intíre agus praghsanna onnmhairiúcháin na Síne níos ísle ná an costas táirgthe ([66]).

(168) Mar thoradh ar theacht isteach allmhairí na Síne a ndearna ró-acmhainneacht difear dóibh, de réir an ghearánaigh, bhrúfaí praghsanna i margaí na dtíortha lena mbaineann síos agus ní fhéadfadh táirgeoirí cruach intíre na méideanna céanna a dhíol a thuilleadh, rud a laghdódh úsáid acmhainneachta. Mar thoradh air sin, imíonn costais sheasta as smacht, rud a laghdaíonn brabúis a thuilleadh. I ndeireadh na dála, ní bheadh táirgeoirí intíre in ann infheistíocht a dhéanamh a thuilleadh, rud a d'fhágfadh nach mbeidís chomh nuálach ná chomh héifeachtúil céanna ([67])..

(169) Mar fhocal scoir, d'áitigh an gearánach gur bhain táirgeoirí cruach intíre lasmuigh den tSín brabúis amach a bhí níos ísle ná na brabúis a bhainfeadh siad amach mura gcuirfeadh ró-acmhainneacht na Síne borradh faoin gcaoi a ndearna sí ([68]). Sholáthair an gearánach sonraí brabúsachta maidir le táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sna tíortha lena mbaineann freisin. Cuirtear torthaí an imscrúdaithe i ndáil leis sin i láthair sna ranna ábhartha thíos.

(170) Tháinig an Coimisiún ar chonclúid ina leith sin do gach tír lena mbaineann, sna ranna ábhartha thíos, i bhfianaise na n-allmhairí faoi seach ón tSín agus leibhéal a bpraghsanna.

3.2. **An India**

3.2.1. *Staid margaidh áirithe mar gheall ar an éifeacht 'brú amach' arb iad allmhairí ón tSín is cúis léi*

(171) Chun measúnú a dhéanamh ar staid margaidh áirithe a bheith i margadh na hIndia mar gheall ar an éifeacht 'brú amach' a bhí ag allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne, rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar a mhéid a chuaigh allmhairí na Síne i bhfód ar mhargadh intíre na hIndia le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i dtéarmaí méide.

(172) Rinne an Coimisiún comparáid idir méid na n-allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín agus tomhaltas na hIndia. Bhraith an Coimisiún ar shonraí táirgeachta, sonraí allmhairiúcháin agus sonraí onnmhairiúcháin a chuir Rialtas na hIndia isteach mar chuid den fhreagra ar an gceistneoir agus a d'fhíoraigh an Coimisiún ar an láthair. Rinne an Coimisiún meastachán ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta san India mar tháirgeacht iomlán móide allmhairí agus lúide onnmhairí.

Tábla 1

Tomhaltas san India (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas san India (measta) (tonaí)	18 322 098	19 390 835	21 708 857	21 178 934
Na hallmhairí uile (tonaí)	537 448	509 192	525 511	440 782

([65]) The Economist, *Chinese overcapacity is crushing the global steel industry*, an 17 Meán Fómhair 2024, le fáil ag: https://www.economist.com/business/2024/09/17/chinese-overcapacity-is-crushing-the-global-steel-industry.

([66]) Fastmarkets, *China's steelmaking losses incentivize global rebalancing*, 23 Meitheamh 2025, ar fáil ag: https://www.fastmarkets.com/insights/chinas-steelmaking-losses-incentivize-global-rebalancing/ agus Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, *Global excess capacity and employment in steel and downstream activities*, cit., lgh. 16-17.

([67]) Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, *Global excess capacity and employment in steel and downstream activities*, cit., lgh. 3, 5, 8 agus 13, agus *Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, Impacts of global excess capacity on the health of GFSEC steel industries*, cit., lgh. 1112.

([68]) Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, *Impacts of global excess capacity on the health of GFSEC steel industries*, cit., lgh. 1820, go háirithe Fíor 3.

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Allmhairí ón tSín	17 681	23 269	63 775	52 992
An sciar den mhargadh ag na hallmhairí uile (%)	2,93	2,63	2,42	2,08
Allmhairí ón tSín a bhfuil sciar den mhargadh acu (%)	0,10	0,12	0,29	0,25

Foinse: Rialtas na hIndia, ríomhanna dílse.

(173) Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne ó 0,10 % go 0,25 %. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go raibh méideanna na n-allmhairí ón tSín isteach san India neamhshuntasach i ndáil le tomhaltas agus go raibh siad ró-íseal chun go mbeadh éifeacht 'brú amach' ann.

(174) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna staid margaidh áirithe difear do mhargadh intíre na hIndia mar thoradh ar allmhairí ón tSín mar gheall ar ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa tSín.

(175) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr EUROFER ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar a thorthaí a bhfuil achoimre orthu in aithrisí (171) go (174). Thug an Coimisiún dá aire nár chuir EUROFER aon fhaisnéis ná fianaise nua isteach a d'athródh measúnú an Choimisiúin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh sé na torthaí agus na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (171) go (174).

3.2.2. *Staid margaidh áirithe mar gheall ar bhearta maidir le hionchuir*

3.2.2.1. Réamhrá

(176) Líomhain an gearánach go raibh staid margaidh áirithe ann de bhun Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán ar mhargadh cruach na hIndia. Rinneadh na líomhaintí i ndáil leis an méid seo a leanas:

— amhiarann lena n-áirítear mianadóireacht faoi chuing;

— gual lena n-áirítear mianadóireacht faoi chuing;

— dramhchruach;

— comhtháthú ingearach tháirgeoirí cruach na hIndia.

(177) Rinne an Coimisiún imscrúdú ar na líomhaintí sa ghearán agus ar na barúlacha a fuarthas tráth an tionscnaimh ó JSW, an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na hIndia, a ndearnadh achoimre orthu in aithrisí (58) go (66). Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar na freagraí ar na ceistneoirí a chuir Rialtas na hIndia agus JSW isteach, a fíoraíodh ar an láthair, mar a léirítear in aithris (103).

(178) Ar bhonn na bhfreagraí ar na ceistneoirí, na gcuairteanna fíorúcháin agus na n-aighneachtaí a fuarthas, dhiúltaigh an Coimisiún do na líomhaintí sa ghearán maidir le staid margaidh áirithe a bheith ann maidir le gual, dramhchruach agus comhtháthú ingearach tháirgeoirí cruach na hIndia toisc nach raibh eilimintí leordhóthanacha ar comhad lena ndeimhnítear na líomhaintí sin i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo. Os a choinne sin, rinne an Coimisiún imscrúdú féachaint an raibh bunús maith leis na líomhaintí sa ghearán maidir le hamhiarann, lena n-áirítear mianadóireacht faoi chuing, agus an raibh staid margaidh áirithe ann a rinne difear do phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta mar thoradh air sin.

3.2.2.2. Saobhadh a bheith ann i margadh an amhiarainn

3.2.2.2.1. Réamhrá

(179) Shuigh an Coimisiún san imscrúdú seo gurbh é curach theorollta an príomhionchur chun táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh a raibh amhiarann ag teastáil chun é a tháirgeadh. Shuigh an Coimisiún freisin, ós rud é go raibh próiseas monaraíochta atá comhtháite go hingearach ag JSW, gur táirgeadh an chruach fhuar-rollta a táirgeadh ó chruach theorollta trí úsáid a bhaint as amhiarann. Tháinig an t-amhiarann a úsáidtear i dtáirgeadh cruaiche teorollta ó cheann amháin nó níos mó de na trí fhoinse seo a leanas: i) ceannach intíre amhiarainn; ii) amhiarann arna bhaint go díreach ag an táirgeoir onnmhairiúcháin agus iii) amhiarann allmhairithe.

(180) Shuigh an Coimisiún go raibh na bearta seo a leanas a chuir Rialtas na hIndia chun feidhme ag ísliú praghas an amhiarainn go saorga a foinsíodh ar bhonn intíre chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh:

— Cur isteach Rialtas na hIndia ar an margadh intíre amhiarainn;

— Saobhadh arna spreagadh ag Rialtas na hIndia i mianadóireacht faoi chuing amhiarainn le haghaidh déanamh cruach;

— Cáin onnmhairiúcháin ar amhiarann ina bhfuil cion iarainn os cionn 58 %;

— Srianta ar iompar intíre amhiarainn d'iarnród atá dírithe ar onnmhairí.

(181) Rinne an Coimisiún anailís ar gach ceann de na bearta sin agus ar a dtionchar ar phraghas an amhiarainn a úsáidtear chun táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh.

3.2.2.2.2. Cur isteach Rialtas na hIndia ar mhargadh amhiarainn intíre na hIndia

(182) Rinne an Coimisiún imscrúdú ar ról Rialtas na hIndia sa mhargadh intíre amhiarainn agus ar éifeachtaí reachtaíocht agus bheartais Rialtas na hIndia ar sholáthar agus ar phraghas an amhiarainn. Thug an Coimisiún dá aire go raibh sé ar cheann de chuspóirí Bheartas Náisiúnta Cruach 2017 ([69]) mar a chuir Rialtas na hIndia in iúl go hoifigiúil tar éis dó é a fhormheas ([70]) neart soláthair amhiarainn a chur ar fáil ar bhonn intíre ar mhaithe le táirgeadh iartheachtach cruach, lena n-áirítear táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta dá bhrí sin. Rinne an Coimisiún anailís ar an gcaoi a ndearna na beartais sin de chuid Rialtas na hIndia difear do phraghasmhúnlú an amhiarainn le haghaidh díolacháin intíre i margadh na hIndia agus ar an gcaoi a ndearna siad difear do struchtúr an mhargaidh intíre agus do sholáthar an amhiarainn do na táirgeoirí cruach.

(183) Mhínigh Rialtas na hIndia, mar a deimhníodh le Rialacha Lamháltais Mianraí 2016 ([71]), gur fhoilsigh Biúró Mianach na hIndia, a bhí ina fho-oifig faoin Aireacht Mianach, praghsanna tagarmhairc míosúla le haghaidh roinnt mianraí lena n-áirítear gach díolachán amhiarainn, ina gcuimsítear iad siúd a úsáidtear chun cruach fhuar-rollta a tháirgeadh. Dúirt Rialtas na hIndia freisin nach mór do chuideachtaí a dhíolann amhiarann méid agus luach an amhiarainn a dhíoltar lena gcustaiméirí uile a thuairisciú go míosúil don Bhiúró. Bhailigh Biúró Mianach na hIndia na sonraí go léir agus d'fhoilsigh sé praghas tagarmhairc a d'eascair as meán ualaithe na dtuarascálacha díolacháin go léir maidir le gach cineál agus grád amhiarainn le haghaidh gach réigiúin ábhartha san India.

(184) Maidir le struchtúr an mhargaidh, dhá fhiontar faoi úinéireacht stáit, is iad sin National Mineral Development Corporation ('NMDC') agus Odisha Mining Corporation ('OMC'), ba chúis le sciar substaintiúil den amhiarann uile a díoladh ar mhargadh na hIndia. Tá mianaigh amhiarainn san India faoi úinéireacht an Stáit a d'fhéadfadh lamháltas a dheonú ina dhiaidh sin d'oibreoirí chun iad a shaothrú. Rinne an Coimisiún imscrúdú ar an gcaoi ar oibrigh praghsáil na gceart mianadóireachta sin do na cuideachtaí éagsúla, agus ar cé acu a rinne nó nach ndearna an sásra bailithe praghsanna le haghaidh na ndíolachán uile trí Bhiúró Mianach na hIndia ([72]) difear do phraghas intíre an amhiarainn. Mhínigh Rialtas na hIndia gur cheangail athchóiriú in 2015 ar an Dlí maidir le forbairt agus rialachán mianach agus mianraí ([73]) ar an Stát cearta saothraithe mianach amhiarainn a dheonú trí cheantáil. Chuir Rialtas na hIndia in iúl freisin go raibh National Mineral Development Corporation agus Odisha Mining Corporation ag saothrú mianach nach raibh faoi réir ceantála toisc go bhfuair siad a gcearta mianadóireachta i bhfad sular cuireadh athchóiriú 2015 chun feidhme, ar a dtugtar 'mianaigh oidhreachta' dá bhrí sin.

([69]) https://static.investindia.gov.in/National%20Steel%20Policy.pdf.
([70]) https://www.pib.gov.in/newsite/PrintRelease.aspx?relid=161491&reg=3&lang=2.
([71]) https://ibm.gov.in/writereaddata/files/17714807906996a6d62cf4fMCR_2016_amended_upto_January_2026.pdf.
([72]) https://mines.gov.in/webportal/content/ibm.
([73]) https://www.pib.gov.in/newsite/printrelease.aspx?relid=114589&reg=48&lang=2.

(185) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis ábhartha eile a bhailiú maidir leis na mianaigh oidhreachta, lena n-áirítear a n-úinéireacht agus a mbainistiú, praghsáil agus coinníollacha a gceart mianadóireachta. Níor chuir Rialtas na hIndia ach faisnéis an-teoranta isteach agus is beag soiléiriú a thug sé ar an bhfaisnéis a bhí á lorg ag an gCoimisiún. Go háirithe, níor chuir Rialtas na hIndia na tuarascálacha costais isteach le haghaidh NMDC agus OMC d'ainneoin iarrataí a rinne an Coimisiún arís agus arís eile, chomh maith le faisnéis mhionsonraithe maidir le luach saothair, fad agus coinníollacha na mianach oidhreachta agus, dá bhrí sin, tionchar a gceannasachta margaidh ar fhoirmiú praghsanna intíre. Sheol an Coimisiún litir chuig Rialtas na hIndia an 15 Meitheamh 2026 bunaithe ar Airteagal 18(4) den bhun-Rialachán inar sonraíodh an fhaisnéis uile a bhí in easnamh agus an rún a bhí aige a chinneadh a bhunú ar na fíorais a bhí ar fáil.

(186) Thug Rialtas na hIndia freagra an 25 Meitheamh 2026 agus mhaígh sé gur chomhoibrigh sé go hiomlán leis an imscrúdú. Thairis sin, líomhain Rialtas na hIndia, dá measfadh an Coimisiún nach raibh an fhaisnéis leordhóthanach, gur cheart dó aghaidh a thabhairt uirthi le linn na cuairte fíorúcháin. Ar deireadh, chuir Rialtas na hIndia faisnéis bhreise isteach maidir leis na saincheisteanna a pléadh sa litir ón gCoimisiún.

(187) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin agus mheas sé nár leor an fhaisnéis a chuir Rialtas na hIndia isteach roimh litir Airteagal 18(4) chun a mheasúnú a dhéanamh. Thairis sin, mheas an Coimisiún nárbh é cuspóir na cuairte fíorúcháin faisnéis a iarradh a fháil, ar faisnéis í nár cuireadh isteach ach, ina ionad sin, an fhaisnéis a cuireadh isteach i ndáiríre a fhíorú. ([74]) A mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis shubstainteach bhreise a chuir Rialtas na hIndia isteach, a raibh sé marcáilte ag Rialtas na hIndia go raibh sí go léir íogair, níor mheas an Coimisiún gur athraigh sé a mheasúnú agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart do Rialtas na hIndia measúnú a dhéanamh ar thorthaí an Choimisiúin tar éis an nochta chun a shuí an raibh a bharúlacha ábhartha agus infheidhme.

(188) De bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán, i bhfianaise neamh-chomhoibriú Rialtas na hIndia, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil chun teacht ar chonclúidí maidir le praghasmhúnlú amhiarainn intíre, eadhon maidir leis an bpraghsáil agus na coinníollacha le haghaidh na gceart mianadóireachta faoin gcóras roimh 2015, a gcostais agus a bpraghsanna amhiarainn freisin i gcomparáid leis na gníomhaithe margaidh eile seachas na mianaigh oidhreachta, lena n-áirítear táirgeadh amhiarainn JSW féin.

(189) An 31 Iúil 2023, d'fhoilsigh an Institiúid um Staidéar i bhForbairt Thionsclaíoch mar chuid de thionscnamh abhcóideachta Choimisiún Iomaíochta na hIndia staidéar ar iomaíocht in earnáil na mianadóireachta ina ndírítear ar amhiarann ([75]). Deimhníodh sa tuarascáil gurb iad an dá ghníomhaí is mó (NMDC agus OMC) lucht déanta phraghas Bhiúró Mianach na hIndia den chuid is mó agus gur ghlacadóirí praghsanna iad an chuid eile de na gníomhaithe margaidh. Thug an fhaisnéis a chuir Rialtas na hIndia isteach le fios gur mhianaigh oidhreachta a bhí i bhformhór na mianach a bhí á n-oibriú ag an dá ghníomhaí sin. Thairis sin, bhí ar mhianaigh oidhreachta arna n-oibriú ag cuideachtaí Stáit amhail NMDC agus MOC 150 % den ríchíos is iníoctha a íoc, is é sin, 22,5 % de phraghas Bhiúró Mianach na hIndia (150 % de 15 %). Thug an Coimisiún dá aire go raibh an ráta sin i bhfad níos ísle ná na rátaí a d'íoc JSW as na mianaigh a leithdháileadh orthu tar éis na bliana 2015 trí cheantáil. Shuigh an Coimisiún ar bhonn na bhfoinsí sin, agus an sciar suntasach den mhargadh agus na praghsanna ísle a chuirtear ar fáil leis na mianaigh oidhreachta á gcur san áireamh, go príomha mar gheall ar chearta mianadóireachta a bheith á ndeonú ag Rialtas na hIndia nach bhfuil faoi réir ceantála agus ós rud é go bhfuil na cuideachtaí sin faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú Rialtas na hIndia, NMDC agus OMC, gurbh iad lucht déanta phraghas Bhiúró Mianach na hIndia iad agus go raibh ar na cuideachtaí eile an praghas sin a leanúint. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá mbeadh ar NMDC agus OMC dul in iomaíocht le hoibreoirí eile trí cheantáil a dhéanamh ar an gceart chun a mianaigh oidhreachta a shaothrú, go mbeadh costais i bhfad níos airde ag an dá chuideachta sin agus, dá bhrí sin, go mbeadh orthu díol ar phraghsanna i bhfad níos airde chun leanúint de bheith brabúsach.

(190) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia gur fhianaise lochtach í an fhianaise a d'úsáid an Coimisiún chun a rá go bhfuil NMDC agus OMC ina bpríomhsholáthróirí agus gur socraitheoirí praghsanna phraghas Bhiúró Mianach na hIndia dá bhrí sin iad. Ar an gcéad dul síos, mhaígh Rialtas na hIndia go raibh na sonraí a úsáideadh i dtuarascáil ISID ó 2 bhliain roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir an sciar 65 % den mhargadh a sannadh do NMDC agus do OMC a úsáid. Ar an dara dul síos, chuir Rialtas na hIndia sonraí isteach a bhí lipéadaithe mar shonraí íogaire agus mhaígh sé gur chruthaigh siad sin go raibh sciar NMDC agus OMC den mhargadh i bhfad níos ísle ná 65 %. Ar an tríú dul síos, thug Rialtas na hIndia dá aire gur sonraíodh i dtuarascáil ISID gur earnáil dhírialáilte a bhí san amhiarann agus nach raibh ról díreach ag an rialtas maidir le praghsanna amhiarainn a shocrú.

([74]) Féach mar shampla Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2021, *Severstal v An Coimisiún*, T-753/16, ECLI:EU:T:2021:612, mír 122.

([75]) https://cci.gov.in/images/marketstudie/en/market-study-on-dynamics-of-competition-in-the-mining-sector-in-india-with-a-focus-on-iron-ore1704108440.pdf.

(191) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún cuid de na sonraí íogaire a chuir Rialtas na hIndia isteach a fhíorú, ó tharla nach raibh faisnéis sách gráinneach ann, go háirithe miondealú lena léireofaí cé na cuideachtaí a grúpáladh faoi tháirgeoirí faoi chuing agus cé na cinn a grúpáladh faoi tháirgeoirí nach táirgeoirí faoi chuing iad. In aon chás, mheasfadh an Coimisiún fós gur sciar mór é sciar comhcheangailte de thart ar 45-50 %. Rud atá níos tábhachtaí, mheas an Coimisiún nárbh é an sciar den mhargadh an t-aon pharaiméadar amháin a shuífeadh gur socraitheoirí praghsanna iad NMDC agus OMC. San imscrúdú seo, bhí an buntáiste costais dar thairbhigh NMDC agus OMC, mar a mhínítear in aithris (193), ina phríomheilimint freisin a chuir ar a gcumas do na cuideachtaí sin praghsanna amhiarainn a shocrú. Ina theannta sin, mhínigh an Coimisiún in aithris (193) go raibh dreasacht ag soláthróirí intíre áirithe praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia a choimeád íseal chun an méid cánacha a íocadh a ísliú. Thairis sin, maidir leis an ráiteas i dtuarascáil ISID a luaigh Rialtas na hIndia lena ndeirtear nach bhfuil ról 'díreach' ag an rialtas maidir le praghsanna amhiarainn a shocrú, thug an Coimisiún dá aire nach gciallaíonn sé sin nach bhfuil ról indíreach ag an rialtas tríd an sásra a bhunaigh sé le haghaidh mianaigh oidhreachta agus mianaigh a chuirtear ar ceant. I ndáil leis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i mír (198), tar éis na hanailíse a leagtar amach in aithrisí (182) go (197), gur chuir an rialtas isteach ar phraghsanna amhiarainn. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(192) Tar éis an nochta deiridh, chuir Rialtas na hIndia faisnéis isteach a bhí lipéadaithe mar fhaisnéis íogair chun a mhaíomh nach raibh praghsanna díola faoi bhun an mhargaidh mar thoradh ar théarmaí an léasa oidhreachta.

(193) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil ar comhad, ar faisnéis de chineál íogair í, mar a shonraítear in aithris (189), gur íoc mianaigh oidhreachta ríchíosanna i bhfad níos ísle ná na ríchíosanna a d'íoc JSW as na mianaigh a leithdháileadh orthu tar éis 2015 trí cheantáil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Dheimhnigh an Coimisiún na torthaí sin ar bhonn eilimintí breise atá sa chomhad. Ar an gcéad dul síos, deimhnítear leis na sonraí a chuir JSW ar fáil agus a d'fhíoraigh an Coimisiún an cinneadh go raibh praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia íseal go saorga. Ar chúiseanna rúndachta, nochtadh réasúnaíocht an Choimisiúin go sonrach do JSW. Ar an dara dul síos, ós rud é go ndearnadh tobhaigh amhail cearta lamháltais agus ríchíosanna a cheangal le praghas Bhiúró Mianach na hIndia, bhí dreasacht bhunúsach sa sásra praghsála do gach soláthróir intíre amhiarainn a bpraghsanna a chomhlíonadh le praghas Bhiúró Mianach na hIndia (agus dá bhrí sin praghsanna mianach oidhreachta) chun an méid a íoctar i dtobhaigh amhail ríchíosanna agus cearta lamháltais a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin praghas an amhiarainn intíre a choinneáil íseal go saorga.

(194) Ina theannta sin, mhol Rialaitheoir agus Ard-Iniúchóir na hIndia, Rialtas Odisha, ar comhlacht poiblí Indiach é, in 2024 do Rialtas na hIndia, tar éis iniúchadh a dhéanamh ([76]), imscrúdú a dhéanamh ar thuairisciú praghsanna ísle díreach ón mianach ag léasaithe, chun a fháil amach an raibh sé sin á dhéanamh d'aon ghnó chun an meánphraghas díola a laghdú agus, dá bhrí sin, an ríchíos agus an phréimh is iníoctha a laghdú.

(195) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia nár suíodh praghsáil ró-íseal le tuarascáil 2024 dá dtagraítear in aithris (194). Ar an gcéad dul síos, bhí an tuarascáil teoranta do shé léasaí iniúchta. Ar an dara dul síos, fiú dá mbeadh praghsanna tearcthuairiscithe ag na léasaithe, ní chruthódh sé go raibh praghas Bhiúró Mianach na hIndia praghsáilte ró-íseal. Ar an tríú dul síos, cumhdaíodh an tréimhse 2020-2022 leis an tuarascáil agus dá bhrí sin ní raibh sí ábhartha don tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gceathrú dul síos, mhaígh Rialtas na hIndia go bhfuil bearta déanta ag an rialtas ó shin arb é is aidhm dóibh míthuairisciú a chosc.

(196) Thug an Coimisiún dá aire go raibh fianaise íogair bhreise ar comhad aige a mhéid a bhaineann le leas gníomhaithe margaidh praghas Bhiúró Mianach na hIndia a choimeád íseal. Maidir leis an tuarascáil, ar an gcéad dul síos, deimhníodh léi an chúis a raibh leas ag cuideachtaí praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia a choimeád íseal agus, ar an dara dul síos, cuireadh samplaí iarbhír den chleachtas sin ar fáil léi. Ós rud é nár tháinig aon athrú ar fheidhmiú shásra praghsála Bhiúró Mianach na hIndia ná ar a ról mar innéacs chun cánacha a íoc, níor mheas an Coimisiún go raibh sé ábhartha gur tharla na samplaí roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár chuir Rialtas na hIndia fianaise isteach maidir leis na hathruithe iarbhír a thug Rialtas na hIndia isteach chun an cleachtas tearcthuairiscithe a laghdú ná meastóireacht go raibh na hathruithe éifeachtach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(197) Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire dhá tháscaire bhreise lena léirítear go raibh a chuspóir á bhaint amach ag beartais Rialtas na hIndia amhiarann a chur ar fáil ar bhonn intíre le haghaidh cruach a dhéanamh, lena n-áirítear táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Ar an gcéad dul síos, bhí cainníochtaí na n-allmhairí diomaibhseach. Ar an dara dul síos, d'ainneoin gurb í an India an ceathrú táirgeoir amhiarainn is mó ar domhan, bhí na cainníochtaí a onnmhairíodh an-bheag i gcomparáid leis na cainníochtaí táirgeachta.

([76]) https://cag.gov.in/uploads/download_audit_report/2022/table-of-content-066e1a12e51fa23.81224720.pdf.

(198) Ar bhonn na faisnéise sin uile, agus i bhfianaise bhearta eile Rialtas na hIndia maidir leis an amhiarann a shonraítear sa roinn seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin: (i) chruthaigh cur isteach Rialtas na hIndia ar an margadh intíre amhiarainn struchtúr inarb iad na mianaigh oidhreachta faoi úinéireacht an Stáit na príomhsholáthróirí agus, dá bhrí sin, na socraitheoirí praghsanna; (ii) fuair na mianaigh oidhreachta sin a gcearta mianadóireachta roimh athchóiriú 2015, agus in éagmais chomhar Rialtas na hIndia, tugadh le tuiscint, i bhfianaise a n-úinéireachta Stáit agus nach raibh aon cheantáil ann ag an am, gur deonaíodh a gcearta mianadóireachta faoi dhálaí an-fhabhrach neamh-mhargaidh, rud a chuir ar a gcumas praghas an amhiarainn a shocrú ar leibhéal i bhfad níos ísle ná a n-iomaitheoirí seachas ar mhargadhluach cothrom; (iii) mar thoradh ar shásra phraghas Bhiúró Mianach na hIndia arna chur chun feidhme ag Rialtas na hIndia, a úsáidtear mar innéacs le haghaidh táillí agus cánacha áirithe, bhí praghas íseal saorga ann le haghaidh gach cineáil agus gráid amhiarainn lena n-áirítear le haghaidh an amhiarainn a sholáthraítear do JSW chun táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh.

3.2.2.2.3. An margadh faoi chuing amhiarainn i ndéanamh cruach

(199) Ba le JSW cearta Rialtas na hIndia chun roinnt mianach amhiarainn a shaothrú. Ar chúiseanna rúndachta, nochtadh sonraí breise go sonrach do JSW.

(200) Rinne an Coimisiún imscrúdú féachaint an ndearnadh saobhadh ar na coinníollacha agus ar an bpraghsáil do na mianaigh a úsáideann JSW faoi chuing chun táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh mar thoradh ar bheartais Rialtas na hIndia. Shuigh an Coimisiún gur tugadh isteach le hathchóiriú 2015 ar an Dlí Mianadóireachta dá dtagraítear in aithris (184) an ceanglas ar rialtais Stáit leithdháileadh ceart mianadóireachta mianraí, lena n-áirítear amhiarann, a cheantáil. De bhun riail 6 de na rialacha mianraí (Ceantáil) ó 2015 ([77]), ní mór d'iarratasóirí na ceanglais i Roinn 5 den Dlí maidir le Mianaigh agus Mianraí ([78]) a chomhlíonadh inar sonraíodh nach bhféadfadh rialtas Stáit lamháltas mianraí a dheonú mura rud é gur náisiúnach nó cuideachta Indiach é an duine. Dá bhrí sin, trí chuideachtaí eachtracha a eisiamh ón bpróiseas tairisceana, níor mheas an Coimisiún go raibh an próiseas tairisceana oscailte i ndáiríre toisc go raibh sé teoranta do líon teoranta gníomhaithe féideartha sa mhargadh intíre agus d'eisiaigh sé na hoibreoirí amhiarainn eachtracha uile a d'fhéadfadh tairiscintí níos iomaíche a chur isteach ná oibreoirí intíre.

(201) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia nár léirigh an Coimisiún gurb é saobhadh amhiarainn a díoladh faoi chuing a bhí mar thoradh ar thairgeoirí nach tairgeoirí de chuid na hIndia iad a eisiamh ó lamháltais.

(202) Mheas an Coimisiún gur laghdaíodh an iomaíocht go héifeachtach tríd an linn tairgeoirí incháilithe a laghdú agus, dá bhrí sin, gur cuireadh cosc ar an seans go bhfaighfí tairiscintí níos airde ó rannpháirtithe nach rannpháirtithe de chuid na hIndia iad, pointe nár chuir Rialtas na hIndia ina aghaidh. Mheas an Coimisiún gur saobhadh é sin agus mheas sé nach raibh sé ábhartha tuairimíocht a dhéanamh faoi na praghsanna a bheadh ann dá gceadófaí do thairgeoirí nach tairgeoirí de chuid na hIndia iad a bheith rannpháirteach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(203) Thairis sin, rinne an Coimisiún anailís ar choinníollacha praghsála na gceart mianadóireachta a deonaíodh do JSW. Ós rud é go bhfuil an ráta tairisceana le haghaidh na gceart mianadóireachta agus, dá bhrí sin, praghas iarbhír na gceart mianadóireachta ceangailte le praghas Bhiúró Mianach na hIndia, déanann leibhéal praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia difear díreach do na ríchíosanna a íoctar ina dhiaidh sin ar an amhiarann a bhaintear. Mar thoradh air sin, an saobhadh a eascraíonn as idirghabhálacha Rialtas na hIndia i margadh intíre an amhiarainn a shonraítear i roinn 3.2.2.2.2, rinne sé difear díreach freisin do phraghsáil chearta mianadóireachta amhiarainn JSW. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh praghas an amhiarainn a bhain JSW amach saofa freisin.

(204) Ar bhonn na srianta reachtacha maidir le cearta mianadóireachta a dheonú de réir an Dlí maidir le Mianaigh agus Mianraí dá dtagraítear in aithris (200), chomh maith leis an nasc idir na ríchíosanna agus na cearta lamháltais a deonaíodh do JSW le praghasmhúnlú saofa IBM, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna saobhadh ar mhargadh na hIndia difear freisin don amhiarann a fuair JSW faoi chuing.

([77]) https://mines.gov.in/admin/download/69d601f1b7d3e1775632881.pdf.
([78]) https://www.indiacode.nic.in/bitstream/123456789/19380/1/mmdr_act%2C1957.pdf.

3.2.2.2.4. Cáin onnmhairiúcháin ar amhiarann ina bhfuil cion iarainn os cionn 58 %

(205) Chomh maith leis an saobhadh a bhaineann leis an bpraghasmhúnlú agus leis an mianadóireacht faoi chuing is infheidhme maidir le gach grád amhiarainn a úsáideann JSW, bhí cáin onnmhairiúcháin ar amhiarann ina bhfuil cion iarainn os cionn 58 % i bhfeidhm ag Rialtas na hIndia ó bhí 2012 ann ar a laghad, agus an tréimhse imscrúdúcháin san áireamh. Ar chúiseanna rúndachta, nochtadh sonraí breise do JSW go sonrach maidir leis an úsáid a bhain an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as an ngrád sin.

(206) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí an beart i bhfeidhm de bhun Fhógra Uimh. 58/2022-Custaim ([79]) le haghaidh amhiarainn ina bhfuil cion iarainn os cionn 58 %. Bhí measúnú déanta ag an gCoimisiún cheana féin ar an mbeart sin in imscrúdú an athbhreithnithe éaga 2022 maidir le hallmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte ón India ([80]) ('píopaí insínte') inar tháinig sé ar an gconclúid in aithris (147) gur cuireadh de chúram ar na cuideachtaí mianadóireachta amhiarainn intíre, nó gur ordaíodh dóibh, amhiarann a dhíol go háitiúil ar phraghas saor leis an mbeart. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gur baineadh amach leis an mbeart an éifeacht bheartais inmhianaithe chun praghas intíre an amhiarainn a laghdú go leibhéal a bhí íseal go saorga chun tairbhe an tionscail iartheachtach lena n-áirítear táirgeoirí an táirge lena mbaineann, rud a shaobhann margadh intíre an amhiarainn san India. Sna cinntí sin, chuir an Coimisiún corpas ollmhór fianaise san áireamh, lena n-áirítear oibreacha ullmhúcháin na reachtaíochta agus an rialacháin ábhartha, faireachán réamhghníomhach ar chur chun feidhme an bhirt ag Rialtas na hIndia chun a áirithiú gur baineadh amach an cuspóir beartais a bhí beartaithe, chomh maith leis na héifeachtaí eacnamaíocha soiléire a cruthaíodh leis an srian sin, as ar eascair laghdú soiléir ar phraghsanna intíre tráth a tugadh isteach an cháin onnmhairiúcháin lena léirítear a leibhéal freisin.

(207) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia nach raibh an cháin onnmhairiúcháin infheidhme ach amháin maidir le hamhiarann ar mó an cion iarainn ann ná 58 %, atá ar cheann de na seacht ngrád a rianaítear faoi chóras praghsála Bhiúró Mianach na hIndia agus nach raibh faisnéis ag an gCoimisiún maidir leis na gráid amhiarainn a sholáthair JSW. Thairis sin, maidir le toradh an Choimisiúin gur bhain an beart an éifeacht bheartais inmhianaithe amach, mhaígh Rialtas na hIndia go gcomhfhreagraíonn an toradh sin d'imscrúdú a rinneadh roimhe seo a bhain le táirge difriúil agus le tréimhse imscrúdúcháin dhifriúil agus nach bhféadfaí é a úsáid dá bhrí sin. Mhaígh Rialtas na hIndia freisin go raibh na méideanna onnmhairí substaintiúla a taifeadadh sa tréimhse imscrúdúcháin ag teacht salach ar thorthaí an Choimisiúin.

(208) Thug an Coimisiún dá aire gur áiríodh san fhaisnéis íogair ar comhad sonraí sách gráinneach maidir leis na gráid amhiarainn a fuair JSW go rabhthas in ann an anailís a dhéanamh. Mheas an Coimisiún freisin go raibh an toradh sin fós bailí de bharr gur bhain sé leis an gcáin onnmhairiúcháin chéanna agus leis an ngrád céanna amhiarainn, nithe nár athraíodh ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo. A mhéid a bhaineann leis na méideanna onnmhairí, shuigh an Coimisiún nach raibh an maíomh sin ábhartha ós srian onnmhairiúcháin í cáin onnmhairiúcháin de réir a cineáil. In aon chás, mar a thugtar faoi deara in aithris (197), bhí méid foriomlán na n-onnmhairí amhiarainn an-bheag i gcomparáid leis an leibhéal táirgeachta, agus é á thabhairt faoi deara, mar a léirítear ar leathanach xi de thuarascáil ISID, go raibh an India i measc na dtáirgeoirí amhiarainn is mó ar domhan. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2.2.2.5. Srianta ar amhiarann a iompar atá dírithe ar onnmhairí

(209) Ghlac Rialtas na hIndia 'Beartas Amhiarainn ó 2021', mar a thugtar air in 2021 ([81]). Ba é aidhm shonraithe an bhirt monaraíocht intíre cruach a chur chun cinn mar a luaitear sa chéad mhír dá réamhrá. Chuige sin, leagtar amach sa bheartas 4 chatagóir custaiméirí atá rangaithe de réir na tosaíochta vaigíní leithdháilte a fháil chun amhiarann a iompar. Cuireadh na custaiméirí a chuimsigh onnmhairí amhiarainn sa cheathrú catagóir custaiméirí, is é sin, an chatagóir ag a bhfuil an tosaíocht is ísle. Chruthaigh an beart sin claontacht shoiléir i bhfabhar soláthar intíre amhiarainn, i gcomhréir le beartais uileghabhálacha Rialtas na hIndia chun soláthar leordhóthanach amhiarainn a sholáthar ar phraghsanna saora do tháirgeoirí iartheachtacha intíre. Tá bac breise roimh tháirgeoirí amhiarainn atá toilteanach amhiarann a onnmhairiú de bharr an bhirt sin dá smaoineoidís ar an amhiarann a onnmhairiú seachas é a sholáthar sa bhaile. Deimhnítear é sin freisin leis an leibhéal an-íseal onnmhairí amhiarainn ón India. I

([79]) https://taxinformation.cbic.gov.in/view-pdf/1009553/ENG/Notifications?utm=.

([80]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/927 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 161, 16.6.2022, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/927/oj).

([81]) Teachtaireacht ó Aireacht Iarnróid na hIndia Uimh. 2020/TT-III/32/4 dar dáta an 15 Eanáir 2021.

dtuarascáil a d'fhoilsigh Aireacht Calafort, Loingseoireachta agus Uiscebhealaí na hIndia i mí Eanáir 2026 ([82]), luadh an srian sin mar an chéad saincheist ar ghá aghaidh a thabhairt uirthi chun loingseoireacht amhiarainn a mhéadú. Iarradh sa tuarascáil i dTábla 18 ann aghaidh a thabhairt ar an easnamh sciotaí maidir le haslonnú amhiarainn ó mhianaigh go calafoirt faoi leithroinnt Chatagóir D ag an Aireacht Iarnróid. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go mbíonn leithdháileadh sciotaí iarmharach agus neamhchinnte mar thoradh ar an srian sin, go háirithe le linn tréimhsí ardéilimh ó thráchtearraí ardtosaíochta, rud a fhágann go mbíonn moilleanna sistéamacha ar lonnú sciotaí le haghaidh aslonnú amhiarainn chuig calafoirt. Tugtar sa tuarascáil, mar shampla, Calafort Paradip a bhfuil acmhainneacht láimhseála 18 sciotadh in aghaidh an lae aige maidir le hamhiarann, ach ní raibh soláthar sciotaí ach 3,83 sciotadh in aghaidh an lae ar an meán sa bhliain airgeadais 2022-2023 agus 4,09 sciotadh in aghaidh an lae sa bhliain airgeadais 2023-2024.

(210) Rinne an Coimisiún measúnú ar an mbeart sin freisin san imscrúdú ar phíopaí insínte agus thug sé dá aire in aithris (151) gur thug sé tús áite d'iompar intíre amhiarainn thar iompar amhiarainn lena onnmhairiú. Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh é cuspóir an bheartais monaraíocht intíre cruach a chur chun cinn. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur beart é an beartas a bhí i bhfabhar an tionscail cruach intíre lena léirítear an cuspóir atá aige praghas an amhiarainn a ísliú.

(211) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia nár rialaíodh praghsanna leis an mbeart agus nár léirigh tosaíocht níos ísle a bheith leithdháilte ar lastaí onnmhairiúcháin go raibh praghsanna amhiarainn intíre saofa. Dúirt Rialtas na hIndia freisin nár léirigh an Coimisiún nasc cúisíoch a bheith idir na bearta agus na táirgeoirí a ndearnadh imscrúdú orthu. Thairis sin, mhaígh Rialtas na hIndia go dtugann na staitisticí dá dtagraíonn an Coimisiún le fios go raibh srian teoranta do chalafort sonrach agus nár fhóin sé chun a shuí go raibh nasc cúisíoch leis an táirgeoir onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú air.

(212) Mheas an Coimisiún nach ábhartha an maíomh nár rialaíodh praghsanna go díreach leis an mbeart. Mheas an Coimisiún gur srian onnmhairiúcháin a bhí dírithe go héifeachtach ar thosaíocht a thabhairt don tionscal cruach intíre, lena n-áirítear an táirgeoir onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú air, é beart lenar tugadh tosaíocht d'amhiarann intíre a iompar seachas onnmhairí amhiarainn. Thairis sin, in aithrisí (216) go (219), rinne an Coimisiún cainníochtú ar an dóigh ar thairbhigh an táirgeoir onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú air de na bearta uile a liostaítear in aithris (180) dá bharr. Thug an Coimisiún dá aire gurbh é ba chuspóir do na staitisticí tuairiscithe go soláthrófaí sampla iarbhír den chaoi a raibh an beart ag cur bac go deimhin ar onnmhairí amhiarainn agus, dá bhrí sin, den chaoi ar rannchuidigh an beart le praghsanna amhiarainn a shaobhadh mar a thángthas ar an gconclúid sin in aithris (213). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2.2.2.6. Conclúid

(213) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh soláthar cobhsaí amhiarainn ar phraghsanna saofa chun tairbhe táirgeoirí cruach intíre san India mar thoradh ar na bearta thuasluaite uile a chuir Rialtas na hIndia chun feidhme.

3.2.2.3. Staid margaidh áirithe a bheith ann a dhéanann difear do phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta

(214) Rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a bhí nó nach raibh na bearta a sainaithníodh i Roinn 3.2.2.2 arna hachtú ag Rialtas na hIndia agus as ar eascair costais ionchuir amhiarainn a bhí íseal go saorga do na táirgeoirí cruach intíre ina staid mhargaidh áirithe a rinne difear do phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de réir Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán. Chun na críche sin, mheas an Coimisiún conas a bhí tionchar ag na bearta sin ar na costais a bhaineann le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh san India.

(215) Rinne an Coimisiún anailís ar cé acu a bhí nó nach raibh na praghsanna amhiarainn intíre i margadh na hIndia níos ísle dáiríre ná praghsanna margaidh neamhshaofa nach ndearna an saobhadh sin difear dóibh. Bhunaigh an Coimisiún a anailís ar na sonraí a bailíodh ó JSW ós rud é gurbh é an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin de facto den táirge faoi imscrúdú agus gurbh é freisin ba chúis le sciar suntasach de tháirgeadh agus de dhíolacháin intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Sheiceáil an Coimisiún go raibh na praghsanna intíre a d'íoc JSW chun amhiarann a úsáidtear i dtáirgeadh cruaiche fuar-rollta a cheannach i gcomhréir leis na praghsanna ábhartha a d'fhoilsigh Biúró Mianach na hIndia. Ós rud é gur áirithíodh le sásra praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia go raibh praghsanna díola intíre uile an amhiarainn ailínithe go substaintiúil leis an bpraghas sin, lena n-áirítear ceannacháin JSW, dhírigh an Coimisiún a anailís mhionsonraithe ar phraghsanna ar shonraí JSW.

([82]) https://dgma.gov.in/download/1769691524_697b598415456_coastal-committee-report-final-jan2026.pdf.

(216) Chun tionchar an tsaofa arna thabhairt isteach ag bearta Rialtas na hIndia ar phraghsanna intíre an amhiarainn a sheiceáil, mheas an Coimisiún tagarmharc a d'fhéadfaí a úsáid chun praghsanna neamhshaofa an amhiarainn a léiriú i ngnáthdhálaí margaidh sa mhargadh intíre. Rinne an Coimisiún an measúnú le haghaidh JSW.

(217) Is é costas an amhiarainn le haghaidh JSW costas ualaithe na dtrí fhoinse ábhartha le haghaidh an amhiarainn a léirítear in aithris (179). Ar na cúiseanna a thugtar in aithrisí (182) go (198) don Choimisiún, mheas sé go raibh tionchar ag an saobhadh sin ar phraghsanna intíre uile an amhiarainn agus, dá bhrí sin, nárbh ann d'aon phraghas intíre neamhshaofa oiriúnach chun comparáid a dhéanamh idir éifeacht bheartais Rialtas na hIndia toisc go ndearna na ceithre phríomhfhoinse saofa difear don amhiarann uile a díoladh ar bhonn intíre. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh idir na praghsanna intíre amhiarainn a d'íoc JSW agus praghsanna Bhiúró Mianach na hIndia le tagarmharc a bhí chomh ionadaíoch agus chomh gar agus ab fhéidir do phraghas intíre a bhí neamhshaofa ar bhealach eile. Ós rud é, mar a mhínítear in aithrisí (199) go (204), gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go raibh an t-amhiarann a foinsíodh faoi chuing saofa, bhí ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh idir na costais amhiarainn a foinsíodh faoi chuing agus an tagarmharc ionadaíoch céanna.

(218) I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún, mar thagarmharc iomchuí, praghas onnmhairiúcháin amhiarainn na hIndia chuig gach ceann scríbe. I bhfianaise na n-onnmhairí teoranta amhiarainn mar gheall ar na beartais uile a d'achtaigh Rialtas na hIndia, bhraith an Coimisiún ar phraghsanna onnmhairiúcháin amhiarainn le dhá ghrúpa éagsúla d'ábhar iarainn ionadaíoch agus ríomh sé an praghas tagarmhairc do gach grád amhiarainn eile ar bhonn na ndifríochtaí i bpraghas intíre gach gráid. Léirigh an chomparáid sin praghsanna intíre i bhfad níos ísle ar amhiarann agus costais amhiarainn a foinsíodh faoi chuing le haghaidh na ngrád comhfhreagrach san India. Bhí an praghas amhiarainn coigeartaithe, ina bhfuil meáin ualaithe na bpraghsanna nó na gcostas iarainn ó na foinsí intíre, i bhfad níos airde freisin ná an praghas amhiarainn neamhchoigeartaithe.

(219) Ar chúiseanna rúndachta, nochtadh sonraí breise go sonrach do JSW maidir leis an sciar d'fhoinsí amhiarainn i dtáirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Agus úsáid á baint as an gcostas amhiarainn coigeartaithe agus an sciar de chostais amhiarainn á chur san áireamh sa chostas iomlán a bhaineann le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh, mheas an Coimisiún go mbeadh costas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta níos airde in éagmais na gcostas amhiarainn atá íseal go saorga, agus dá bhrí sin go bhfuil staid margaidh áirithe ann a dhéanann difear do phraghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa mhargadh intíre a dhéanann difear do JSW. Cuireadh san áireamh sa chonclúid sin freisin struchtúr intíre mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, áit a bhfuil roinnt táirgeoirí ceannasacha táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta agus fíorbheagán allmhairí. Dá bhrí sin, ní mór éifeacht dhíreach láithreach a bheith ag na praghsanna ísle amhiarainn ar ísliú na bpraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta don líon beag príomhsholáthróirí margaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sin, rud a dheimhníonn gur ann do staid margaidh áirithe de réir bhrí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán.

(220) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia nár léirigh an Coimisiún cén fáth nach raibh praghas Bhiúró Mianach na hIndia iontaofa agus cén fáth nach dea-thagarmharc praghsanna a bheadh ann. Mhaígh Rialtas na hIndia freisin nár léirigh an Coimisiún cén fáth gur saobhadh intíre ba chúis leis na difríochtaí idir praghas Bhiúró Mianach na hIndia agus an tagarmharc a roghnaigh an Coimisiún, óir mhaígh Rialtas na hIndia go bhféadfadh na difríochtaí leanúint as difríochtaí idir an margadh intíre agus an margadh onnmhairiúcháin de bhrí go raibh margaí, pointí díolacháin agus dálaí iomaíocha éagsúla i gceist leo. Thairis sin, mhaígh Rialtas na hIndia, ós rud é nár chruthaigh an Coimisiún go raibh na bearta a liostaítear in aithris (180) ina gcúis le saobhadh praghsanna, nár chruthaigh sé go raibh sé d'éifeacht charnach acu praghas intíre an amhiarainn a shaobhadh. Líomhain Rialtas na hIndia freisin nár chruthaigh an Coimisiún gurbh iad na bearta amhiarainn sin ba chúis le struchtúr margaidh comhchruinnithe i gcomhair táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta agus lena n-allmhairí ísle nó go raibh praghsanna níos ísle ar tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta mar thoradh ar na bearta sin. Ar na cúiseanna sin uile, mhaígh Rialtas na hIndia mar chonclúid nach raibh fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún chun a shuí go bhfuil staid margaidh áirithe ann.

(221) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh sé in aithrisí (182) go (198) cén fáth a raibh praghas Bhiúró Mianach na hIndia saofa, agus neamhiontaofa dá bhrí sin, agus mhol sé tagarmharc neamhshaofa in aithris (218). Níor mhínigh Rialtas na hIndia conas a d'fhéadfadh na tosca líomhnaithe an difríocht idir praghas Bhiúró Mianach na hIndia agus an tagarmharc a mhíniú. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur gnách go dtiocfadh an praghas intíre agus an praghas onnmhairiúcháin le chéile i margaí iomaíocha, is é sin, i margaí neamhshaofa. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na hIndia tagarmharcanna malartacha isteach ar an tagarmharc a mhol an Coimisiún. Mheas an Coimisiún ar na cúiseanna a thugtar in aithrisí (182) go (213) go raibh praghsanna intíre amhiarainn saofa ag na bearta a shainaithnítear in aithris (180) agus rinne an Coimisiún an saobhadh a chainníochtú freisin in aithrisí (218) go (219) trína chur i gcomparáid le tagarmharc neamhshaofa, agus é á thabhairt dá aire go raibh an figiúr iarbhír faoi rún ach gur nochtadh é don táirgeoir onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú air. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur sholáthair sé fianaise agus argóintí leordhóthanacha chun údar a thabhairt le staid margaidh áirithe a bheith ann. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(222) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas na hIndia gur chruthaigh dhá eilimint go raibh an margadh amhiarainn intíre margadhbhunaithe. Ar an gcéad dul síos, gur de thionscnamh mianach tráchtála nach mianaigh faoi chuing iad an chuid is mó den táirgeacht agus, ar an dara dul síos, gur léirigh ráitis airgeadais NMDC agus OMC go raibh siad brabúsach. Mhaígh Rialtas na hIndia thairis sin nár shuigh an Coimisiún in imscrúdú roimhe seo maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta gurbh ann d'aon saobhadh ar phraghsanna amhiarainn a d'fhágfadh go suífí staid margaidh áirithe a bheith ann agus, dá bhrí sin, mhaígh Rialtas na hIndia nárbh fhéidir a shuí go bhfuil staid margaidh áirithe ann haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, ar táirge iartheachtach de tháirgí cothroma de chruach theorollta é. Ar deireadh, mhaígh Rialtas na hIndia gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as na costais soláthair amhiarainn iarbhír arna dtabhú ag JSW chun anailís a dhéanamh ar phraghsanna amhiarainn.

(223) Leag an Coimisiún amach in aithrisí (182) go (204) an chaoi arbh iad NMDC agus OMC socraitheoirí praghsanna phraghas Bhiúró Mianach na hIndia. An dá eilimint a mhaígh Rialtas na hIndia, níor mheas an Coimisiún go raibh siad ábhartha chun an saobhadh a bhréagnú. Maidir leis an gcéad eilimint, rinne an Coimisiún tagairt cheana féin in aithris (182) do na sciartha den mhargadh. Maidir leis an dara heilimint, mheas an Coimisiún nach gcuireann brabúsacht cuideachta cosc ar a cumas a bheith ina socraitheoir praghsanna. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gur eascair na torthaí san imscrúdú seo as na sonraí agus an fhaisnéis shubstaintiúil a bailíodh chun críoch an imscrúdaithe seo agus nár mheas sé go raibh sé ábhartha comparáid a dhéanamh leis na torthaí ó imscrúduithe eile. Ar deireadh, mhínigh agus chainníochtaigh an Coimisiún cheana féin in aithrisí (218) go (219) an saobhadh ar phraghsanna iarainn intíre agus mhínigh sé in aithrisí (233) go (234) cén fáth a raibh air an gnáthluach a choigeartú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2.2.3.1. Conclúid

(224) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh staid margaidh áirithe san India a dhéanann difear do phraghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta intíre.

3.2.2.4. Comparáid cheart

(225) Rinne an Coimisiún measúnú an bhféadfaí comparáid cheart a dhéanamh de réir bhrí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin JSW toisc gur ann do staid margaidh áirithe. Chuige sin, rinne an Coimisiún measúnú ar éifeacht choibhneasta na staide margaidh áirithe ar dhíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin.

(226) Shuigh an Coimisiún go raibh na dálaí iomaíochta san India agus san Aontas an-difriúil.

(227) Mar a léirítear i dTábla 1, i margadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na hIndia, le tomhaltas measta 21 178 934 tona, bhí an lámh in uachtar ag táirgeoirí na hIndia agus ní raibh ach thart ar 2 % d'allmhairí ann. Tugadh an leibhéal íseal allmhairí sin faoi deara le 3 bliana anuas ar a laghad de réir na faisnéise ar comhad. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire gur saintréith de mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na hIndia é leibhéal beag allmhairí. Sa mhargadh sin, tairbhíonn táirgeoirí uile na hIndia de staid margaidh áirithe a bheith ann, rud a laghdaíonn a gcostais go saorga. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil tionchar mór ag staid margaidh áirithe ar phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(228) Os a choinne sin, is saintréith de mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais meascán de tháirgeoirí agus d'allmhairí an Aontais ó roinnt tíortha mar a léirítear i ranna 4.1, 4.4 agus 5.2. Dá bhrí sin, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag staid margaidh áirithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas, mhaolófaí go mór é in aon chás mar gheall ar shraith tosca eile a bheith ann as a n-eascraíonn foirmiú praghsanna onnmhairiúcháin den sórt sin. Áirítear ar na tosca sin, *inter alia*, iomaíocht ó tháirgeoirí de chuid an Aontais nach dtairbhíonn de staid margaidh áirithe chomhchosúil maidir le soláthar amhiarainn, an fíoras nach bhfuil ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na hIndia seachas níos mó cuideachtaí de chuid na hIndia ar mhargadh an Aontais nó gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile ó na tíortha atá faoi imscrúdú agus ó thíortha eile a bheith ann.

(229) Ar bhonn na ngnéithe uile thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna staid margaidh áirithe difear do na praghsanna intíre ar bhealach éagsúil i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, níor cheadaigh staid margaidh áirithe comparáid cheart a dhéanamh idir praghsanna intíre na hIndia agus na praghsanna onnmhairiúcháin de réir Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán.

(230) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh JSW agus Rialtas na hIndia nár léirigh an Coimisiún go ndearna an staid margaidh áirithe líomhnaithe difear do na praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin ar bhealaí éagsúla agus, dá bhrí sin, nach gceadódh sé sin comparáid cheart a dhéanamh. Mhaígh JSW go raibh an costas táirgthe céanna aige is cuma cé acu a díoladh an táirge lena mbaineann ar an margadh intíre nó a onnmhairíodh é. Thairis sin, mhaígh JSW agus Rialtas na hIndia nár mhínigh an Coimisiún go leormhaith cén chaoi a ndearna na tosca a liostaítear in aithrisí (227) agus (228) idirghníomhú leis an staid margaidh áirithe sa dóigh gur fágadh nárbh indéanta comparáid a dhéanamh idir na praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin. Mhaígh Rialtas na hIndia freisin go raibh toradh an Choimisiúin bunaithe ar thuar 'gan fianaise' go laghdófaí praghsanna onnmhairiúcháin seachas ar thoradh a raibh bunús leis agus nár shainaithin an Coimisiún méid na héifeachta difreálaí líomhnaithe. Mhaígh Rialtas na hIndia thairis sin, dá mba leor difríocht chineálach i struchtúr an mhargaidh, go sásófaí an dara géag d'Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán go huathoibríoch, rud nár mheas Rialtas na hIndia a bheith leordhóthanach. Thairis sin, mhaígh JSW go raibh réasúnaíocht an Choimisiúin bréagnaitheach de bhrí gur cheart praghsanna níos airde a bheith mar thoradh ar níos lú iomaíochta ar mhargadh na hIndia agus gur cheart praghsanna níos ísle a bheith mar thoradh ar níos mó iomaíochta ar mhargadh an Aontais gan beann ar an gcaoi a ndearnadh costais a struchtúrú. Dúirt JSW freisin go mbeadh an toradh sin i gcomhréir le corrlach dumpála JSM gan coigeartú i leith staid margaidh áirithe.

(231) Níor aontaigh an Coimisiún nár léirigh sé go ndearna staid margaidh áirithe difear ar bhealaí éagsúla do na praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin. Thug an Coimisiún dá aire, gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh na costais mhonaraíochta mar an gcéanna i gcás táirgí a díoladh ar bhonn intíre nó le haghaidh a n-onnmhairithe, rinne an Coimisiún amach in aithrisí (227) go (229) cén chaoi ar fhág an staid margaidh áirithe a suíodh a bheith san India nárbh fhéidir comparáid cheart a dhéanamh, is é sin mar gheall ar na ndálaí iomaíochta coibhneasta éagsúla atá i réim san India agus san Aontas. I ndáil leis sin, measadh sa tuarascáil ón bpainéal in DS529 go raibh na dálaí iomaíochta ina dtoisc a rinne difear do phraghsanna intíre agus do phraghsanna allmhairiúcháin ar bhealaí éagsúla ([83]).

(232) Go coincréiteach, cé go ndearna an staid margaidh áirithe a suíodh a bheith ann difear don phraghasmhúnlú san India toisc go ndeachaigh sí chun tairbhe do tháirgeoirí intíre agus gur ar éigean a bhí aon iomaíocht ann ó tháirgeoirí eachtracha, bhí tionchar an-difriúil ag an staid margaidh áirithe san Aontas (má bhí tionchar aici in aon chor) toisc go bhfuil na dálaí iomaíochta atá i réim, agus dá bhrí sin an praghasmhúnlú, mar thoradh ar sholáthar ag táirgeoirí ó roinnt mhaith tíortha nár thairbhigh de na bearta a chruthaigh an staid margaidh áirithe. Bhí na conclúidí sin bunaithe ar na himthosca fíorasacha a suíodh san imscrúdú seo mar a mhínítear in aithrisí (227) agus (228) agus níor sholáthair JSW aon fhianaise dá malairt. Mheas an Coimisiún gur leordhóthanach, faoi Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, a shuí gur imir an staid margaidh áirithe a suíodh a bheith ann tionchar ar phraghasmhúnlú díolachán intíre, ach go raibh tionchar difriúil aici san Aontas (má bhí tionchar aici in aon chor ann) i bhfianaise na ndálaí éagsúla margaidh atá i réim agus, dá bhrí sin, i bhfianaise praghasmhúnlú san Aontas, rud a d'fhág nach rabhthas in ann praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid i gceart. Thairis sin, níor mheas an Coimisiún gur rud ábhartha é maíomh JSW maidir leis an ngaol idir an leibhéal iomaíochta agus leibhéal na bpraghsanna i gcomhthéacs na comparáide idir praghsanna intíre agus praghsanna an Aontais, toisc nár thagair sé ach do phraghsanna laistigh den India ar thaobh amháin agus do phraghsanna laistigh den Aontas ar an taobh eile. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na torthaí agus na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (225) go (229).

3.2.3. *An Gnáthluach*

(233) Mar a leagtar amach in aithrisí (179) go (229) maidir le staid margaidh áirithe a bheith sa mhargadh le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta san India, thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh difear do dhíolacháin intíre uile JSW toisc gur fhág an tacar beart a chuir Rialtas na hIndia chun feidhme go raibh costas an amhiarainn a theastaigh le haghaidh tháirgeadh uile na dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta íseal go saorga. Dá thoradh sin, ríomh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn an chostais táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnta le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus le haghaidh brabús i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán.

(234) De bhun Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán, úsáideadh na costais uile, mar a thaifead JSW iad, chun an gnáthluach a ríomh, cé is moite den amhiarann a foinsíodh sa bhaile. I gcás na gcostas amhiarainn sin, bhraith an Coimisiún ar na praghsanna ionadaíocha neamhshaofa amhiarainn mar a thuairiscítear in aithrisí go (216) go (219). Maidir le costais SGA, d'úsáid an Coimisiún na costais SGA fhíoraithe fhoriomlána mar a thuairiscigh JSW maidir le díolacháin intíre le haghaidh an táirge lena mbaineann. Maidir le brabúis, d'úsáid an Coimisiún corrlach brabúis réasúnta bunaithe ar dhíolacháin JSW de na cineálacha éagsúla táirgí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar a mhargadh intíre.

([83]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper*, WT/DS529/R. mír 7.80.

(235) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh JSW gur shuigh Painéil EDT agus an Buanchomhlacht Achomhairc nach gceadaítear le hAirteagal 2.2.1.1 de Chomhaontú EDT coigeartuithe costais a dhéanamh amhail an coigeartú a rinne an Coimisiún. Thairis sin, d'easaontaigh JSW leis an modh a d'úsáid an Coimisiún chun corrlach brabúis réasúnta a shuí. Go sonrach, mhaígh JSW, ós rud é nach raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún go raibh JSW in ann an méadú costais a léiriú ina phraghsanna intíre, gur cheart dó an brabús a ríomh ar bhonn na ndíolachán a dhéanfaí sa ghnáthchúrsa trádála agus úsáid á baint as an gcostas méadaithe monaraíochta a leanann as an staid margaidh áirithe i gcomhréir le himscrúduithe roimhe seo inar thug an Coimisiún neamhaird ar chostais táirgthe ar bhonn Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Ar deireadh, mhaígh JSW nár cheart ceartú cánach onnmhairiúcháin a bheith tugtha isteach ag an gCoimisiún agus staid margaidh áirithe á cainníochtú aige, óir is éard a bhí mar thoradh air sin praghas ríofa atá ar neamhréir le praghas an mhargaidh idirnáisiúnta.

(236) Thug an Coimisiún dá aire nár mhínigh JSW cén chaoi nach raibh an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún i gcomhréir le dlí EDT. Leis an léirmhíniú is cosúil a bheith á mholadh ag JSW, d'fhágfaí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, agus Airteagal 2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, gan aon bhrí. Meabhraíonn an Coimisiún gur aithin an painéal go sainráite in DS529 ([84]) gur féidir staid margaidh áirithe teacht as ionchuir ar phraghas íseal. Dá bhrí sin, ní féidir a thuiscint le hAirteagal 2(5) den bhun-Rialachán (agus Airteagal 2.2.1.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT) go mbaintear d'údarás imscrúdúcháin aon leigheas chun aghaidh a thabhairt ar staid margaidh áirithe chostasbhunaithe den sórt sin. Is léir, i gcásanna inar ann do staid margaidh áirithe chostasbhunaithe, gur gá an costas a ndéanann an staid margaidh áirithe difear dó a athsholáthar. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún freisin go sonraíonn an painéal go soiléir sa tuarascáil ón bpainéal in DS529 ([85]), atá luaite ag JSW, gur féidir 'cúiseanna an-láidir' a bheith ann seachas na cúiseanna a shonraítear go sonrach faoi Airteagal 2.2.1.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT a ligeann d'údarás imscrúdúcháin gan an costas sna taifid a choimeádann an táirgeoir onnmhairiúcháin a úsáid. Is léir gur 'cúis an-láidir' den sórt sin é staid margaidh áirithe chostasbhunaithe a bheith ann.

(237) Maidir leis an modh chun brabús réasúnta a fháil de réir Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán mar gheall ar staid margaidh áirithe a bheith ann, ríomh an Coimisiún an gnáthluach mar a léirítear in aithris (233), ar bhonn an chostais táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnta le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus le haghaidh brabús. Mheas an Coimisiún gur brabús réasúnta a chomhlíonann riachtanais uile Airteagal 2(6) a bhí mar thoradh ar an mbrabús sin a bhunú ar na hidirbhearta uile a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála agus úsáid á baint as na sonraí a chuir JSW isteach de réir cineál táirge. Níor sholáthair JSW aon fhianaise maidir leis an bhfáth nach mbeadh an modh sin réasúnta mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán. Go deimhin, ós rud é go ndeachaigh na bearta a ndearnadh anailís orthu san imscrúdú chun tairbhe don tionscal intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ina iomláine san India mar a thángthas ar an gconclúid sin in aithris (213) agus i bhfianaise struchtúr intíre mhargadh na hIndia le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, mar a bhfuil roinnt táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta atá ceannasach agus fíorbheagán allmhairí, ba é an toradh sásúil a bhí ar an modh a d'úsáid an Coimisiún brabús nár mhó é ná an brabús a dhéanann onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na tíre tionscnaimh.

(238) A mhéid a bhaineann leis an gcoigeartú i ngeall ar an gcáin onnmhairiúcháin, thug an Coimisiún dá aire nár chuir sé an cháin onnmhairiúcháin i bhfeidhm ach maidir le gráid amhiarainn os cionn 58 %. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár chuir JSW ina aghaidh go raibh na gráid sin faoi réir na cánach onnmhairiúcháin sin go deimhin. Dá bhrí sin, fiú má bhí difríocht idir amhiarann de thionscnamh na hIndia de ghráid os cionn 58 % agus an t-amhiarann de thionscnamh tíortha eile, ní mór nithe seachas an cháin onnmhairiúcháin a bheith ina gcúis leis sin.

3.2.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(239) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte onnmhairí isteach san Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. Dá bhrí sin, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

([84]) Tuarascáil ón bpainéal, Australia – *Anti-Dumping Measures on Paper*, WT/DS529/R. mír 7.81.
([85]) Tuarascáil ón bpainéal, *Australia – Anti-Dumping Measures on Paper*, WT/DS529/R. mír 7.117.

3.2.5. *Comparáid*

(240) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.2.5.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(241) Mar a mhínítear in aithris (234), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha. Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.2.5.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(242) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

(243) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: pacáil, muirir bhainc, coimisiúin agus costais chreidmheasa.

3.2.6. *Corrlaigh dhumpála*

(244) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, is é an corrlach dumpála cinntitheach arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc, 9,5 %.

(245) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh JSW gur cheart an praghas costais, árachais agus last-táille (CAL) le haghaidh díolacháin a dhéantar trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe a mhéadú chun brabús agus costais díola, ghinearálta agus riaracháin (SGA) na gcuideachtaí sin a chur san áireamh. Dúirt JSW freisin gur lean an Coimisiún an cur chuige sin in imscrúduithe roimhe seo.

(246) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir JSW aon fhianaise isteach faoi phraghas CAL is infheidhme ag teorainn an Aontais maidir le hidirbhearta a bhaineann le trádálaithe neamhchomhlachaithe. Thairis sin, mheas an Coimisiún go bhfuil gach imscrúdú cás-sonrach agus go raibh na torthaí agus na conclúidí ar thángthas orthu san imscrúdú seo bunaithe ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis iarbhír a bailíodh agus a fíoraíodh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(247) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlach an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte. Ar an mbonn sin, is é 9,5 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(248) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i san India, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(249) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 100 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shuí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta comhoibríche sampláilte amháin.

(250) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
— JSW Steel Limited — JSW Steel Coated Products Limited	9,5
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,5
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	9,5

3.3. **an tSeapáin**

3.3.1. *Cuideachtaí comhlachaithe agus ar neamhthuilleamaí*

(251) Tar éis an chinnidh samplála, ós rud é gur mheas an Coimisiún go raibh siad comhlachaithe san imscrúdú maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta ([86]), mhaígh Nippon Steel chun críocha an imscrúdaithe seo nach raibh sé comhlachaithe leis an trádálaí Marubeni-Itochu Steel Inc. ('MISI'), cuideachta a raibh baint aici le díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann araon a mhonaraigh Nippon Steel. I ndáil leis sin, mheabhraigh Nippon Steel na critéir chun páirtithe comhlachaithe a áirítear in Airteagal 127(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([87]) ('Gníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais') a shainaithint agus thug sé mionsonraí maidir leis na naisc chorparáideacha idir an dá chuideachta. Bunaithe air sin, mhaígh Nippon Steel nár leor an fíoras simplí go raibh scaireanna ag Nippon Steel i dtríú heintiteas i gcomhthráth le MISI chun teacht ar an gconclúid go raibh MISI comhlachaithe le Nippon Steel. Mar thaca leis sin, mheabhraigh Nippon Steel san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí ceallra-leictreacha nua le haghaidh paisinéirí de thionscnamh na Síne ([88]), nár chaith an Coimisiún le SAIC Group agus China FAW Corporation Limited mar ghrúpa comhlachaithe d'ainneoin go raibh comhfhiontair acu le Volkswagen, toisc go mbeadh sé soiléir ón iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán cinntitheach san imscrúdú sin ([89]), agus, ar an gcaoi chéanna, nár chaith an Coimisiún leis na táirgeoirí a raibh comhfhiontair acu leis an táirgeoir ceallraí CATL mar tháirgeoirí comhlachaithe.

(252) Mheas an Coimisiún, bunaithe ar na sonraí a soláthraíodh, go raibh caidreamh idir Nippon Steel agus MISI, bunaithe ar chomhúinéireacht tríú heintiteas a rialaigh na cuideachtaí le chéile de bhun Airteagal 127(1)(g) de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais agus lenar bunaíodh a gcomhpháirtíocht ghnó a aithnítear go dlíthiúil de bhun Airteagal 127(1)(b) de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire ag an tús gur dhearbhaigh Nippon Steel féin, san imscrúdú frithdhumpála ar chineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach theorollta ón tSeapáin, as a stuaim féin gur eintiteas comhlachaithe é MISI toisc go raibh beagnach 100 % de scaireanna an tríú heintiteas sin ag Nippon Steel agus MISI le chéile ([90]). In aon chás, bunaithe ar na doiciméid a chuir Nippon Steel ar fáil san imscrúdú reatha, bhí an staid mar an gcéanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a bhí na cumhachtaí ag Nippon Steel agus MISI beagnach gach stiúrthóir a cheapadh, an t-uachtarán san áireamh. Thug an Coimisiún dá aire freisin i leith a

([86]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919, aithris (99).

([87]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

([88]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/2754, 29.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2754/oj).

([89]) *Ibidem*.

([90]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919, aithris (84) agus fonóta 11.

thorthaí san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín, gur léir ón gcuid oibríochtúil agus ón iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 go raibh comhfhiontair éagsúla ag SAIC Group agus China FAW Corporation Limited le Volkswagen. Os a choinne sin, is é an staid sa chás seo comhúinéireacht an tríú heintiteas céanna, a rialaíonn MISI agus Nippon Steel le chéile. Thairis sin, mheas an Coimisiún go raibh táirgeoir comhlachaithe le CATL ([91]). Ar aon nós, ba cheart aon chinneadh maidir le gaolmhaireacht idir páirtithe a bheith bunaithe ar fhíorais agus imthosca gach cáis. Bhain an cás maidir le feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín le himscrúdú frith-fhóirdheontais, ina raibh fíorais agus imthosca sonracha a cuireadh san áireamh. Ar an taobh eile, is imscrúdú frithdhumpála é an t-imscrúdú reatha a bhaineann le tír eile, le réaltacht eacnamaíoch, le táirge/earnáil, agus le fíorais agus imthosca éagsúla. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(253) Thairis sin, mhaígh Nippon Steel nárbh é comhpháirtí gnó MISI é a aithnítear go dlíthiúil mar gheall ar an scairsheilbh i dtríú heintiteas, toisc gur éiligh an Chúirt Bhreithiúnais in *Baltic Master* ([92]) don cháilíocht sin gur comhlíonadh na forálacha náisiúnta a bhaineann le comhpháirtithe aitheanta, agus nach ndearna MISI agus Nippon Steel comhaontú den sórt sin (*kumiai* mar a thugtar air) faoi dhlí na Seapáine.

(254) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go raibh 100 % de scaireanna tríú heintiteas faoi úinéireacht chomhpháirteach go díreach ag Nippon Steel agus MISI le chéile. Gan beann ar an sainmhíniú dlíthiúil ar chuideachtaí comhlachaithe sa tSeapáin faoi dhlí na Seapáine, faoi Airteagal 127 de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais dá dtagraítear, an fhoráil a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth chun caidreamh a shuí in imscrúduithe cosanta trádála san Aontas, meastar gur comhpháirtithe gnó a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu iad na páirtithe sin faoi Airteagal 127(1)(b) de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais mar chomhúinéirí tríú gnó faoi dhlí na Seapáine agus, dá bhrí sin, mar pháirtithe comhlachaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(255) Ina theannta sin, mhaígh Nippon Steel nach raibh sé in ann srian ná treoir a fheidhmiú ar MISI, toisc gur beag méid na gcomheintiteas i gcomparáid le Nippon Steel agus MISI.

(256) Thug an Coimisiún dá aire nach luaitear in Airteagal 127 de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais aon cheanglas i ndáil le méid coibhneasta an tríú heintiteas rialaithe i gcomparáid leis na heintitis rialaithe. Dá bhrí sin, fiú má tá an tríú heintiteas níos lú i dtéarmaí ioncam agus pearsanra, is féidir an caidreamh a bhunú fós de bhun Airteagal 127(1)(g) de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(257) In aon chás, mhaígh Nippon Steel, dá gcinnfeadh an Coimisiún a sheasamh a choinneáil ar bun gur páirtí comhlachaithe de Nippon Steel é MISI, gur cheart dó a aithint go ndéantar na díolacháin idir Nippon Steel agus MISI ar théarmaí ar neamhthuilleamaí agus gur cheart dó déileáil le díolacháin leis na heintitis sin ar bhealach atá cosúil le díolacháin Nippon Steel le páirtithe neamhchomhlachaithe. Mar thaca leis sin, thug Nippon Steel gnéithe íogaire maidir leis na creat-chomhaontuithe idir Nippon Steel agus a thrádálaithe, an próiseas díolacháin agus ceannacháin MISI ar an táirge lena mbaineann.

(258) Ag an tús, d'admhaigh an Coimisiún go raibh na creat-chomhaontuithe le heintitis chomhlachaithe a soláthraíodh don Choimisiún comhchosúil ó thaobh ábhair agus coinníollacha de. Níor sonraíodh in aon cheann de na creat-chomhaontuithe, áfach, conas a socraíodh na praghsanna deiridh, conas a íocadh coimisiúin nó mionsonraí eile atá ábhartha chun idirbhearta ar neamhthuilleamaí a chinneadh.

(259) Thairis sin, de réir dhearbhuithe na cuideachta féin ina haighneacht agus bunaithe ar na fíoruithe, rinneadh an chaibidlíocht praghsanna le haghaidh díolacháin le custaiméirí deiridh lena mbaineann trádálaithe comhlachaithe sa chleachtas tríd an trádálaí nó go díreach leis an gcustaiméir, rud a chiallaíonn go raibh tionchar an trádálaí sna caibidlíochtaí sin teoranta do ghníomhú mar idirghabhálaí. Dá bhrí sin, cinneadh an praghas deiridh go príomha trí ghlacadh an chustaiméara deiridh le tairiscint Nippon Steel, nó trí ghlacadh Nippon Steel le frith-thairiscint an chustaiméara deiridh. I bhfianaise thionchar an trádálaí ghaolmhair ar shocrú na bpraghsanna, tionchar a bhí teoranta (má ba ann dó ar chor ar bith), measadh go raibh an praghas idir eintitis chomhlachaithe neamhiontaofa.

([91]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754, aithrisí (152) agus (518).

([92]) Breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Baltic Master*, C-599/20, ECLI:EU:C:2022:457, mír 36.

(260) Ina theannta sin, níor chuir an Coimisiún in aghaidh go raibh saoirse ag MISI chun díol agus ceannach ó tháirgeoirí neamhchomhlachaithe eile. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur léiríodh le comparáid idir na praghsanna aonaid a rinne soláthróir an táirge faoi imscrúdú le MISI le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna soláthar ag MISI féin ina fhreagra ar an gceistneoir, go raibh praghas aonaid Nippon Steel ar an bpraghas ab ísle go deimhin i gcomparáid le táirgeoirí eile de chuid na Seapáine.

(261) Ar deireadh, in aon chás, rinne an Coimisiún comparáid, ar bhonn cineál táirge, idir praghas na ndíolachán onnmhairiúcháin ar leibhéal SAB atá beartaithe don Aontas idir Nippon Steel agus MISI, agus idir Nippon Steel agus a thrádálaí onnmhairiúcháin comhlachaithe eile Nippon Steel Trading Corporation ('NST'). Léirigh comparáid den sórt sin go raibh an praghas idir Nippon Steel agus MISI, agus an praghas idir Nippon Steel agus NST, ailínithe (1,5 % den difríocht). Dá bhrí sin, thairbhigh MISI de na praghsanna céanna a rinneadh don trádálaí comhlachaithe NST, nár cuireadh in aghaidh a chaidrimh le Nippon Steel.

(262) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go raibh díolacháin Nippon Steel le MISI ar neamhthuilleamaí.

(263) Mar chonclúid, dúirt Nippon Steel, chun tacú leis na maímh a bhfuil achoimre orthu thuas sa roinn seo, go bhfreagródh MISI ar leithligh do na codanna ábhartha den cheistneoir. Fuair an Coimisiún freagra MISI agus a allmhaireora chomhlachaithe san Aontas, Marubeni-Itochu Steel Europe GmbH ('MISEA').

(264) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'easaontaigh Nippon Steel arís le conclúid an Choimisiúin go raibh baint aige le MISI. Níor chuir sé aon argóint ná fianaise nua ar fáil, áfach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(265) D'áitigh Rialtas na Seapáine, cé gur fíor go raibh scaireanna faoi chomhúinéireacht Nippon Steel agus MISI i dtríú heintiteas nach mbaineann leis na hidirbhearta atá i gceist san imscrúdú seo, nach raibh aon rialú díreach ná indíreach ag Nippon Steel ar MISI. Dá bhrí sin, de réir Rialtas na Seapáine, ní fhéadfadh sealbhú scaireanna mionlaigh i dtríú heintiteas nach bhfuil baint aige leis na hidirbhearta onnmhairiúcháin ábhartha a bheith ina fhoras leormhaith chun teacht ar an gconclúid go bhfuil Nippon Steel agus MISI i gcomhlachas de réir bhrí Airteagal 2.3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT.

(266) D'admhaigh an Coimisiún nach raibh rialú díreach ag Nippon Steel ar MISI, ós rud é gur suíodh a gcaidreamh i ngeall ar chomhúinéireacht tríú heintiteas. Mar sin féin, d'eascair comhlachas de réir bhrí Airteagal 2.3 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT as an gcaidreamh sin, a mhéid nár onnmhairigh MISI chuig an Aontas ach an táirge faoi imscrúdú a mhonaraigh Nippon Steel, agus ní an táirge faoi imscrúdú a ceannaíodh ó tháirgeoirí eile de chuid na Seapáine, agus a mhonaraigh táirgeoirí eile de chuid na Seapáine. Léirigh torthaí an imscrúdaithe nár tháinig an iompraíocht tráchtála sin as comhaontú idir Nippon Steel agus MISI, ach as gealltanas deonach ó MISI. Mheas an Coimisiún, áfach, nach bhfuil aon amhras ann ach go raibh an gealltanas sin, d'ainneoin é a bheith deonach, faoi cheangal ag saoirse na cuideachta praghsanna a shocrú agus straitéis a chinneadh. Go deimhin, bhí MISI ag brath ar sholáthróir aonair le haghaidh díolacháin AE den táirge faoi imscrúdú. Is é an toradh atá ar na srianta sin easpa gníomhaíochta neamhspleáiche ó MISI. Thairis sin, léiríodh leis an bhfíorú gur roinn MISI faisnéis le Nippon Steel maidir le custaiméirí féideartha a bhfuil táirgí Nippon Steel de dhíth orthu agus maidir le margaí a mbeadh Nippon Steel toilteanach leathnú iontu. Dá bhrí sin, sholáthair MISI seirbhís do Nippon Steel a raibh níos mó i gceist léi ná gnáthghníomhaíocht cheannaigh agus athdhíola trádálaí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nach raibh comhlachas mar thoradh ar an gcaidreamh idir Nippon Steel agus MISI.

(267) Thairis sin, mhaígh Rialtas na Seapáine nár léirigh an Coimisiún gur fhág an caidreamh idir Nippon Steel agus MISI nach raibh na hidirbhearta onnmhairiúcháin iontaofa chun na corrlaigh dumpála a ríomh, ó tharla nach raibh an tríú heintiteas lenar bunaíodh an caidreamh bainteach leis na hidirbhearta onnmhairiúcháin agus gur teoranta an ról a bhí ag MISI maidir le caibidlíocht praghsanna.

(268) An tríú heintiteas lenar bunaíodh an caidreamh idir MISI agus Nippon Steel, mheas an Coimisiún nach raibh sé ábhartha nach raibh baint aige leis na hidirbhearta onnmhairiúcháin chuig an Aontas. Go deimhin, is féidir caidreamh a bhunú go han-mhaith trí chuideachta nach bhfuil baint aici le honnmhairiú an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas. Thairis sin, an tríú heintiteas lenar bunaíodh an caidreamh, ní raibh baint aige leis na hidirbhearta onnmhairiúcháin chuig an Aontas ach, bunaithe ar a thuarascáil ghnó, bhí sé ag próiseáil agus ag díol cruach sa tSeapáin ar aon nós. Mheas an Coimisiún freisin go bhféadfadh ról teoranta MISI maidir le caibidlíocht praghsanna a bheith ina thásc ar a mhéad a choinnigh Nippon Steel rialú ar an bpraghas deiridh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(269) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Nippon Steel go ndearnadh a chaidreamh tráchtála le MISI agus na hidirbhearta comhfhreagracha ar neamhthuilleamaí, agus é á áitiú nár bhréagnaigh na torthaí a leagtar amach in aithrisí (259) go (261) an chonclúid sin. Ar an gcéad dul síos, mhaígh Nippon Steel go raibh an próiseas díolacháin agus na coimisiúin a leithdháileadh ar thrádálaithe comhionann, gan beann ar an trádálaí a bheith ina chuideachta chomhlachaithe nó neamhchomhlachaithe. Go sonrach, d'áitigh sé go ndearna Nippon Steel agus an custaiméir deiridh caibidlíocht chórasach maidir leis an bpraghas deiridh sula ndearnadh é a ghlanluacháil ar ais chun an praghas idir Nippon Steel agus an trádálaí a shuí. Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann leis an bhfíoras go ndearna MISI ceannacháin ó Nippon Steel ar an bpraghas ceannaigh ab ísle i gcomparáid leis an bpraghas ceannaigh ó tháirgeoirí eile de chuid an Seapáine, dhearbhaigh Nippon Steel go ndearna ceann dá thrádálaithe neamhchomhlachaithe freisin ceannacháin ó Nippon Steel ar an bpraghas ceannaigh ab ísle i gcomparáid leis an bpraghas ceannaigh ó tháirgeoirí eile de chuid na Seapáine. Dúirt Nippon Steel freisin gur cheannaigh MISI ó sholáthróirí nach soláthróirí de chuid na Seapáine iad ar phraghsanna a bhí ní b'ísle ná an praghas ceannaigh ó Nippon Steel. Ar an tríú dul síos, bhí praghas díola Nippon Steel le MISI laistigh de raon 0,15 % dá phraghas díola le ceann dá thrádálaithe neamhchomhlachaithe.

(270) Rinne an Coimisiún athscrúdú ar na hidirbhearta a thuairiscigh Nippon Steel maidir lena dhíolacháin le páirtithe comhlachaithe (NST agus MISI) agus lena phríomhthrádálaí neamhchomhlachaithe. Go deimhin, bhí praghsanna díola ar fud na bpáirtithe sin laistigh den raon céanna. Rinneadh an anailís sin ar bhonn cineáil táirge agus áirithíodh léi go raibh meaitseáil leordhóthanach i measc na gcineálacha táirgí a d'athdhíol MISI, NST agus an príomhthrádálaí neamhchomhlachaithe. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún leis an maíomh a rinne Nippon Steel go raibh na praghsanna sin ar neamhthuilleamaí agus d'athbhreithnigh sé an ríomh dumpála dá réir sin, i gcás díolacháin onnmhairiúcháin trí MISI agus trí NST araon.

3.3.2. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán*

(271) An 19 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún Nippon Steel ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán maidir le táirgeoir comhlachaithe an táirge faoi imscrúdú sa tSeapáin, Daido, a sholáthair freagra samplála ar leithligh ach nár chuir freagra ar an gceistneoir isteach. Go deimhin, bhí 5 % nó níos mó de scaireanna an táirgeora sin ag Nippon Steel.

(272) An 28 Nollaig 2025, thug Nippon Steel a bharúlacha. Ina bharúlacha, níor shéan Nippon Steel go raibh scairsheilbh 5 % nó níos mó aige de scaireanna an táirgeora atá i gceist.

(273) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur dhíolacháin ghaolmhara iad na díolacháin idir NST, ceann de thrádálaithe comhlachaithe Nippon Steel (ina raibh 5 % nó níos mó de na scaireanna ag Nippon Steel freisin), agus an táirgeoir i gceist, de bhun Airteagal 127(1)(d) de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais. In éagmais freagra fíoraithe ar an gceistneoir ó Daido, a léireodh praghas athdhíola nó tuilleadh próiseála ar dhíolacháin sin an táirge faoi imscrúdú, mheas an Coimisiún gurb é praghas dhíolacháin intíre ghaolmhara NST le Daido meánphraghas na 5 % de na díolacháin intíre neamhghaolmhara is brabúsaí de Nippon Steel agus a chuideachtaí comhlachaithe don chineál céanna táirge a dhíoltar le Daido. Ríomhadh an 5 % i ndáil leis an méid. Ina theannta sin, chun anailís a dhéanamh ar staid margaidh áirithe i roinn 3.3.3, chuir an Coimisiún díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin agus sonraí praghsanna Daido san áireamh idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, a bhí ar fáil bunaithe ar a fhreagra samplála, in éagmais freagra ar an gceistneoir. Nuair a rinneadh é sin, tharchuir an Coimisiún na sonraí chuig 'Nippon Steel Group' seachas chuig Nippon Steel amháin.

(274) An 26 Márta 2026, chuir an Coimisiún Nippon Steel ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán i ndáil le (i) mainneachtain freagra ceistneora a sholáthar ar thaobh chuideachta A agus chuideachta B, a cheannaigh an táirge lena mbaineann arna mhonarú ag Nippon Steel ó MISEA agus, le linn an fhíoraithe, fuarthas amach go raibh siad ina bhfochuideachta de chuideachta C, ina raibh leas os cionn 5 % ag MISI; agus (ii) mainneachtain athdhíolacháin intíre uile an táirge lena mbaineann a nochtadh go hiomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar thaobh triúr trádálaithe a bhaineann le Nippon Steel: NST, Metal One Corporation ('Metal One') agus Sumitomo Corporation Global Metals Co., Ltd. ('SCGM').

(275) An 7 Aibreán 2026, thug Nippon Steel a bharúlacha. I ndáil le pointe (i), ar an gcéad dul síos, d'athdhearbhaigh Nippon Steel nár aontaigh sé go raibh sé com hlachaithe le MISI nó nach raibh a chaidreamh ar neamhthuilleamaí. Ina theannta sin, dúirt Nippon Steel, fiú dá mbeadh sé comhlachaithe le MISI, nach mbeadh sé comhlachaithe fós le cuideachta A agus le cuideachta B, toisc nach raibh scaireanna aige iontu agus nach ndearna sé gnó leo i ndáil leis an táirge lena mbaineann. Dúirt sé freisin, dar leis, nach ndearnadh foráil in Airteagal 127 de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais maidir le caidrimh thar shlabhra indíreach eintitis amháin ar a mhéad agus ós rud é go n-imeodh gaol Nippon Steel ó chleachtas an Choimisiúin roimhe seo san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ([93]). Thairis sin, mhaígh Nippon Steel, ós rud é gur oibrigh MISI go hiomlán neamhspleách agus ar neamhthuilleamaí ó Nippon Steel, nach raibh aon rochtain ag Nippon Steel ar fhaisnéis rúnda ó MISI, agus dá bhrí sin go bhforchuirfí ualach dodhéanta ar Nippon Steel dá gceanglófaí air freagra Iarscríbhinn I a shainaithint agus a fháil ó chuideachtaí comhlachaithe nó aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm Airteagal 18. Ar an dara dul síos, d'áitigh Nippon Steel nach mbeadh aon úsáid ag baint le hiarraidh ar chuideachta A agus ar chuideachta B freagra ar an gceistneoir a líonadh isteach agus go mbeadh sé díréireach, toisc nár athdhíol siad an táirge lena mbaineann ach gur phróiseáil siad é. Ar deireadh, d'ardaigh Nippon Steel gur tháinig praghas na n-uimhreacha rialaithe táirgí a díoladh le cuideachta A laistigh den mheánphraghas díola le custaiméirí neamhchomhlachaithe le haghaidh na n-uimhreacha rialaithe táirgí céanna, agus mar sin go raibh díolacháin le cuideachta A agus le cuideachta B ar neamhthuilleamaí.

(276) Thug an Coimisiún dá aire gur dhíol MISEA an táirge lena mbaineann a mhonaraigh Nippon Steel le cuideachta A agus cuideachta B, arbh í cuideachta C a máthairchuideachta. Dá réir sin, bhí leas os cionn 5 % ag MISI in MISEA agus i gcuideachta C araon. Le linn an fhíoraithe ag MISI, deimhníodh go raibh na caidrimh sin i bhfeidhm le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh cuideachta C liostaithe i measc fhochuideachtaí MISI ar an gcoigríoch i bpróifíl chorparáideach 2025 MISI ([94]). Léiríonn sé sin go raibh MISEA agus cuideachta A comhlachaithe ar thaobh amháin, agus MISEA agus cuideachta B comhlachaithe ar an taobh eile, toisc, de bhun Airteagal 127(1)(d), go raibh 5 % nó níos mó de scaireanna an dá cheann ag tríú páirtí (i.e. MISI) go díreach nó go hindíreach. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar cé acu atá nó nach bhfuil an caidreamh leis an táirgeoir onnmhairiúcháin féin. Sa chás sin, bhí an caidreamh i gceist idir an díoltóir MISI agus na ceannaitheoirí cuideachta A agus cuideachta B. Ní féidir a mhaíomh, ós rud é nach raibh baint ag an táirgeoir onnmhairiúcháin féin leis an gcaidreamh, nach bhféadfadh caidreamh den sórt sin difear a dhéanamh don phraghas díola. Go deimhin, chuir an caidreamh isteach ar na praghsanna idir páirtithe comhlachaithe ar aon nós. Tagraíonn an sainmhíniú ar pháirtithe comhlachaithe in Airteagal 127 de Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais do 'dhaoine' agus tagraíonn Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear an tagairt do Ghníomh Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais chun críoch cosanta trádála, do 'pháirtithe' ina leith sin, ní do tháirgeoirí onnmhairiúcháin. Tá an Coimisiún den tuairim freisin nach bhfuil Airteagal 127(1)(d) teoranta do shlabhra eintitis amháin ar a mhéad chun caidreamh a bhunú idir páirtithe. Go deimhin, leis an tsonraíocht 'go hindíreach' is féidir scairshealbha arna sealbhú trí shlabhra fochuideachtaí a áireamh agus cuirtear cosc ar imchéimniú na forála trí struchtúir chorparáideacha ar roinnt leibhéal fochuideachtaí, mar sa chás seo is trí chuideachta C a shealbhaítear scairsheilbh indíreach MISI i gcuideachta A agus i gcuideachta B. Níor tugadh bunús breise le cleachtas líomhnaithe an Choimisiúin roimhe seo san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín. Thairis sin, mheas an Coimisiún, sa chás atá idir lámha, nach raibh sé dodhéanta do Nippon Steel freagra Iarscríbhinn I a shainaithint agus a fháil ó na cuideachtaí comhlachaithe sin toisc (a) go raibh baint ag cuideachta C cheana féin in acmhainneacht dhifriúil san imscrúdú maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta roimhe seo ([95]), inar sampláladh Nippon Steel, (b) gur fhaisnéis phoiblí a bhí i bhfáil MISI ar chuideachta C, agus (c) gur shainaithin an Coimisiún cuideachta A agus cuideachta B mar fhochuideachtaí de chuideachta C i gcomhthéacs gnáthsheiceálacha le linn an fhíoraithe, mar a shonraítear i dtuarascáil mhisin MISI. Ansin, díorthaíodh cur i bhfeidhm Airteagal 18(1) maidir le Nippon Steel go beacht ón gcaidreamh. Ar an dara dul síos, ós rud é nach ndéanann cuideachta chomhlachaithe san Aontas athdhíol ach go ndéanann sí próiseáil cuideachta a dhíolmhú ó fhreagra a thabhairt ar Iarscríbhinn I. Os a choinne sin, tagann na costais phróiseála chun bheith ábhartha chun an praghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas a shuí ar aon bhonn réasúnach i gcás nach n-athdhíoltar na táirgí sa riocht inar allmhairíodh iad dá bhforáiltear in Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás i dtrácht, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún measúnú den sórt sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

([93]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754.

([94]) Próifíl Chorparáideach 2025 MISI, lgh. 1314, le fáil ag: https://www.benichu.com/wp/images/2025/07/misi_2025_-_ebook_-.pdf.

([95]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/670 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2025 lena bhforchuirtear dleacht shealadach frithdhumpála ar tháirgí comhréidhe teorollta áirithe atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile a allmhairítear agus ar de thionscnamh na hÉigipte, na Seapáine agus Vítneam iad (IO L, 2025/670, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/670/oj).

(277) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le díolacháin MISEA le cuideachta A ar neamhthuilleamaí, thug an Coimisiún dá aire go bhfuarthas na praghsanna a mheas Nippon Steel a bheith ina bpraghsanna díreach ón monarcha trí na lamháltais uile a d'íoc MISEA a asbhaint ó ghlanluach an tsonraisc. Mar sin féin, agus comparáid á déanamh idir praghsanna díolacháin, ba cheart comparáid a dhéanamh idir na praghsanna sonraisc, lúide na costais iompair ábhartha (chun difríochtaí i dtéarmaí seachadta a chur san áireamh). Léirigh comparáid den sórt sin ar leibhéal teorann CAL an Aontais (i.e., praghas CAL lúide costais iompair san Aontas chun difríochtaí sa téarma seachadta a chur san áireamh) go raibh praghsanna MISEA do chuideachta A 6 % níos ísle ar an meán ná praghsanna MISEA do chuideachtaí neamhchomhlachaithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh díolacháin MISEA le cuideachta A ar neamhthuilleamaí. A mhéid a bhaineann le díolacháin MISEA ar neamhthuilleamaí le cuideachta B, d'admhaigh Nippon Steel féin nach bhféadfadh sé é a thaispeáint, toisc nár díoladh an uimhir rialaithe táirgí a díoladh le cuideachta B le haon chustaiméir de chuid MISEA eile san Aontas. Mar sin féin, ós rud é nár chomhoibrigh cuideachta B, ar bhonn an fhíorais gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh díolacháin MISEA le cuideachta A ar neamhthuilleamaí, ní raibh aon ghné ann chun teacht ar chonclúid dhifriúil maidir le díolacháin le cuideachta B. Mar chonclúid, dhiúltaigh an Coimisiún do na barúlacha agus mheas sé gur díolacháin ghaolmhara iad díolacháin MISEA le cuideachta A agus le cuideachta B. Mar thoradh air sin, in éagmais faisnéise maidir le praghas athdhíola chuideachta A agus chuideachta B agus maidir leis na costais phróiseála a d'fhéadfadh a bheith acu, mheas an Coimisiún go raibh praghas athdhíola chuideachta A agus chuideachta B cothrom le praghas dhíolacháin MISEA le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar bhonn cineál táirge. I gcás chuideachta B, a cheannaigh uimhir rialaithe táirgí nár cheannaigh aon chustaiméir eile ó MISEA, d'úsáid an Coimisiún praghas dhíolacháin MISEA le custaiméirí neamhchomhlachaithe den uimhir rialaithe táirgí is cosúla.

(278) Mar sin féin, i bhfianaise na conclúide in aithris (270) maidir le hidirbhearta onnmhairiúcháin tríd an trádálaí comhlachaithe MISI a bheith ar neamhthuilleamaí, ní raibh sé sin ábhartha a thuilleadh don phraghas onnmhairiúcháin a úsáideadh sa ríomh dumpála.

(279) I ndáil le pointe (ii) maidir le hathdhíolacháin intíre triúr trádálaithe comhlachaithe a bhí ar iarraidh, d'aontaigh Nippon Steel le measúnú an Choimisiúin.

(280) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurb é praghas an athdhíola intíre sin atá ar iarraidh meánphraghas na ndíolachán intíre is brabúsaí le custaiméirí neamhchomhlachaithe Nippon Steel agus a chuideachtaí gaolmhara, arb ionann é agus 5 % den mhéid a dhíoltar ar bhonn intíre ar bhonn cineál táirge.

(281) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Nippon Steel gur ghníomhaigh a thrádálaithe comhlachaithe chomh maith agus ab fhéidir leo, agus faisnéis á soláthar acu d'ainneoin fadhbanna teicniúla. Dá bhrí sin, dar le Nippon Steel, ní raibh aon údar dlíthiúil ag an gCoimisiún leis na praghsanna díola intíre ba bhrabúsaí a úsáid mar fhíorais a bhí ar fáil toisc nach í tátail dhiúltacha an bhrí ba cheart a bheith leis na fíorais is fearr atá ar fáil, de réir dhlí-eolaíocht EDT freisin ([96]). D'iarr Nippon Steel ar an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar dhíolacháin neamhthuairiscithe nó úsáid a bhaint as meánphraghas na ndíolachán intíre uile.

(282) Mheas an Coimisiún, agus na fíorais atá ar fáil á gcur i bhfeidhm, go gceanglaítear ar údaráis imscrúdúcháin na fíorais sin atá ar fáil, ar fíorais ionaid réasúnta iad ar an bhfaisnéis is gá agus atá in easnamh, a roghnú ar bhealach neamhchlaonta oibiachtúil i gcomhthéacs fíorais agus imthosca sonracha cáis ar leith. Agus é sin á dhéanamh acu, ní mór do na húdaráis imscrúdúcháin gach fíoras atá ar fáil go cuí dóibh a chur san áireamh. Agus na fíorais ionaid á roghnú, ní cheanglaítear le hAirteagal 6.8 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ar na húdaráis imscrúdúcháin na fíorais sin is fabhraí don pháirtí neamh-chomhoibríoch a roghnú ([97]).

([96]) Tuarascáil ón bpainéal, Mexico – *Definitive Anti-Dumping Measures on Beef and Rice, Complaint with Respect to Rice*, WT/DS295/R, a glacadh an 20 Nollaig 2005, arna modhnú le Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc WT/DS295/AB/R, DSR 2005:XXIII, lch. 11 007, mír 7.238; Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, *United States – Anti-Dumping Measures on Certain Hot-Rolled Steel Products from Japan*, WT/DS184/AB/R, arna glacadh an 23 Lúnasa 2001, DSR 2001:X, lch. 4697, mír 99.

([97]) Tuarascáil ón bpainéal, *US – Anti-Dumping and Countervailing Duties (Korea)*, WT/DS539/R, mír 7.36, a luaitear sa Bhreithiúnas ón gCúirt an 3 Meán Fómhair 2026, *An Coimisiún Eorpach v Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile*, C-319/24 P, ECLI:EU:C:2026:687, míreanna 73, 85 agus 90. Féach freisin Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, *SAM – Cruach Charbóin (an India)*, WT/DS436/AB/R, mír 4.421.

(283) Chloígh an Coimisiún leis an gceanglas seo go hiomlán ina chur chuige. Ar bhealach neamhchlaonta, ghlac sé sonraí praghais iarbhír fíoraithe Nippon Steel agus a chuideachtaí comhlachaithe agus d'úsáid sé iad mar shamhail iompraíochtaí praghsála le haghaidh na sonraí nár soláthraíodh. Áirithíodh leis an gcur chuige sin nach ndearnadh na hathdhíolacháin intíre a bhí in easnamh a mheas faoina luach agus, dá bhrí sin, gur thug an corrlach dumpála deiridh léiriú ar an acmhainneacht dumpála ab eol a bheith ag an gcuideachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. In imthosca nach gcuireann cuideachta roinnt sonraí athdhíolacháin ar fáil don Choimisiún, ní féidir a rá, in éagmais faisnéis dá mhalairt, gur rud suibiachtúil nó pionósach é úsáid a bhaint as an iompraíocht phraghsála iarbhír fhíoraithe a chleacht an chuideachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar shamhail. Is é an toradh a bhíonn air sin corrlach dumpála atá chomh cruinn is féidir i gcomhthéacs easpa comhair na cuideachta. Thairis sin, mheas an Coimisiún gur dhreasacht chun neamh-chomhoibriú a bheadh sa rogha mhalartach a mhol Nippon Steel, is é sin neamhaird a thabhairt ar dhíolacháin neamhthuairiscithe nó úsáid a bhaint as meánphraghas na ndíolachán intíre uile ([98]). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus dheimhnigh sé an mhodheolaíocht a mhínítear in aithris (280).

3.3.3. *Staid margaidh áirithe: éifeacht 'brú amach'*

3.3.3.1. Anailís

(284) Chun a shuí gur ann do staid margaidh áirithe i margadh na Seapáine mar gheall ar éifeacht 'brú amach' allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín, rinne an Coimisiún an anailís seo a leanas: ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar a mhéid a bhí allmhairí Síneacha ag dul i bhfód ar mhargadh intíre na Seapáine ó thaobh méide de; ar an dara dul síos, d'fhéach an Coimisiún ar na sciartha den mhargadh atá ag táirgeoirí intíre faoi seach i gcomparáid le hallmhairí Síneacha agus allmhairí tríú tíortha eile i margadh intíre na Seapáine; ar an tríú dul síos, d'fhéach an Coimisiún ar na praghsanna i margadh intíre na Seapáine. Rinne an Coimisiún anailís ansin ar aon fhaisnéis eile a bhí ar fáil ar comhad maidir le tionchar allmhairí na Síne ar mhargadh intíre na Seapáine, lena n-áirítear, má tá sí ar fáil, brabúsacht na dtáirgeoirí intíre ar dhíolacháin intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(285) Ina anailís, bhí an Coimisiún ag brath ar tháscairí ar leibhéal na tíre ar fad arna soláthar ag Rialtas na Seapáine, agus ar leibhéal na cuideachta arna soláthar ag an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, Nippon Steel. Fíoraíodh an dá thacar táscairí ar an láthair, mar a léirítear in aithris (106).

(286) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún gur measadh ní hamháin go raibh Nippon Steel ionadaíoch, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach ag céim na samplála, ar an méid onnmhairiúcháin, ach freisin, bunaithe ar na sonraí a fíoraíodh le linn an imscrúdaithe agus ag cur san áireamh freisin a tháirgeoir gaolmhar dá dtagraítear in aithrisí (271) go (273) gurb éard a bhí i gceist leis ná [50-60 %] ar a laghad de mhéid díolachán intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'áirithigh díolacháin intíre den sórt sin do Nippon Steel Group sciar den mhargadh de [40 %-50 %] ar a laghad sa mhargadh le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSeapáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé go ndearna an Coimisiún a anailís ar leibhéal na tíre agus ar leibhéal Nippon Steel araon nó, i gcás ina raibh fáil orthu, ar leibhéal Nippon Steel Group, léiríonn na méadrachtaí sin go bhfuil Nippon Steel ionadaíoch ar na táirgeoirí intíre sa tSeapáin, agus dá bhrí sin, ar an staid sa mhargadh intíre sa tSeapáin.

3.3.3.1.1. An margadh intíre: méid

(287) Ar dtús, rinne an Coimisiún anailís ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa tSeapáin mar a thuairiscigh Rialtas na Seapáine. Ba chosúil go raibh an tomhaltas a thuairiscigh Rialtas na Seapáine beagán faoi bhun 1 % i gcomparáid le suim na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre a thuairiscigh Rialtas na Seapáine féin. Le linn na cuairte fíorúcháin, míníodh gur díorthaíodh é sin ón modheolaíocht toisc gur úsáid Rialtas na Seapáine modh difriúil chun na hallmhairí a thuairisciú ina n-aonar, agus iad siúd a d'úsáid sé chun tomhaltas a ríomh, rud a d'fhág go raibh figiúirí éagsúla ann don táscaire céanna. Ós rud é go raibh an Coimisiún in ann na figiúirí a úsáideadh chun allmhairí a shuí a fhíorú ar an láthair as a stuaim féin, bhí sé ag brath ar na sonraí céanna don tomhaltas freisin.

(288) Thairis sin, ba chosúil go ndearnadh ganniontráil thart ar 33 % ar an méid díolachán intíre a thuairiscigh Rialtas na Seapáine i gcomparáid leis an méid díolachán intíre a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Sa chás sin, bhraith an Coimisiún ar an méid díolachán intíre a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Dá bhrí sin, úsáideadh méid díolachán intíre den sórt sin freisin chun tomhaltas a shuí, seachas a bheith ag brath ar na sonraí tomhaltais arna soláthar ag Rialtas na Seapáine.

([98]) Breithiúnas ón gCúirt an 3 Meán Fómhair 2026, *An Coimisiún Eorpach v Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile*, C-319/24 P, ECLI:EU:C:2026:687, míreanna 88-95.

(289) Tháinig forbairt ar an tomhaltas sa tSeapáin mar a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas sa tSeapáin (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas sa tSeapáin	4 221 718	4 153 970	4 189 541	4 089 303
Innéacs	*100*	*98*	*99*	*97*

Foinse: Sonraí custaim na Seapáine móide díolacháin intíre arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa tSeapáin.

(290) Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 3 % ar thomhaltas sa tSeapáin.

(291) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach sa tSeapáin:

Tábla 3

Cainníocht na n-allmhairí isteach sa tSeapáin (tonaí)

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na n-allmhairí, ar de sin:	Cainníocht na n-allmhairí	813 469	910 476	990 341	880 370
	Innéacs	*100*	*112*	*122*	*108*
1. An Chóiré	Cainníocht na n-allmhairí	558 528	572 630	621 599	575 194
	Innéacs	*100*	*103*	*111*	*103*
2. an Téaváin	Cainníocht na n-allmhairí	185 704	235 907	246 812	210 795
	Innéacs	*100*	*127*	*133*	*114*
3. Daon-Phoblacht na Síne	Cainníocht na n-allmhairí	64 696	97 238	117 512	90 522
	Innéacs	*100*	*150*	*182*	*140*

Foinse: Sonraí custaim na Seapáine.

(292) Léiríonn sonraí allmhairiúcháin gur tháinig méadú 8 % ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach sa tSeapáin ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn an méadú sin, má chuirtear i gcomparáid é leis an laghdú 3 % ar thomhaltas le linn na tréimhse céanna, gur sciar níos mó den mheascán tomhaltais a bhí in allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022.

(293) Tháinig méadú 40 % ar allmhairí ón tSín ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, ráta níos airde i gcomparáid le hallmhairí foriomlána, allmhairí ón gCóiré agus ón Téaváin. Mar sin féin, le linn na tréimhse, níor fhan an tSín go comhsheasmhach ach ar an tríú foinse d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach sa tSeapáin.

(294) An tráth céanna, is mar a leanas a tháinig forbairt ar dhíolacháin intíre an táirge faoi imscrúdú sa tSeapáin:

Tábla 4

Cainníocht na ndíolachán intíre (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh na Seapáine, lena n-áirítear:	3 408 249	3 243 493	3 199 200	3 208 933
Innéacs	*100*	*95*	*94*	*94*
— Nippon Steel Group	[2 000 000-2 100 000]	[1 900 000-2 000 000]	[1 900 000-2 000 000]	[1 900 000-2 000 000]
Innéacs	*100*	*92*	*92*	*93*

Foinse: Freagra samplála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus freagra Nippon Steel ar an gceistneoir.

(295) Áirítear díolacháin faoi chuing sna sonraí sin toisc nárbh fhéidir iad a leithscaradh ar leithligh bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil.

(296) Ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 6 % ar dhíolacháin intíre agus léirigh díolacháin intíre Nippon Steel Group laghdú comhchosúil 7 %. Má chuirtear é sin i gcomparáid leis an laghdú beag 3 % ar thomhaltas agus leis an méadú 8 % ar allmhairí, is léir gur tháinig allmhairí in ionad cuid de dhíolacháin intíre sa mheascán tomhaltais.

(297) Is fearr is féidir an dinimic sin a fheiceáil nuair a chuirtear na méideanna i gcomparáid leis an tomhaltas agus nuair a shloinntear iad i dtéarmaí sciartha den mhargadh.

Tábla 5

An sciar den mhargadh (%)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Allmhairí, lena n-áirítear:	19,3	21,9	23,6	21,5
1. An Chóiré	13,2	13,8	14,8	14,1
2. an Téaváin	4,4	5,7	5,9	5,2
3. Daon-Phoblacht na Síne	1,5	2,3	2,8	2,2
Díolacháin intíre, lena n-áirítear:	80,7	78,1	76,4	78,5
— Nippon Steel Group	[45-55]	[40-50]	[40-50]	[40-50]

Foinse: Sonraí custaim na Seapáine, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus freagra Nippon Steel ar an gceistneoir.

(298) Chomhfhreagair an méadú 2,2 pointe céatadáin ar allmhairí ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin do laghdú 2,2 pointe céatadáin freisin ar dhíolacháin intíre, agus léirigh sciar Nippon Steel Group den mhargadh laghdú beag freisin. Laistigh den mhéadú ar allmhairí, fuair allmhairí ón tSín 0,7 pointe céatadáin, seachas an méadú níos airde sa Chóiré de 0,9 pointe céatadáin agus sa Téaváin de 0,8 pointe céatadáin. Mar sin, i dtéarmaí méadú ar an sciar den mhargadh freisin, lean an tSín an Chóiré agus an Téaváin.

(299) Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún, i dtéarmaí méide, gur léirigh allmhairí méadú teoranta ar a sciar den mhargadh sa tSeapáin agus nach raibh ról ceannasach ag allmhairí ón tSín sa mhéadú sin. Go deimhin, ní raibh sciar den mhargadh os cionn 3 % ag allmhairí ón tSín riamh i margadh na Seapáine. An tráth céanna, d'fhan an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí intíre na Seapáine ag thart ar 80 % den mhargadh.

3.3.3.1.2. An margadh intíre: praghsanna

(300) Rinne an Coimisiún anailís ansin ar éifeacht allmhairí na Síne ar phraghsanna i margadh intíre na Seapáine. Chun é sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna aonaid na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre.

(301) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar phraghas aonaid na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre:

Tábla 6

Praghsanna díola sa tSeapáin (JPY/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
1. Allmhairí ón gCóiré	407 643	146 720	149 106	150 713
Innéacs	*100*	*36*	*37*	*37*
2. Allmhairí ón Téaváin	181 823	208 711	189 087	186 855
Innéacs	*100*	*115*	*104*	*103*
3. Allmhairí ón tSín	330 640	280 645	285 452	306 600
Innéacs	*100*	*85*	*86*	*93*
An meánphraghas díola intíre in aghaidh an aonaid sa tSeapáin ([1]), lena n-áirítear:	143 000	135 000	132 000	132 083
Innéacs	*100*	*94*	*92*	*92*
— Nippon Steel Group ([2])	[155-165 000]	[157-167 000]	[155-165 000]	[151-161 000]
Innéacs	*100*	*101*	*100*	*98*

([1]) Ní áirítear costas iompair agus cáin tomhaltais sa mheánphraghas díola intíre in aghaidh an aonaid sa tSeapáin.
([2]) Glan ar lasta intíre le haghaidh Nippon Steel, ar bhonn an fhreagra samplála don táirgeoir eile in Nippon Steel Group.
Foinse: Sonraí custaim na Seapáine, Japan Metal Daily (praghas íseal Tóiceo ag deireadh na míosa ar 3 × 6, 0,8 mm), freagra samplála Nippon Steel Group agus freagra Nippon Steel ar an gceistneoir.

(302) Léirigh na hanailísí ar phraghsanna go raibh praghsanna allmhairiúcháin ar leibhéal CAL i bhfad níos airde ar an iomlán ná praghsanna díola intíre. Tá praghsanna allmhairiúcháin ó fhoinsí atá níos gaire don tSeapáin níos ísle, ach tá siad fós níos airde go comhsheasmhach ná praghsanna díolacháin intíre.

(303) Tháinig allmhairí ón tSín isteach sa tSeapáin freisin ar phraghsanna a bhí i bhfad níos airde i gcónaí ná praghsanna intíre Nippon Steel Group i mblianta uile na tréimhse a scrúdaíodh. Bhí praghsanna intíre Nippon Steel Group fós cobhsaí idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

3.3.3.2. Conclúid

(304) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna staid margaidh áirithe de thoradh allmhairí ón tSín difear do mhargadh intíre na Seapáine le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta mar gheall ar ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa tSín. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh ach sciar 2,2 % den mhargadh ag allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gur choinnigh tionscal na Seapáine sciar beagnach 80 % den mhargadh, go raibh praghsanna intíre sa tSeapáin níos ísle ná praghsanna allmhairiúcháin na Síne. I bhfianaise a gcainníochtaí agus a bpraghsanna, ní fhéadfadh aon tionchar mór a bheith ag allmhairí Síneacha isteach sa tSeapáin ar phraghsanna intíre agus ar bhrabúsacht.

(305) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna staid margaidh áirithe difear do mhargadh intíre na Seapáine mar thoradh ar allmhairí ón tSín mar gheall ar ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa tSín.

3.3.4. *An Gnáthluach*

(306) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann . Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(307) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(308) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas.

(309) Shuigh an Coimisiún go raibh na díolacháin intíre i gcás fhormhór na gcineálacha táirgí ionadaíoch. Shuigh an Coimisiún nach raibh aon díolachán intíre ann i gcás dhá chineál táirge. I gcás na gcineálacha táirgí sin, ní raibh aon fhoinse eile le haghaidh praghsanna intíre ar fáil. Ríomhadh an gnáthluach i gcomhréir leis an modh thíos in aithris (315).

(310) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(311) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(312) Má chomhlíontar an dá thástáil sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(313) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(314) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin go raibh méid na ndíolachán brabúsach de roinnt cineálacha táirgí le linn na tréimhse imscrúdúcháin cothrom le níos lú ná 80 % de mhéid díolachán iomlán na gcineálacha sin agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos ísle ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin. Maidir le gach cineál táirge eile, bhí an cás a leagtar amach in aithris (311) infheidhme, agus ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile de na cineálacha táirgí sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(315) I gcásanna nárbh ann do dhíolacháin intíre chineál táirge an táirge chomhchosúil, lorg an Coimisiún foinsí malartacha le haghaidh praghsanna sa ghnáthchúrsa trádála. Ós rud é nach raibh aon táirgeoir intíre comhoibríoch sampláilte eile ná aon táirgeoir intíre sampláilte eile den táirge comhchosúil ar fáil sa tír lena mbaineann, ní raibh aon phraghas den sórt sin ar fáil. Ríomh an Coimisiún an gnáthluach le haghaidh na gcineálacha táirgí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

3.3.5. *An praghas onnmhairiúcháin*

(316) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe.

(317) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(318) I bhfianaise na conclúide in aithris (270) maidir le hidirbhearta onnmhairiúcháin a bheith ar neamhthuilleamaí, ba é an praghas onnmhairiúcháin i gcásanna inar onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe ag gníomhú dóibh mar allmhaireoirí an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas freisin é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.3.6. *Comparáid*

(319) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.3.6.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(320) Mar a mhínítear in aithris (319), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin.

(321) Mhaígh Nippon Steel, faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán, gur cheart coigeartú mar gheall ar dhifríochtaí sna saintréithe fisiceacha a dhéanamh ar an ngnáthluach. Bhunaigh sé a mhaíomh ar an bhfíoras gur ghlac custaiméirí in earnáil shonrach le praghsanna níos airde ar an margadh intíre mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear táirgí speisialta ard-bhreisluacha a sholáthar, éilimh dhiana ar cháilíocht a fhreagairt, tograí teicniúla gan réiteach a dhéanamh, agus seirbhís seachadta 'díreach in am' a sholáthar ar an láthair i gcomparáid le custaiméirí in earnáil eile, cé nach bhfuil na tosca sin sa mhargadh onnmhairiúcháin. Dúirt Nippon Steel freisin gur cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, na díolacháin intíre leis an earnáil shonrach a eisiamh ón ngnáthluach.

(322) Thug an Coimisiún dá aire, bunaithe ar an bhfaisnéis fhíoraithe ó Nippon Steel maidir lena bpraghsanna intíre le hearnálacha éagsúla, nár íoc custaiméirí san earnáil shonrach sin praghsanna éagsúla go comhsheasmhach ná custaiméirí in earnálacha eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(323) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Nippon Steel, ós rud é go ndearna an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán i leith trádálaithe comhlachaithe ag gníomhú dóibh mar ghníomhairí atá ag obair ar bhonn coimisiúin, gur cheart dó an coigeartú céanna a dhéanamh ar an ngnáthluach, toisc go raibh na feidhmeanna a bhí á ndéanamh ag na trádálaithe comhlachaithe fós mar an gcéanna, is cuma cé acu don mhargadh intíre nó don mhargadh onnmhairiúcháin a bhí díolacháin an táirge faoi imscrúdú ceaptha, agus toisc go raibh roinnt de na trádálaithe comhlachaithe gníomhach ar an margadh intíre agus ar an margadh onnmhairiúcháin araon.

(324) Ós rud é gur glacadh le maíomh Nippon Steel maidir le praghsanna ar bheith ar neamhthuilleamaí in aithris (270), níor choigeartaigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, tar éis bharúlacha Nippon Steel maidir leis an nochtadh deiridh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh maidir leis an ngnáthluach.

(325) Tar éis an nochta deiridh bhreise, mhaígh Nippon Steel, tar éis dó díolacháin onnmhairiúcháin trí NST agus MISI ar neamhthuilleamaí a mheas, nár ghlac an Coimisiún an cur chuige céanna maidir le díolacháin intíre trí NST agus MISI, rud a chruthaigh neamhshiméadracht idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach, lenar áiríodh costais agus brabúis na dtrádálaithe comhlachaithe fós. D'áitigh Nippon Steel gur chuir sé an sásra céanna i bhfeidhm chun a phraghsanna a shocrú do NST agus MISI, chomh maith le trádálaithe neamhchomhlachaithe eile, gan beann ar cé acu a díoladh na hearraí lena n-onnmhairiú chuig an Aontas nó i margadh intíre na Seapáine ar deireadh. D'iarr Nippon Steel an neamhshiméadracht líomhnaithe a cheartú trí choigeartú a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, mar a rinneadh san imscrúdú frithdhumpála a rinneadh le déanaí maidir le hallmhairí vailín de thionscnamh na Síne ([99]) ('imscrúdú *Valine*'). Bheadh cainníochtú an choigeartaithe sin ag freagairt do chostais SGA agus do bhrabús NST, MISI agus na dtrádálaithe intíre gaolmhara eile le haghaidh dhíolacháin intíre an táirge lena mbaineann a dhéantar trí NST agus MISI.

(326) Murab ionann agus díolacháin onnmhairí (féach aithrisí (269) agus (270)), níor chuir Nippon Steel aon fhianaise ar fáil go raibh praghsanna na n-idirbheart intíre trí NST agus MISI ar neamhthuilleamaí i gcomparáid le hidirbhearta intíre trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe. In aon chás, mheas an Coimisiún nár léirigh na sonraí a bhí ar fáil gur ann do phatrún comhsheasmhach idirbheart ar neamhthuilleamaí. Dá bhrí sin, ní raibh aon neamhshiméadracht idir cóireáil na ndíolachán onnmhairiúcháin, i gcás ina raibh údar leis an maíomh ar neamhthuilleamaí agus inar glacadh leis, agus díolacháin intíre, i gcás ina raibh an maíomh ar neamhthuilleamaí gan bhunús. Dá bhrí sin, bhí an staid éagsúil leis an imscrúdú *Valine*, inar léiríodh na tosca ba chúis leis an gcoigeartú. Ar na cúiseanna sin, dhiúltaigh an Coimisiún don maíomh.

3.3.6.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(327) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

(328) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

([99]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/319 an 12 Feabhra 2026 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí vailín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2026/319, 13.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/319/oj), aithrisí (151) go (159).

3.3.7. *Corrlach dumpála*

(329) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(330) Maidir leis na díolacháin leis an Aontas a rinneadh trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, mhaígh Nippon Steel agus NST gur cheart méid le haghaidh chostais SGA agus bhrabús na dtrádálaithe sin a chur leis chun meastachán a dhéanamh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais. Ag brath ar an idirbheart sonrach, bhí na sonraisc a d'eisigh Nippon Steel nó NST bunaithe ar théarmaí tráchtála idirnáisiúnta SAB, CAL nó c&l.

(331) De réir an chleachtais sheanbhunaithe, i gcás idirbhearta a thugtar i gcrích faoi théarmaí tráchtála idirnáisiúnta SAB, déantar meastachán ar lasta aigéin agus ar chostais choimhdeacha (amhail árachas) bunaithe ar fhianaise arna cur isteach ag an táirgeoir onnmhairiúcháin. Ba cheart feidhm a bheith ag an loighic chéanna maidir le haon eilimint bhreise a éilíonn páirtí leasmhar. Sa chás seo, áfach, ní raibh Nippon Steel in ann aon fhianaise a sholáthar a léiríonn gur gá costais SGA agus brabús trádálaithe neamhchomhlachaithe a chur leis ar an gcéad dul síos. In aon chás, fiú dá soláthródh Nippon Steel fianaise den sórt sin, *quod non*, ní raibh an chuideachta in ann aon fhianaise infhíoraithe a sholáthar maidir le méid na gcostas SGA hipitéiseach agus an bhrabúis sin.

(332) Ar bhonn níos nithiúla, le linn an fhíoraithe ar an láthair, thug an Coimisiún an deis do Nippon Steel fianaise a chur i láthair lena léirítear go raibh trádálaithe neamhchomhlachaithe rannpháirteach go gníomhach i ndíolacháin onnmhairiúcháin Nippon Steel agus NST leis an Aontas agus gur áiríodh i luach deiridh na n-earraí ag teorainn CAL an Aontais na costais SGA a tabhaíodh agus na brabúis líomhnaithe a rinne na hidirghabhálaithe sin araon. Mar fhreagairt air sin, chuir Nippon Steel agus NST rogha sonrasc athdhíola agus líon teoranta dearbhuithe custaim ó thrádálaithe neamhchomhlachaithe áirithe i láthair. Mar sin féin, níor mheas an Coimisiún gur leor líon teoranta sonrasc agus dearbhuithe custaim a sholáthar. Go deimhin, níor chuir Nippon Steel aon mhodheolaíocht ar fáil riamh lenar míníodh conas agus cén fáth ar roghnaigh sé na sonraisc shonracha agus na dearbhuithe custaim sonracha sin agus cén fáth a bhfuil siad ionadaíoch ar na díolacháin fhoriomlána a dhéantar trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe.

(333) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(334) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Nippon Steel gur cheart don Choimisiún luach CAL ríofa a choigeartú chun rannpháirtíocht trádálaithe neamhchomhlachaithe lasmuigh den Aontas a chur san áireamh, go coincréiteach i leith a gcostas SGA agus a mbrabúis. D'áiritheofaí leis an gcoigeartú sin go léireodh an Coimisiún luach dearbhaithe CAL ar a ngearrfaí dleachtanna nuair a scaoilfear earraí i saorchúrsaíocht. Faoi Airteagal 128 den Ghníomh Cur Chun Feidhme maidir le Cód Custaim an Aontais ([100]), sainmhínítear an luach sin mar luach idirbhirt na n-earraí a dhíoltar le haghaidh a n-onnmhairithe arna chinneadh tráth a ghlactar leis an dearbhú custaim bunaithe ar an díol a tharlaíonn díreach sula dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

(335) Mar thaca lena mhaíomh, thagair Nippon Steel d'imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe seo ([101]). Chuir Nippon Steel i dtábhacht go coincréiteach san imscrúdú maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta gur chuir an Coimisiún gníomhaíochtaí trádálaithe neamhchomhlachaithe san áireamh agus praghas CAL á ríomh do Nippon Steel. San imscrúdú maidir le táirgí cothroma de chruach theorollta, rinne an Coimisiún meastachán ar chostais SGA trádálaithe neamhchomhlachaithe bunaithe ar chostais SGA NST agus MISI agus d'úsáid sé corrlach brabúis barúlach 2 %, ós rud é go mbeadh sé comhsheasmhach leis an gcorrlach brabúis a úsáidtear faoi Airteagal 2(9) i gcás díolacháin AE trí chuideachtaí comhlachaithe.

([100]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

([101]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1139 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/1139, 10.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1139/oj), aithrisí (236) go (237); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/316 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2026 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí Roisíní Stiréin Bhútaidhé-éine Aicrilinítríle de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus na Téaváine (IO L, 2026/316, 13.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/316/oj), aithris (108); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1904 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2026 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2026/1904, 10.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1904/oj), aithris (68); agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919, aithris (125). Ina theannta sin, thuairiscigh Nippon Steel gur iarr an Coimisiún, san imscrúdú frithdhumpála maidir le hearraí d'iarann teilgthe ón Tuirc agus ón India (AD727), costais SGA agus brabús trádálaithe neamhchomhlachaithe táirgeora shampláilte amháin chun praghas na n-athdhíolachán ar leibhéal theorainn an Aontais a shuí (i.e. luach CAL). Mar sin féin, chuir an Coimisiún deireadh leis an imscrúdú sin gan dleachtanna a fhorchur sa dóigh nár nochtadh a ríomhanna ar luach CAL.

(336) Ar deireadh, d'áitigh Nippon Steel gur mar fhreagairt ar iarraidh ón gCoimisiún a soláthraíodh na sonraisc athdhíola agus na dearbhuithe custaim a sampláladh go randamach, iarraidh nach raibh sainiúil maidir leis na doiciméid bheachta ba ghá. Chun bunús breise a thabhairt lena mhaíomh agus i bhfianaise chonclúidí an Choimisiúin faoin easpa fianaise ar an bpraghas CAL ag teorainn an Aontais mar a mhínítear in aithris (332), chuir Nippon Steel isteach sonraisc athdhíola chuig an Aontas ó thrí cinn de na cúig thrádálaí neamhchomhlachaithe a raibh Nippon Steel agus NST ag brath orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor sholáthair sé aon dearbhú custaim. Cumhdaíodh leis na sonraisc a cuireadh isteach, i gcás dhá cheann de na cúig thrádálaí neamhchomhlachaithe de chuid Nippon Steel, na trí idirbheart lenar ghabh na méideanna ab airde ó Nippon Steel agus NST agus, i gcás ceann amháin acu, an dá idirbheart lenar ghabh na méideanna ab airde ó NST. Leis an dara tacar sonrasc sin cumhdaíodh 4,7 % de mhéid díolachán an táirge faoi imscrúdú a rinne Nippon Steel leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(337) Ag an tús, thug an Coimisiún dá aire go raibh maíomh Nippon Steel bunaithe ar an toimhde go dtabharfadh athdhíol trádálaí neamhchomhlachaithe léiriú i gcónaí ar a chostais SGA agus a bhrabús agus d'éiligh sé coigeartú i leith chostais SGA agus bhrabúis na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe a ndearnadh meastachán orthu bunaithe ar ráitis airgeadais na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe.

(338) Níor cuireadh san áireamh sa toimhde sin cásanna ina bhféadfadh corrlach brabúis trádálaí idir a phraghas ceannaigh agus a phraghas athdhíola a bheith éagsúil lena chostais SGA agus a bhrabús nó cásanna ina bhféadfadh trádálaithe den sórt sin a bheith ag díol ar phraghas níos saoire. Dá thoradh sin, ní fhéadfadh costais SGA agus brabúis trádálaithe neamhchomhlachaithe, iontu féin, a bheith ina bhfianaise ar luach idirbhirt na n-earraí ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais dóibh toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh na costais SGA agus na brabúis sin léirithe sa phraghas díola leis an Aontas. Ar an gcúis chéanna, níor leor ann féin díolachán a bheith á dhéanamh trí thrádálaí neamhspleách lasmuigh den Aontas chun údar a thabhairt leis an gcoigeartú. Go deimhin, mar a d'áitigh Nippon Steel féin ina mhaíomh, ba cheart an luach sin a bheith bunaithe ar an díolachán a tharlaíonn díreach sula dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Dá bhrí sin, bheadh doiciméid a léiríonn an luach sin, amhail dearbhuithe custaim nó an sonrasc ón trádálaí chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách san Aontas, ina bhfianaise leordhóthanach de ghnáth chun tacú le maímh den sórt sin.

(339) Leis an anailís ar an doiciméadacht a cuireadh isteach tar éis an nochta deiridh, deimhníodh conclúid an Choimisiúin san aithris roimhe seo. I gcás gach ceann de na sonraisc a cuireadh isteach, bhí an difríocht idir praghas díola Nippon Steel nó NST leis an trádálaí neamhchomhlachaithe agus praghas athdhíola an trádálaí neamhchomhlachaithe leis an gcustaiméir san Aontas i bhfad níos ísle ná na costais SGA agus na brabúis a ndearna Nippon Steel agus NST meastachán orthu ar dtús ina bhfreagra ar an gceistneoir.

(340) Chomh maith leis sin, bhí an difríocht sa phraghas éagsúil idir na trádálaithe neamhchomhlachaithe agus, laistigh de gach trádálaí neamhchomhlachaithe, bhí sí éagsúil idir gach idirbheart.

(341) Thairis sin, níor cumhdaíodh leis an doiciméadacht a cuireadh isteach ach 4,7 % de mhéid díolachán an táirge faoi imscrúdú a rinne Nippon Steel leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus roghnaigh Nippon Steel fós féin í.

(342) I bhfianaise na hanailíse thuas a léiríonn nár thug an luach sna sonraisc léiriú ar na costais SGA agus na brabúis mar a maíodh ar dtús, i bhfianaise na difríochta ó thrádálaí go chéile agus ó shonrasc go chéile, agus ó tharla gur roghnaigh Nippon Steel féin na sonraisc agus gur cumhdaíodh leo líon an-teoranta athdhíolachán ó roinnt de na trádálaithe neamhchomhlachaithe a raibh baint acu le honnmhairí Nippon Steel chuig an Aontas, ach ní ó na trádálaithe sin uile, agus, dá bhrí sin, nach raibh na sonraisc sin ionadaíoch ná leordhóthanach, mheas an Coimisiún nár sholáthair Nippon Steel fianaise chun údar a thabhairt le coigeartú ar a dhíolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe.

(343) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire, cé gur soláthraíodh an doiciméadacht athdhíola arna iarraidh sin don Choimisiún le linn an imscrúdaithe, gurb é a spreag an iarraidh sin gur measadh nach raibh na meastacháin tosaigh a soláthraíodh sna freagraí ar an gceistneoir iontaofa chun bunús a thabhairt leis an maíomh. Deimhníodh an measúnú sin ina dhiaidh sin de dhroim na fianaise breise a cuireadh ar fáil.

(344) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(345) Tar éis an nochta, mhaígh Nippon Steel gur fhág an Coimisiún árachas aigéin ar lár agus luach CAL á ríomh i gcás díolacháin onnmhairiúcháin áirithe. D'iarr Nippon Steel ar an gCoimisiún méid le haghaidh árachais a áireamh ann chun praghas agus luach CAL a chinneadh i gceart.

(346) Shuigh an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh agus d'áirigh sé na méideanna árachais aigéin a bhí in easnamh, lenar áirithíodh ríomh cruinn SAB go CAL le haghaidh na ndíolachán onnmhairiúcháin a rinne Nippon Steel leis an Aontas. Agus an méid sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, thug sé dá aire go raibh méid le haghaidh lasta san Aontas fágtha i luach CAL díolachán áirithe a rinne MISEA leis an Aontas ar théarmaí seachadta ag an gceann scríbe. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún an méid le haghaidh lasta san Aontas de ríomh luach CAL i gcás na ndíolachán sin.

(347) Tar éis an nochta deiridh bhreise, thug Nippon Steel dá aire, tar éis dó glacadh le fad neamhspleách na ndíolachán onnmhairiúcháin trí NST, gur shuigh an Coimisiún praghas CAL na ndíolachán trí NST trí úsáid a bhaint as praghas athdhíola NST. Mhaígh Nippon Steel gur cheart an rud céanna a dhéanamh nuair a rinneadh díolacháin trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe trí mharcáil suas a chur leis an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh rannpháirtíocht na dtrádálaithe sin. Thacaigh Nippon Steel leis an maíomh sin trí thagairt a dhéanamh d'imscrúdú *HRF* agus do bhreithiúnas *Hansol* ([102]) chun a áirithiú gurbh é an praghas a úsáideadh mar phraghas onnmhairiúcháin CAL an Aontais arna thabhairt i dtír an praghas ag teorainn an Aontais i gceart seachas praghas go luath sa slabhra díolacháin.

(348) Thug an Coimisiún dá aire, i gcás NST, go raibh sé ag brath ar phraghas athdhíola NST chun an praghas CAL a ríomh, toisc go raibh fianaise fhíoraithe aige ar an bpraghas sin. Os a choinne sin, agus ar na cúiseanna céanna leo siúd a mhínítear in aithrisí (334) go (340), níor chuir Nippon steel aon fhianaise ar fáil gur ghá go raibh praghas níos airde ná an praghas SAB ó Nippon Steel ar na trádálaithe neamhchomhlachaithe móide lasta aigéin agus árachas mar thoradh ar rannpháirtíocht trádálaithe neamhchomhlachaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(349) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'iarr Rialtas na Seapáine míniú ar ríomh an chorrlaigh dumpála agus chuir sé i bhfios go láidir gur chuir an nochtadh teoranta maidir leis an ngné sin, mar aon leis an tréimhse ghearr, cosc air dearcadh mionsonraithe a chur in iúl.

(350) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún ríomhanna rúnda a bhaineann go sonrach le cuideachta a nochtadh d'aon pháirtí seachas an chuideachta atá i gceist. Nochtadh an corrlach dumpála a d'eascair as ríomh den sórt sin agus an míniú ar na hathruithe do na páirtithe leasmhara uile. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go ndéanfaí difear don fhéidearthacht barúlacha ó pháirtithe eile a sholáthar toisc nár nochtadh ríomh an chorrlaigh dumpála aonair.

(351) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe cinntitheacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	54,7

(352) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Sa chás seo, áfach, níor shampláil an Coimisiún ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tSeapáin. Dá bhrí sin, chomhfhreagair an corrlach sin do chorrlach an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte.

(353) Ar an mbonn sin, is é 54,7 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(354) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSeapain, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(355) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 97 % de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, méid a suíodh ar bhonn fhigiúirí Eurostat mar a mhínítear in aithrisí (832) agus (833). Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici. Ós rud é nár sampláladh ach cuideachta amháin, socraítear an corrlach dumpála le haghaidh cuideachtaí neamh-chomhoibríocha ar leibhéal an chorrlaigh dumpála don chuideachta sin.

([102]) Breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, an Coimisiún Eorpach *v Hansol Paper Co. Ltd*, C-260/20, ECLI:AE:C:2022:370.

(356) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	54,7
Cuideachtaí comhoibríocha eile	54,7
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Seapáine	54,7

3.4. **An Téaváin**

3.4.1. *Staid margaidh áirithe: éifeacht 'brú amach'*

3.4.1.1. Anailís

(357) Chun scrúdú a dhéanamh ar staid margaidh áirithe líomhnaithe a bheith i margadh na Téaváine mar gheall ar éifeacht 'brú amach' allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne, mar a thugtar air, rinne an Coimisiún an anailís seo a leanas: ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar a mhéid a bhí allmhairí Síneacha ag dul i bhfód ar mhargadh intíre na Téaváine le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i dtéarmaí méide; ar an dara dul síos, bhreathnaigh an Coimisiún ar na sciartha den mhargadh atá ag táirgeoirí intíre faoi seach i gcomparáid le hallmhairí na Síne agus allmhairí tríú tír eile i margadh intíre na Téaváine; ar an tríú dul síos, bhreathnaigh an Coimisiún ar na praghsanna i margadh intíre na Téaváine. Rinne an Coimisiún anailís ansin ar aon fhaisnéis eile a bhí ar fáil ar comhad maidir le tionchar allmhairí na Síne ar mhargadh intíre na Téaváine, lena n-áirítear, má tá sí ar fáil, brabúsacht na dtáirgeoirí intíre ar dhíolacháin intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(358) D'eisigh an Coimisiún ceistneoir d'údaráis na Téaváine. Ina anailís, bhí an Coimisiún ag brath ar tháscairí ar leibhéal na tíre ar fad arna soláthar ag údaráis na Téaváine, agus, má tá siad ar fáil agus ábhartha, ar leibhéal na cuideachta freisin arna soláthar ag an ngrúpa sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin, atá comhdhéanta de China Steel Corporation ('CSC') agus Chung Hung Steel Corporation ('CHS' agus, in éineacht le CSC, 'Grúpa CSC'). Fíoraíodh an dá thacar táscairí ar an láthair, mar a léirítear in aithris (106).

(359) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún gur measadh ní hamháin go raibh Grúpa CSC ionadaíoch, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach ag céim na samplála, ar mhéid na n-onnmhairí, ach freisin, bunaithe ar na sonraí a fíoraíodh le linn an imscrúdaithe, a bhí cothrom le [90-100 %] de mhéid díolachán intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'áirithigh díolacháin intíre den sórt sin do Ghrúpa CSC sciar [40-50 %] den mhargadh le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé go ndearna an Coimisiún a anailís ar leibhéal na tíre agus ar leibhéal an ghrúpa shampláilte araon, léiríonn na méadrachtaí sin go bhfuil Grúpa CSC ionadaíoch ar na táirgeoirí intíre sa Téaváin, agus dá bhrí sin, ar bhonn níos ginearálta, ar an staid sa mhargadh intíre sa Téaváin.

3.4.1.1.1. An margadh intíre: méid

(360) Ar dtús, rinne an Coimisiún anailís ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin mar a thuairiscigh údaráis na Téaváine ar bhonn díolacháin intíre agus allmhairí.

(361) Tháinig forbairt ar thomhaltas sa Téaváin mar a leanas:

Tábla 7

Tomhaltas sa Téaváin (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas sa Téaváin	1 153 906	988 966	1 200 354	1 173 152
Innéacs	*100*	*86*	*104*	*102*

Foinse: Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine.

(362) Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, bhí tomhaltas sa Téaváin fós cobhsaí. Idir 2022 agus 2023, áfach, tháinig laghdú géar -14 % ar thomhaltas, agus tháinig méadú géar 21 % air ina dhiaidh sin idir 2023 agus 2024.

(363) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach sa Téaváin:

Tábla 8

Cainníocht na n-allmhairí isteach sa Téaváin (tonaí)

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na n-allmhairí, ar de sin:	Cainníocht na n-allmhairí	410 860	404 609	595 439	577 982
	Innéacs	*100*	*98*	*145*	*141*
1. Daon-Phoblacht na Síne	Cainníocht na n-allmhairí	290 308	312 976	448 773	447 631
	Innéacs	*100*	*108*	*155*	*154*
2. An Chóiré	Cainníocht na n-allmhairí	57 774	54 969	102 403	89 346
	Innéacs	*100*	*95*	*177*	*155*
3. an tSeapáin	Cainníocht na n-allmhairí	61 878	34 662	43 597	40 456
	Innéacs	*100*	*56*	*70*	*65*

Foinse: Sonraí custaim na Téaváine.

(364) Léiríonn sonraí allmhairiúcháin gur tháinig méadú 41 % ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach sa Téaváin idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn an méadú mór sin cheana féin, má chuirtear i gcomparáid é leis an méadú níos lú 2 % ar thomhaltas le linn na tréimhse céanna, gur sciar níos mó den mheascán tomhaltais a bhí in allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022. Ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan an tSín go comhsheasmhach agus go mór fada ar an gcéad fhoinse d'allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta isteach sa Téaváin, a bhí cothrom le níos mó ná 77 % de na hallmhairí uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(365) Thairis sin, ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 54 % ar allmhairí ón tSín. Cé go bhfuil ráta an mhéadaithe sin beagán níos ísle ná an méadú 55 % ar an dara foinse allmhairí is mó, an Chóiré, tá na méideanna an-difriúil. Go deimhin, shroich allmhairí ón tSín 477 631 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid le 89 346 tona amháin de thionscnamh na Cóiré. Tá méadú den sórt sin níos mó fós i gcomparáid leis an laghdú ar allmhairí ón tríú foinse allmhairí is mó, an tSeapáin, ar tháinig laghdú 35 % ar a hallmhairí ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

(366) Thairis sin, níor lean treocht ghinearálta na n-allmhairí ón tSín treocht ghinearálta na n-allmhairí i gcónaí. Go deimhin, nuair a tháinig laghdú -2 % ar allmhairí foriomlána idir 2022 agus 2023, tháinig méadú 8 % ar allmhairí ón tSín. Ina dhiaidh sin, nuair a tháinig méadú níos mó ná 40 % ar allmhairí foriomlána ón tSín idir 2023 agus 2024, carnadh an méadú ar allmhairí ón tSín sa bhreis ar an méadú an bhliain roimhe sin. Ansin, ó 2024 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú beag ar allmhairí foriomlána ón tSín araon.

(367) Ina fhreagra ar an gceistneoir, mhínigh údaráis na Téaváine go bhfuil toirmeasc ar allmhairiú i bhfeidhm ag an Téaváin ar tháirgí áirithe a thagann faoin táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne ([103]). Baineann an toirmeasc ar allmhairiú le 21 chód custaim as na 57 gcód custaim ar leibhéal 10 ndigit faoina n-aicmítear an táirge faoi imscrúdú de réir tharaif chustaim na Téaváine. Mar sin féin, féadfaidh táirgí atá faoi réir toirmeasc ar allmhairiú den sórt sin cead speisialta a fháil chun iad a allmhairiú mura dtáirgtear sa bhaile iad, nó má tá gá leo chun críoch speisialta, nó má tá siad le hallmhairiú i gcainníochtaí beaga. Bunaithe ar na sonraí maidir le hallmhairí ó tSín, is cosúil nár chuir toirmeasc ar allmhairiú den sórt sin stop le hallmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín ná nár chuir sé cosc ar a méadú. Deimhnítear é sin ós rud é, as na 21 chód a bhfuil toirmeasc ar allmhairí isteach sa Téaváin, gur taifeadadh allmhairí ón tSín faoi 10 gcód ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ([104]).

(368) D'fhorchuir an Téaváin bearta cosanta trádála freisin ar allmhairí táirgí cruach áirithe de thionscnamh na Síne, bunaithe ar ghearáin arna dtaisceadh ag tionscal na Téaváine, ach ní ar an táirge lena mbaineann. Sa chinneadh críochnaitheach maidir le díobháil atá ar fáil go poiblí d'imscrúdú frithdhumpála a rinneadh le déanaí ar tháirgí cothroma de chruach teorollta áirithe – ar táirge réamhtheachtach iad i dtáirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta – de thionscnamh na Síne, a tionscnaíodh ar bhonn gearán a thaisc CSC freisin, shuigh údaráis na Téaváine, bunaithe ar fhianaise an cháis, 'go raibh saincheist ró-acmhainneachta os comhair na Síne le fada. [...] Tá a mhargadh intíre ag dul i ngleic le neamhréireanna móra idir an soláthar agus an t-éileamh, rud a spreag go leor muilte cruach rótháirgeacht a dhumpáil isteach i margaí idirnáisiúnta (go háirithe margaí comharsanacha amhail [...] an Téaváin) ar phraghsanna ísle, rud a raibh tionchar mór aige ar thionscail chruach tíortha éagsúla' ([105]).

(369) An tráth céanna, is mar a leanas a tháinig forbairt ar dhíolacháin intíre an táirge faoi imscrúdú sa Téaváin:

Tábla 9

Cainníocht na ndíolachán intíre (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán intíre ar mhargadh na Téaváine (gan allmhairí a áireamh), lena n-áirítear:	743 046	584 357	604 915	595 170
Innéacs	*100*	*79*	*81*	*80*
— Grúpa CSC	[600-700 000]	[450-550 000]	[500-600 000]	[490-590 000]
Innéacs	*100*	*73*	*83*	*79*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir ó Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine agus ó Ghrúpa CSC.

(370) Níorbh fhéidir díolacháin faoi chuing a leithscaradh laistigh de na sonraí intíre foriomlána agus, de réir údaráis na Téaváine, áirítear iad sna sonraí sin. Bhí sé sin comhsheasmhach leis na sonraí díolacháin intíre a thuairiscigh Grúpa CSC, lena n-áirítear díolacháin faoi chuing.

([103]) Is é an Rialachán lena rialaítear trádáil idir limistéar na Téaváine agus limistéar na Mórthíre an bunús dlí le haghaidh toirmeasc ar allmhairiú den sórt sin.

([104]) Cé go bhfuil an toirmeasc ar allmhairiú bunaithe ar leibhéal 11 dhigit, ní fhéadfaí an chomparáid a dhéanamh ach ar leibhéal 10 ndigit toisc gur taifeadadh sonraí allmhairiúcháin ar leibhéal 10 ndigit. Ba iad na sonraí allmhairiúcháin a úsáideadh le haghaidh na comparáide na sonraí custaim céanna de chuid na Téaváine a úsáideadh chun cainníocht na n-allmhairí a shuí.

([105]) Final Industrial injury Investigation Report for the anti-dumping investigation applied by China Steel Corporation and Dragon Steel Corporation for the imposition of anti-dumping duties and provisional anti-dumping duties on imports of certain hot-rolled flat steel products originating in the People's Republic of China, fonóta 54, tá an t-athfhriotal meaisínaistrithe ón mbunleagan, https://traderemedy.trade.gov.tw/web/main/case/wfrmTradeCases.aspx?menu_id=1522&caseid=108&datatype=3&progkind=2.

(371) Ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 20 % ar dhíolacháin intíre agus léirigh díolacháin intíre Ghrúpa CSC laghdú comhchosúil. Má chuirtear é sin i gcomparáid leis an méadú beag 2 % ar thomhaltas agus leis an méadú níos mó 41 % ar allmhairí, is léir gur tháinig allmhairí in ionad díolacháin intíre.

(372) Tá sé sin níos soiléire fós nuair a bhreathnaítear ar an éagsúlacht méideanna idir an dá chomhpháirt tomhaltais, allmhairí agus díolacháin intíre.

Tábla 10

Athrú méide na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre (tonaí)

	2022 go 2023	2023 go 2024	2024 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas, lena n-áirítear:	-164 940	+ 211 388	-27 202
1. Allmhairí isteach sa Téaváin, lena n-áirítear:	-6 251	+ 190 830	-17 457
— Allmhairí ón tSín	+ 22 668	+ 135 797	-1 142
2. Díolacháin intíre, lena n-áirítear:	-158 689	+ 20 558	-9 745
— Grúpa CSC	-[150-200 000]	+[30-80 000]	-[0-50 000]

Foinse: Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine, sonraí custaim na Téaváine agus freagra CSC ar an gceistneoir.

(373) Ó 2022 go 2023, tháinig laghdú mór ar dhíolacháin intíre mar gheall ar an laghdú mór ar thomhaltas. D'ainneoin laghdú ar thomhaltas, agus d'ainneoin allmhairí foriomlána laghdaithe, tháinig méadú ar allmhairí ón tSín. Nuair a tháinig feabhas arís ar an tomhaltas an bhliain dár gcionn, bhain allmhairí na Síne an leas is mó as an méadú sin, chun dochair do tháirgeoirí na Téaváine nach raibh a méadú ar dhíolacháin ach teoranta agus díréireach leis an méadú ar thomhaltas. Ag féachaint ar ghnóthachain agus caillteanais allmhairí ón tSín agus ar dhíolacháin intíre idir 2022 agus 2024, tá siad beagnach siméadrach: + 158 465 tona i gcás allmhairí Síneacha i gcomparáid le - 138 131 i gcás thionscal na Téaváine.

(374) Is fearr is féidir an dinimic sin a bhaineann le hionadú díolachán intíre ag allmhairí Síneacha a thabhairt faoi deara nuair a chuirtear na méideanna i gcomparáid leis an tomhaltas agus nuair a shloinntear iad i dtéarmaí sciartha den mhargadh.

Tábla 11

An sciar den mhargadh (%)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Allmhairí, lena n-áirítear:	35,6	40,9	49,6	49,3
1. Daon-Phoblacht na Síne	25,2	31,6	37,4	38,2
2. An Chóiré	5,0	5,6	8,5	7,6
3. an tSeapáin	5,4	3,5	3,6	3,4
Díolacháin intíre, lena n-áirítear:	64,4	59,1	50,4	50,7
— Grúpa CSC	[55-65]	[45-55]	[40-50]	[40-50]

Foinse: Freagra údaráis na Téaváine agus Ghrúpa CSC ar an gceistneoir.

(375) Maidir leis an sciar den mhargadh, chomhfhreagair an méadú 13,7 pointe céatadáin ar allmhairí ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin do laghdú 13,7 pointe céatadáin go beacht freisin ar mhéid na ndíolachán intíre, agus lean an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte Grúpa CSC an treocht chéanna faoi thart ar [-15] phointe céatadáin. Ba é an méadú 13,7 pointe céatadáin ar allmhairí ón tSín ba chúis leis an méadú 13,0 pointe céatadáin den chuid is mó.

(376) Ní mór a thabhairt faoi deara, idir 2024 agus an tréimhse imscrúdúcháin, gur mhéadaigh allmhairí na Síne a sciar den mhargadh d'ainneoin an laghdaithe ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na foinsí eile agus ó allmhairí foriomlána. Bhí an méadú 0,8 pointe céatadáin sin níos airde ná an méadú 0,3 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag na táirgeoirí intíre, a raibh Grúpa CSC ailínithe leis.

(377) Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún, i dtéarmaí méide, gur mhéadaigh allmhairí na Síne a sciar den mhargadh sa Téaváin chun dochair do dhíolacháin intíre.

3.4.1.1.2. An margadh intíre: praghsanna

(378) Thug an Coimisiún faoi deara ansin forbairt na bpraghsanna i margadh intíre na Téaváine. Go háirithe, rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna aonaid na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre.

(379) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar phraghas aonaid na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre:

Tábla 12

Praghsanna díola sa Téaváin (TWD/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas allmhairiúcháin aonaid isteach sa Téaváin (CAL), lena n-áirítear:	28 921	22 831	22 178	20 539
Innéacs	*100*	*79*	*77*	*71*
1. Allmhairí ón tSín	26 564	21 166	19 817	18 198
Innéacs	*100*	*80*	*75*	*69*
2. Allmhairí ón gCóiré	27 866	22 305	24 493	23 713
Innéacs	*100*	*80*	*88*	*85*
3. Allmhairí ón tSeapáin	39 294	37 467	39 682	38 348
Innéacs	*100*	*95*	*101*	*98*
An meánphraghas díola intíre aonaid sa Téaváin ([1]), lena n-áirítear:	28 805	24 362	24 263	23 190
Innéacs	*100*	*85*	*84*	*81*
— Grúpa CSC ([2])	[27-29 000]	[23-25 000]	[23-25 000]	[22-24 000]
Innéacs	*100*	*85*	*84*	*81*

([1]) Féadfaidh 0,5 %-1,2 % de lasta intíre a bheith san áireamh sa mheánphraghas díola intíre aonaid sa Téaváin. Tuairiscítear iad gan aon choigeartú le haghaidh lasta intíre, áfach, toisc, in aon chás, go bhfuil an anailís agus an chonclúid fós deimhnithe fiú le praghsanna coigeartaithe.

([2]) Glanmhéid an lasta intíre.

Foinse: Sonraí custaim na Téaváine, freagra ar an gceistneoir ó Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine agus ó Ghrúpa CSC.

(380) Léiríodh sna hanailísí ar phraghsanna, seachas in 2022, nuair a rinneadh praghsanna allmhairiúcháin foriomlána agus praghsanna intíre a ailíniú, go raibh praghsanna allmhairiúcháin foriomlána níos ísle ná praghsanna intíre ó 2023 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

(381) Go sonrach, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna intíre, lena n-áirítear praghsanna Ghrúpa CSC, ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, tá siad faoi bhun phraghas na n-allmhairí de thionscnamh an dá fhoinse eile is mó, an Chóiré agus an tSeapáin.

(382) Léirigh praghsanna allmhairiúcháin na Síne an laghdú ba mhó freisin, le laghdú –31 % ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid le laghdú –15 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Cóiré agus laghdú –2 % ar phraghsanna allmhairiúcháin na Seapáine. Mar gheall ar a méid mór, spreag praghsanna allmhairiúcháin na Síne an laghdú –19 % ar phraghsanna allmhairiúcháin foriomlána idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú níos mó ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne i gcomparáid le praghsanna intíre freisin, lena n-áirítear praghsanna Ghrúpa CSC, a léirigh laghdú –19 % ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

(383) Lean praghsanna an tionscail intíre praghsanna allmhairiúcháin na Síne sa treocht anuas. Mar thoradh ar an difríocht leanúnach sa phraghas idir praghsanna allmhairiúcháin na Síne agus praghsanna intíre, mhéadaigh allmhairí na Síne a sciar den mhargadh de réir a chéile agus go comhsheasmhach ó 25,2 % in 2022, go 31,6 % in 2023, go 37,4 % in 2024, go 38,2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí intíre na Téaváine, nach raibh in ann a bpraghsanna a ísliú go leor chun praghsanna allmhairiúcháin na Síne a mheaitseáil, ó 64,4 % in 2022 go 50,7 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(384) Chruthaigh an méadú ar allmhairí ón tSín isteach sa Téaváin brú anuas mór ar na praghsanna intíre, rud a chuir iallach ar tháirgeoirí intíre a mbrabúis a laghdú. Bhí sé sin follasach agus anailís á déanamh ar éabhlóid bhrabúsacht an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte.

Tábla 13

Brabúsacht na ndíolachán intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Grúpa CSC	+	-	-	-
Innéacs	*100*	*- 13*	*- 24*	*- 73*

Foinse: Freagra Ghrúpa CSC ar an gceistneoir.

(385) Ag tosú ó leibhéal brabúsach in 2022, tháinig meath ar thorthaí Ghrúpa CSC maidir le caillteanais níos mó ar a dhíolacháin intíre den táirge faoi imscrúdú le custaiméirí neamhchomhlachaithe. Léirigh caillteanais Ghrúpa CSC sa tréimhse imscrúdúcháin laghdú mór ar bhrabúsacht i gcomparáid leis an gcorrlach brabúis in 2022.

(386) Is féidir brabúsacht Ghrúpa CSC atá ag dul in olcas a chur i ndáil le praghsanna laghdaitheacha Ghrúpa CSC i dTábla 6. Is féidir a thabhairt faoi deara, dá ísle na praghsanna intíre, is ea is mó na caillteanais.

(387) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh brabúis níos ísle i gceist le staid margaidh áirithe i margadh na Téaváine ná na brabúis a bhainfí amach ina héagmais.

3.4.1.2. Conclúid

(388) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna staid margaidh áirithe difear do mhargadh intíre na Téaváine mar thoradh ar allmhairí ón tSín mar gheall ar ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa tSín. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig laghdú ar phraghsanna intíre sa Téaváin agus gur tháinig meath ar bhrabúsacht intíre.

(389) Tar éis an nochta deiridh mhaígh údaráis na Téaváine, maidir leis an anailís ar an sciar den mhargadh agus ar leibhéil praghsanna allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta isteach sa Téaváin ón tSín, nach raibh sí leordhóthanach chun a shuí go raibh staid margaidh áirithe ann. Ina theannta sin, mhaígh údaráis na Téaváine go raibh roinn 3.1 den Rialachán seo ag brath ar na maímh a chuir an gearánach i láthair agus nár suíodh aon toradh nua san imscrúdú. Líomhain siad freisin nár shuigh an Coimisiún an dóigh a bhfuil éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne ina staid margaidh áirithe. De réir údaráis na Téaváine, bhí sciartha den mhargadh agus praghsanna mar thoradh ar staid margaidh áirithe, rud ba cheart a shuí ar dtús.

(390) Thug an Coimisiún dá aire go leagtar amach go deimhin i roinn 3.1 den Rialachán seo líomhaintí an ghearáin. Áirítear i roinn 3.4 ansin an anailís le haghaidh na Téaváine. Áirítear ann, go háirithe i ranna 3.4.1 agus 3.4.2, an dóigh a bhfuil éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne ina staid margaidh áirithe. Anuas ar an sciar den mhargadh agus praghsanna, áiríodh allmhairí, tomhaltas agus brabúsacht freisin in anailís an Choimisiúin. Ba ar bhonn na dtáscairí sin uile, a tháinig ó fhreagra Údaráis na Téaváine ar cheistneoir sonrach a sheol an Coimisiún mar a mhínítear in aithris (103) agus a fíoraíodh ar an láthair mar a mhínítear in aithris (106), a rinne an Coimisiún anailís ar staid margaidh áirithe a bheith ann. Níor mhínigh údaráis na Téaváine cén fhianaise ná cé na táscairí eile ba cheart don Choimisiún a úsáid chun an staid margaidh áirithe a shuí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(391) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa CSC nach mbaineann an staid margaidh áirithe atá i gceist go sonrach leis an Téaváin ach gur feiniméan domhanda a bhí ann agus thagair sé do shleachta éagsúla den doiciméad um nochtadh ginearálta agus de Rialachán (AE) 2026/1384 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([106]). Thagair údaráis na Téaváine freisin do dhoiciméid ullmhúcháin agus do dhoiciméid a ghabhann leis an rialachán deireanach sin agus do thuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach (mar a shainmhínítear in aithris (440)). Dúirt siad freisin gur i ndáil leis an Téaváin amháin a indibhidiúlaíodh agus a sonraíodh an feiniméan domhanda sin ach nach raibh sé dírithe ar mhargadh intíre na Téaváine.

(392) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é an staid margaidh áirithe a líomhnaíodh éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne, agus ní ró-acmhainneacht dhomhanda, rud a dtéitear i ngleic leis i Rialachán (AE) 2026/1384. An t-aon chás inar pléadh ró-acmhainneacht dhomhanda sa Rialachán sin, thagair sé don ró-acmhainneacht dhomhanda mar thoisc eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais, in aithrisí (961) go (970). Tuarascálacha ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, bhí siad ina dtagarmharc do bhrabúsacht laghdaithe thionscal na Téaváine. Thairis sin, tar éis na hanailíse a rinne an Coimisiún sna tíortha uile lena mbaineann, ba sa Téaváin amháin a bhí éifeacht 'brú amach' ag ró-acmhainneacht Síne. Rinne an Coimisiún imscrúdú mar sin féin ar na tíortha uile ar ina leith a líomhnaíodh éifeacht 'brú amach' a bheith ag ró-acmhainneacht na Síne. Dá bhrí sin, ina measc siúd, bhain an staid margaidh áirithe go sonrach leis an Téaváin agus léi sin amháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(393) Mhaígh Grúpa CSC freisin go raibh an t-idirdhealú idir ró-acmhainneacht dhomhanda agus ró-acmhainneacht na Síne saorga, toisc gurbh í an ró-acmhainneacht féin ba chúis leis an staid margaidh líomhnaithe, rud a bhí ina fhadhb dhomhanda.

(394) Ní dhearna an Coimisiún anailís ach ar éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne i margadh na Téaváine, arbh é sin an staid margaidh áirithe a líomhnaíodh. Deimhníodh san anailís go raibh éifeacht 'brú amach' go deimhin ag ró-acmhainneacht na Síne i margadh na Téaváine. Ní raibh an éifeacht 'brú amach' sin ann de dheasca ró-acmhainneacht dhomhanda, ach de dheasca ró-acmhainneacht na Síne amháin, agus bhain sí go sonrach leis an Téaváin, mar is léir ón bhfíoras, bunaithe ar allmhairí Síneacha a bheith ag dul i bhfód ar an margadh sna cúig thír lena mbaineann, gurbh í an Téaváin an t-aon tír inar imríodh allmhairí na Síne tionchar suntasach ar an margadh intíre. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(395) Mhaígh údaráis na Téaváine gurb é ba cheart a bheith mar thaca leis an toradh go bhfuil staid margaidh áirithe ann fianaise shoiléir oibiachtúil lena léirítear gur ann d'idirghabháil Stáit as a n-eascraíonn saobhadh margaidh a dhéanann difear do phraghsanna nó do chostais táirgthe sa mhargadh intíre, mar a léirítear i gcleachtas an Choimisiúin roimhe seo ([107]).

([106]) Rialachán (AE) 2026/1384 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 (IO L, 2026/1384, 24.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1384/oj).

([107]) Tuarascáil ón bpainéil, *EU – Cost Adjustment Methodologies II (Russia)*, mír 7.40.

(396) Agus staid margaidh áirithe á suí a bheith ann, mheas an Coimisiún nárbh í an toisc chinntitheach cineál na staide féin (i.e., cé acu a d'eascair nó nár eascair sí as tionchar rialtais) ach an éifeacht a bhí aici agus an tionchar a d'imir sí ar an margadh. Sa chás atá idir lámha, níorbh í ró-acmhainneacht na Síne inti féin an staid margaidh áirithe ach an éifeacht 'brú amach' a bhí ag an ró-acmhainneacht sin ar mhargadh intíre na Téaváine. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(397) Mhaígh údaráis na Téaváine freisin, de réir loighic an Choimisiúin gur ann do staid margaidh áirithe nuair a bhíonn brú ard allmhairiúcháin ann agus tionchar ar phraghsanna intíre agus ar bhrabúsacht, go ndéanfadh aon údarás imscrúdúcháin a shuíonn go ndearnadh díobháil dá thionscal intíre de dheasca allmhairí dumpáilte a admháil go hintuigthe gur ann do staid margaidh áirithe ar a mhargadh intíre féin.

(398) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Ar an gcéad dul síos, níor suíodh leis an imscrúdú seo gur dumpáladh allmhairí Síneacha isteach sa Téaváin, ach go ndearnadh iad ar phraghsanna ísle ó tharla gur imir ró-acmhainneacht tionchar orthu agus an méid sin amháin. Ar an dara dul síos, ní hé an staid margaidh áirithe an díobháil a rinneadh do thionscal intíre na Téaváine ach an éifeacht 'brú amach' atá ag allmhairí Síneacha. D'easáitigh an éifeacht 'brú amach' na méideanna díolachán intíre agus chuir sí brú anuas ar phraghsanna intíre, rud a bhrúigh díolacháin i dtreo an mhargaidh onnmhairiúcháin mar ar díoladh iad ar phraghsanna dumpáilte san Aontas, rud a rinne díobháil do thionscal an Aontais.

(399) Thairis sin, mhaígh údaráis na Téaváine go ndearnadh neamhaird in anailís an Choimisiúin ar dhá choinníoll shonracha a bhaineann le margadh intíre na Téaváine.

(400) Ba é an chéad choinníoll go líomhnaítear go raibh treocht phraghsanna intíre na Téaváine ag teacht leis an treocht sa Tuirc agus i Vítneam. Léireodh sé sin nach feiniméan aonarach a bhí sa laghdú ar phraghsanna i margadh intíre na Téaváine a bhí inchurtha i leith dálaí a bhaineann go sonrach le margadh na Téaváine, ach go raibh an laghdú sin mar chuid de chor chun donais níos leithne a rinne difear do phraghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar fud an domhain.

(401) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh na sonraí a chuir údaráis na Téaváine i láthair gurbh é –16 % an laghdú ar phraghsanna intíre na Téaváine le linn na tréimhse imscrúdúcháin, laghdú níos géire ná an laghdú ar phraghsanna intíre sa Tuirc (–7 %), i Vítneam (–9-11 %) agus sa Chóiré (–13 %), a n-áiríodh a sonraí ann freisin. Go deimhin, ba i gcás na Téaváine amháin a deimhníodh staid margaidh áirithe a bheith ann leis an anailís a rinne an Coimisiún. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(402) Rinne údaráis na Téaváine comparáid freisin idir praghsanna onnmhairiúcháin na Téaváine chuig an Aontas agus praghsanna onnmhairiúcháin gach tíre (gan an Téaváin a áireamh) chuig an Aontas agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas ó na tíortha uile nach mbaineann le hábhar. Mhaígh údaráis na Téaváine gur lean siad an treocht chéanna agus go raibh siad ag teacht le chéile ar an mórgóir.

(403) Ar dtús, mheas an Coimisiún go ndearna an staid margaidh áirithe difear do mhargadh intíre na Téaváine, mar sin ní dócha go dtiocfaidh comparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin salach ar an gcinneadh go bhfuil staid margaidh áirithe ann. In aon chás, ar mhaithe le hiomláine, thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna onnmhairiúcháin na Téaváine chuig an Aontas níos ísle go comhsheasmhach ná an dá phraghas eile ó 2021 go 2024 agus na blianta san áireamh, agus nár shroich siad leibhéal beagán níos airde ná an dá phraghas eile go dtí 2025. Dá bhrí sin, dá léireodh praghsanna onnmhairiúcháin tionchar na staide margaidh áirithe, *quod non*, léireodh na sonraí sin, ó bhí 2021 ann agus ar feadh cuid den tréimhse imscrúdúcháin ar a laghad, go ndearnadh difear sonrach do phraghsanna onnmhairiúcháin na Téaváine chuig an Aontas. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(404) An dara coinníoll a líomhain údaráis na Téaváine go ndearna an Coimisiún neamhaird air is ea gur de réir cineálacha táirgí arna ndíol ag tionscal intíre na Téaváine ina méideanna laghdaithe a rinneadh an chuid is mó d'allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne isteach sa Téaváin. Dá réir sin, mhaígh údaráis na Téaváine gur bhain an difríocht ollmhór sa mheascán táirgí an bonn de mheasúnú an Choimisiúin agus, i bhfianaise na ndeighleog margaidh ar leithligh ina n-oibríonn gach ceann d'allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne, go raibh na hallmhairí sin mar chomhlánú ar thairiscint táirgí tháirgeoirí na Téaváine seachas ina bhfoinse iomaíochta dóibh.

(405) I ndáil leis an difríocht a mhaítear a bheith sa mheascán táirgí, thug an Coimisiún dá aire gur tuairiscíodh sna taifid ar an bhfíorú ag CSC gur dócha go ndéanfadh siad siúd sa Téaváin a cheannaíonn táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta neamhainéalta de thionscnamh na Síne na táirgí sin a ainéaladh. Bunaithe air sin, mheas an Coimisiún gur dócha gur amhábhar malartach ní ba shaoire a bhí i dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta neamhainéalta ná táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ainéalta. In aon chás, níor léirigh na sonraí a thuairiscigh údaráis na Téaváine nach raibh allmhairí Síneacha in iomaíocht le táirgeadh intíre na Téaváine, ach gur chaill na táirgeoirí Téavánacha an iomaíocht. Rud a dheimhníonn é sin is ea gur tháinig méadú i bhfad níos mó ar an sciar den mhargadh ag allmhairí Síneacha (Tábla 11) agus ar mhéideanna na n-allmhairí sin (Tábla 10) ná an méadú a tháinig ar thomhaltas (Tábla 7) ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní hé gur bhain allmhairí Síneacha leas as deighleog nua neamhshaothraithe den mhargadh nach raibh táirgeoirí na Téaváine ag freastal uirthi, ach gur easáitigh na hallmhairí sin díolacháin intíre a bhí ag soláthar don deighleog roimhe sin. Go deimhin, tháinig laghdú an-mhór ar dhíolacháin intíre thionscal na Téaváine ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin (Tábla 10). Rinne an Coimisiún tuilleadh breithnithe sa fhrisnéis in aithris (444). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(406) Thairis sin, mhaígh Grúpa CSC nár imir staid an mhargaidh tionchar ar dhíolacháin táirgeoirí áirithe sa Téaváin agus orthu sin amháin, ach ar na táirgeoirí cruach uile sa Téaváin. Dheimhneofaí é sin le bearta cosanta trádála na Téaváine i leith táirgí cruach áirithe ón tSín, arna bhforchur mar gheall ar ró-acmhainneacht sa tSín, agus le haithris (412).

(407) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé anailís ar tháirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin agus orthu sin amháin agus go bhfuil an tagairt do 'thionscal intíre na Téaváine ina iomláine' in aithris (412) ag tagairt do thionscal táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Téaváine, seachas do Ghrúpa CSC. Níor líomhnaíodh ná ní dhearnadh anailís san imscrúdú seo ar ró-acmhainneacht na Síne i ndáil le táirgí cruach eile ná ar an éifeacht 'brú amach' aici sa Téaváin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(408) D'athdhearbhaigh CSC na maímh a leagtar amach in aithrisí (391), (393) agus (406), agus a dtugtar aghaidh orthu in aithrisí (392), (394) agus (407), ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh na hábhair sin faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(409) Dheimhnigh an Coimisiún dá bhrí sin an chonclúid ar tháinig sé uirthi in aithris (388).

3.4.2. *Comparáid cheart*

(410) Rinne an Coimisiún measúnú féachaint an bhféadfaí comparáid cheart a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin Ghrúpa CSC toisc gur ann do staid margaidh áirithe de bhun Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán. Chuige sin, rinne an Coimisiún measúnú ar éifeacht choibhneasta staide margaidh áirithe ar dhíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin.

(411) Chinn an Coimisiún go bhfuil na dálaí iomaíochta sa Téaváin agus san Aontas an-difriúil agus, dá bhrí sin, go bhfágann éifeacht staide margaidh áirithe go bhfuil praghsanna díolacháin intíre míchuí i gcomparáid leis na praghsanna díolacháin onnmhairiúcháin ag Grúpa CSC.

(412) An borradh ar allmhairí ón tSín a shroich 38,2 % den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinne sé difear don mhargadh le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin, margadh a raibh tomhaltas 1 173 152 thona aige le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuaigh chun dochair don tionscal intíre sa Téaváin ar tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh go 50,7 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba é an grúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, Grúpa CSC, an gníomhaí intíre ba mhó sa Téaváin agus tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh freisin go [40-50 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Breathnaíodh an patrún sin le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dealraíonn sé go ndearna staid margaidh áirithe difear don ghrúpa sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin agus do thionscal intíre na Téaváine ina iomláine, a bhfuil Grúpa CSC ionadaíoch air ar aon nós. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil tionchar mór ag staid margaidh áirithe ar phraghsanna intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(413) Murab ionann agus margadh na Téaváine, áit a bhfuil láithreacht nach beag ag allmhairí Síneacha atá ollmhór i gcomparáid le tíortha soláthair eile, is saintréith de mhargadh an Aontais do tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, le tomhaltas i bhfad níos mó de 7 274 722 sa saormhargadh amháin, meascán de tháirgeoirí de chuid an Aontais agus allmhairí ó roinnt tíortha, mar a léirítear i ranna 4.1, 4.4 agus 5.2 thíos. Go deimhin, ba é 38 % an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín isteach sa Téaváin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus gan aon tír soláthair eile gar dá laghad don méid sin, agus san Aontas is 34 % den mhargadh a bhí sna hallmhairí uile le chéile agus ní raibh sciar den mhargadh os cionn 8 % ag aon tír aonair agus bhí allmhairí diomaibhseacha ón tSín i gceist leo. Go deimhin, ó bhí 2016 ann, d'fhorchuir an tAontas dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne ([108]). Dá bhrí sin, tá na dálaí iomaíochta a spreagann leibhéil na bpraghsanna sa dá mhargadh an-difriúil.

(414) Deimhnítear le comparáid idir meánleibhéal na bpraghsanna a ghearrann na gníomhaithe uile san Aontas agus praghsanna allmhairí ón tSín isteach sa Téaváin go bhfuil dálaí iomaíochta éagsúla ann. Go deimhin, san Aontas, tá tionscal na Téaváine in iomaíocht le praghsanna i bhfad níos airde ná praghsanna na n-allmhairí ón tSín a bhfuil sé in iomaíocht leo ina mhargadh intíre.

Tábla 14

Comparáid praghsanna idir allmhairí isteach san Aontas agus sa Téaváin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	[1 020-1 095]	[825-900]	[750-825]	[675-750]
Innéacs	*100*	*80*	*73*	*69*
Meánphraghas allmhairiúcháin aonaid isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann	1 047	779	728	695
Innéacs	*100*	*74*	*70*	*66*
Meánphraghas allmhairiúcháin aonaid isteach san Aontas ó gach tríú tír, seachas na tíortha lena mbaineann	1 071	841	776	735
Innéacs	*100*	*79*	*72*	*69*
Meánphraghas allmhairiúcháin aonaid isteach sa Téaváin ón tSín	851	630	570	520
Innéacs	*100*	*74*	*67*	*61*

Foinse: Ranna 4.1, 4.4 agus 5.2 agus sonraí custaim na Téaváine arna dtuairisciú i dTábla 12 arna gcomhshó de réir ráta malairte TWD/EUR a úsáideadh san imscrúdú.

(415) Ar bhonn na ngnéithe thuasluaite uile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna staid magaidh áirithe difear éagsúil do na praghsanna intíre sa Téaváin i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cheadaigh staid margaidh áirithe comparáid cheart a dhéanamh idir na praghsanna intíre sa Téaváin agus na praghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas de réir Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán.

([108]) Ar deireadh, leanadh de bhearta frithdhumpála ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne de bhua Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068.

(416) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa CSC nár chuir an staid margaidh áirithe atá i gceist bac ar chomparáid cheart idir díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin. Go sonrach, mhaígh Grúpa CSC go raibh anailís an Choimisiúin ar chomparáid cheart neamhiomlán agus nár cuireadh san áireamh inti gur saincheist dhomhanda í an ró-acmhainneacht chruach, a bhfuil a héifeachtaí le brath san Aontas freisin. I ndáil leis sin, líomhain Grúpa CSC gur shuigh an Coimisiún sa Rialachán sin gur imir rósholáthar cruach de thionscnamh na Síne i margaí idirnáisiúnta tionchar ar tháirgeoirí cruach ar fud an domhain, lena n-áirítear an Téaváin agus an tAontas araon ([109]). Thagair Grúpa CSC freisin do Rialachán (AE) 2026/1384. Ar an gcaoi chéanna, thagair údaráis na Téaváine freisin do Rialachán (AE) 2026/1384 agus dá dhoiciméid ullmhúcháin. Mhaígh údaráis na Téaváine freisin gur léiríodh i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach gur imir éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne tionchar comhionann ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tríú tíortha, agus ar thionscal an Aontais chomh maith.

(417) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne i margadh na Téaváine, agus ní ró-acmhainneacht dhomhanda, an staid margaidh áirithe a bhí i gceist. Bhí Grúpa CSC ag brath ar chuid den Rialachán ([110]) sin atá dírithe ar ró-acmhainneacht dhomhanda mar thoisc eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais, in aithrisí (961) go (963), agus ní ar an staid margaidh áirithe ná ar an anailís uirthi. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur ró-acmhainneacht dhomhanda é an feiniméan atá i gceist i Rialachán (AE) 2026/1384, seachas an éifeacht 'brú amach' ag ró-acmhainneacht na Síne. Mar sin féin, sa sliocht beacht a luaigh Grúpa CSC, tá tagairt ann do 'allmhairí ó thíortha a bhfuil ró-acmhainneacht acu, nó [...] éifeacht "brú amach"' na n-allmhairí ó na tíortha sin. Rinneadh anailís shonrach san imscrúdú seo ar éifeacht 'brú amach' na n-allmhairí Síneacha a ndéanann ró-acmhainneacht difear dóibh agus suíodh gur staid margaidh áirithe é sa Téaváin. Sna tíortha eile lena mbaineann, áfach, níor shuigh an Coimisiún gur staid margaidh áirithe a bhí ann. Mar a léirítear in aithrisí (413) agus (414) agus, bhí éifeacht ag an staid margaidh áirithe sin ar mhargadh intíre na Téaváine a bhí éagsúil leis an éifeacht ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, chuir sé bac ar chomparáid cheart. Is cleachtadh difriúil é sin ón gcomparáid idir na héifeachtaí ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal na Téaváine agus ar thionscal an Aontais. In aon chás, léirigh an Coimisiún in aithris (413) nach raibh na dálaí i margadh an Aontais agus i margadh intíre na Téaváine mar an gcéanna. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(418) Mhaígh Grúpa CSC freisin nár chuir an Coimisiún san áireamh, ina anailís, éifeachtaí indíreacha na ró-acmhainneachta ar mhargadh an Aontais, amhail ar chaill na tíortha lena mbaineann sciar den mhargadh i dtríú tíortha agus ar atreoraigh siad a n-onnmhairí chuig an Aontas, nó an méadú ar an sciar den mhargadh san Aontas a fuair tríú tíortha eile (go sonrach an Chóiré agus an Úcráin) trí dhíolacháin intíre nó onnmhairiúcháin a bhí beartaithe do thríú tíortha eile a atreorú chuig an Aontas.

(419) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair grúpa CSC aon fhianaise maidir le cé acu a bhí nó nach raibh na hallmhairí sin isteach san Aontas mar thoradh ar ró-acmhainneacht. Thairis sin, ní athródh an chúis atá leis na hallmhairí sin anailís agus conclúidí an Choimisiúin in aithrisí (410) go (415), a bhí bunaithe ar an staid i margadh an Aontais mar a suíodh de réir na sonraí fíoraithe a bailíodh san imscrúdú, inar cuireadh san áireamh na hallmhairí uile isteach san Aontas.

(420) In aon chás, rinne Grúpa CSC comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh an aonaid isteach san Aontas ó thíortha nach mbaineann le hábhar agus an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh an aonaid isteach sa Téaváin ón tSín. Mhaígh Grúpa CSC gur tháinig laghdú comhchosúil ar an dá phraghas, rud a léiríonn gur imir ró-acmhainneacht dhomhanda tionchar ar na praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas.

(421) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna Grúpa CSC comparáid idir praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas agus praghsanna allmhairiúcháin isteach sa Téaváin, mar sin i dtreo cinn scríbe éagsúla. Thairis sin, tá allmhairí isteach san Aontas ón tSín, a ndéanann ró-acmhainneacht difear dóibh, san áireamh sna praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas ó thíortha nach mbaineann le hábhar. Thairis sin, rinne Grúpa CSC comparáid idir an laghdú céatadáin ar phraghsanna, seachas idir a leibhéal iarbhír. Ar deireadh, rinne an Coimisiún anailís ar éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne sna tíortha lena mbaineann agus iontu sin amháin, agus ní dhearnadh aon líomhain maidir le tríú tíortha eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([109]) Aithrisí (961) go (963).
([110]) Aithrisí (961) go (963).

(422) Ina theannta sin, rinne Grúpa CSC comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh aonaid isteach san Aontas ó thíortha nach mbaineann le hábhar agus praghsanna intíre sa Téaváin, agus mhaígh sé gur tháinig laghdú níos géire ar an bpraghas allmhairiúcháin isteach san Aontas ó thíortha nach mbaineann le hábhar ná mar a tháinig ar an bpraghas intíre sa Téaváin. De réir Ghrúpa CSC, léireodh sé sin go n-imreodh ró-acmhainneacht tionchar diúltach ar phraghsanna intíre agus onnmhairiúcháin araon, ionas gur cheart don Choimisiún an bhrabúsacht a choigeartú ar an taobh intíre agus ar an taobh onnmhairiúcháin araon.

(423) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna Grúpa CSC praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas ó thíortha eile a chur i gcomparáid le praghsanna intíre sa Téaváin, mar sin praghsanna allmhairí ar de thionscnaimh éagsúla iad agus a bhfuil cinn scríbe éagsúla acu. Thairis sin, rinne Grúpa CSC comparáid idir an laghdú céatadáin ar phraghsanna, seachas idir a leibhéal iarbhír. Thairis sin, ghlac Grúpa CSC leis go ndearna ró-acmhainneacht difear d'allmhairí isteach san Aontas ó thíortha eile ar an ábhar gur tháinig laghdú níos géire orthu ná mar a tháinig ar phraghsanna intíre sa Téaváin agus ar an ábhar sin amháin. Mar sin féin, áirítear allmhairí ón tSín ar allmhairí isteach san Aontas ó thíortha nach mbaineann le hábhar agus, mar a léirítear i dTábla 11 agus in aithrisí (412) agus (413), an ábharthacht agus an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín agus ag allmhairí ó thíortha nach mbaineann le hábhar, bhí siad an-éagsúil le chéile i margadh an Aontais agus i margadh na Téaváine. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(424) Mhaígh údaráis na Téaváine, chun a shuí nárbh féidir comparáid cheart a dhéanamh, gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeacht choibhneasta na staide margaidh áirithe ar phraghsanna intíre agus onnmhairiúcháin na Téaváine, de bhun Australia – Anti-Dumping Measures on Paper ([111]). Ba é tuairim údaráis na Téaváine go raibh éifeacht 'brú amach' ag ró-acmhainneacht na Síne a bhí ina staid margaidh áirithe a rinne difear, de thoradh a cineáil féin, do phraghsanna onnmhairiúcháin ar bhealach a bhí inchomparáide le praghsanna intíre agus gur ghá go raibh na héifeachtaí céanna ag an staid sin ar an dá cheann. Mar thaca leis sin, thug údaráis na Téaváine le fios gur léirigh torthaí an Choimisiúin laghdú suntasach ar phraghas intíre agus ar phraghas onnmhairiúcháin na Téaváine araon. I ndáil leis sin, mhaígh Grúpa CSC gur tháinig laghdú ar bhrabúsacht na ndíolachán onnmhairiúcháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe ó bhí 2022 ann, mórán mar an gcéanna leis an laghdú ar bhrabúsacht na ndíolachán intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe. De réir Ghrúpa CSC, léireodh sé sin go n-imreodh ró-acmhainneacht tionchar diúltach ar phraghsanna intíre agus onnmhairiúcháin araon, ionas gur cheart don Choimisiún an bhrabúsacht a choigeartú ar an taobh intíre agus ar an taobh onnmhairiúcháin araon.

(425) Thug an Coimisiún dá aire go raibh cúiseanna éagsúla leis an laghdú ar phraghsanna intíre agus an laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Go deimhin, mar a léirítear i dTábla 12, lean praghsanna intíre sa Téaváin an laghdú níos géire ar phraghsanna ísle allmhairiúcháin isteach sa Téaváin ón tSín (gan bheith in ann iad a mheaitseáil). Leis an bpraghas níos ísle agus an laghdú níos géire, bhí allmhairí Síneacha in ann a sciar den mhargadh sa Téaváin a mhéadú go tapa ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear i dTábla 11, rud a chuaigh chun dochair do dhíolacháin intíre thionscal na Téaváine. Mura gcloífeadh tionscal intíre na Téaváine leis an treocht anuas de dhroim phraghsanna allmhairiúcháin na Síne, is dócha go gcaillfeadh an tionscal intíre tuilleadh sciartha den mhargadh. Mar sin, b'éigean do thionscal intíre na Téaváine a phraghsanna a ísliú mar gheall ar bhrú iomaíoch (i.e. éifeacht 'brú amach') na n-allmhairí Síneacha a ndearna ró-acmhainneacht difear dóibh. Is é sin an staid margaidh áirithe a dhéanann difear do mhargadh intíre na Téaváine agus a fhágann go bhfuil brabúis intíre neamhiontaofa. Os a choinne sin, agus na méideanna easáitithe á n-onnmhairiú chuig an Aontas, ní raibh onnmhaireoirí na Téaváine faoi réir na srianta iomaíochta céanna ina margadh intíre féin, óir bhí dálaí éagsúla iomaíochta i margadh an Aontais mar a léirítear in aithrisí (410) go (414), áit nach raibh aon tionchar ag allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go ndearna éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne difear do phraghsanna onnmhairiúcháin na Téaváine ar bhealach inchomparáide nó comhchosúil le praghsanna intíre na Téaváine, agus, dá bhrí sin, níor choigeartaigh sé brabúsacht ar an taobh onnmhairiúcháin.

(426) Thairis sin, mhaígh údaráis na Téaváine gur léir go ndearna an staid margaidh áirithe difear freisin do na dálaí iomaíochta san Aontas ós rud é, d'ainneoin sciar íseal den mhargadh a bheith ag allmhairí Síneacha isteach san Aontas, gur fhéach an tAontas le héifeachtaí na ró-acmhainneachta cruach a fhritháireamh le gníomh beartais ghinearálta amhail Rialachán (AE) 2026/1384. Dá bhrí sin, de réir údaráis na Téaváine, níor cheart measúnú a dhéanamh ar an staid margaidh áirithe ar bhonn an sciar den mhargadh atá ag allmhairí Síneacha isteach san Aontas agus ar an mbonn sin amháin.

([111]) Tuarascáil ón bpainéal, Australia – *Anti-Dumping Measures on Paper,* míreanna 7.73 agus 7.75.

(427) Thug an Coimisiún dá aire go raibh sé i gceist le Rialachán (AE) 2026/1384 dul i ngleic leis an ró-acmhainneacht dhomhanda, ach go bhfuil an t-imscrúdú seo bunaithe ar an líomhain gur ann do staid margaidh áirithe arb é atá inti éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne sa Téaváin, *inter alia*. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na hanailíse ar chomparáid cheart, níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar éifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh an Aontais ach, ar a mhéad, ar éifeachtaí na staide margaidh áirithe ar mhargadh an Aontais. Thairis sin, ní fhágann Rialachán (AE) 2026/1384 nach amhlaidh na nithe seo a leanas: (i) mar a tugadh faoi deara in aithrisí (388) agus (409), bhí staid margaidh áirithe sa Téaváin le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus (ii) mar a tugadh faoi deara in aithris (415), rinne an staid margaidh áirithe sin difear don chomparáid cheart idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin. Níor mhór aghaidh a thabhairt air sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(428) Mhaígh údaráis na Téaváine gur leagadh amach i roinnt ráiteas poiblí ón ngearánach ([112]) éifeachtaí na ró-acmhainneachta cruach domhanda ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(429) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearnadh anailís san imscrúdú ach ar an éifeacht 'brú amach' ag ró-acmhainneacht na Síne, agus ní ar ró-acmhainneacht dhomhanda. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(430) Mhaígh Grúpa CSC, fiú dá dtiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid gur mhó an tionchar a d'imir ró-acmhainneacht dhomhanda cruach ar mhargadh intíre na Téaváine ná ar mhargadh onnmhairiúcháin an Aontais, nach bhféadfadh sé a chinneadh nár imríodh aon tionchar ar mhargadh an Aontais. Os a choinne sin, ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar an tionchar coibhneasta ar dhíolacháin intíre versus díolacháin onnmhairiúcháin agus coigeartú 4,8 % a dhéanamh ar na brabúis ar dhíolacháin onnmhairiúcháin freisin.

(431) Thug an Coimisiún dá aire nárbh í an ró-acmhainneacht cruach dhomhanda an staid margaidh áirithe a suíodh a bheith i margadh intíre na Téaváine, ach an éifeacht 'brú amach' ag ró-acmhainneacht na Síne. Mar a mhínítear in aithrisí (410) go (414), tá na dálaí iomaíochta i margadh an Aontais difriúil. Dá thoradh sin, níor ghá aon choigeartú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin de dheasca na staide margaidh áirithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus dheimhnigh sé na conclúidí maidir le comparáid cheart ar tháinig sé orthu in aithris (415).

(432) Ar deireadh, mhaígh údaráis na Téaváine nár chuir an Coimisiún san áireamh, ina anailís ar chomparáid cheart, na difríochtaí ó thaobh gráid de idir allmhairí Síneacha isteach sa Téaváin agus meánphraghas meascán éagsúil táirgí in aghaidh an aonaid, i measc tosca eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an difríocht sna dálaí iomaíochta idir an tAontas agus an Téaváin.

(433) Thug an Coimisiún dá aire gur thug sé aghaidh cheana féin in aithris (405) ar ábhair imní údaráis na Téaváine a mhéid a bhaineann leis na difríochtaí líomhnaithe ó thaobh gráid de idir allmhairí Síneacha isteach sa Téaváin. A mhéid a bhaineann le meánphraghas meascán éagsúil táirgí in aghaidh an aonaid, mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhthéacs na ríomhanna dumpála, sladghearrtha agus gearrdhíola, gur in aghaidh na huimhreach rialaithe táirgí a rinneadh an chomparáid idir díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin, chomh maith leis an gcomparáid idir na hallmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann agus díolacháin intíre thionscal an Aontais, agus gur léiríodh meaitseáil leordhóthanach. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na hanailíse ar chomparáid cheart, níor ghá don Choimisiún tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na praghsanna san Aontas ná ar phraghsanna allmhairí isteach san Aontas ar leibhéal an chineáil táirge ná níor ghá dó an cineál beacht táirge dar chomhfhreagair na praghsanna a mheas. A mhéid a bhaineann le praghas allmhairiúcháin na Síne isteach sa Téaváin, níor ghá don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na praghsanna in aghaidh an chineáil táirge ná na cineálacha táirgí a allmhairíodh a mheas, a mhéid a bhí an táirge faoi imscrúdú a allmhairíodh isteach sa Téaváin ón tSín in iomaíocht le táirgeadh intíre na Téaváine, mar a léirítear in aithris (405). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(434) D'athdhearbhaigh CSC na maímh a leagtar amach in aithrisí (416), (420), (422), (424) agus (430) a dtugtar aghaidh orthu in aithrisí (417), (421), (423), (425) agus (431), ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh na hábhair sin faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(435) Mar chonclúid, dheimhnigh an Coimisiún an chonclúid ar tháinig sé uirthi in aithris (415).

([112]) https://www.steelactionplan.eu/topics/an-eu-trade-policy-that-works-for-industrial-resilience agus https://www.spglobal.com/energy/en/news-research/latest-news/metals/120924-eu-steel-sector-requests-emergency-summit-tariffs-amid-import-surge.

3.4.3. *An Gnáthluach*

(436) Mar a leagtar amach in aithrisí (388) go (415) agus, shuigh an Coimisiún gur ann do staid mhargaidh ar leith i margadh intíre na Téaváine, rud nárbh fhéidir comparáid cheart a dhéanamh dá bharr. Rinneadh difear do dhíolacháin intíre uile Ghrúpa CSC toisc gur laghdaigh allmhairí na Síne mar thoradh ar an ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa tSín praghas dhíolacháin intíre uile táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta go saorga. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir díolacháin den sórt sin a mheas mar dhíolacháin a rinneadh faoi ghnáthdhálaí agus ní fhéadfadh an brabús a ghintear a bheith ina ghnáthbhrabús.

(437) Mar thoradh air sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den bhun-Rialachán, ríomh an Coimisiún an gnáthluach ar bhonn an chostais táirgthe sa tír thionscnaimh móide méid réasúnta le haghaidh chostais SGA agus brabús.

(438) Mar a mhínítear in aithrisí (384) go (387), ba é an toradh a bhí ar éifeacht na staide margaidh áirithe sa Téaváin brabúsacht a bhí íseal go saorga ach ní dhearna sé difear do na costais táirgthe ná do chostais SGA sa Téaváin. Dá bhrí sin, chun an gnáthluach a ríomh, bhraith an Coimisiún ar na costais táirgthe iarbhír agus ar na costais SGA iarbhír a thaifead CSC agus CHS.

(439) Maidir le brabús, mheas an Coimisiún nach raibh an brabús a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin ar dhíolacháin táirgí comhchosúla ar an margadh intíre oiriúnach lena úsáid mar gheall ar éifeacht na staide margaidh áirithe ar an gcorrlach brabúis iarbhír, mar a mhínítear in aithris (388).

(440) Chinn an Coimisiún tionchar staide margaidh áirithe ar an gcorrlach brabúis iarbhír bunaithe ar thuarascáil a d'ullmhaigh ECFE agus a d'fhoilsigh Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach ([113]) (Tuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach). De réir na tuarascála sin, ba é 4,8 % meán na difríochta idir an brabús a bhain cuideachtaí cruach amach iarbhír ar fud an domhain, gan an tSín a áireamh, agus an brabús a d'fhéadfadh na cuideachtaí céanna a bhaint amach dá mba rud é nár tháinig borradh ar ró-acmhainneacht na Síne mar a rinne sí.

Tábla 15

Brabúsacht iarbhír i gcomparáid le brabúsacht mheasta (%)

	2015	2017	2020
Brabús iarbhír	9	17,75	16,5
Brabús measta	14	22,7	21
Meán na difríochta	4,8		

Foinse: Tuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, lgh. 18-19, Bosca 3 agus Fíor 3.

(441) Mheas an Coimisiún gur cheart a chur san áireamh in aon choigeartú brabúis fóinteach in aghaidh an chineáil táirge na héagsúlachtaí sonracha i gcostais táirgthe, i bpraghsanna díola intíre agus i leibhéil bhrabúis a eascraíonn as sin ar fud na gcineálacha táirgí sin ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún.

(442) Dá bhrí sin, chun méid réasúnta a shuí le haghaidh brabúis de réir bhrí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, agus i gcomhréir le hAirteagal 2(6)(c) de, shainaithin an Coimisiún, mar thúsphointe agus de réir a mhodheolaíochta caighdeánaí ríofa dumpála, gach idirbheart díolacháin intíre a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála le haghaidh gach cineáil táirge ar dtús. Ós rud é go raibh tionchar diúltach ag an staid margaidh áirithe a aimsíodh ar bhrabúsacht na n-idirbheart sin, ní bheadh méid réasúnta le haghaidh brabúis de réir bhrí Airteagal 2(3) mar thoradh ar bheith ag brath ar a mbrabúsacht iarbhír. Chun aghaidh a thabhairt air sin, choigeartaigh an Coimisiún brabúsacht na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála faoin meánchaillteanas brabúis atá inchurtha i leith staide margaidh áirithe.

([113]) Éascaitheoir ECFE De Carvalho, A., Pazos, R., agus Thorbecke, W, *Global Forum on Steel Excess Capacity (GFSEC): Impacts of global excess capacity on the health of GFSEC steel industries*, Márta 2024, lgh. 18-19, Bosca 3 agus Fíor 3, https://www.steelforum.org/content/dam/steel-forum/en/publications/gfsec-impacts-of-global-excess-capacity_0325.pdf.

(443) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh údaráis na Téaváine go raibh ríomh an ghnáthluacha a cheadaítear le hAirteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus le hAirteagail 2(3) agus 2(6) den bhun-Rialachán leordhóthanach cheana féin chun a áirithiú gur cuireadh an éifeacht 'brú amach' san áireamh. Dar leo, ní raibh aon bhunús dlí ann chun imeacht ón mbrabús iarbhír bunaithe ar dhíolacháin intíre sa ghnáthchúrsa trádála i bhfabhar tagarmharc trastíre. B'amhlaidh sin go háirithe toisc gur idirbhearta cornaí cothroma de chruach fhuar-rollta ardcháilíochta ainéalta a bhí in idirbhearta intíre brabúsacha, den chuid is mó, nach raibh in iomaíocht leis na cornaí cothroma de chruach fhuar-rollta neamhainéalta a bhí i bhformhór mór allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín isteach sa Téaváin agus nach ndearna difear do na cornaí neamhainéalta sin.

(444) Mhínigh an Coimisiún in aithrisí (384) go (387) cé na héifeachtaí atá ag an staid margaidh áirithe ar an mbrabúsacht intíre sa Téaváin. Mar gheall ar an staid margaidh áirithe, níorbh fhéidir a mheas go raibh an brabús réasúnta. Ar an gcúis sin, bhí an Coimisiún ag brath ar thagarmharc malartach, fós de bhun Airteagail 2(3) agus 2(6) den bhun-Rialachán. In aon chás, níor aontaigh an Coimisiún le tuairim údaráis na Téaváine maidir leis an mbrabús iarbhír a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin na Téaváine. Cé go bhféadfadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ardcháilíochta ainéalta a bheith ní ba bhrabúsaí ná táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta neamhainéalta, ní táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ardcháilíochta ainéalta amháin ba chúis le brabúis intíre. Go deimhin, i ndáil le díolacháin intíre uile na gcineálacha táirgí neamhainéalta a rinne an táirgeoir is mó sa ghrúpa sampláilte, CSC, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thug an Coimisiún dá aire go raibh 11 cheann den 12 chineál táirge neamhainéalta brabúsach, agus go raibh an cineál táirge a bhí fágtha brabúsach den chuid is mó. Measadh na díolacháin bhrabúsacha intíre sin uile sa ghnáthchúrsa trádála agus dá bhrí sin cuireadh san áireamh sa ríomh dumpála iad. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún úsáid as brabúis ó chineálacha táirgí neamhainéalta freisin, arb iad na cineálacha táirgí iad a dhearbhaíonn údaráis na Téaváine a bheith ar na cinn is mó atá neamhchosanta ar iomaíocht ó allmhairí Síneacha. Mar gheall ar bhrú amach allmhairí Síneacha, bhí leibhéal an bhrabúis sin fós ní b'ísle ná an leibhéal a bheadh ann in éagmais staid margaidh áirithe. Ar an gcúis sin, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín coigeartú chun éifeachtaí na staide margaidh áirithe a fhritháireamh agus brabús réasúnta a bhaint amach. In aon chás, maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ainéalta agus neamhainéalta, mar a mhínítear in aithris (405), bhí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ainéalta agus neamhainéalta inionadaithe mar amhábhair a úsáidtear chun táirgí iartheachtacha a tháirgeadh, agus dá bhrí sin bhí siad in iomaíocht. An t-aon difríocht is ea go raibh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta neamhainéalta níos saoire, agus dá bhrí sin b'fhearr le húsáideoirí iartheachtacha iad ná táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ainéalta. Ar deireadh, áiríodh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ainéalta in allmhairí Síneacha le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(445) Mhaígh údaráis na Téaváine go raibh an coigeartú brabúis ar neamhréir le hAirteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Go deimhin, d'áitigh siad, i gcás nach féidir an méid iarbhír brabús a shuí ar bhonn sonraí iarbhír a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin sa ghnáthchúrsa trádála ag an táirgeoir onnmhairiúcháin lena mbaineann, gur cheart don Choimisiún a bheith ag brath, i gcás aon mhodh réasúnta eile, ar mhéideanna nach mó iad ná na brabúis a dhéanann táirgeoirí onnmhairiúcháin de ghnáth i margadh intíre na tíre lena mbaineann. De réir údaráis na Téaváine, ní bheadh tuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach a raibh an Coimisiún ag brath uirthi oiriúnach ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, níor léiríodh go sonrach sa tuarascáil cén brabús réasúnta ab infheidhme maidir le margadh na dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an dara dul síos, tá nótaí modheolaíochta inti lena n-iarrtar go mbeifear faichilleach á léirmhíniú, ní dhearnadh athbhreithniú piaraí ar an staidéar, cistíodh é freisin trí ranníocaíocht an Aontais, agus ba chosúil nach raibh sé ag brath ar ráitis airgeadais ná ar thuarascálacha bliantúla le haghaidh na hanailíse brabúsachta. Ar an tríú dul síos, ba é corrlach brabúis foriomlán na dtáirgeoirí cruach an corrlach brabúis a cuireadh san áireamh, rud nach bhfuil sonrach mar chorrlach brabúis iarbhír ag táirgeoirí na Téaváine. Ar deireadh, mhaígh údaráis na Téaváine gur chuir siad in aghaidh na modheolaíochta sin cheana féin, arna moladh ag an ngearánach, ina mbarúlacha maidir le tionscnamh, a bhfuil achoimre orthu in aithris (21). Maidir le frisnéis an Choimisiúin in aithris (22), mhaígh údaráis na Téaváine nach ndearna an Coimisiún tagairt dá oibleagáidí faoi Airteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus nár chruthaigh sé gur áiríodh sa tuarascáil sonraí iarbhír maidir le brabúis ó tháirgeoirí na Téaváine.

(446) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire, mar a shonraítear in aithris (442), gur shuigh sé an brabús de réir 'aon mhodh réasúnta eile', mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán, a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 2.2.2(iii) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Go deimhin, ní fhéadfadh an Coimisiún brath ar litir (a) nó ar phointe (i), ó tharla nach raibh méideanna iarbhír brabúis onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile sa Téaváin faoina réir aige, agus nár chuir aon onnmhaireoir ná táirgeoir sa Téaváin, seachas Grúpa CSC a ndearnadh sampláil air, freagra ar an gceistneoir isteach. Ní fhéadfadh an Coimisiún brath ach oiread ar litir (b) nó ar phointe (ii), toisc nach raibh aige faisnéis bhrabúsachta Ghrúpa CSC a bhaineann go sonrach leis an gcatagóir ghinearálta chéanna táirgí le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, agus go n-imreodh an staid margaidh áirithe tionchar uirthi sin freisin in aon chás. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún ag brath ar litir (c) nó ar phointe (iii). Agus an méid sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, ní raibh faoina réir aige brabús a dhéanfadh onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na Téaváine. Go deimhin, rinne an staid margaidh áirithe difear do bhrabúsacht na dtáirgeoirí uile táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin. Ina theannta sin, staid margaidh áirithe a bheith ann i ndáil le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta mar amhábhar, dhéanfadh sé difear do bhrabúsacht táirgeoirí táirgí iartheachtacha freisin, agus, i bhfianaise úsáidí

táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, ní bheadh tionscail amhail an earnáil tógála nó an earnáil mótarfheithiclí iomchuí toisc nach mbeadh na táirgí sin sa chatagóir ghinearálta chéanna a thuilleadh. An tráth céanna, bheadh táirgeoirí táirgí réamhtheachtacha, amhail táirgí cothroma de chruach theorollta, ina dtáirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta freisin, agus ní féidir táirgí níos réamhtheachtaí, amhail amhiarann, a mheas a bheith sa chatagóir ghinearálta chéanna le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún brabús a dhéantar de ghnáth sa Téaváin a shainaithint.

(447) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún i muinín an bhrabúis a dhéanann Grúpa CSC féin de ghnáth. Thairis sin, bhreathnaigh an Coimisiún ar an léirmhíniú is cúinge ar an gcatagóir ghinearálta chéanna táirgí, agus é teoranta don táirge ceannann céanna, i.e. táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Mar sin, chuir an Coimisiún san áireamh an brabús a dhéanann Grúpa CSC de ghnáth ar dhíolacháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar mhargadh intíre na Téaváine. Mar sin féin, bhí Grúpa CSC ag tabhú caillteanais ar na táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a bhí sé a dhíol ar bhonn intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a shainaithint cén brabús a dhéanfaí de ghnáth bunaithe ar bhrabús Ghrúpa CSC ó tharla go raibh caillteanas á thabhú ag Grúpa CSC agus nach raibh aon bhrabús aige. Thairis sin, léirigh an fhianaise ar comhad go ndearnadh difear mór do bhrabúsacht fhoriomlán na cuideachta mar gheall ar idirbhearta nach meastar sa bhun-Rialachán a bheith ina n-idirbhearta a dhéantar sa ghnáthchúrsa trádála. Go deimhin, eisiatar idirbhearta den sórt sin ón anailís bhrabúsachta faoi Airteagal 2(6) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, chun a shuí cén brabús a dhéanfaí de ghnáth, níor bhreithnigh an Coimisiún ach brabús Ghrúpa CSC sa ghnáthchúrsa trádála. Bhí brabús Ghrúpa CSC sa ghnáthchúrsa trádála i bhfad níos cruinne agus níos gráinní ná aon bhrabús iarbhír a rinne táirgeoirí eile ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Téaváin. I bhfianaise an chinnidh go raibh an brabús sin lagaithe mar gheall ar an staid áirithe margaidh, rinne an Coimisiún é a choigeartú go dtí an leibhéal a bhféadfadh coinne a bheith leis murach éifeachtaí na staide margaidh áirithe a suíodh a bheith ann. Chuige sin, maidir leis an mbrabús a dhéanann Grúpa CSC de ghnáth ar dhíolacháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar mhargadh intíre na Téaváine, arna choigeartú i leith mheán na difríochta idir brabúsacht iarbhír agus brabúsacht hipitéiseach cruach nach cruach Shíneach í, rud a sainaithníodh i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach agus a tuairiscíodh i dTábla 15, mheas an Coimisiún gurb é a bhí ann brabús a dhéantar de ghnáth nó, i bhfianaise na staide margaidh áirithe a dhéanann difear don bhrabús féin, brabús is féidir le honnmhaireoirí nó táirgeoirí eile a dhéanamh freisin ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na tíre tionscnaimh. Ós rud é gur cuimsíodh cuideachtaí cruach sa staidéar, thagair sé do tháirgí den chatagóir ghinearálta chéanna le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, agus áiríodh ann iad fiú. Dá réir sin, bhí sé aonchineálach go leor chun go n-úsáidí é le haghaidh coigeartú a dhéanamh ar an mbrabús a dhéanfadh Grúpa CSC de ghnáth ar dhíolacháin intíre táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(448) Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dó sin, thug an Coimisiún dá aire gur ionsamhlaíodh i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach an difríocht idir brabús iarbhír agus an brabús hipitéiseach in éagmais ró-acmhainneachta. Agus é sin á chur i gcomhthéacs an cháis, is é a bhí ann brabús in éagmais éifeacht 'brú amach' ró-acmhainneacht na Síne, rud nár tháinig borradh faoi sa chás hipitéiseach, agus nár easáitigh díolacháin intíre na Téaváine dá réir sin. I dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, ionsamhlaíodh an brabús hipitéiseach sin mar mheánbhrabús cuideachtaí cruach ar fud an domhain nach cuideachtaí Síneacha iad. Áiríodh cuideachtaí sa Téaváin sa bhunachar sonraí a úsáideadh i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach ([114]). Cé nach dtagtar ar dhifríocht idir brabús iarbhír agus brabús hipitéiseach i gcás na Téaváine go sonrach i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, tagtar ar mheándifríocht i gcás na gcuideachtaí uile nach cuideachtaí Síneacha iad, rud is infheidhme maidir le cuideachtaí na Téaváine chomh maith, go sonrach maidir le Grúpa CSC arb é an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte é. Ní mór a thabhairt faoi deara, chun críocha thuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, gur cuireadh sonraí brabúis iarbhír na gcuideachtaí san áireamh chun teacht ar bhrabús hipitéiseach a bheadh saor ó éifeachtaí na ró-acmhainneachta. Ba thagarmharc iomchuí é an difreálach idir brabús iarbhír agus brabús hipitéiseach chun brabús Ghrúpa CSC sa ghnáthchúrsa trádála a shaoradh ó éifeachtaí na staide margaidh áirithe agus brabús réasúnta a shainaithint. Go deimhin, in éagmais staid margaidh áirithe, bheadh díolacháin bhrabúsacha táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ag Grúpa CSC ní ba bhrabúsaí.

(449) Agus aghaidh á tabhairt ar na maímh a bhí fágtha ag údaráis na Téaváine, ar an gcéad dul síos, a mhéid a tagraíodh don earnáil cruach neamh-Shíneach i dtuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, agus dá bhrí sin don chatagóir ghinearálta chéanna táirgí le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, bhí an brabús hipitéiseach a d'eascair as sin infheidhme maidir leis an earnáil sin sa Téaváin. Ar an dara dul síos, foclaíocht chaighdeánach i saothair bheartais agus acadúla lena moltar anailísí nua eacnamaíocha nó

([114]) Féach ECFE, *About the OECD MAGIC database*, mí Iúil 2026, le fáil ag: https://www.oecd.org/en/data/dashboards/magic-database-industrial-subsidies.html.

eacnaiméadracha is ea an fhoclaíocht sna nótaí modheolaíochta. Níor mheas an Coimisiún gur rud ábhartha é gan athbhreithniú piaraí a bheith déanta ar an obair, ós rud é gur ullmhaíodh í don Fhóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, arb é an pointe tagartha is cáiliúla maidir le ró-acmhainneacht cruach. Níor thuig an Coimisiún an bonn ar ar áitigh údaráis na Téaváine gur ranníoc sé le cistiú an staidéir. Mar sin féin, agus é á ghlacadh leis gur thagair údaráis na Téaváine do ranníocaíochtaí an Aontais le ECFE agus/nó leis an bhFóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, níor mheas an Coimisiún go raibh sé sin ábhartha. Níor foilsíodh an staidéar chun críocha an imscrúdaithe seo agus níor chuir údaráis na Téaváine aon rogha mhalartach chun cinn. Chomh maith leis sin, an anailís i bhfíor 3 i mbosca 3 de thuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, bhí sí ag brath go deimhin ar thuarascálacha bliantúla agus ar ráitis airgeadais, mar a chomhfhreagair don chóimheas idir EBITDA agus ioncaim. Ar an tríú dul síos, ós rud é gur thagair an corrlach brabúis don earnáil cruach, mheas an Coimisiún gur leor sin chun an caighdeán dlíthiúil i dtaobh 'táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna' le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a chomhlíonadh. Ar deireadh, mheas an Coimisiún nár bhain an agóid a rinne údaráis na Téaváine ina mbarúlacha maidir le tionscnamh, a bhfuil achoimre orthu in aithris (21), le substaint na modheolaíochta, ach le ceanglais na gcaighdeán dlíthiúil. Nuair a thug an Coimisiún aghaidh ar an mbarúil in aithris (22), bhí sé go hiomlán i dteideal brath ar mhodheolaíocht thuarascáil ECFE-Fóram domhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach a mhol an gearánach, modheolaíocht nár chuir aon pháirtí leasmhar ina haghaidh ó thaobh substainte de. Sholáthair an Coimisiún na soiléirithe a cheanglaítear a mhéid a bhaineann lena oibleagáidí faoi Airteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus faoi fhorálacha comhfhreagracha an bhun-Rialacháin in aithrisí (442) agus (446). Mheas an Coimisiún gur leordhóthanach an t-údar a thug siad leis an modheolaíocht a bhí beartaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(450) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa CSC go ndearnadh earráid chléireachais agus an meánchostas aonaid monaraíochta arna shuí de réir na huimhreach rialaithe táirgí do cheann dá chuideachtaí á ríomh.

(451) Shuigh an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh sin. Dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar ríomh an ghnáthluacha don chuideachta sin, agus rinneadh an corrlach dumpála do Ghrúpa CSC agus do chuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte a choigeartú dá réir sin. Ní dhearna an t-athríomh difear don chorrlach dumpála iarmharach.

3.4.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(452) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte onnmhairí isteach san Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.

(453) Dá bhrí sin, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4.5. *Comparáid*

(454) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(455) Sa leagan íogair dá bhfreagraí ar an gceistneoir, d'iarr CSC agus CHS araon go gcuirfí digit amháin isteach ag deireadh na n-uimhreacha rialaithe táirgí chun deighleoga líomhnaithe den mhargadh úsáide deiridh a chur san áireamh. De réir na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa Téaváin, ba é an toradh a bhí ar na deighleoga margaidh sin difríochtaí praghais nár cuireadh san áireamh i struchtúr PCN a chuir an Coimisiún ar aghaidh. Ina theannta sin, rinne struchtúr PCN den sórt sin comparáid idir díolacháin intíre i ndeighleog ardluacha agus díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas comhchruinnithe i ndeighleog phraghasíogair.

(456) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh an digit a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa Téaváin leis ag freagairt do shaintréith theicniúil nó fhisiceach a d'fhéadfadh na deighleoga margaidh líomhnaithe a idirdhealú agus a shainaithint go huathúil. Léiríodh sna tuairiscí ar na deighleoga margaidh nach raibh athróg aonair ná tacar athróg amháin ann a d'fhéadfadh idirdhealú a dhéanamh idir na deighleoga éagsúla, ach sainíodh gach ceann acu bunaithe ar thosca éagsúla. Mar shampla, sainíodh deighleog amháin bunaithe ar cheanglais cháilíochta agus ar neamhleaisteachas praghsanna, bhí deighleog eile bunaithe ar ábhar eiliminte áirithe, agus bhí deighleog eile bunaithe ar ábhar eilimintí eile. Mar thoradh air sin, ba é an úsáid deiridh an t-aon fhíorfhachtóir idirdhealaitheach, de réir aicmiú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte féin. Trí rianú siar a dhéanamh ar shaintréithe na dtáirgí a dhíoltar le haghaidh na n-úsáidí deiridh éagsúla, shainaithin na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte roinnt deighleoga margaidh go saorga. Mar sin féin, áirítear cheana féin sa struchtúr PCN a mhol an Coimisiún roinnt tosca lenar féidir na táirgí céanna a aicmiú agus iad a chur i gcomparáid le táirgí comhchosúla. Bhí struchtúr PCN den sórt sin go hiomlán leordhóthanach. B'amhlaidh an cás go sonrach toisc, go gairid tar éis thionscnamh an cháis, an 1 Deireadh Fómhair 2025, gur mhodhnaigh an Coimisiún struchtúr PCN beagán chun a áirithiú go ndearnadh gráid mótarfheithiclí bunaithe ar chaighdeáin dílseánaigh mhótarfheithiclí atá coibhéiseach le caighdeán ainmníochta Eorpaí ('EN') 10130 2006 agus cruacha tuaslagán soladach (caighdeán EN 10268) a aicmiú i gceart i struchtúr PCN ([115]). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.4.5.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(457) Mar a mhínítear in aithrisí (436) go (442), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(458) Sa leagan íogair dá bhfreagra ar an gceistneoir, mhaígh Grúpa CSC, i gcás inar dhiúltaigh an Coimisiún dá thogra struchtúr an chóduimhir tháirge a mhodhnú mar a mhínítear in aithris (455), go n-iarrfaidís coigeartuithe ar an ngnáthluach nó ar an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh (i) difríochtaí i saintréithe fisiceacha, (ii) difríochtaí i leibhéal na trádála, agus (iii) tosca eile. Le linn an fhíoraithe, d'iarr Grúpa CSC coigeartú den sórt sin bunaithe ar Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán maidir le fachtóirí eile agus chuir sé ríomh den choigeartú ar fáil. Mhínigh Grúpa CSC gurb iad na cúiseanna leis an gcoigeartú (i) gur íoc custaiméirí praghsanna éagsúla ar an margadh intíre mar gheall ar an difríocht sna tosca eile sin, agus (ii) gurbh é ba chúis leis an difríocht sin meascán de dhifríochtaí i saintréithe fisiceacha, mar gheall ar ghráid shonracha chruach, agus ar an leibhéal trádála, mar gheall ar an gcineál custaiméirí. Maidir leis an gcineál custaiméirí, mhaígh Grúpa CSC go raibh difríochtaí i bhfeidhmeanna agus i gcoinníollacha díolachán. Go sonrach, bhí deimhniú CSC mar dhíoltóir cáilithe don chustaiméir ina réamhriachtanas do chaidreamh gnó, agus léirigh praghsanna coinníoll breise den sórt sin. Dá bhrí sin, bhí sé i gceist leis an gcoigeartú an difríocht i bpraghsanna i ngeall ar an úsáid deiridh a chur san áireamh. Sa mhargadh intíre, ghlac custaiméirí dheighleog A líomhnaithe le praghas níos airde, ach, ar mhargadh onnmhairiúcháin an Aontais, dhírigh díolacháin go príomha ar dheighleog B líomhnaithe, cé go raibh díolacháin ann freisin i ndeighleog A líomhnaithe. Le linn an fhíoraithe, shoiléirigh CSC go bhféadfaí, bunaithe ar an gcineál custaiméirí, deighleog A a dheighilt a thuilleadh i ndeighleog A1 ar an margadh intíre, a d'éiligh praghsanna níos airde, agus deighleog A2 ar mhargadh onnmhairiúcháin an Aontais, a d'éiligh praghsanna níos ísle ach a bhí fós níos airde ná deighleog B.

(459) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire nár thacaigh Grúpa CSC lena mhaíomh maidir le difríocht sa phraghas idir earnálacha díolacháin le haon fhianaise i dtéarmaí costas.

(460) A mhéid a bhaineann leis an difríocht a mhaítear i saintréithe fisiceacha, d'iarr an Coimisiún ar Ghrúpa CSC fianaise a sholáthar maidir le haon saintréith fhisiceach nó cheimiceach a d'fhéadfadh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na deighleoga líomhnaithe, mar a luaitear cheana in aithris (456). Níor chuir Grúpa CSC fianaise ar fáil a léirigh gur íoc roinnt custaiméirí níos mó ná custaiméirí eile as táirgí comhchosúla as aon difríocht sna saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha. Maidir le tosca eile, d'iarr an Coimisiún ar Ghrúpa CSC fianaise thacaíochta a sholáthar amhail costais díola bhreise nó costais bhreise. Mhínigh Grúpa CSC nach raibh aon chostas pacála breise sonrach ann agus nár dímheasadh costais an phróisis deimhniúcháin ach gur cuireadh in áirithe iad mar fhorchostas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár sholáthair Grúpa CSC fianaise den sórt sin.

([115]) Nóta a ghabhann le comhad Uimh. t25.009414 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis.

(461) A mhéid a bhaineann leis na difríochtaí a maíodh idir an cineál custaiméirí, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna Grúpa CSC aon chomhghaol idir na praghsanna arda agus costais an phróisis deimhniúcháin ná tosca eile.

(462) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire ar dtús go bhféadfaí praghsanna arda a mhíniú toisc gurbh é Grúpa CSC an t-aon táirgeoir intíre a bhí gníomhach i ndeighleog líomhnaithe A. Mar sin féin, tar éis anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar an deighleog agus ar an méid iomaíochta laistigh di, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris (481), nach mbeadh cás den sórt sin indéanta ach amháin dá mbeadh Grúpa CSC ag cur srian ar an iomaíocht sa deighleog sin. In éagmais aon fhianaise nó maíomh chuige sin, níor shaothraigh an Coimisiún an réasúnaíocht sin. Ina ionad sin, dhírigh a fhrisnéis ar easpa iomlán aon nasc cúisíoch léirithe idir na tosca líomhnaithe agus an praghas bisigh líomhnaithe. Nochtadh na conclúidí in aithris (481) do Ghrúpa CSC sa nochtadh deiridh breise agus níor chuir Grúpa CSC ina gcoinne.

(463) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(464) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Grúpa CSC a iarraidh ar chomparáid chothrom idir praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin tríd an úsáid deiridh ar leith a bhaintear as táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta san earnáil mótarfheithiclí agus in earnálacha nach í a chur san áireamh, i bhfianaise na difríochta substaintiúla sa phraghas ag brath ar an gcustaiméir deiridh. D'athdhearbhaigh Grúpa CSC go raibh gá leis na coigeartuithe a iarradh chun ceartú a dhéanamh i leith comparáid idir gnáthluach bunaithe ar dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí ar phraghas níos airde agus praghsanna onnmhairiúcháin bunaithe ar dhíolacháin ar phraghas níos ísle nár dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí iad. D'athdhearbhaigh sé go raibh an deighleog mótarfheithiclí an-éagsúil leis an deighleog nach í an deighleog mótarfheithiclí í agus go raibh sí faoi réir difríochtaí leanúnacha praghsanna, a ndearnadh scrúdú orthu freisin le linn fhíorú an Choimisiúin. Ar an gcéad dul síos, bhí díolacháin le monaróirí buntrealaimh ('OEManna') mótarfheithiclí agus lena slabhraí soláthair faoi réir diancheanglais theicniúla agus cháilíochta, conarthaí fadtéarmacha agus dianphróisis deimhniúcháin. Deimhníodh na ceanglais sin leis an bhfíorú, lena n-áirítear deimhnithe cáilíochta a bhaineann go sonrach le mótarfheithiclí agus formheasanna monaróirí, agus ba é Grúpa CSC an t-aon soláthróir cáilithe sa Téaváin le haghaidh táirgí áirithe. Ar an dara dul síos, bhí iontaofacht agus maolú riosca ina bpríomhbhreithnithe ag custaiméirí san earnáil mótarfheithiclí, seachas an praghas is ísle. Ar an tríú dul síos, ní raibh praghsanna sa deighleog mótarfheithiclí chomh leaisteach céanna, toisc go bhfuil sé an-chostasach athrú ó sholáthróir amháin go soláthróir eile agus go dtógann sé sin mórchuid ama. Dá thoradh sin, bíonn níos lú iomaíochta roimh sholáthróirí cáilithe amhail CSC agus iad ag díol le custaiméirí san earnáil mótarfheithiclí ná mar a bhíonn rompu agus iad ag díol le custaiméirí nach san earnáil mótarfheithiclí iad. Ar deireadh, mheabhraigh Grúpa CSC go ndearnadh idirdhealú idir cruach le haghaidh úsáid mótarfheithiclí agus cruach eile leis na bearta coimirce i ndáil le cruach ([116]).

(465) Maidir leis an mbunús dlí, shoiléirigh Grúpa CSC ina bharúlacha maidir le nochtadh go mbeadh údar leis an gcoigeartú faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán i gcás difríochtaí i bhfachtóirí eile toisc (i) gur íoc custaiméirí praghsanna éagsúla ar an margadh intíre mar gheall ar an difríocht sna tosca sin; agus (ii) gurbh é ba chúis leis an difríocht sin meascán de na tosca a liostaítear in Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, is iad sin Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán maidir le difríochtaí i saintréithe fisiceacha, mar gheall ar ghráid shonracha chruach, agus Airteagal 2(10)(d)(i) den bhun-Rialachán maidir le difríochtaí sa leibhéal trádála, mar gheall ar an gcineál custaiméirí.

(466) I bhfianaise an mhéid sin, mhaígh Grúpa CSC nár thug an Coimisiún aghaidh mar is ceart ar a bharúlacha in aithrisí (459) go (461). Go sonrach, líomhain Grúpa CSC nár thug an Coimisiún aghaidh go substaintiúil ach ar na difríochtaí maíte sna saintréithe fisiceacha agus nár thug sé aghaidh go substaintiúil ar na difríochtaí sa leibhéal trádála ná i bhfachtóirí eile. Shoiléirigh Grúpa CSC nach ar dhifríochtaí sna saintréithe fisiceacha amháin a bhí an t-idirdhealú idir táirgí le haghaidh mótarfheithiclí agus táirgí nach táirgí le haghaidh mótarfheithiclí iad bunaithe ach ar mheascán tosca, mar a léirítear sna bunúis dlí éagsúla. De réir Ghrúpa CSC, trí dhiúltú don mhaíomh bunaithe ar shaintréithe fisiceacha agus orthu sin amháin, níor bhreithnigh an Coimisiún an bhfuil praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar le haghaidh mótarfheithiclí iad agus praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta nach le haghaidh mótarfheithiclí iad inchomparáide gan choigeartú, agus na tosca a dhéanann difear do na praghsanna sin á gcur san áireamh, lena n-áirítear difríochtaí i saintréithe fisiceacha. I ndáil leis sin, thagair Grúpa CSC d'imscrúdú a rinneadh roimhe seo maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle ([117]) ('ABS'). Ar deireadh, mhaígh Grúpa CSC gur sholáthair sé fianaise a léiríonn gur íoc roinnt custaiméirí níos mó ná a chéile as táirgí comhchosúla i ngeall ar dhifríochtaí i saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha, i bhfoirm ceanglais maidir le sonraíochtaí teicniúla sonracha agus deimhnithe a bhaineann leis na sonraíochtaí sin, lena n-áirítear caighdeáin shonracha innealtóireachta agus ábhair. Ina theannta sin, bhí CSC in ann praghsanna níos airde a ghearradh ar dhíolacháin intíre don earnáil mótarfheithiclí.

([116]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, aithrisí (156)-(157).
([117]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/316 ón gCoimisiún, aithrisí (92), (101) agus (120).

(467) Níor aontaigh an Coimisiún le Grúpa CSC nár thug sé aghaidh mar is ceart ar a mhaíomh. In aithrisí (459) go (461), thug an Coimisiún aghaidh ar na tosca agus na bunúis dlí ar leithligh a chuir Grúpa CSC chun cinn.

(468) In aithris (460), thug an Coimisiún aghaidh ar na difríochtaí maíte sna saintréithe fisiceacha. Ní raibh sé i gceist ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an maíomh iomlán trí bhíthin na haithrise sin amháin ach rinne sé anailís an tráth sin ar cheann de na tosca a maíodh a rinne difear do phraghsanna. D'athdhearbhaigh an Coimisiún, mar a tugadh faoi deara cheana in aithris (460), nár sholáthair Grúpa CSC aon saintréith intomhaiste fhisiceach ná theicniúil den táirge faoi imscrúdú a d'fhéadfadh tacú lena mhaíomh. Leis an deimhniú, na sonraíochtaí agus na caighdeáin a chuir CSC chun cinn mar argóintí, ní dhéantar idirdhealú fisiceach ná ceimiceach idir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta don earnáil mótarfheithiclí agus táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta do thionscail eile. Dá bhrí sin, níor chruthaigh grúpa CSC gur toisc iad saintréithe fisiceacha a d'fhéadfadh údar a thabhairt le coigeartú.

(469) Thairis sin, d'easaontaigh Grúpa CSC leis na difríochtaí sna costais a bheith ábhartha i gcomhthéacs coigeartú i leith saintréithe fisiceacha. Mhaígh Grúpa CSC, faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán, nach mór coigeartuithe i leith saintréithe fisiceacha a chainníochtú de réir 'meastachán réasúnach ar luach margaidh na difríochta sin' agus dá réir sin amháin agus thug sé dá aire gur chaith an Coimisiún leis na coigeartuithe sin mar lamháltais praghsanna ina bhileoga ríomha inmheánacha.

(470) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna Grúpa CSC neamhaird den réamhchoinníoll sainráite a leagtar amach sa mhír réamhráiteach d'Airteagal 2(10), lena sonraítear nach ndeonófar coigeartú ach amháin 'má léirítear go ndéanann [na tosca] difear d'inchomparáideacht praghsanna'. An frása 'meastachán réasúnach ar luach margaidh' arna agairt ag Grúpa CSC, ní leagtar síos modh cainníochtaithe lamháltais leis ach amháin tar éis don éilitheoir a shuí gur comhlíonadh an ceanglas tairsí maidir le difear a bheith déanta don phraghas. Sa chás seo, níor léirigh Grúpa CSC gurb é a bhí mar thoradh córasach ar cheanglais fhisiceacha speisialaithe na hearnála mótarfheithiclí go raibh socruithe praghsanna ar leithligh ar an margadh intíre le haghaidh cineálacha táirgí comhionanna nach léirítear go hiomlán agus go leordhóthanach cheana féin sa mhaitrís meaitseála uimhreach rialaithe táirgí. Chuir an Coimisiún i dtábhacht nár fhág an rogha samhaltaithe inmheánaigh a rinne sé lamháltais a chur i bhfeidhm ar phraghsanna gur scaoileadh an táirgeoir onnmhairiúcháin óna phríomhoibleagáid dhlíthiúil fianaise infhíoraithe a sholáthar go saobhann na difríochtaí fisiceacha comparáid chothrom. In aon chás, rinne an Coimisiún scrúdú ar an gcostas táirgthe chun anailís a dhéanamh ar cé acu a léiríodh nó nár léiríodh ann na ceanglais níos airde a líomhnaíodh a bheith ann maidir le sonraíochtaí teicniúla agus cáilíocht, mar a bheadh loighciúil, agus níorbh fhéidir leis teacht ar an gconclúid go ndearna siad difear don chostas táirgthe mar a mhínítear in aithris (460). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(471) Thairis sin, mhaígh Grúpa CSC gur dhiúltaigh an Coimisiún go mícheart do mhaímh choigeartúcháin Ghrúpa CSC maidir leis an leibhéal trádála agus fachtóirí eile bunaithe ar easpa éagsúlachtaí costais idir táirgí comhchosúla a díoladh leis an earnáil mótarfheithiclí agus le hearnálacha nach í. De réir Ghrúpa CSC, chuir an Coimisiún caighdeán dlíthiúil mícheart i bhfeidhm trí thagairt a dhéanamh do chostais. Mhaígh Grúpa CSC nár ceanglaíodh le hAirteagal 2(10)(d)(i), agus (k) den bhun-Rialachán go soláthrófaí fianaise ar dhifríochtaí i gcostais táirgthe chun údar a thabhairt le coigeartú. De réir Ghrúpa CSC, is iad na heilimintí ábhartha an difríocht sa mhargadhluach agus sna praghsanna a íocann custaiméirí.

(472) Ar dtús, dhiúltaigh an Coimisiún don léirmhíniú a rinne Grúpa CSC ar an mbun-Rialachán. Níor mheas an Coimisiún gurb í anailís chostais an príomhchaighdeán nó an t-aon chaighdeán ar dá réir a dhéantar measúnú ar mhaíomh faoi Airteagal 2(10)(d)(i), agus (k) den bhun-Rialachán. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil sé go hiomlán i dteideal struchtúir chostais a iarraidh agus meastóireacht a dhéanamh orthu mar uirlis fhianaiseach oibiachtúil chun a fhíorú an bhfuil difríocht líomhnaithe idir praghsanna intíre struchtúrach agus comhsheasmhach agus an ndéanann sí difear iarbhír d'inchomparáideacht praghsanna. Meabhraíonn an Coimisiún gurb é príomhchuspóir an imscrúdaithe, faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, a áirithiú go ndéanfar comparáid chothrom idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach. I gcás ina n-iarrfaidh páirtí leasmhar go ndéanfar coigeartú faoi Airteagal 2(10), beidh an dualgas cruthúnais air a léiriú go gcomhlíonann a mhaíomh na coinníollacha substainteacha agus fianaise araon a leagtar síos san fhoráil sin. Sa chás i dtrácht, mheas an Coimisiún nach mór an difríocht sa mhargadhluach agus sna praghsanna a íocann custaiméirí a chruthú trí thagairt a dhéanamh do dhifríocht sa leibhéal trádála agus do dhifríocht i bhfachtóirí eile faoi seach.

(473) Maidir leis an leibhéal trádála, mheas an Coimisiún thairis sin gurb éard is gá chun an leibhéal trádála a choigeartú cruthúnas ar dhifríochtaí comhsheasmhacha ar leithligh i bhfeidhmeanna tráchtála agus i bpraghsanna an díoltóra le haghaidh na leibhéal éagsúil trádála (mórdhíol versus miondíol, mar shampla) sa mhargadh intíre agus nár cuireadh an fhianaise sin isteach. Mar is léir ó dhifreáil an bhealaigh díolacháin a dhéantar sa liostú idirbheart ar idirbheart de dhíolacháin intíre agus de dhíolacháin an Aontas, dhíol CSC le trádálaithe agus le húsáideoirí deiridh araon sa mhargadh intíre agus i margadh an Aontais araon. Maidir leis an earnáil mótarfheithiclí líomhnaithe, dhíol CSC le monaróirí agus le trádálaithe mótarfheithiclí araon sa mhargadh intíre, ach níor dhíol sé ach le trádálaithe i margadh an Aontais. Bhí trádálaithe táirgí le haghaidh mótarfheithiclí sa mhargadh intíre agus i margadh an Aontais ag oibriú ar an leibhéal céanna trádála. Ina theannta sin, aon difríocht líomhnaithe sa leibhéal trádála idir an margadh intíre (trádálaithe táirgí le haghaidh mótarfheithiclí agus monaróirí mótarfheithiclí) agus an margadh onnmhairiúcháin (trádálaithe táirgí le haghaidh mótarfheithiclí agus iad sin amháin), níor thug aon difríocht i bhfeidhmeanna agus i bpraghsanna Ghrúpa CSC le haghaidh na leibhéal éagsúil trádála (i.e. trádálaithe nó monaróirí mótarfheithiclí) sa mhargadh intíre léiriú uirthi. Is cuma cé acu úsáideoirí deiridh intíre (bíodh siad san earnáil mótarfheithiclí ná bíodh) nó trádálaithe intíre (bíodh siad san earnáil mótarfheithiclí ná bíodh) a bhí i gceannaitheoirí margaidh intíre Ghrúpa CSC, rinne siad uile a gceannacháin go díreach ó Ghrúpa CSC, gan difríochtaí i bhfeidhmeanna agus i bpraghsanna. Monaróirí mótarfheithiclí agus ceannaitheoirí nach ceannaitheoirí mótarfheithiclí iad, oibríonn siad ar an leibhéal feidhmiúil céanna: is úsáideoirí deiridh tionsclaíocha iad a cheannaíonn go díreach ó Ghrúpa CSC, cibé acu san earnáil tógála, uirlisí nó mótarfheithiclí atá siad. Na gnéithe den earnáil mótarfheithiclí ar ar bhunaigh CSC a mhaíomh, ba chleachtais chaighdeánacha gnólacht le gnólacht iad seachas céim ar leithligh sa bhealach dáileacháin. Ós rud é nár léirigh Grúpa CSC struchtúr praghsála difriúil bunaithe ar bhealaí dáileacháin ar leithligh, níor comhlíonadh critéir Airteagal 2(10)(d) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh maidir leis an leibhéal trádála a choigeartú.

(474) Rinne an Coimisiún anailís ansin an mbeadh údar le haon choigeartú faoi Airteagal 2(10)(k).

(475) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire gur mhaígh CSC gurbh iad na fachtóirí eile a bhí le breithniú faoi Airteagal 2(10)(k) 'meascán de na tosca seo a leanas a liostaítear in Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, is iad sin Airteagal 2(10)(a) maidir le difríochtaí i saintréithe fisiceacha agus Airteagal 2(10)(d)(i) maidir le difríochtaí sa leibhéal trádála'.

(476) Baineann Airteagal 2(10)(k) go heisiach le coigeartuithe i leith tosca nach ndéantar foráil maidir leo faoi phointí (a) go (j). Dá bhrí sin, níor shainaithin CSC aon toisc a bhféadfaí aghaidh a thabhairt uirthi faoin bhforáil sin. Mheabhraigh an Coimisiún nach féidir Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán a léirmhíniú mar shásra chun dul timpeall ar na dian-tagarmharcanna fianaiseacha a leagtar síos faoi na fomhíreanna roimhe sin d'Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(477) In aon chás, ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 2(10)(k) freisin go mbeidh nasc cúisíoch idir an toisc a mhaítear a bheith ann agus an éifeacht líomhnaithe ar phraghsanna, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise uile ar comhad agus ar an argóint a thug CSC chun cinn.

(478) Go bunúsach, tá maíomh CSC bunaithe ar an bhfíoras gur íoc custaiméirí praghsanna éagsúla go comhsheasmhach ar an margadh intíre. Mar sin féin, níor sainaithníodh go soiléir le haon chuid dá argóint aon toisc (ar leithligh ó na tosca dá bhforáiltear faoi phointí (a) go (j) d'Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán) a mhíneodh na praghsanna níos airde. Bunaithe ar an bhfianaise ar comhad, mheas an Coimisiún nár thug na diancheanglais theicniúla agus cháilíochta, na conarthaí fadtéarmacha ná na dianphróisis deimhniúcháin a sonraíodh údar astu féin leis na praghsanna. Ba é ba chúis freisin leis na praghsanna a gearradh rogha a bheith déanta d'aon ghnó ag a chustaiméirí, mar a mhínigh CSC féin (féach aithris (464)). Ba ghnáthdhálaí tráchtála iad sin, ní toisc a rinne difear d'inchomparáideacht praghsanna.

(479) Bhí an tagairt do na bearta coimirce neamhéifeachtach, ós rud é gur thug an Coimisiún dá aire sa chomhthéacs sin nár cumhdaíodh cruach fhrithchreimneach don earnáil mótarfheithiclí san iarraidh ón tionscal ar bhearta frithdhumpála, ach is léir gur cuid den raon táirgí iad san imscrúdú seo maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Ina ionad sin, san imscrúdú maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle, níor gabhadh leis an uimhir rialaithe táirgí an chatagóir roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle maischothromaithe atá i gceist, ach san imscrúdú seo is úsáid deiridh é an ceann scríbe, is é sin an earnáil mótarfheithiclí, agus níl sé ábhartha don aicmiú uimhir rialaithe táirgí, mar a mhínigh an Coimisiún in aithris (456). Mar sin, cé go bhféadfadh difríocht nach ngabhtar leis an uimhir rialaithe táirgí a bheith ábhartha do choigeartú faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, ní sampla úsáideach ar choigeartú a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chás seo é an t-imscrúdú ar roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle.

(480) Ar deireadh, mar rogha mhalartach ar na coigeartuithe i leith difríochtaí i saintréithe fisiceacha, sa leibhéal trádála agus i dtosca eile, mhaígh Grúpa CSC, dá measfadh an Coimisiún gur eascair praghsanna intíre níos airde CSC ar mhótarfheithiclí as an bhfíoras gurb é CSC an t-aon táirgeoir intíre atá gníomhach sa deighleog, go bhfoirmítear na praghsanna sin faoi dhálaí iomaíocha nach ann dóibh ar mhargadh an Aontais. Go deimhin, ní raibh suíomh inchomparáide ag CSC ar mhargadh an Aontais. Mar sin, ba cheart don Choimisiún díolacháin intíre leis an earnáil mótarfheithiclí a eisiamh ón gcomparáid, toisc nach raibh praghas bisigh a chomhfhreagraíonn do mhargadh mótarfheithiclí na Téaváine ag gabháil le praghsanna onnmhairiúcháin an Aontais.

(481) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil gach deighleog de gach margadh geografach faoi réir a dálaí iomaíocha sonracha féin. Is é an líon soláthróirí agus custaiméirí atá gníomhach sa mhargadh agus a suíomhanna faoi seach ar an margadh, *inter alia*, a mhúnlaíonn na dálaí sin. Custaiméir amháin a bheith toilteanach níos mó a íoc agus custaiméir eile níos lú a íoc as an gcineál céanna táirge faoi na dálaí sin, ní thugann sé sin údar ann féin le coigeartú anuas i gcás an dara ceann agus coigeartú aníos i gcás an chéad cheann ná le haon eisiamh ón ngnáthluach. D'fhéadfadh sé go dtugann difríochtaí praghais den sórt sin léiriú simplí ar ghnáthfhórsaí an mhargaidh agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh rannchuidiú le cinneadh gnáthluacha i ngeilleagar margaidh atá faoi réir gnáthdhálaí iomaíochta. Cé go dtarlaíonn sé gurb é CSC an t-aon táirgeoir intíre atá gníomhach sa deighleog ábhartha, ní fhágann sé sin ann féin go bhfuil sé in ann biseach a ghearradh ar an gcúis sin. Tá CSC fós faoi réir srianta iomaíocha, ós rud é go bhfuil an deighleog oscailte d'allmhairí agus do tháirgeoirí intíre eile a bheith ag teacht isteach. D'fhéadfadh an cás a bheith difriúil dá mbeadh CSC in ann srian a chur leis an iomaíocht, bíodh sin trí iompar aontaobhach nó trí chomhaontuithe le rannpháirtithe eile sa mhargadh. Níor mhaígh CSC, áfach, gurb amhlaidh atá.

(482) Ar na cúiseanna uile a mhínítear thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(483) Tar éis an nochta deiridh bhreise, maidir le difríochtaí fisiceacha agus frisnéis an Choimisiúin in aithris (468), mhaígh Grúpa CSC nár lipéid tráchtála iad na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla is infheidhme maidir le táirgí mótarfheithiclí a bhí ceangailte le táirgí a bhí comhionann seachas sin. Ina ionad sin, mhonaraigh Grúpa CSC na táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta lena mbaineann i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a éilíonn an monaróir mótarfheithiclí aonair. Is é is cuspóir do na caighdeáin theicniúla na saintréithe nach mór a bheith ag an gcruach a shainiú chun ceanglais an mhonaróra a chomhlíonadh.

(484) Thug an Coimisiún dá aire nár thug Grúpa CSC tuairisc ach ar an bpróiseas chun táirgí a shaincheapadh arna iarraidh sin do chliant. Ní shainítear le saincheapadh den sórt sin, go díreach toisc go bhfuil sé indibhidiúlaithe, saintréith fhisiceach shonrach ná tacar aonchineálach saintréithe fisiceacha lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta atá dírithe ar an earnáil mótarfheithiclí agus táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta eile.

(485) Ina theannta sin, mhaígh Grúpa CSC gur admhaigh an Coimisiún, a mhéid a shuigh sé in aithris (470) nár léirigh Grúpa CSC go raibh socrú praghsanna ar leith mar thoradh ar cheanglais fhisiceacha na n-earnálacha mótarfheithiclí, gurbh ann do dhifríocht sna saintréithe fisiceacha.

(486) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearnadh san aithris (470) ach an maíomh nár thug Grúpa CSC bunús leis a mheabhrú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh sin.

(487) Ar an dara dul síos, maidir le difríochtaí fisiceacha, mhaígh Grúpa CSC go ndearna an Coimisiún earráid nuair a chinn sé nach raibh socrú praghsanna ar leith mar thoradh ar cheanglais fhisiceacha na n-earnálacha mótarfheithiclí. D'áitigh Grúpa CSC gur chuir sé fianaise leordhóthanach ar fáil a léiríonn éifeacht ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna. Áiríodh an méid seo a leanas san fhianaise sin: (i) sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla dhochta, (ii) an próiseas dian cáilíochta a éilíonn monaróirí mótarfheithiclí chun stádas díoltóra cháilithe a fháil, agus (iii) deimhniú Chóras Bainistíochta Cáilíochta ISO/TS16949 a bhaineann go sonrach le mótarfheithiclí a choinneáil ar bun. Mar gheall ar cháilíochtaí agus deimhnithe den sórt sin, bhí sé níos deacra agus níos fadálaí do chustaiméirí mótarfheithiclí athrú ó sholáthróir amháin go soláthróir eile, rud a laghdaigh iomaíocht agus praghasleaisteachas. Mhínigh sé sin gurbh é CSC Group an t-aon díoltóir cáilithe de tháirgí cothroma áirithe de chruach fhuar-rollta a díoladh le húsáideoirí deiridh mótarfheithiclí sa Téaváin. Ar deireadh, thaifead an Coimisiún i dtuarascáil mhisin CSC go raibh an deighleog mótarfheithiclí níos brabúsaí i gcomparáid le deighleoga cornaí eile agus go raibh préimh phraghais le haghaidh táirgí gluaisteán comhthacaithe go hiomlán le rianú díolachán inmheánach agus catalóg praghsanna intíre oifigiúil Ghrúpa CSC.

(488) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire gur liostaigh Grúpa CSC na heilimintí sin go sainráite mar eilimintí ábhartha faoina mhaíomh ar dhifríochtaí i saintréithe fisiceacha. Mar sin, rinne an Coimisiún measúnú orthu faoin ngné sin, cé gur chosúil go raibh siad neamhéifeachtach maidir leis an maíomh sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár thug Grúpa CSC bunús lena mhaíomh maidir le difríochtaí líomhnaithe i saintréithe fisiceacha, toisc nár chuir sé aon eilimint nua isteach chun tacú lena mhaíomh. Thairis sin, shuigh an Coimisiún nárbh é an cineál sin díolachán ar an margadh intíre an t-aon chineál díolacháin a bhí faoi réir noirm shonracha. Mar shampla, bhí na díolacháin leis an Aontas le húsáideoirí mótarfheithiclí faoi réir chaighdeáin Ainmníochta na hEorpa freisin. Thairis sin, níor shainigh stádas an díoltóra cháilithe agus na caidrimh thráchtála dhaingnithe saintréithe fisiceacha ach ba ghnáthchoinníollacha tráchtála iad a d'eascair as custaiméirí Ghrúpa CSC a roghnú d'aon ghnó. Dá bhrí sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nár léirigh an fhianaise dá ndearna Grúpa CSC tagairt gurb ann do shaintréith fhisiceach shonrach amháin nó níos mó lena ndéanfaí idirdhealú idir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta atá ceaptha don earnáil mótarfheithiclí agus cineálacha eile táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Shainaithin CSC díolacháin mótarfheithiclí ina chóras inmheánach, toisc gur shainaithin sé cineálacha eile cruach freisin amhail cruach uirlise nó druma, bunaithe go simplí ar an úsáid deiridh agus ar an gcustaiméir. Deimhnítear é sin toisc nach ndearna córas CSC idirdhealú idir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a díoladh le huathmhonaróir, ar dhíoltóir cáilithe CSC ina leith, agus ar dhíol táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le trádálaí páirteanna mótarfheithiclí, nach raibh CSC ina dhíoltóir cáilithe ina leith. Dá bhrí sin, in éagmais aon fhianaise chuí-réasúnaithe lena ndéantar tionchar na saintréithe fisiceacha a leithlisiú ó ghnáththosca tráchtála eile, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Ghrúpa CSC.

(489) Mhaígh Grúpa CSC go raibh dualgas cruthúnais dodhéanta de dhíth ar an gCoimisiún, dualgas atá níos airde ná an caighdeán a chuir an Chúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm in *Sinopec* ([118]). Mhaígh Grúpa CSC gur léirigh sé gurb ann do na difríochtaí ábhartha agus go bhfuil siad i gcomhthráth le praghas bisigh atá substaintiúil agus comhsheasmhach.

(490) Mheas an Coimisiún nár shuigh Grúpa CSC go raibh na himthosca fíorasacha ábhartha d'inchomparáideacht praghsanna agus gur ghá go ndearna siad difear dó. I ndáil leis sin, chuir Grúpa CSC éileamh measctha isteach faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán bunaithe ar mheascán tosca a thagann faoi Airteagal 2(10)(a) agus Airteagal 2(10)(d)(i) de. Mar sin féin, sa mhaíomh is déanaí uaidh dá dtagraítear in aithris (487), níor shonraigh Grúpa CSC cé na heilimintí aonair a thug údar leis an gcoigeartú sonrach sin. I bhfocail eile, shainaithin Grúpa CSC difríocht sa phraghas ar an margadh intíre ag brath ar chustaiméir, ar gnáththarlú é, mar a mhínítear in aithris (481), ar shaormhargadh ar cheart é a léiriú sa ghnáthluach, seachas deireadh a chur leis. Níor mhínigh Grúpa CSC ansin an difríocht sin sa phraghas i dtéarmaí praghas coincréiteach a dhéanann difear do thosca mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Gan nasc den sórt sin, níl aon chúis leis an gcoigeartú. Ní gá go léiríonn difríocht praghais leis féin praghas bisigh; gan aon nasc inléirithe le toisc choincréite, is gnáth-tharlú margaidh é lena múnlaítear an gnáthluach le haghaidh cineál táirge ar leith. Dá bhrí sin, in éagmais idirdhealú soiléir agus bunús cuí a thabhairt leis na forais dhlíthiúla a maíodh, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(491) D'athdhearbhaigh Grúpa CSC a mhaíomh freisin maidir le hábharthacht an chostais táirgthe, ar tugadh aghaidh air cheana in aithris (470).

(492) Ar an tríú dul síos, maidir leis an difríocht líomhnaithe sa leibhéal trádála, mhaígh Grúpa CSC gur saintréith dá dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí é stádas díoltóirí cáilithe, nósanna imeachta deimhniúcháin táirgí a éileamh, ceanglais táirgthe agus cháilíochta a bhaineann go sonrach le monaróir, agus deimhniú bainistíochta cáilíochta a bhaineann go sonrach le mótarfheithiclí. D'áitigh Grúpa CSC nach raibh na ceanglais sin i láthair ar an mbealach céanna ina dhíolacháin le custaiméirí tionsclaíocha eile. Thairis sin, mhaígh Grúpa CSC, ós rud é gur aithníodh go sainráite in Airteagal 2(10)(d)(i) den bhun-Rialachán go bhféadfadh 'aon difríocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndíolacháin monaróra buntrealaimh' a bheith san áireamh sna difríochtaí i leibhéal na trádála, gur chuimsigh coincheap an leibhéil trádála níos mó ná suíomh an chustaiméara sa slabhra dáileacháin.

([118]) *An Coimisiún v Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile*, C-319/24 P, cit., mír 120.

(493) Mheas an Coimisiún nach raibh difríochtaí sa leibhéal trádála i gceist le stádas díoltóra cáilithe, nósanna imeachta deimhniúcháin táirgí éilitheacha, táirgeadh a bhaineann go sonrach le monaróir, ceanglais cháilíochta, agus deimhniú bainistíochta cáilíochta a bhaineann go sonrach le mótarfheithiclí. Mar shampla, cé acu a cáilíodh nó nár cáilíodh díoltóir, níor athraigh sé a fheidhmeanna mar tháirgeoir díola. Leis an tagairt do 'difríochtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndíolacháin monaróra buntrealaimh [...]' d'Airteagal 2(10)(d)(i) den bhun-Rialachán, pléitear le coigeartuithe i gcás ina bhfuil difríocht i bpraghsanna idir táirgí féinbhranda (díolacháin ag monaróir branda dílse) agus díolacháin monaróra buntrealaimh, ar díolacháin iad sin le ceannaitheoirí a d'athdhíolfadh an táirge faoina mbranda féin de ghnáth agus a dhéanfadh na feidhmeanna, agus a sheasfadh na costais chomhfhreagracha, go háirithe costais iardhíola agus fógraíochta. I gcás CSC, níl aon difríocht den sórt sin i ndíolacháin toisc go raibh a dhíolacháin uile féinbhrandáilte. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár chruthaigh Grúpa CSC, sa chás seo, gur leibhéal trádála difriúil a bhí i ndíolacháin monaróra buntrealaimh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(494) Ar an gceathrú dul síos, maidir le difríochtaí i dtosca eile, mhaígh Grúpa CSC gur shainaithin sé roinnt tosca a bhaineann go sonrach le díolacháin mótarfheithiclí nár gabhadh, nó nach gá gur gabhadh, leis na fomhíreanna eile d'Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Airíodh na nithe seo a leanas ar na tosca sin: (i) nósanna imeachta deimhniúcháin is infheidhme maidir le soláthróirí mótarfheithiclí a éileamh, (ii) conarthaí fadtéarmacha agus comhaontuithe teicniúla lena gceanglaítear go gcomhlíonfar go docht córais bhainistíochta cáilíochta agus caighdeáin phróisis na monaróirí mótarfheithiclí. Cé go n-aithníonn Grúpa CSC go bhféadfaí ceanglais áirithe, amhail sonraíochtaí teicniúla a bhaineann go sonrach le monaróir, a léiriú i saintréithe fisiceacha an táirge agus go dtagann siad, dá bhrí sin, faoi Airteagal 2(10)(a), d'áitigh sé nach gá gur difríocht fhisiceach a bhí i dtosca eile, amhail an próiseas cáilíochta agus deimhniúcháin féin. Dá bhrí sin, chun éifeacht chomhcheangailte na dtosca sin a chur san áireamh, tosca nár tháinig faoi na catagóirí sonracha a liostaítear sna fomhíreanna roimhe seo d'Airteagal 2(10), bhí sé ag brath, mar mhalairt air sin, ar Airteagal 2(10)(k). De réir Ghrúpa CSC, níor bhraith an maíomh faoi Airteagal 2(10)(k) ar phraghsanna intíre éagsúla a bheith ann amháin, ach ar ionstraim fholuiteach shonrach lena léirítear gur íoc custaiméirí mótarfheithiclí praghsanna i bhfad níos airde go comhsheasmhach nuair a bhí na tosca sin ann.

(495) Ar dtús, thug an Coimisiún dá aire, mar a leagtar amach in aithris (487), gur liostaigh Grúpa CSC freisin an próiseas cáiliúcháin agus deimhniúcháin, chomh maith le comhlíonadh cheanglais na monaróirí gluaisteán, i measc na dtosca a thacaíonn le maíomh ar choigeartú le haghaidh difríochtaí i saintréithe fisiceacha faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán. Ina argóint ina dhiaidh sin, áfach, d'admhaigh Grúpa CSC nár ghá gur difríocht fhisiceach a bhí sa phróiseas cáilíochta agus deimhniúcháin. Maidir leis na tosca eile, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a thuairim nach de bhun nósanna imeachta deimhniúcháin, conarthaí fadtéarmacha agus comhaontuithe teicniúla lena gceanglaítear ceanglais monaróirí gluaisteán a chomhlíonadh go docht, astu féin, a cinneadh praghsanna. D'eascair na leibhéil phraghsála freisin as roghanna tráchtála na gcustaiméirí lena mbaineann. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (490), ní léiríonn difríocht sa phraghas ann féin praghas bisigh. D'fhéadfadh sé asbhaint praghsanna a léiriú freisin le haghaidh díolacháin nach díolacháin mótarfheithiclí iad agus, dá bhrí sin, gan aon nasc coinréiteach ann le toisc ar leith, is gnáth-tharlú margaidh é ar cheart é a léiriú sa ghnáthluach le haghaidh cineál táirge ar leith i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin seachas a bheith neodraithe. Dá bhrí sin, ós rud é gur gnáthchoinníollacha tráchtála a bhí sna heilimintí sin agus, gan aon nasc coincréiteach ann le praghas bisigh, ní cháilíonn siad mar thoisc a dhéanann difear d'inchomparáideacht praghsanna de réir bhrí Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(496) Ar an gcúigiú dul síos, d'athdhearbhaigh Grúpa CSC ábharthacht na mbeart coimirce maidir le cruach a luaitear in aithris (464) agus ábharthacht an imscrúdaithe maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle a luaitear in aithris (466), ar ina leith a chloígh an Coimisiún leis an tuairim a cuireadh in iúl in aithris (479).

(497) Ar deireadh, mhaígh Grúpa CSC contrárthacht idir dearbhú an Choimisiúin i mír 356 den Doiciméad Ginearálta um Nochtadh (a léirítear in aithris (462)) ar dá réir 'd'fhéadfaí praghsanna arda a mhíniú toisc gurbh é Grúpa CSC an t-aon táirgeoir intíre a bhí gníomhach i ndeighleog líomhnaithe A', agus an ráiteas in aithris (481) ar dá réir nár chiallaigh sé ann féin ó tharla gurbh é CSC an t-aon táirgeoir intíre a bhí gníomhach sa deighleog ábhartha go raibh sé in ann praghas bisigh a ghearradh ar an gcúis sin. Líomhain Grúpa CSC go raibh an cheist fós ann maidir le comparáid chóir a dhéanamh idir praghsanna intíre ar mhótarfheithiclí arna bhfoirmiú faoi staid iomaíoch ar leith Ghrúpa CSC agus praghsanna onnmhairiúcháin Ghrúpa CSC arna bhfoirmiú faoi dhálaí iomaíocha éagsúla.

(498) Thug an Coimisiún dá aire gur léirigh an chontrárthacht dhealraitheach idir mír 356 sa Doiciméad Ginearálta um Nochtadh (a léirítear in aithris (462)) agus aithris (481) éabhlóid a mheasúnaithe ar dhálaí ábhartha an mhargaidh agus ar sheasamh Ghrúpa CSC laistigh den deighleog lena mbaineann le linn an imscrúdaithe. Bhí mír 356 bunaithe ar an hipitéis tosaigh go bhféadfadh Grúpa CSC a sheasamh sa mhargadh a ghiaráil chun praghsanna níos airde a ghearradh. Suíodh le hanailís níos mionsonraithe, áfach, go raibh an deighleog oscailte d'iomaíocht ó sholáthróirí intíre agus ó onnmhaireoirí araon. Sna himthosca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh Grúpa CSC an praghas bisigh líomhnaithe a choinneáil ar bun ach amháin dá mbeadh srian ar an iomaíocht sa deighleog sin, trí iompar aontaobhach nó i gcomhar le rannpháirtithe eile sa mhargadh. In éagmais aon fhianaise nó fiú maíomh ar shrianta den sórt sin, ní fhéadfaí an hipitéis tosaigh is bun le mír 356 a choinneáil ar bun, mar a mhínítear in aithris (462). Go deimhin, ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, níor chuir Grúpa CSC in aghaidh chonclúid an Choimisiúin in aithris (481), rud a léiríonn ina ionad sin an chontrárthacht líomhnaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.4.5.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(499) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

(500) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: muirir bhainc, coimisiúin agus, le haghaidh CSC amháin, costas creidmheasa.

3.4.6. *Corrlaigh dhumpála*

(501) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(502) Le linn na cuairte fíorúcháin, sholáthair Grúpa CSC leagan simplithe de chuntais bhrabúis agus chaillteanais ceann dá thrádálaithe neamhchomhlachaithe i dtríú tíortha, a bhfuil baint acu le díolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas, ionas go bhféadfaí costais den sórt sin a úsáid chun praghas CAL ag teorainn an Aontais a shuí, dleacht neamhíoctha, a úsáidtear mar ainmneoir chun an corrlach dumpála a shloinneadh mar dhleacht.

(503) Mar sin féin, níor chumhdaigh na costais agus na brabúis a tuairiscíodh sna cuntais bhrabúis agus chaillteanais sin na trádálaithe uile, cé gur áiríodh leo oibríochtaí an trádálaí sin a bhain le gnó eile agus le táirgí eile seachas an táirge lena mbaineann. Thairis sin, ní raibh na cineálacha costas a áiríodh i gcostais SGA le haghaidh an trádálaithe neamhchomhlachaithe sin sonrach go leor chun comhaireamh dúbailte costas a sheachaint, e.g. costais iompair nó costais eile. Ar deireadh, níor thug aon cheann de na doiciméid sin aon léargas ar cé acu a áiríodh nó nár áiríodh i luach deiridh na n-earraí ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais na costais a tabhaíodh agus na brabúis líomhnaithe a rinne na hidirghabhálaithe sin araon.

(504) Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh,

(505) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	33,3

(506) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch lasmuigh den sampla, ríomhann an Coimisiún go hiondúil an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Sa chás seo, áfach, níor shampláil an Coimisiún ach grúpa amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Téaváin. Dá bhrí sin, chomhfhreagair an corrlach sin do chorrlach ghrúpa sampláilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(507) Ar an mbonn sin, is é 33,3 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(508) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa Téaváin, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón Téaváin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(509) Is íseal an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar [60-70 %] de mhéid iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le hallmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála iarmharach a shocrú ar leibhéal na gcorrlach is airde arna mbunú le haghaidh na gcineálacha táirgí atá cothrom le níos mó ná 5 % de na honnmhairí chuig an Aontas ag Grúpa CSC.

(510) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	33,3
Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,3
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téaváine	59,6

3.5. **an Tuirc**

3.5.1. *Staid margaidh áirithe: éifeacht 'brú amach'*

3.5.1.1. Anailís

(511) Chun a shuí gurb ann do staid margaidh áirithe i margadh na Tuirce mar gheall ar éifeacht 'brú amach' allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín, rinne an Coimisiún an anailís seo a leanas: ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar a mhéid a chuaigh allmhairí na Síne i bhfód ar mhargadh intíre na Tuirce ó thaobh méide de; ar an dara dul síos, bhreathnaigh an Coimisiún ar thionchar na n-allmhairí sin ar na praghsanna i margadh intíre na Tuirce.

(512) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí ar fud na tíre agus táscairí ar leibhéal na cuideachta bunaithe ar shonraí arna soláthar ag Rialtas na Tuirce agus ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin samplacha faoi seach. Fíoraíodh an dá thacar sonraí ar an láthair mar a léirítear in aithris (104).

3.5.1.2. Tomhaltas

(513) Chinn an Coimisiún an tomhaltas faoi chuing bunaithe ar úsáid faoi chuing arna tuairisciú ag Rialtas na Tuirce do gach táirgeoir táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de chuid na Tuirce. Níor tuairiscíodh aon díolachán faoi chuing. Suíodh tomhaltas ar an saormhargadh mar shuim de dhíolacháin intíre ar an saormhargadh agus d'allmhairí. Tá suim an tomhaltais faoi chuing agus an tomhaltais ar an saormhargadh cothrom le tomhaltas iomlán táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Tuirc.

(514) Tháinig forbairt ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Tuirc mar a leanas:

Tábla 16

Tomhaltas (i dtonaí) ([119])

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas faoi chuing	[2 795 000-3 453 000]	[2 414 000-2 982 000]	[2 799 000-3 458 000]	[3 020 000-3 730 000]
Innéacs (2022=100)	*100*	*86*	*100*	*108*
Tomhaltas ar an saormhargadh	[2 467 000-3 048 000]	[2 601 000-3 213 000]	[2 332 000-2 881 000]	[2 365 000-2 921 000]
Innéacs (2022=100)	*100*	*105*	*95*	*96*
Tomhaltas iomlán	6 191 841	5 900 957	6 037 586	6 335 628
Innéacs (2022=100)	*100*	*95*	*98*	*102*

Foinse: Arna ríomh bunaithe ar cheistneoir Rialtas na Tuirce agus ar fhreagraí ar an litir easnaimh.

(515) Is féidir táirgí cothroma de cruach fhuar-rollta a phróiseáil a thuilleadh chun cruach ghalbhánaithe nó cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi (réamhphéinteáilte) a dhéanamh díobh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta chun táirgí iartheachtacha a mhonarú idir 2022 agus 2023. In 2024, d'fhill sé ar leibhéal 2022 agus lean sé de bheith ag fás le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tomhaltas faoi chuing táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta sa Tuirc 8 % níos airde ná mar a bhí in 2022.

(516) Tháinig méadú 5 % ar thomhaltas ar an saormhargadh in 2023. Mar sin féin, ina dhiaidh sin in 2024, tháinig laghdú air agus d'fhan sé ar leibhéal comhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. San iomlán, tháinig laghdú 4 % ar thomhaltas ar an saormhargadh idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(517) Tháinig laghdú sealadach ar an tomhaltas iomlán in 2023 (–5 %), agus ansin tháinig ascalú gar do leibhéil 2022 in 2024 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.5.1.3. Éabhlóid mhéideanna agus phraghsanna na n-allmhairí ón tSín agus ó thríú tíortha eile

(518) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí bunaithe ar an staidreamh trádála a sholáthair Rialtas na Tuirce. Cinneadh sciartha den mhargadh trí mhéideanna na n-allmhairí a chur i gcomparáid leis an tomhaltas ar an saormhargadh sa Tuirc.

(519) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta chuig an Tuirc:

Tábla 17

Méideanna na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh ([120])

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An Chóiré				
An méid allmhairí (tonaí)	161 306	375 954	271 828	329 904
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*233*	*169*	*205*

([119]) Ar chúiseanna rúndachta, nochtar na sonraí i raonta.
([120]) Ar chúiseanna rúndachta, nochtar an sciar den mhargadh i raonta.

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Sciar den mhargadh (%)	[5,3-6,5]	[11,7-14,5]	[9,4-11,7]	[11,3-13,9]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*221*	*178*	*213*
an tAontas Eorpach				
An méid allmhairí (tonaí)	148 683	274 473	282 910	250 710
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*185*	*190*	*169*
Sciar den mhargadh (%)	[4,9-6,0]	[8,5-10,6]	[9,8-12,1]	[8,6-10,6]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*175*	*201*	*176*
an Rúis				
An méid allmhairí (tonaí)	323 019	205 107	153 141	230 198
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*63*	*47*	*71*
Sciar den mhargadh (%)	[10,6-13,1]	[6,4-7,9]	[5,3-6,6]	[7,9-9,7]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*60*	*50*	*74*
Daon-Phoblacht na Síne				
An méid allmhairí (tonaí)	247 884	272 577	166 683	210 997
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*110*	*67*	*85*
Sciar den mhargadh (%)	[8,1-10]	[8,5-10,5]	[5,8-7,1]	[7,2-8,9]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*104*	*71*	*89*
an Ríocht Aontaithe				
An méid allmhairí (tonaí)	14 667	29 200	16 515	9 581
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*199*	*113*	*65*
Sciar den mhargadh (%)	[0,5-0,6]	[0,9-1,1]	[0,6-0,7]	[0,3-0,4]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*189*	*119*	*68*
An chuid eile den domhan				
An méid allmhairí (tonaí)	82 978	81 601	27 834	22 370
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*98*	*34*	*27*
Sciar den mhargadh (%)	[2,7-3,4]	[2,5-3,1]	[1-1,2]	[0,8-0,9]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*93*	*35*	*28*
Iomlán na n-allmhairí				
An méid allmhairí (tonaí)	978 538	1 238 912	918 911	1 053 760
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*127*	*94*	*108*
Sciar den mhargadh (%)	[32,1-39,7]	[38,6-47,6]	[31,9-39,4]	[36,1-44,6]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*120*	*99*	*112*

Foinse: Freagraí Rialtas na Tuirce ar an gceistneoir agus freagraí ar an litir easnaimh.

(520) Tháinig méadú ar allmhairí iomlána le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 8 %), lena n-áirítear méadú mór in 2023 (+ 27 %). Tháinig méadú 12 % nó [4-4,9] p.p. ar a sciar den mhargadh. Ba de thionscnamh na Cóiré, an Aontais, na Rúise agus na Síne den chuid is mó de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta allmhairithe.

(521) Luainigh allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2023, tháinig méadú 10 % orthu i gcomparáid le 2022. In 2024, thit siad go dtí níos lú ná 70 % de mhéid 2022. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig siad ar ais go páirteach agus shroich siad 85 % de mhéid 2022. Luainigh an sciar den mhargadh a bhí ag táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Síne sa Tuirc dá réir sin. Tháinig méadú beag 4 % nó [0,4-0,5] p.p. air sa chéad dá bhliain den tréimhse faoi bhreathnú, ansin thit sé faoi [2,7-3,2] p.p. in 2024. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, shroich sé [7,2-8,9] %.

(522) Tháinig méadú faoi dhó ar allmhairí ón gCóiré le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an borradh thar a bheith suntasach idir 2022 agus 2023 nuair a tháinig méadú 133 % ar mhéideanna na n-allmhairí. In 2024, d'fhan na hallmhairí i bhfad os cionn leibhéal 2022 (+ 69 %) agus tháinig méadú breise orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun 205 % de 2022 a bhaint amach.

(523) I bhfianaise an laghdaithe atá ag teacht ar an margadh intíre, d'fhás an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Cóiré níos mó fós ná a méid. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú air ó [5,3-6,5] % in 2022 go [11,3-13,9] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar fás 113 % atá ann.

(524) Tháinig méadú 90 % ar allmhairí ón Aontas idir 2022 agus 2024. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú orthu ach d'fhan siad 69 % níos airde ná mar a bhí in 2022. Tháinig méadú 76 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón Aontas ó [4,9-6,0] % in 2022 go [8,6-10,6] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(525) Tháinig laghdú beagnach 30 % ar allmhairí ón Rúis le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó [10,6-13,1] % in 2022 go [7,9-9,7] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(526) Cé gurbh í an Ríocht Aontaithe an cúigiú foinse táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta is tábhachtaí a allmhairíodh sa Tuirc, bhí sí i bhfad chun deiridh ar na ceithre thír thionscnaimh is mó le méideanna allmhairí laghdaitheacha (–35 %) agus sciartha diomaibhseacha den mhargadh (idir 0,3 % agus 1,1 % sa tréimhse faoi bhreathnú, agus breathnaíodh an sciar is ísle den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin).

3.5.1.4. Méideanna díolachán intíre, sciar den mhargadh, praghsanna intíre agus praghsanna allmhairiúcháin

(527) Shuigh an Coimisiún méideanna na ndíolachán intíre bunaithe ar na sonraí a bhailigh Rialtas na Tuirce ó tháirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Tuirce. Cinneadh an sciar den mhargadh a bhí ag díolacháin intíre trí mhéideanna na ndíolachán intíre a chur i gcomparáid leis an tomhaltas ar an saormhargadh sa Tuirc.

(528) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán intíre, ar an sciar den mhargadh agus ar phraghsanna díola intíre:

Tábla 18

Méid na ndíolachán intíre agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na ndíolachán intíre (tonaí)	1 924 449	1 821 160	1 825 216	1 728 873
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*95*	*95*	*90*
Sciar den mhargadh (%)	66,3	59,5	66,5	62,1
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*90*	*100*	*94*
Praghas díola intíre (TRY/tona)	16 708	20 199	25 968	26 718
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*121*	*155*	*160*
Praghas díola intíre go stairiúil praghsanna 2022 (TRY/tona)	16 708	15 674	15 119	14 502
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*94*	*90*	*87*

Foinse: Freagra Rialtas na Tuirce ar an gceistneoir agus freagra ar an litir easnaimh.

(529) Tháinig laghdú seasta ar dhíolacháin intíre le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 10 % ar mhéid na ndíolachán ag táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de chuid na Tuirce ar a margadh intíre i gcomparáid le 2022.

(530) Tháinig laghdú dá réir sin ar an sciar den mhargadh a bhí ag na díolacháin intíre. Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin chaill táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de chuid na Tuirce 6 % dá margadh intíre. In 2023, tháinig méadú mór ar mhéideanna allmhairí, rud a d'fhág gur tháinig laghdú suntasach ar sciar na ndíolachán intíre ar mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Tuirce (–10 %).

(531) Tháinig méadú mór (+ 60 %) ar an bpraghas díola intíre ainmniúil. Nuair a ceartaíodh é i leith éifeacht an bhoilscithe, tháinig laghdú leanúnach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sé 13 % níos ísle ná mar a bhí in 2022.

(532) Chuir an Coimisiún praghsanna intíre i gcomparáid le praghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú freisin. Chun críche na comparáide sin, d'úsáid an Coimisiún na praghsanna ainmniúla in TRY in aghaidh an tona de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

Tábla 19

Praghas díola intíre agus praghsanna allmhairiúcháin (TRY/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Praghas díola intíre	16 708	20 199	25 968	26 718
Praghsanna allmhairíochta	17 428	19 752	27 373	26 978
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*1,04*	*0,98*	*1,05*	*1,01*
An Chóiré	17 188	18 085	25 063	25 559
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*1,03*	*0,90*	*0,97*	*0,96*
an tAontas Eorpach	19 407	26 286	32 957	34 121
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*1,16*	*1,30*	*1,27*	*1,28*
Cónaidhm na Rúise	16 215	17 789	22 994	22 450
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*0,97*	*0,88*	*0,89*	*0,84*
Daon-Phoblacht na Síne	18 927	18 053	26 127	25 646
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*1,13*	*0,89*	*1,01*	*0,96*
an Ríocht Aontaithe	13 282	16 300	20 766	21 606
Cóimheas praghais allmhairiúcháin/ intíre	*0,79*	*0,81*	*0,80*	*0,81*

Foinse: Freagra Rialtas na Tuirce ar an gceistneoir agus freagra ar an litir easnaimh.

(533) D'fhan meánphraghsanna allmhairiúcháin os cionn leibhéal na bpraghsanna intíre le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé is moite de 2023. Bhí tionchar mór ag allmhairí ón Aontas ar an meán, áfach, a bhí suas le 30 % níos airde ná praghsanna intíre (in 2023). Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sháraigh praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a allmhairíodh ón Aontas na praghsanna intíre faoi 28 %.

(534) Bhí meánphraghas na n-allmhairí ón tSín 13 % ní b'airde ná na praghsanna intíre in 2022, agus ansin thit sé go dtí leibhéal 89 % de na praghsanna intíre in 2023. Sa tréimhse ina dhiaidh sin (2024, an tréimhse imscrúdúcháin), d'fhan siad, a bheag nó a mhór, ar an leibhéal céanna de phraghsanna intíre.

3.5.1.5. Conclúid

(535) Cé gur tháinig laghdú ar dhíolacháin intíre tháirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Tuirce ar luas níos airde ná an tomhaltas ar an saormhargadh, choinnigh siad sciar ceannasach den mhargadh ar mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Tuirce. Ba iad allmhairí ón gCóiré agus ón Aontas ba mhó ba chúis leis an méadú iomlán ar allmhairí. Tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín agus chaill siad sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ina theannta sin, níor rangaíodh an tSín ach mar uimhir a ceathair i dtéarmaí tionscnaimh maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta allmhairithe taobh thiar den Chóiré, den Aontas agus den Rúis.

(536) Ó thaobh praghsanna de, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne ar leibhéil a bhí cosúil le praghsanna intíre, agus bhí praghsanna allmhairiúcháin ó thíortha soláthair eile, is é sin an tAontas, i bhfad níos airde.

(537) I bhfianaise mhéideanna, phraghsanna agus sciartha margaidh na ndíolachán intíre ag táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de chuid na Tuirce agus méideanna agus praghsanna allmhairiúcháin ón tSín, ón gCóiré agus ón Aontas, shuigh an Coimisiún go raibh dul i bhfód táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne ar an margadh measartha beag agus nach bhféadfadh sé mórdhifear a dhéanamh do na praghsanna ar mhargadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta na Tuirce. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chruthaigh allmhairí ón tSín staid margaidh áirithe i margadh na Tuirce.

3.5.2. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán*

3.5.2.1. Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş. (‘Tatmetal’)

(538) Chuir an Coimisiún in iúl san fhógra tionscnaimh agus sa litir a ghabhann leis an gceistneoir a seoladh chuig Tatmetal an 18 Meán Fómhair 2025, i gcás ina ndéanfar amach gur sholáthair aon pháirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis, agus úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

(539) Chuir an Coimisiún in iúl do Tatmetal an 16 Aibreán 2026 go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm mar gheall ar roinnt saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na cuairte fíorúcháin.

(540) Ar an gcéad dul síos, maidir le cruach lánchrua, rinne Tatmetal rogha d’aon ghnó tógáil na huimhreach rialaithe táirgí a athrú agus níor chuir sé an Coimisiún ar an eolas ach amháin le linn an fhíoraithe ar an láthair. Rinne an neamhrialtacht sin difear d’idirbhearta díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin araon.

(541) Ar an dara dul síos, shainaithin an Coimisiún díolacháin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, an táirge faoi imscrúdú leis na criosanna saorthrádála sa Tuirc le custaiméirí a phróiseáil táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ina dtáirgí iartheachtacha a bhfuil saintréithe agus úsáid éagsúil acu, e.g. earraí cistine. Aicmíodh na díolacháin sin mar dhíolacháin eile agus níor tuairiscíodh iad mar dhíolacháin intíre, ná mar dhíolacháin an Aontais.

(542) Ar an tríú dul síos, thuairiscigh Tatmetal dhá thacar ar leith de rátaí malairte eachtraí: baineadh na rátaí malairte eachtraí le haghaidh díolacháin intíre as córas cuntasaíochta na cuideachta, agus tuairiscíodh na rátaí malairte is infheidhme maidir le díolacháin an Aontais ón sonrasc custaim. Shainaithin an Coimisiún roinnt cásanna de rátaí malairte neamh-mheaitseála ar an dáta céanna a tuairiscíodh ó chóras cuntasaíochta na cuideachta. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh na rátaí malairte custaim a úsáideadh sna díolacháin chuig an Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe le haghaidh na ndátaí céanna níos ísle ná na rátaí malairte a tuairiscíodh ó chóras cuntasaíochta na cuideachta.

(543) Ar an gceathrú dul síos, maidir le díolacháin an Aontais a thuairiscigh Tatmetal, shainaithin an Coimisiún roinnt idirbheart a onnmhairíodh go dáiríre chuig an Macadóin Thuaidh, ní chuig an Aontas. Cláraíodh na hidirbhearta sin i gcalafort Thessaloniki, ach bhí an ceann scríbe deiridh lonnaithe sa Mhacadóin Thuaidh, de réir mar a comhthacaíodh le sonraí foinseacha na cuideachta agus leis na hidirbhearta sampláilte a bailíodh.

(544) Ar an gcúigiú dul síos, ní raibh na costais iompair a tuairiscíodh i dtábla díolacháin an Aontais iomlán. Níor tuairiscíodh sonraisc chomhfhreagracha lasta aigéin ná sonraisc chomhfhreagracha maidir le costais láimhseála i gcás roinnt idirbheart CAL agus táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(545) Ina bharúlacha, maidir le pointe a haon i ndáil le tógáil na huimhreach rialaithe táirgí, d'áitigh Tatmetal nach raibh cáilíocht dromchla ar tháirgí crua iomlána agus nár tugadh tuairisc orthu leis an gcaighdeán Eorpach ábhartha (EN 10130) ar an mbealach céanna le táirgí fuar-rollta ainéalta agus go gcuirfí faisnéis mhíthreorach ar fáil dá leithdháilfí cáilíocht dromchla mar a shainmhínítear san uimhir rialaithe táirgí.

(546) Mheas an Coimisiún gurb í an ghné dromchla neamhnochta an ghné is oiriúnaí do tháirgí crua iomlána, ós rud é nach bhfuil sé i gceist táirgí crua iomlána a bheith nochta agus nach bhfuil siad críochnaithe de réir bhrí EN 10130. Rinne an Coimisiún an uimhir rialaithe táirgí lena mbaineann a athaicmiú sa liostú díolachán intíre agus i liostú díolachán an Aontais.

(547) Maidir le pointe a dó i ndáil le díolacháin a rinneadh leis na criosanna saorthrádála sa Tuirc, d'áitigh Tatmetal nach díolacháin intíre faoi rialacha cuntasaíochta Tatmetal a bhí i ndíolacháin an chreasa saorthrádála, agus nárbh fhéidir iad a shainaithint mar dhíolacháin onnmhairiúcháin a bhaineann go sonrach leis an Aontas faoi dhlí na Tuirce. Líomhain Tatmetal gur sainíodh díolacháin creasa saorthrádála le dlí na Tuirce mar dhíolacháin onnmhairí, seachas mar dhíolacháin intíre, toisc go dtagann lastais ón Tuirc chuig saorchrios faoi réim an chórais onnmhairiúcháin faoi reachtaíocht onnmhairiúcháin agus CBL na Tuirce ([121]). Luaigh Tatmetal freisin Dlí Uimh. 3218 maidir le saorlimistéir, a glacadh an 6 Meitheamh 1985 ([122]), faoina gcaitear le saorchriosanna, cé gur cuid de Chríoch Chustaim na Tuirce iad, mar shaorchriosanna lasmuigh den chríoch sin chun críocha dleachtanna allmhairiúcháin agus beart beartais trádála, agus ina dtairbhíonn earraí a chuirtear i saorchrios de ghnáth de na saoráidí a ghabhann le honnmhairiú. Thairis sin, chuir Tatmetal doiciméid tacaíochta isteach maidir le costas lasta na n-idirbheart a díoladh leis na saorchriosanna i gcás inar chinn an Coimisiún caitheamh leis na díolacháin mar dhíolacháin intíre nó mar dhíolacháin de chuid an Aontais.

(548) Thug an Coimisiún dá aire an míniú ar Tatmetal, cé gur cuid de Chríoch Chustaim na Tuirce iad na saorchriosanna, go gcaitear leo amhail is dá mbeidís lasmuigh den chríoch sin chun críocha dleachtanna allmhairiúcháin agus beart beartais trádála. Sa chás seo, thug an Coimisiún faoi deara gur díoladh an táirge faoi imscrúdú le custaiméirí sna saorchriosanna, atá mar chuid de Chríoch Chustaim na Tuirce. Mhaígh Tatmetal nach raibh aon fhaisnéis acu faoin méid a tharla do na hearraí tar éis na díolacháin a thabhairt i gcrích. Thug an Coimisiún dá aire ó shuíomhanna gréasáin na gcustaiméirí faoi seach go raibh a ngníomhaíochtaí gnó i dtionscail iartheachtacha, amhail córais earraí cistine agus seilfeanna cruach. Dá bhrí sin, bhí gá le claochlú mór ar an táirge faoi imscrúdú sna saorchriosanna, faoi Chríoch Chustaim na Tuirce, roimh an onnmhairiú ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, chaith an Coimisiún leis na díolacháin sin mar dhíolacháin leis an margadh intíre.

(549) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gurbh é a bhí sna doiciméid tacaíochta bhreise maidir leis an gcostas iompair le haghaidh na n-idirbheart a díoladh leis na saorchriosanna sa Tuirc bileog oibre le haghaidh costas lasta intíre lena ngabhann costas lasta aonaid in aghaidh na gcriosanna sa Tuirc. Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair Tatmetal aon sonraí cuntasaíochta iarbhír a thacaigh le leithdháileadh costas lasta ar na díolacháin leis na criosanna saorthrádála. Diúltaíodh don argóint.

(550) Maidir le pointe a trí i ndáil le rátaí malairte, d'áitigh Tatmetal, i gcás díolacháin onnmhairí, gur thuairiscigh sé an ráta malairte eachtraí bunaithe ar an dáta deiridh custaim, ach i gcás díolacháin intíre chuir Tatmetal ráta malairte laethúil Bhanc Ceannais na Tuirce i bhfeidhm. Mhínigh Tatmetal go ndearna ráta ceannaigh Bhanc Ceannais na Tuirce iarratas ar liostú díolachán an Aontais, agus go ndearna ráta díola Bhanc Ceannais na Tuirce iarratas ar liostú díolachán intíre.

(551) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna Tatmetal rogha d'aon ghnó an glanluach sonraisc in TRY a thiontú le ráta malairte eachtraí bunaithe ar an dáta deiridh custaim. Níor léir fós cén fáth a raibh sé níos iomchuí ráta malairte eachtraí ar dháta deiridh custaim a úsáid in ionad ráta malairte eachtraí dháta an tsonraisc, ach amháin i gcás ráiteas na cuideachta go raibh an cur chuige sin ailínithe leis na taifid chuntasaíochta. Thug an Coimisiún faoi deara, i bhformhór na gcásanna, go raibh ráta malairte ar an dáta deiridh custaim a tuairiscíodh i liostú díolachán an Aontais níos airde ná an ráta malairte eachtraí ceannaigh nó díola ab infheidhme ar an dáta sonraisc céanna a tuairiscíodh i liostú díolachán an Aontais. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar luach an tsonraisc san airgeadra cuntasaíochta i gcomparáid le ráta malairte eachtraí Bhanc Ceannais na Tuirce, a cuireadh i bhfeidhm ar dhíolacháin airgeadra eachtraigh ar an margadh intíre. Níor mhínigh an chuideachta don Choimisiún ach nár úsáid sí ráta malairte eachtraí dháta an tsonraisc i ndíolacháin leis an Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe le linn an fhíorúcháin ar an láthair. Chuir nochtadh déanach faisnéise den sórt sin cosc ar an gCoimisiún anailís cheart a dhéanamh ar na sonraí a cuireadh isteach, rud a chuir bac mór ar an imscrúdú.

([121]) An Rialachán maidir le hOnnmhairiú (İhracat Yönetmeliği), Iris Oifigiúil Uimh. 26190, an 6 Meitheamh 2006.
([122]) Iris Oifigiúil Uimh. 18785, 15 Meitheamh 1985.

(552) Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh an ráta malairte eachtraí a tuairiscíodh i liostú díolachán an Aontais is infheidhme ar dháta an ordaithe ceannaigh éagsúil i gcásanna áirithe leis an ráta malairte eachtraí a tuairiscíodh sa liostú díolachán intíre is infheidhme ar dháta an ordaithe ceannaigh. Sa chás sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí úsáid chomhsheasmhach a bhaint as na meánrátaí míosúla malairte eachtraí chun na neamhréireachtaí agus rátaí malairte eachtraí a tuairiscíodh go mícheart a cheartú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil i bhfeidhm maidir leis na rátaí malairte eachtraí a tuairiscíodh. Diúltaíodh d'argóintí Tatmetal ar na forais sin.

(553) Maidir le pointe a ceathair i ndáil le díolacháin leis an Macadóin Thuaidh, mhínigh Tatmetal go bhféadfadh an liostú díolachán a bheith míchruinn nó míthreorach chun críoch leithdháilte cinn scríbe toisc go bhféadfaidís faisnéis faoi sheoladh custaiméirí, sonraí a bhaineann le sonraisc, seoltaí ERP sannta go huathoibríoch, nó faisnéis mhícheart maidir le réamhloingseoireacht a léiriú. Ar an gcúis sin, thuairiscigh Tatmetal an fhaisnéis tíre ar bhonn an liosta oifigiúil custaim. Chuir Tatmetal doiciméid isteach chun a léiriú gur seoladh ceann scríbe deiridh an táirge faoi imscrúdú de chuid na n-idirbheart arna mapáil ag an gCoimisiún chuig an nGréig, seachas chuig an Macadóin Thuaidh.

(554) Thug an Coimisiún dá aire gur chinn Tatmetal brath ar an bhfaisnéis ón dearbhú custaim onnmhairiúcháin. Sna doiciméid bhreise a cuireadh isteach, thagair Tatmetal don téarma seachadta (CAL/c&l Thessaloniki) agus don chalafort urscaoilte ón dearbhú custaim onnmhairiúcháin (Thessaloniki, an Ghréig). Maidir leis na hidirbhearta a shampláil an Coimisiún, i ngach ceann de na ceithre chás ba í an Mhacadóin Thuaidh an ceann scríbe deiridh ar dheimhniú an ordaithe díolacháin, agus/nó bhí seoladh na gceannaitheoirí lonnaithe sa Mhacadóin Thuaidh, agus/nó bhí seoladh na gceannaitheoirí ag an sonrasc lonnaithe sa Mhacadóin Thuaidh, agus bhí an ceann scríbe deiridh in iontrálacha orduithe díolacháin PAF i ngach ceann de na ceithre chás lonnaithe sa Mhacadóin Thuaidh. Ina theannta sin, níor thacaigh Tatmetal lena mhaíomh trí, e.g. an dearbhú allmhairiúcháin custaim, na nótaí seachadta, nó liosta iomlán an bhille luchta/pacála a chur isteach leis an gceann scríbe deiridh. Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann a dheimhniú ar tháinig deireadh leis na hidirbhearta sin san Aontas, d'eisiaigh sé iad ó liostú díolachán an Aontais. Diúltaíodh don argóint. Trí sheiceálacha breise, shainaithin an Coimisiún idirbheart breise a díoladh leis an Eilvéis. Baineadh an t-idirbheart sin de liostú díolachán an Aontais.

(555) Maidir le pointe a cúig i ndáil le costais iompair i liostú díolachán an Aontais, d'áitigh Tatmetal nach raibh costais áirithe a bhaineann le honnmhairiú inaitheanta go díreach sna foirmeacha dearbhaithe custaim. Ina ionad sin, tuairiscíodh na costais sin i gcostas díola, ginearálta agus riaracháin na ndíolachán onnmhairí, sa chatagóir 'eile' nó i 'dtáillí ceanncheathrún'. Mar fhreagra ar litir Airteagal 18, rinne Tatmetal athbhreithniú de láimh ar dhíolacháin a ndearnadh difear dóibh chun lasta aigéin atá in easnamh a thuairisciú agus thuairiscigh sé an costas breise lasta aigéin agus láimhseála.

(556) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na ríomhanna agus ar na comhaid oibre a cuireadh isteach maidir leis an gcostas láimhseála a bhaineann le honnmhairiú a bhí in easnamh agus maidir le lasta aigéin agus ghlac sé leis an ríomh.

(557) An 15 Iúil 2026, chuir an Coimisiún in iúl do Tatmetal gur shainaithin sé saincheisteanna breise ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige forálacha Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ('an dara litir faoi Airteagal 18').

(558) Chuir an Coimisiún in iúl nár chuir an chuideachta aon fhianaise ar fáil a thacaíonn le leithdháileadh costas lasta ar idirbhearta díolacháin intíre. Le linn an fhíorúcháin ar an láthair, mhaígh an chuideachta nach raibh aon nasc idir an costas lasta a tabhaíodh ar an margadh intíre agus na hidirbhearta aonair. Mhínigh an chuideachta conas a d'úsáid sí sonraí inmheánacha chun an costas lasta ar idirbhearta díolacháin intíre a thuairisciú. I ndáil leis sin, níor sholáthair an chuideachta rochtain ar na sonraí a úsáideadh chun luachanna an chostais lasta a tuairiscíodh in aghaidh an idirbhirt a shuí agus níor sholáthair sí ach an bhileog oibre ullmhúcháin le haghaidh idirbhearta díolacháin intíre ina raibh na lamháltais tuairiscithe, lena n-áirítear costas lasta, ar an lá deireanach den fhíorú ar an láthair. Thairis sin, ní raibh na fostaithe ábhartha ar fáil le haghaidh soiléirithe breise le linn an fhíorúcháin ar an láthair. Ar deireadh, níor cuireadh isteach aon fhianaise dhoiciméadach, e.g. sonraisc a fuarthas ó chuideachtaí iompair, cé gur iarradh go sainráite í.

(559) Ina bharúlacha, d'áitigh Tatmetal ar dtús nach raibh aon léiriú sa tuarascáil fíorúcháin nár sholáthair Tatmetal an fhaisnéis ba ghá ná nach bhféadfaí an fhaisnéis a soláthraíodh a fhíorú.

(560) Ar an dara dul síos, d'áitigh an chuideachta, murab ionann agus maíomh an Choimisiúin, go raibh na fostaithe lóistíochta ar fáil ar an bhfón agus go gcuirfidís iad féin ar fáil go pearsanta dá n-iarrfadh an Coimisiún amhlaidh.

(561) Ar an tríú dul síos, mhaígh an chuideachta nach raibh aon leibhéal níos mó fianaise sonraí ann seachas na sonraí inmheánacha a léirítear sa bhileog oibre ullmhúcháin le haghaidh na n-idirbheart díolacháin intíre tuairiscithe a d'fhéadfadh comhthacú leis an gcostas lasta a tuairiscíodh le haghaidh idirbhearta díolacháin intíre.

(562) Ar an gceathrú dul síos, d'áitigh Tatmetal go bhfuil ionchas an Choimisiúin gur cheart don chuideachta fianaise chomhthacaíoch bhreise a sholáthar gan iarraidh agus ar a thionscnamh féin míréasúnta agus go bhfuil sé ag sárú oibleagáidí an Choimisiúin faoi Airteagal 6.1 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 ('Comhaontú Frithdhumpála EDT').

(563) Ar an gcúigiú dul síos, mhaígh an chuideachta gur soláthraíodh an máistirchomhad le haghaidh idirbhearta díolacháin intíre don Choimisiún ar an gcéad lá den fhíorú ar an láthair seachas ar an lá deireanach mar a mhaígh an Coimisiún. Cuireadh bileog oibre ullmhúcháin eile isteach ar an lá deireanach den fhíorú ar an láthair toisc gurbh é sin an tráth a d'iarr an Coimisiún é.

(564) Ar deireadh, d'áitigh an chuideachta gur cheart na sonraí maidir le costas aonaid lasta a áirítear sa bhileog oibre ullmhúcháin a soláthraíodh ar lá deireanach an fhíoraithe mar aon leis na doiciméid loingseoireachta a mheas mar mhodh réasúnta chun fianaise leordhóthanach a sholáthar a thacaíonn leis na lamháltais tuairiscithe le haghaidh lasta intíre.

(565) D'ainneoin an mhéid thuas, chuir Tatmetal isteach an taifead inmheánach ar chostas lasta agus sonraisc arna n-eisiúint le haghaidh seirbhísí iompair a tugadh ina bharúlacha maidir le litir Airteagal 18.

(566) Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil cuntas ar an bpróiseas fíorúcháin sa tuarascáil fíorúcháin. Ní thugann sé aon bhreithiúnas maidir le leibhéal comhair na cuideachta fíoraithe. Léiríodh i gceart sa tuarascáil fíorúcháin na mínithe a chuir an chuideachta ar fáil maidir leis an gcostas lasta a bhaineann le hidirbhearta díolacháin intíre gan aon chonclúid a dhéanamh maidir le leordhóthanacht na fianaise a cuireadh ar fáil. Dá bhrí sin, ós rud é nár sainaithníodh sa tuarascáil fíorúcháin na heasnaimh san fhianaise thacaíochta a soláthraíodh, ní féidir a thuiscint leis sin gur ghlac an Choimisiúin leis na sonraí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh a chuirtear i láthair in aithris (559).

(567) Maidir le tráthúlacht sholáthar na sonraí a úsáidtear chun an freagra ar an gceistneoir a ullmhú a bhaineann leis na hidirbhearta díolacháin intíre agus leis an gcostas gaolmhar agus infhaighteacht an phearsanra ábhartha, ní mór a thabhairt faoi deara go raibh moill ar an bpróiseas fíorúcháin mar gheall ar neamhábaltacht ghinearálta na cuideachta mínithe a sholáthar agus bunús a thabhairt leis an bhfaisnéis a soláthraíodh i gcodanna eile den fhreagra ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, níor ceadaíodh don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na hidirbhearta díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin ach amháin ar an lá deireanach den fhíorúchán ar an láthair. Dá bhrí sin, cuireadh iallach ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt don fhaisnéis a soláthraíodh agus ní raibh sé in ann iniúchadh a dhéanamh uirthi ar leibhéal chomh mionsonraithe sin agus a bheadh riachtanach de ghnáth. Dá bhrí sin, ní raibh aon infhaighteacht fhéideartha na foirne lóistíochta chun páirt a ghlacadh san fhíorú i bpearsa ábhartha ós rud é nár cuireadh an Coimisiún ar an eolas ach faoin modh a úsáideadh chun lasta intíre a thuairisciú ar an lá deireanach den fhíorú ar an láthair. Maíomh na cuideachta gur soláthraíodh máistirchomhad le haghaidh díolacháin intíre ar an gcéad lá den fhíorú, tá sé mícheart. Go deimhin, chuir an chuideachta isteach roinnt doiciméad ar a dtugtar máistirchomhaid. Maidir le díolacháin, sholáthair sé tuarascáil díolacháin nach raibh aon fhaisnéis inti maidir le costais lasta, i.e. ní raibh sí ábhartha don tsaincheist atá idir lámha. Dá réir sin, diúltaíodh do hargóintí a chuirtear i láthair in aithrisí (560) agus (563).

(568) Maidir le maíomh na cuideachta gur modh iomchuí iad doiciméid loingseoireachta (doiciméid lena gcruthaítear gur tugadh na hearraí ar láimh don iompróir lena n-iompar) agus costas aonaid lasta gan tacaíocht chun comhthacú leis an gcostas lasta tuairiscithe le haghaidh idirbhearta intíre, go háirithe toisc go líomhnaítear nach raibh aon fhianaise níos sonraí ar fáil sa chuideachta, thug an Coimisiún dá aire gur chuir an chuideachta féin sonraisc iompair isteach mar fhreagairt ar an dara litir faoi Airteagal 18. Léiríonn sé sin go soiléir go raibh fianaise ag an gcuideachta a d'fhéadfadh comhthacú leis an gcostas lasta intíre. Dá bhrí sin diúltaíodh do na maímh a rinne an chuideachta agus a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (561) agus (564).

(569) Maidir leis an doiciméadacht a cuireadh isteach mar fhreagairt ar an dara litir faoi Airteagal 18, dhiúltaigh an Coimisiún di toisc nárbh fhéidir a fírinneacht a fhíorú ag an gcéim seo den nós imeachta.

(570) Ar deireadh, d'easaontaigh an Coimisiún go raibh sé ag sárú Airteagal 6.1 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT nuair a bhí coinne aige leis go soláthródh an chuideachta fianaise a chomhthacódh leis an gcostas lasta tuairiscithe ar a tionscnamh féin. D'iarr an Coimisiún doiciméid le haghaidh sampla d'idirbhearta díolacháin intíre a thacódh leis na sonraí tuairiscithe, amhail an cineál táirge, an custaiméir, an ceann scríbe, an caidreamh leis an gcustaiméir, cainníocht agus praghas na ndíolachán, an costas a tabhaíodh ar an idirbheart díolacháin. D'iarr an Coimisiún doiciméid go sonrach lena dtacaítear leis an gcostas lasta tuairiscithe. Níor sholáthair an chuideachta doiciméid den sórt sin, áfach, cé gur léir go raibh sonraisc iompair ina seilbh aici mar a mhínítear in aithrisí (565) agus (568). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh a chuirtear i láthair in aithris (562).

3.5.2.2. Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.š., Bursa ('Borcelik')

(571) Faoi phointe 10 den fhógra tionscnaimh, mheabhraigh an Coimisiún do na páirtithe leasmhara gur dhiúltaigh sé rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis ba ghá nó nár chuir sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó gur chuir sé bac mór ar an imscrúdú, d'fhéadfadh na torthaí a bheith bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. D'athdhearbhaigh an Coimisiún freisin iarmhairtí na heaspa comhair sa litir a seoladh chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte an 18 Meán Fómhair 2025 maidir lena gcur san áireamh sa sampla.

(572) An 17 Meitheamh 2026, chuir an Coimisiún in iúl do Borcelik gur tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn le linn an imscrúdaithe a bhféadfadh cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bheith mar thoradh orthu.

(573) Ar an gcéad dul síos, d'iarr an Coimisiún ar an gcuideachta comhardú trialach a chur isteach ceithre huaire, sa cheistneoir, sa chéad litir easnaimh agus sa dara litir easnaimh, agus ag tús an fhíoraithe ar an láthair nuair a tháinig sé chun solais go raibh sonraí áirithe in easnamh sa leagan a d'ullmhaigh an chuideachta. Bhí an comhardú trialach a sholáthair an chuideachta tar éis an cheathrú hiarraidh i bhformáid ar ghá tuilleadh próiseála a dhéanamh uirthi. Chuir mainneachtain na cuideachta an comhardú trialach a iarradh a chur isteach i bhformáid chuí moill ar an imscrúdú.

(574) Ar an dara dul síos, níor sholáthair an chuideachta an fhaisnéis uile a iarradh i dtábla G - Brabús & Caillteanas. Go háirithe, chinn an chuideachta gan ach miondealú a sholáthar ar ghnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ina ngnóthachain agus ina gcaillteanais iarbhír agus ina n-aistriúcháin le linn an fhíorúcháin ar an láthair. I bhfianaise an lín mhóir cuntas, ar taifeadadh gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ina leith, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an fhaisnéis a cuireadh isteach a fhíorú go sásúil.

(575) Ar an tríú dul síos, d'ainneoin gur iarradh go sonrach uirthi, i bhfad roimh an bhfíorúchán ar an láthair, aon cheartúchán ar mhionearráidí a thug an chuideachta faoi deara agus í ag ullmhú don fhíorúchán a sholáthar, níor chuir an chuideachta ceartúcháin den sórt sin isteach ach ar an gcéad lá den fhíorúchán. Ina theannta sin, ní fhéadfaí a mheas gur mioncheartúcháin iad cuid de na ceartúcháin a rinneadh sna sonraí ar dhíolacháin intíre. Mar thoradh ar na ceartúcháin sin, tháinig méadú 250 % ar na costais lasta a bhaineann le hidirbhearta díolacháin intíre aonair.

(576) Ar an gceathrú dul síos, níor tacaíodh leis na costais lasta a bhaineann leis na hidirbhearta díolacháin intíre ach le fianaise a chuir an chuideachta isteach (tuarascálacha maidir le loingsithe agus costas loingseoireachta a baineadh as taifid na cuideachta) le haghaidh sciar diomaibhseach de na díolacháin intíre arb ionann é agus níos lú ná 3 % de na hidirbhearta ábhartha.

(577) Ar an gcúigiú dul síos, le linn an fhíorúcháin ar an láthair amháin, chuir an chuideachta an Coimisiún ar an eolas nár thuairiscigh sí costais lasta a tabhaíodh chun an táirge faoi imscrúdú a iompar idir an mhonarcha agus trádstóras seachtrach. Ní raibh an fhaisnéis ba ghá san fhianaise thacaíochta a luaitear in aithris (576) ach oiread.

(578) D'iarr an chuideachta éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin agus chuir sí barúlacha isteach maidir le rún an Choimisiúin Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na saincheisteanna a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (573) go (577).

(579) Le linn na héisteachta agus ina bharúlacha, chuir Borcelik in aghaidh rún an Choimisiúin fíorais atá ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus d'áitigh sé nár chuir Borcelik bac ar chúrsa an imscrúdaithe.

(580) Maidir leis an gcéad phointe ar an gcomhardú trialach, mhaígh Borcelik gur soláthraíodh cheana féin sa chéad fhreagra ar an gceistneoir an comhardú trialach lena gcumhdaítear costais agus cuntais ioncaim don tréimhse imscrúdúcháin iomlán, agus dá bhrí sin go raibh an fhaisnéis ábhartha ag an gCoimisiún cheana féin chun costais SGA a chinneadh ar an taifead. Dúirt Borcelik freisin gur soláthraíodh an comhardú trialach le haghaidh cuntais sócmhainní agus dliteanas mar fhreagairt ar an gcéad litir easnaimh. Tar éis an dara litir easnaimh, cuireadh comhardú trialach iomlán isteach lena gcumhdaítear sócmhainní, dliteanais, costais agus ioncaim, agus soláthraíodh an comhardú trialach iomlán freisin le linn na bhfíoruithe ar an láthair.

(581) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna Borcelik ach an chaoi ar cuireadh an comhardú trialach isteach a athrá ina bharúlacha maidir le litir Airteagal 18. Dheimhnigh cuntas na cuideachta gur cuireadh an comhardú trialach isteach ina chodanna, agus nach bhfuair an Coimisiún leagan iomlán ach amháin le linn an fhíoraithe ar an láthair. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go raibh an freagra ar an dara litir easnaimh dlite agus curtha isteach ag tús na cuairte fíorúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur deimhníodh barúlacha an Choimisiúin leis an gcuntas fíorasach a chuir an chuideachta isteach ina barúlacha ar litir Airteagal 18. Ina theannta sin, níl aon rud i mbarúlacha na cuideachta ag teacht salach ar chonclúidí an Choimisiúin nach bhfuarthas an comhardú trialach iomlán ach go han-déanach san imeacht, rud a bhain an bonn den anailís ar na sonraí a chuir an chuideachta isteach. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí gur chuir cur isteach déanach an chomhardaithe trialach iomláin bac ar an imscrúdú.

(582) I ndáil leis an dara pointe maidir leis an miondealú ar ghnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí, mhaígh Borcelik, cé is moite den tábla ábhartha ina bhfuil dhá líne ar leith maidir le gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus aistrithe, nár ceanglaíodh go sainráite sa cheistneoir féin miondealú a dhéanamh ar na costais sin. Ina theannta sin, d'áitigh an chuideachta nach ndéantar idirdhealú le hAirteagal 2(6) den bhun-Rialachán, le hAirteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, ná le cásdlí an Aontais idir gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí réadaithe agus aistrithe. Dar le Borcelik, ní faisnéis riachtanach a bhí i miondealú ar ghnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ina ngnóthachain agus ina ngnóthachain agus caillteanais réadaithe agus aistrithe dá bhrí sin. D'áitigh Borcelik freisin, dá mbreithneodh an Coimisiún an fhaisnéis is gá maidir le miondealú, gur cheart dó í a iarraidh sa litir easnaimh. Ar deireadh, rinne an chuideachta agóid i gcoinne chonclúidí an Choimisiúin gur chuir soláthar déanach an mhiondealaithe agus na fianaise foluití (mórleabhair chuntais) bac ar an imscrúdú, toisc gur cheart go mbeadh an Coimisiún ar an eolas faoin líon mór cuntas ar ar cuireadh gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí in áirithe ón bhfreagra tosaigh ar an gceistneoir. D'áitigh Borcelik nach raibh údar le dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil maidir leis an tsaincheist sin, ós rud é go raibh na mórleabhair chuntais le haghaidh gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí infhíoraithe le linn na cuairte fíorúcháin agus gur bailíodh iad mar thaispeántáin fíorúcháin.

(583) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Borcelik in aghaidh an fhíorais nár soláthraíodh an fhaisnéis a iarradh sa tábla ábhartha den cheistneoir, ar dlúthchuid den cheistneoir é. Ós rud é nach ndíríonn an Coimisiún ar easnamh sonrach sa litir easnaimh a eisíodh chuig an gcuideachta, ní neamhbhailítear an iarraidh tosaigh chun an fhaisnéis faoi seach a eascraíonn as ábhar an cheistneora frithdhumpála a sholáthar. Thairis sin, ós rud é gur chuir an chuideachta athbhreithniú isteach ar a tionscnamh féin inar scar sí an dá chatagóir gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí díreach sular fíoraíodh na codanna ábhartha den fhreagra ar an gceistneoir, deimhníodh gurbh eol di gurbh fhaisnéis riachtanach a bhí sa mhiondealú. Mheas an Coimisiún freisin go raibh sé de rogha aige na gnóthachain agus na caillteanais malairte eachtraí réadaithe agus aistrithe a fhíorú chun a áirithiú gur sannadh na méideanna sin i gceart do chostais SGA bunaithe ar shonraí iarbhír a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin an táirgthe atá faoi imscrúdú. Ar deireadh, go deimhin, bhí an Coimisiún ar an eolas faoi líon na gcuntas ar ar cuireadh gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí in áirithe. Ní raibh nasc, áfach, idir an miondealú a chuir an chuideachta ar fáil le linn an fhíoraithe ar an láthair agus teidil na gcuntas ábhartha. Ciallaíonn sé sin nach mbeadh brí le haon toimhde a tharraingeofaí ón bhfaisnéis a soláthraíodh sa fhreagra ar an gceistneoir dá mbraithfeadh an Coimisiún ar theidil an chuntais ina anailís. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid gur cuireadh moill ar an sceideal fíorúcháin toisc gur roinn Borcelik na gnóthachain agus na caillteanais malairte eachtraí ina ngnóthachain agus ina gcaillteanais réadaithe agus aistrithe le linn an fhíoraithe ar an láthair amháin.

(584) Maidir leis an tríú agus an ceathrú pointe maidir le costais a bhaineann le hiompar, líomhain Borcelik go raibh treoracha an Choimisiúin maidir le spriocdhátaí ag teacht salach ar a chéile, ós rud é gur tugadh le fios sa litir réamhfhíorúcháin nach spreagfadh athruithe a cuireadh isteach ag tús an fhíoraithe úsáid Airteagal 18 den bhun-Rialachán go huathoibríoch. Mhaígh Borcelik freisin nach raibh tionchar substaintiúil ag na ceartúcháin sin agus gur bhain an Coimisiún míthuiscint as an bhfaisnéis a bhí sna sonraí a bailíodh le linn an fhíorúcháin ar an láthair, nach raibh iontu, de réir na cuideachta, ach samplaí de ríomh na gcostas lasta le haghaidh díolacháin intíre. Ar deireadh, d'áitigh an chuideachta gur ghlac an Coimisiún le ceartúcháin earráide eile a tuairiscíodh an tráth céanna.

(585) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir Borcelik in aghaidh an fhíorais nár soláthraíodh leagan athbhreithnithe de chostais lasta intíre ach amháin ag tús an fhíorúcháin. Bhí na sprioc-amanna a cuireadh in iúl don chuideachta soiléir. Ar an gcéad dul síos, leag an Coimisiún síos sprioc-am chun ceartúcháin a dhéanamh ar mhionearráidí a aimsíodh le linn an ullmhúcháin don fhíorúchán ar an láthair. Socraíodh an sprioc-am le haghaidh na gceartúchán sin do dháta roimh thús an fhíorúcháin. Luaigh an Coimisiún freisin go bhféadfadh cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bheith mar thoradh ar aon cheartúchán a sholáthraítear tar éis thús an fhíoraithe. Ar an dara dul síos, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise maidir le díolacháin intíre a bhí dlite ag tús an fhíorúcháin. Mheas an Coimisiún, áfach, nár dheis nua a bhí san iarraidh bhreise sin chun tuilleadh ceartúchán a sholáthar. Chloígh an Coimisiún lena sheasamh maidir le déine na gceartúchán a soláthraíodh. Bhain siad le thart ar 60 % de dhíolacháin intíre agus tháinig méadú 250 % ar na costais díolacháin intíre a tuairiscíodh. Go deimhin, glacadh le ceartúcháin eile toisc gur mioncheartúcháin iad agus nár athraigh siad pictiúr na faisnéise a cuireadh isteach go mór. Ar deireadh, mheas an Coimisiún nach raibh aon fhianaise sa chomhad a thacaíonn leis an maíomh nach raibh sna sonraí a soláthraíodh maidir le costais lasta intíre ach sampla. Ar an gcéad dul síos, níor chuir an chuideachta i láthair é mar shampla le linn an fhíoraithe ar an láthair. Ar an dara dul síos, bhí faisnéis sa sliocht a bailíodh ó thaifid na cuideachta le haghaidh mhíonna uile na tréimhse imscrúdúcháin agus cumhdaíodh roinnt cuideachtaí iompair leis. Dá bhrí sin, níl sé soiléir conas is féidir le tacar sonraí den sórt sin gan ach sampla den fhaisnéis iomlán maidir le costais lasta intíre a léiriú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh na cuideachta nár ghá na fíorais a bhí ar fáil a úsáid mar gheall ar an tsaincheist atá idir lámha.

(586) Níor chuir an chuideachta in aghaidh thorthaí an Choimisiúin maidir leis an gcúigiú pointe maidir le costais iompair a thuairisciú le haghaidh bealaí díolacháin ina raibh trádstórais sheachtracha i gceist.

3.5.3. *An Gnáthluach*

(587) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann . Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(588) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na táirgeora onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(589) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuígh an Coimisiún nach raibh aon díolacháin intíre ar chor ar bith i gcás líon beag cineálacha táirgí a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nó go raibh díolacháin intíre an chineáil táirge sin faoi bhun 5 % de réir toirte agus mar sin nach raibh siad ionadaíoch.

(590) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(591) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(592) Sa chás sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(593) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin; nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(594) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre go raibh níos lú ná 30 % de dhíolacháin intíre uile Tatmetal agus níos lú ná 50 % de dhíolacháin intíre uile Borcelik brabúsach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(595) I gcás na gcineálacha táirgí a raibh díolacháin brabúsach ar an iomlán ina leith, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe de phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach ag brath ar mhéid na ndíolachán brabúsach amháin.

(596) I gcás nár leor díolacháin chineál táirge an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, sin nó i gcás nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán. I gcás na gcineálacha táirgí nach raibh aon díolachán ar an margadh intíre ina leith agus i gcás nach raibh aon fhaisnéis shonrach faoi phraghsanna margaidh na gcineálacha táirgí sin nár dhíol na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(597) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe a bhain le táirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais ualaithe SGA a thoibhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(598) Maidir le cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh. Ós rud é nach raibh aon fhoinse eile de phraghais díola intíre ann do na cineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, ríomhadh an gnáthluach trí mheánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart uile a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre a chur le costas táirgthe na gcineálacha táirgí sin.

(599) I bhfianaise chonclúidí an Choimisiúin maidir leis an easpa chomhair go páirteach ó Borcelik, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil chun meastachán a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas de chostais SGA:

— Costais lasta arna dtabhú ag an gcuideachta chun an táirge faoi imscrúdú a iompar idir an mhonarcha agus trádstóras seachtrach;

— Luach iomlán na gcostas lasta nach bhféadfaí a leithdháileadh ar idirbhearta díolacháin intíre aonair mar gheall ar an easpa fianaise tacaíochta.

(600) Maidir leis na costais lasta, dhiúltaigh an Coimisiún do leithdháileadh na gcostas lasta in aghaidh an idirbhirt. Ina ionad sin, chuir an Coimisiún an luach tuairiscithe iomlán san áireamh sna costais SGA a úsáideadh chun brabúsacht na ndíolachán intíre a chinneadh.

(601) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, thug Borcelik barúil maidir le conas a láimhseáil an Coimisiún costais lasta. Ós rud é go mbaineann na barúlacha sin freisin le comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, tugadh aghaidh orthu i roinn 3.5.5.

(602) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndearna sé costais úis i ndáil le hiasachtaí atá dírithe ar onnmhairiú a leithdháileadh ar dhíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin araon. Dar le Borcelik, dhiúltaigh an Coimisiún don idirdhealú a rinne Borcelik idir iasachtaí atá dírithe ar onnmhairiú agus iasachtaí eile, bunaithe ar úsáid na n-iasachtaí agus ar easpa sásra chun iad a nascadh le honnmhairí, agus ba cheart an diúltú sin a aisiompú. D'áitigh Borcelik, ós rud é gur leor ann féin gealltanas onnmhairiúcháin a bheith ann chun go measfaidh an Coimisiún in imscrúduithe fóirdheontais gur fóirdheontais onnmhairiúcháin iad iasachtaí atá dírithe ar onnmhairiú ([123]), gur cheart don Choimisiún an prionsabal céanna a chur i bhfeidhm sa chás seo chun a chinneadh ar cheart costais úis arna dtabhú i ndáil leis na hiasachtaí sin a leithdháileadh ar dhíolacháin onnmhairiúcháin amháin nó ar gach díolachán. D'athdhearbhaigh an chuideachta a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(603) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an maíomh. Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur cinneadh bunaithe ar fhíorais an cháis a chinneadh maidir le leithdháileadh costas úis atá nasctha le hiasachtaí atá dírithe ar onnmhairiú. San imscrúdú seo, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart na costais a tabhaíodh ó na hiasachtaí atá dírithe ar onnmhairiú a leithdháileadh ar dhíolacháin onnmhairiúcháin amháin. Léiríodh leis an bhfíorú ar an láthair nach mór don chuideachta gealltanas onnmhairiúcháin a thabhairt chun iasacht atá dírithe ar onnmhairiú a fháil agus go bhfuil córas i bhfeidhm trína ndéanann an banc obair leantach i dtaobh chomhlíonadh an ghealltanais. Ní raibh aon fhianaise sa chomhad, áfach, a chruthaíonn gur ghá úsáid a bhaint as na cistí a fuarthas trí iasacht dírithe ar onnmhairiú, nó gur úsáideadh na cistí sin, chun an costas a bhaineann le díolacháin onnmhairiúcháin a chumhdach agus chuige sin amháin, e.g. trí úsáid na hiasachta a nascadh go díreach le soláthar amhábhar ba ghá a úsáid chun earraí críochnaithe a tháirgeadh le haghaidh a n-onnmhairithe agus chuige sin amháin. Níor chuir an chuideachta fianaise den sórt sin isteach ach oiread ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(604) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik go ndearna an Coimisiún costais T&F a chomhaireamh faoi dhó. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an chuideachta an cur chuige cuntasaíochta i leith costais T&F. Mhaígh sé freisin gur cheart an t-ioncam a fuarthas ó fhóirdheontais i ndáil leis na costais T&F sin a chur san áireamh.

(605) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an maíomh agus d'fhíoraigh sé go háirithe an raibh na mínithe maidir leis an gcur chuige cuntasaíochta i leith costais T&F i gcomhréir le comhardú trialach na cuideachta. Shuigh an Coimisiún gur áiríodh amúchadh costas T&F, go deimhin, i gcostas na n-earraí a díoladh agus sna costais SGA. Dá bhrí sin, dá n-áireofaí na costais T&F a tabhaíodh le linn an imscrúdaithe agus céatadán na gcostas SGA á chinneadh, d'fhágfadh sé sin go mbreithneofaí na costais T&F faoi dhó. Cheartaigh an Coimisiún a ríomh agus d'úsáid sé an céatadán athbhreithnithe de na costais SGA agus an corrlach dumpála á ríomh.

([123]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí de bhreac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithrisí (79) agus (85) (IO L 183, 25.5.2021, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/823/oj).

(606) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, chuir Borcelik in iúl gur bhain an Coimisiún ioncam ó dhíolacháin draimh agus ioncam ó íocaíochtaí déanacha de chostais SGA agus gur chuir sé an dá mhír faoi dhíolacháin iomlána. Agus céatadán na gcostas SGA á ríomh, áfach, níor bhain an Coimisiún úsáid ach as an láimhdeachas a gineadh de bharr díolacháin an táirge faoi imscrúdú agus níor chuir sé san áireamh an láimhdeachas a gineadh de bharr an dá mhír ioncaim thuasluaite. D'iarr Borcelik ar an gCoimisiún an earráid ríomha sin a cheartú. D'athdhearbhaigh an chuideachta a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise agus arís maidir leis an dara nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis na nochtaí deiridh breise sin.

(607) Bhí modheolaíocht an Choimisiúin d'aon ghnó agus ní earráid a bhí ann. D'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin go díreach sa cheistneoir cineálacha éagsúla ioncaim a thuairisciú faoin gcatagóir láimhdeachais agus gan iad a thuairisciú i measc na bhfochatagóirí de chostais SGA. Ina theannta sin, léiríodh sna treoracha nár cheart ioncam seachas ioncam ó dhíolacháin an táirge faoi imscrúdú (nó táirgí críochnaithe eile fiú) a leithdháileadh ar dhíolacháin iomlána gach catagóire táirgí. Dá bhrí sin, níor cheart ioncam ó dhíolacháin draimh agus ó íocaíochtaí déanacha a úsáid mar an t-ainmneoir agus na costais SGA a cinneadh á sloinneadh mar chéatadán. Thug an chuideachta neamhaird ar na treoracha thuasluaite, áfach, agus thuairiscigh sí na catagóirí ioncaim sin faoi chostais SGA. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún an dá mhír ioncaim ó chostais SGA agus níor bhreithnigh sé iad agus luach an láimhdeachais a úsáideadh chun céatadán na gcostas SGA a chinneadh á shuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(608) Maidir leis na costais lasta idir an mhonarcha agus an trádstóras, d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis maidir le suíomh na dtrádstóras sin agus rinne sé meastachán ar an meánchostas lasta aonaid bunaithe ar na costais lasta a thuairiscigh an chuideachta ar bhonn gach idirbhirt. Ba iad na costais sin an fhaisnéis ab fhearr a bhí ar fáil sa chomhad chun meastachán a dhéanamh ar na costais lasta a bhí in easnamh, d'ainneoin gur dhiúltaigh an Coimisiún don leithdháileadh. Cé go raibh na bunsonraí lochtach agus ar an iomlán, nach raibh siad go hiomlán iontaofa, gan meastachán a dhéanamh ar chostas an iompair idir an mhonarcha agus na trádstórais sheachtracha, dhéanfaí meastacháin faoi bhun an luacha ar chostais SGA.

(609) Mar a shonraítear in aithrisí (574) agus (581), shainaithin an Coimisiún saincheisteanna leis an bhfaisnéis maidir le gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí a sholáthair an chuideachta. Cé go raibh moill mhór ar sholáthar na sonraí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh siad mionsonraithe go leor chun luach iontaofa gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí réadaithe a shuí, luach a bhí le cur san áireamh i gcostais SGA.

(610) D'fhoinsigh Borcelik cornaí teo-rollta, an príomh-amhábhar i monarú táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, go páirteach ó sholáthróir comhlachaithe, AMFCE. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh na ceannacháin sin ar phraghsanna ar neamhthuilleamaí. Rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna díola AMFCE le custaiméirí neamhchomhlachaithe le haghaidh gráid chruach ábhartha agus na praghsanna díola le Borcelik ar leibhéal díreach ón monarcha. Chinn an Coimisiún gur dhíol AMFCE cornaí teorollta de ghráid chruach ábhartha le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar phraghsanna níos airde ná na praghsanna a gearradh ar Borcelik as gráid chruach inchomparáide. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún costas cornaí teorollta a thuairiscigh Borcelik go leibhéal ar neamhthuilleamaí. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 1,8 % ar an gcostas táirgthe.

(611) Úsáideadh an costas táirgthe coigeartaithe chun anailís bhrabúsachta a dhéanamh ar dhíolacháin intíre a dtugtar tuairisc orthu in aithris (590), agus chun an gnáthluach a dtugtar tuairisc air in aithrisí (597) agus (598) a ríomh.

(612) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik nach bhféadfadh sé cruinneas an ríomha a sheiceáil toisc nár sholáthair an Coimisiún aon fhaisnéis maidir leis an gcaoi ar tháinig sé ar an bhfigiúr sin, seachas an figiúr féin agus míniú ar an bhfáth a líomhnaítear gur dhiúltaigh AMFCE an fhaisnéis sin a nochtadh. De réir Borcelik, chuirfeadh sé sin bac air a chearta cosanta a fheidhmiú agus bheadh sé ina shárú ar Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán.

(613) Mhaígh Borcelik freisin, d'ainneoin gan é a bheith d'acmhainn aige seiceáil a dhéanamh, gur cosúil go mbeadh faisnéis eile atá ar taifead maidir le meánphraghsanna ceannaigh ó Ghrúpa Arcelor Mitall ag teacht salach ar chonclúid an Choimisiúin i ndáil lena anailís ar neamhthuilleamaí.

(614) Ar deireadh, mhaígh Borcelik go bhféadfadh sé nach mbeadh meánchomparáidí i gcaitheamh tréimhse bliana (nó níos faide) iomchuí chun a chinneadh an bhfuil idirbhearta faoi dhálaí ar neamhthuilleamaí i bhfianaise luaineachtaí móra i margaí amhábhar, agus gur cheart an chomparáid cheart a dhéanamh idir praghsanna sa mhargadh céanna, is é sin, an Tuirc. I ndáil leis sin, d'iarr Borcelik ar an gCoimisiún (1) a shoiléiriú an raibh an chomparáid praghsanna a úsáideadh le haghaidh na hanailíse ar neamhthuilleamaí ina meán don tréimhse imscrúdúcháin ina hiomláine nó nach raibh; (2) suíomh chustaiméirí AMFCE; agus (3) méid díolachán na gcustaiméirí sin.

(615) D'athdhearbhaigh an chuideachta na maímh a leagtar amach in aithrisí (612) go (614) ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh na hábhair sin faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(616) Sa nochtadh deiridh a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta, mhínigh an Coimisiún an mhodheolaíocht a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a cheannaigh nó nár cheannaigh Borcelik cornaí cothroma de chruach theorollta ó AMFCE ar phraghas an mhargaidh. Le linn na cros-seiceála cianda, bhailigh an Coimisiún liosta iomlán na n-idirbheart a bhaineann le díolacháin cornaí cothroma de chruach theorollta a rinne AMFCE lena chustaiméirí uile. Shainaithin an Coimisiún gráid chruach ansin a díoladh le Borcelik agus le custaiméirí neamhchomhlachaithe araon, i gcainníochtaí neamhdhiomaibhseacha. Rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghas ualaithe na ngrád cruach sin arna ndíol le custaiméirí neamhchomhlachaithe agus le Borcelik. Go deimhin, níor sholáthair an Coimisiún na sonraí foluiteacha ná na ríomhanna a tháinig astu do Borcelik. Mar a míníodh cheana féin, ba é ba chúis leis sin forchoimeádais AMFCE maidir le rúndacht. Ós rud é go bhfuil Borcelik comhlachaithe le AMFCE trí scairshealbhóir coiteann, chuir comhar teoranta an ghrúpa i leith an ábhair sin teorainn le cumas an Choimisiúin na bunsonraí iomlána agus na ríomhanna a tháinig astu a nochtadh. Ní féidir leis an ngrúpa, ar thaobh amháin, cosc a chur ar eintitis amháin rochtain a fháil ar shonraí eintitis eile agus ansin a iompraíocht féin a úsáid chun a mhaíomh gur chuir an Coimisiún bac ar a chearta cosanta.

(617) Maidir leis an maíomh a leagtar amach in aithris (613), thug an Coimisiún dá aire gur bhain an chuideachta úsáid as tacar sonraí a bhí go hiomlán neamhábhartha dá hanailís. Ar dtús, rinne sé na cornaí cothroma de chruach theorollta a ceannaíodh a aicmiú ina dtrí chatagóir. Ansin chuir Borcelik na praghsanna a íocadh le soláthróirí neamhchomhlachaithe agus le AMFCE i gcomparáid le chéile. Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nár fhág an t-aicmiú a chruthaigh an chuideachta gurbh fhéidir teacht ar chonclúidí réasúnta. Go deimhin, rinne an chuideachta 50 % de ghráid cornaí cothroma de chruach theorollta a ceannaíodh ó AMFCE a ghrúpáil faoin gcatagóir 'eile', rud a d'fhág nárbh fhéidir anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar bhonn iontamhla. Ar an dara dul síos, chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh na praghsanna a íocadh le soláthróir comhlachaithe ar neamhthuilleamaí, ní mór scrúdú a dhéanamh ar phraghsanna díola an tsoláthróra, i.e. ní raibh comparáid idir na praghsanna ceannaigh a d'íoc Borcelik le soláthróirí neamhchomhlachaithe agus le AMFCE ábhartha chun na críche sin.

(618) Maidir le maímh Borcelik a leagtar amach in aithris (614), thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair an chuideachta aon fhianaise maidir leis na luaineachtaí líomhnaithe i bpraghsanna amhábhar. Ina theannta sin, léiríonn sonraí a bailíodh ó Borcelik agus AMFCE nach raibh ceannacháin/díolacháin ábhartha comhchruinnithe i míonna nó ráithí áirithe ach go raibh scaipthe go cothrom i gcaitheamh na tréimhse imscrúdúcháin uile. Go deimhin, rinne an Coimisiún an anailís bunaithe ar mheáin ualaithe le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin ina hiomláine, agus custaiméirí neamhchomhlachaithe AMFCE á gcur san áireamh d'ainneoin a suímh. Sa chomhthiomsú custaiméirí neamhchomhlachaithe bhí custaiméirí ar dhíol AMFCE méideanna níos ísle leo ná le Borcelik agus ar dhíol sé méideanna inchomparáide nó níos airde leo freisin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh an anailís faoi smál ag na cainníochtaí a dhíol AMFCE le custaiméirí aonair.

(619) Dá bhrí sin, ar bhonn na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (616) go (618), diúltaíodh do mhaímh Borcelik a mhionsonraítear in aithrisí (612) go (614).

(620) I bhfianaise chonclúidí an Choimisiúin maidir leis an easpa chomhair go páirteach ó Tatmetal, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil chun meastachán a dhéanamh ar luach iomlán na gcostas SGA nach bhféadfaí a leithdháileadh ar idirbhearta díolacháin intíre aonair mar gheall ar an easpa fianaise tacaíochta.

(621) Tar éis na bhfíoras a leagtar amach in aithris (558), dhiúltaigh an Coimisiún do leithdháileadh na gcostas lasta in aghaidh an idirbhirt sa liostú díolachán intíre. Ina ionad sin, chuir an Coimisiún an luach tuairiscithe iomlán san áireamh sna costais SGA a úsáideadh chun brabúsacht na ndíolachán intíre a chinneadh.

(622) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'iarr Tatmetal ar an gCoimisiún na díolacháin a bhí ceaptha do na criosanna saorthrádála sa Tuirc a chur le méid dhíolacháin iomlána an táirge faoi imscrúdú ar an margadh intíre le custaiméirí neamhspleácha chun brabúsacht na ndíolachán intíre, lena n-áirítear na díolacháin le criosanna saorthrádála, a chinneadh.

(623) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh agus chomhaontaigh sé méid na ndíolachán faoi seach le criosanna saorthrádála a áireamh chun an bhrabúsacht ar an margadh intíre a shuí. Glacadh leis an maíomh.

(624) Thairis sin, ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, chuir Tatmetal roinnt barúlacha isteach maidir le brabúsacht díolachán intíre a chinneadh. Mar gheall ar chineál íogair na mbarúlacha, lenar cuireadh in aghaidh na gcoigeartuithe ar leibhéal cuntas aonair, d'fhreagair an Coimisiún na barúlacha i nochtadh aonair don chuideachta. Glacadh go páirteach leis na barúlacha maidir le brabúis malairte eachtraí agus caillteanais malairte eachtraí. Diúltaíodh do na barúlacha maidir le hioncam agus caillteanais urghnácha agus maidir le coigeartú athbhreithnithe i leith frithháireamh draimh. Diúltaíodh don bharúil maidir leis an gcoigeartú i leith boilsciú agus rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an mbunluach.

(625) Tar éis an nochta deiridh bhreise, chuir Tatmetal i gcoinne na húsáide a bhain an Coimisiún as an gcéad leath de shonraí 2024 a bhaineann leis an gcoigeartú boilscithe ón gcomhardú trialach mar athróg ionadach don chéad leath de 2025. D'áitigh Tatmetal go sainordaítear le Communiqué Dlí Ginearálta na Tuirce maidir leis an Nós Imeachta Cánach Uimh. 582 ([124]) gan aon choigeartú boilscithe a dhéanamh sa chéad tréimhse chánach shealadach de thréimhse chuntasaíochta 2025 ná sa dara ná sa tríú tréimhse chánach den tréimhse chuntasaíochta sin. Chuir Tatmetal Dlí Uimh. 7571 ([125]) isteach freisin lena ndeimhnítear forálacha an Chiorcláin réamhluaite. D'iarr Tatmetal ar an gCoimisiún coigeartú boilscithe H1 2024 a chur as an áireamh.

(626) Shuigh an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh agus rinne sé athbhreithniú ar chorrlach dumpála Tatmetal dá réir.

(627) Thairis sin, d'athdhearbhaigh Tatmetal a mhaíomh maidir leis na hioncaim eile agus na luachálacha ar an ráta malairte ag deireadh na míosa, cé nach raibh an tsubstaint faoi réir an nochta deiridh bhreise, ach na foirmlí ríofa. Rinne an chuideachta barúil nua freisin maidir leis an ioncam airgeadais i dTábla G-PL, cé gur ordaíodh don chuideachta gan barúil a thabhairt ach ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise agus orthu sin amháin.

3.5.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(628) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, sin nó trí chuideachtaí comhlachaithe a ghníomhaigh mar allmhaireoirí.

(629) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(630) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh. Bhraith an Coimisiún ar na costais SGA iarbhír a thuairiscigh na hallmhaireoirí comhlachaithe. Maidir leis an mbrabús, ós rud é nár chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe san imscrúdú seo, bhraith an Coimisiún ar an mbrabús a suíodh d'allmhaireoir neamhchomhlachaithe in imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Síne agus Chónaidhm na Rúise, is é sin 2 % ([126]), a úsáideadh freisin san imscrúdú maidir táirgí cothroma de chruach theorollta a rinneadh le déanaí ([127]).

([124]) Iris Oifigiúil an 15 Feabhra 2025, Uimh. 32814.

([125]) Iris Oifigiúil an 25 Nollaig 2025, Uimh. 33118.

([126]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1328 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach cothroime fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise (IO L 210, 4.8.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1328/oj).

([127]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1919, aithris (114).

(631) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Tatmetal gur comhshódh na nótaí creidmheasa i liostú díolachán an Aontais go TRY cheana féin sula ndearna an Coimisiún ríomh comhshó agus, dá bhrí sin, luachanna na nótaí creidmheasa a chomhshó faoi dhó.

(632) Rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise thacaíochta a chuir Tatmetal isteach agus thug sé dá aire, murab ionann agus an maíomh thuas, nár chomhshóigh Tatmetal ach nóta creidmheasa amháin go TRY i liostú díolachán an Aontais. Ba é EUR airgeadra na nótaí creidmheasa a bhí fágtha, agus chuir an Coimisiún an fhoirmle chomhshó i bhfeidhm chun na glanluachanna sonraisc a ríomh. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire neamhréireachtaí i luachanna na nótaí creidmheasa a tuairiscíodh in EUR san fhianaise bhreise a cuireadh isteach agus, dá thoradh sin, cheartaigh sé luach na nótaí creidmheasa i liostú díolachán an Aontais. Glacadh go páirteach leis an argóint.

(633) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'easaontaigh Tatmetal leis an gcaoi a gcaitheann an Coimisiún le nótaí creidmheasa i liostú díolachán an Aontais agus thagair sé do dhoiciméad coigeartaithe billeála a cuireadh isteach laistigh den fhreagra ar an gceistneoir. D'iarr Tatmetal go gcaithfí le gach nóta creidmheasa a tuairiscíodh in TRY.

(634) Rinne an Coimisiún comparáid idir uimhreacha na nótaí creidmheasa ón gcoigeartú billeála. Rinne an Coimisiún na sonraisc dhíolacháin ghaolmhara ón doiciméad sin a mheaitseáil leis an liostú díolacháin uile, a bailíodh le linn na cuairte fíorúcháin, agus tháinig sé ar an gconclúid gur tuairiscíodh luachanna na nótaí creidmheasa in EUR, seachas TRY. Diúltaíodh don argóint.

(635) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Tatmetal go ndearna an Coimisiún earráid agus luach CAL á ríomh le haghaidh na n-idirbheart faoi théarmaí tráchtála idirnáisiúnta saoriompróra, téarmaí tráchtála idirnáisiúnta FCA, FOB agus CFR. D'iarr Tatmetal ar an gCoimisiún an fhoirmle ríomha a thabhairt cothrom le dáta.

(636) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh agus chuir sé na méideanna ábhartha leis chun luach CAL i liostú díolachán an Aontais a shuí. Suíodh méideanna an lasta aigéin agus an chostais láimhseála agus luchtaithe in aghaidh an aonaid tar éis an fhreagra ar litir Airteagal 18. Glacadh leis an maíomh.

(637) Tar éis an nochta deiridh bhreise, chuir Tatmetal earráid chléireachais in iúl i luachanna CAL maidir le líon teoranta idirbheart FCA.

(638) Cheartaigh an Coimisiún luachanna CAL agus luachanna lamháltais na n-idirbheart lena mbaineann. Bhí an t-athrú diomaibhseach. Glacadh leis an argóint.

3.5.5. *Comparáid*

(639) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.5.5.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(640) Mar a mhínítear in aithris (639), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Rinneadh coigeartuithe faoi Airteagal 2(10) maidir le rátaí malairte, iompar, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha, costais phacála, lascainí agus lacáistí, costas creidmheasa agus barántaí agus ráthaíochtaí a sholáthraítear do chustaiméirí intíre neamhspleácha.

(641) D'éiligh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Tuirce coigeartú ar aisíocaíocht dleachta faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán le haghaidh na dleachta allmhairiúcháin ar chornaí cothroma de chruach theorollta. Mhaígh Borcelik agus Tatmetal gur gá na dleachtanna allmhairiúcháin a íoc ar ábhair allmhairithe agus go bhfuil an costas táirgthe le haghaidh díolacháin intíre níos airde ná mar atá i gcás díolacháin onnmhairiúcháin, nach dtabhaíonn an costas breise sin ar dhleachtanna allmhairiúcháin.

(642) Sa Tuirc, tá feidhm ag dleacht allmhairiúcháin maidir le cornaí cothroma de chruach theorollta, ar ionchuir iad i monarú táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Mar sin féin, faoin nós imeachta próiseála isteach, díolmhaítear táirgeoirí intíre ó dhleacht den sórt sin a íoc má úsáidtear na cornaí cothroma de chruach theorollta allmhairithe chun táirgí críochnaithe a onnmhairítear ar deireadh a tháirgeadh. Níor chuir an dá onnmhaireoir shampláilte fianaise ar fáil gur íocadh an dleacht ar allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a thabharfadh údar le coigeartú chun comparáid chóir a dhéanamh. Os a choinne sin, léirigh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil gur chomhlíon siad an gealltanas onnmhairiúcháin atá nasctha le gach cead nós imeachta próiseála isteach. Ar an gcúis sin, measadh go raibh an t-éileamh gan bhunús agus diúltaíodh é dá bhrí sin.

(643) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, chuir Borcelik in iúl gur bhain an Coimisiún an coimisiún a íocadh le trádálaí comhlachaithe ar an margadh intíre de na lamháltais a tuairiscíodh maidir leis na díolacháin intíre le custaiméirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe. Mar sin féin, ní dhearna an Coimisiún an coimisiún céanna sin a tuairiscíodh mar ioncam a bhaint d'athdhíolacháin an trádálaí chomhlachaithe le custaiméirí neamhchomhlachaithe intíre.

(644) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an maíomh agus shuigh sé, go deimhin, mar thoradh ar earráid chléireachais, nár baineadh an coimisiún a fuair an trádálaí comhlachaithe de na lamháltais a tuairiscíodh maidir le hathdhíolacháin an trádálaí intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar an margadh intíre. Cheartaigh an Coimisiún an earráid.

(645) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik gur chuir an Coimisiún cur chuige neamhréireach i bhfeidhm nuair a bhain sé na costais chreidmheasa a tuairiscíodh de na díolacháin intíre ach, i gcás dhíolacháin an Aontais, nuair a thug sé neamhaird ar na costais chreidmheasa a tuairiscíodh agus a d'áirigh sé méid athríofa mar sin féin bunaithe ar na téarmaí íocaíochta a tuairiscíodh. De réir Borcelik, ba cheart an cur chuige céanna a úsáid le haghaidh gach díolacháin toisc go raibh na módúlachtaí íocaíochta mar an gcéanna ar an dá mhargadh.

(646) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Mhaígh an chuideachta gur úsáid sí na módúlachtaí íocaíochta céanna le haghaidh díolacháin ar an margadh intíre agus ar mhargadh an Aontais. Léirigh an t-imscrúdú, áfach, nár fhág na modhanna íocaíochta a úsáideadh le haghaidh na ndíolachán leis an Aontas tríd is tríd gurbh fhéidir íocaíochtaí a bhailiú ar an mbealach céanna agus a dhéantar ar an margadh intíre. Shuigh an Coimisiún, áfach, i gcás díolacháin onnmhairiúcháin trí thrádálaí intíre sonrach, go raibh na modhanna íocaíochta comhchosúil leo siúd a úsáideadh ar an margadh intíre. Dá bhrí sin, i gcás na n-idirbheart comhfhreagrach, bhain an Coimisiún an liúntas costais creidmheasa de na díolacháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas freisin. Nochtadh mionsonraí rúnda na hanailíse thuas don chuideachta sa nochtadh cuideachta-shonrach.

(647) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'athdhearbhaigh Borcelik gur bhain an Coimisiún úsáid as cur chuige neamhréireach nuair a dhiúltaigh sé don chostas creidmheasa le haghaidh díolacháin intíre agus nuair a ghlac sé leis le haghaidh na ndíolachán leis an Aontas, cé is moite de dhíolacháin trí thrádálaí intíre neamhchomhlachaithe. Cé gur aontaigh an chuideachta go mbíonn tionchar ag na téarmaí íocaíochta conarthacha ar shocrú na bpraghsanna, rinne sí agóid i gcoinne láimhseáil an Choimisiúin ar an gcostas creidmheasa tuairiscithe bunaithe ar na módúlachtaí íocaíochta, an bealach a n-íoctar na sonraisc ar deireadh.

(648) Shoiléirigh an Coimisiún go bhféadfadh módúlachtaí íocaíochta áirithe, go háirithe má chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus má tá siad ar eolas nuair a chomhaontaítear an téarma íocaíochta go conarthach, éifeacht an chreidmheasa tráchtála a sholáthraítear ar leibhéal an phraghais díola a dhícháiliú. Mar shampla, mheas an Coimisiún, i gcás ina gcoinníonn custaiméirí athfhillteacha cuntas oscailte le soláthróir agus go n-íocann siad a bhfiacha gan íoc trí íocaíochtaí cnapshuime ócáideacha seachas gach sonrasc a íoc ina iomláine faoina dháta dlite aonair, nach n-imríonn an téarma íocaíochta a comhaontaíodh sa chonradh tionchar ar shocrú praghsanna an tsoláthróra. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(649) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, chuir Borcelik in aghaidh an bhealaigh ar láimhseáil an Coimisiún costais a bhaineann le hiompar lena gcumhdaítear costais iompair dhírigh agus costais iompair idir monarcha Borçelik agus trádstórais (neamhchomhlachaithe). Go coincréiteach, mhaígh Borcelik gur cheart costais iompair dhírigh a asbhaint mar liúntas ón bpraghas díola intíre agus gur cheart iad a bhaint de na costais SGA a úsáidtear chun tástáil an ghnáthchúrsa trádála a dhéanamh.

(650) Mhaígh Borcelik freisin go raibh sé neamhréireach le cleachtas an Choimisiúin roimhe seo an costas lasta ón ngléasra chuig trádstórais sheachtracha a áireamh sna díolacháin intíre, mar nach bhféadfaí, faoin gcleachtas sin, i gcás díolacháin intíre ar a laghad, costais iompair chuig trádstóras (is cuma cibé le páirtí comhlachaithe nó le páirtí neamhchomhlachaithe é) a asbhaint mar lamháltas faoi Airteagal 2(10)(e) den bhun-Rialachán ([128]). De réir Borcelik, d'fhágfadh sé sin freisin nach bhféadfadh an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil maidir leis na costais sin a chur i bhfeidhm, toisc nár ghá iad a thuairisciú ar an gcéad dul síos.

(651) Mhaígh Borcelik freisin nár cheart an lasta chuig trádstórais ar cíos a chur leis na costais SGA mar chostas a bhaineann le hiompar.

(652) D'athdhearbhaigh an chuideachta na maímh a leagtar amach in aithrisí (649) go (651) ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh na hábhair sin faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(653) Maidir leis an cur chuige cuntasaíochta i leith costais a tabhaíodh le haghaidh lasta idir an mhonarcha agus trádstórais ar cíos, thug an Coimisiún dá aire ar dtús nár thuairiscigh an chuideachta sa chairt cuntas a cuireadh isteach ná sa chomhardú trialach an cód cuntais faoina líomhnaítear gur taifeadadh na costais. Mar a phléitear in aithrisí (573), (580) agus (581), níor sholáthair an chuideachta comhardú trialach iomlán fiú tar éis roinnt iarrataí. Tar éis na mbarúlacha ón gcuideachta maidir leis an nochtadh deiridh, is cosúil go raibh roinnt cuntas fós fágtha ar lár ón leagan a fuarthas ar deireadh le linn an fhíoraithe ar an láthair. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar an tuarascáil ó chuntasaíocht chostála na cuideachta agus shuigh sé, fiú murar láimhseáil an chuideachta leis na costais lasta mar chostais SGA, nár taifeadadh iad sa chostas táirgthe ach oiread. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún, chun go ngabhfaí an costas uile a chuir leis an gcostas iomlán a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin an táirge faoi imscrúdú, gur cur chuige iomchuí é an costas lasta a áireamh faoi chostais SGA chun léiriú a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le tástáil an ghnáthchúrsa trádála. Cé nach bhféadfar costais iompair inmheánacha (idir trádstórais éagsúla an táirgeora) a asbhaint nuair a dhéantar an praghas onnmhairiúcháin nó an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha (ós rud é go mbaineann siad leis an leibhéal trádála sin), fad a bhaineann siad leis na díolacháin intíre, is costais iad fós 'a bhaineann leis an táirge comhchosúil a dhíolann agus a tháirgeann an t-onnmhaireoir [nó an táirgeoir] atá faoi imscrúdú, i ngnáthchúrsa trádála' de réir bhrí Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán. Dá thoradh sin, diúltaíodh do na maímh a leagtar amach in aithrisí (649) go (651).

(654) Ar deireadh, mhaígh Borcelik agus Tatmetal gur sháraigh an Coimisiún an oibleagáid faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán comparáid chothrom a dhéanamh ar an leibhéal céanna trádála toisc gurb é a bhí mar thoradh ar chostais iompair a chur leis na costais SGA agus, dá bhrí sin, leis an ngnáthluach nach gnáthluach ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha a bhí ann, cé nár áiríodh na costais sin sa phraghas onnmhairiúcháin agus go raibh sé ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha dá thoradh sin. Mhol Tatmetal gur thug an Coimisiún an costas lasta intíre isteach arís sa liostú díolachán intíre agus gur choimeád sé an costas SGA ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha.

(655) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Tatmetal freisin, dá n-áiteodh an Coimisiún nárbh iomchuí úsáid a bhaint as na luachanna lasta intíre a ríomh Tatmetal, nár cheart dó suim na luachanna sin a leithdháileadh ar an gcostas lasta intíre i ríomh na gcostas SGA. D'iarr Tatmetal ar an gCoimisiún neamhaird iomlán a thabhairt ar ríomhanna lasta intíre Tatmetal agus an figiúr iomlán le haghaidh iompar intíre a leithdháileadh, rud a cinneadh de réir chomhardú trialach Tatmetal, ar bhonn láimhdeachais, i dTábla G – Brabús agus Caillteanas.

(656) Scrúdaigh an Coimisiún maíomh Borcelik a leagtar amach in aithris (654). Go deimhin, i gcás líon beag idirbheart, bhí fianaise ann a thacaigh go leordhóthanach leis an gcostas lasta. Rinneadh na téarmaí seachadta is infheidhme maidir le hidirbhearta aonair a fhíorú go cuí freisin. Dá bhrí sin, shainaithin an Coimisiún an costas iarbhír lasta is ísle in aghaidh an aonaid bunaithe ar an bhfaisnéis fhíoraithe agus chuir sé an costas lasta sin i bhfeidhm maidir le gach idirbheart inar seachadadh na hearraí chuig an gcustaiméir. Mheas an Coimisiún, ós rud é go ndearnadh an coigeartú sin faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán, agus úsáid á baint as an gcostas lasta is ísle in aghaidh an aonaid, gur áirithíodh nach ndearnadh gannmheastachán ar iompraíocht dumpála na cuideachta de dheasca a neamh-chomhoibrithe i ndáil leis an tsaincheist sin. Nochtadh mionsonraí an athbhreithnithe sin don chuideachta sa nochtadh cuideachta-shonrach.

([128]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise (IO L 410, 18.11.2021, lch. 153, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2012/oj), aithris (83), Tuarascáil ón bpainéal, *European Union – Countervailing and Anti-Dumping Duties on Stainless Steel Cold-Rolled Flat Products from Indonesia*, WT/DS616/R, mír 7.584.

(657) Tar éis an nochta deiridh bhreise, thagair Borcelik d'fhorálacha Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán agus d'áitigh sé, ós rud é gur úsáid an Coimisiún an fhaisnéis a cuireadh isteach cheana in iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfreagra ar an gceistneoir agus i bhfoilseán fíorúcháin, gur cheart dó í a úsáid ar bhealach chun costas aonaid lasta níos cruinne a shuí. I ndáil leis sin, d'áitigh Borcelik go raibh an costas aonaid lasta a d'úsáid an Coimisiún ró-íseal. Chuir an chuideachta in iúl go raibh an meánchostas aonaid lasta simplí a bhí ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfreagra ar an gceistneoir nó san fhoilseán fíorúcháin i bhfad níos airde. Chuir an chuideachta i dtábhacht freisin raon an chostais aonaid lasta a cuireadh isteach san iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfreagra ar an gceistneoir.

(658) Ina theannta sin, chuir an chuideachta in iúl nach bhfuil an gnáthluach ar leibhéal díreach ón monarcha mar thoradh air sin toisc nach leithdháiltear leis ach cuid de na costais iompair a thabhaítear agus lena n-áirítear an luach iarmharach i gcostais SGA a úsáidtear i dtástáil an ghnáthchúrsa trádála.

(659) Thug an Coimisiún dá aire nár mhínigh an chuideachta cén fáth ar cheart meán simplí a suíodh bunaithe ar an bhfaisnéis ó fhoilseán fíorúcháin a fuarthas a bheith easnamhach go mór mar a bhí, is é sin gur sholáthair sé costais iompair do sciar diomaibhseach de na hidirbhearta díolacháin intíre uile, a bheith níos iomchuí ná an mhodheolaíocht a chuir an Coimisiún i bhfeidhm. Ar an gcéad dul síos, mar a mhínítear in aithris (656), roghnaigh an Coimisiún an costas aonaid lasta is ísle chun a áirithiú nach ndéanfaí gannmheastachán ar iompraíocht dumpála na cuideachta i gcás a neamh-chomhoibrithe maidir leis an ábhar sin. Ar an dara dul síos, i bhfianaise a neamhiomláine a bhí an tuarascáil loingsithe a cuireadh isteach san fhoilseán fíorúcháin (lena gcumhdaítear níos lú ná 3 % de na hidirbhearta díolacháin intíre ábhartha, féach freisin aithris(576)), ní fhéadfaí a mheas go raibh meánchostas aonaid simplí níos iomchuí ná ionadaíoch ar an gcostas lasta iarbhír ná an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún. Bhí liosta praghsanna seirbhísí iompair san iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfreagra ar an gceistneoir agus úsáideadh í go deimhin chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas lasta idir an mhonarcha agus trádstóras (chun mionsonraí a fháil, féach aithrisí (577), (599), (608), agus (649) go (653))) mar an athróg ionadach is fearr a bhí ar fáil. Níor fíoraíodh an iarscríbhinn sin go díreach, áfach, mar le linn an fhíorúcháin ar an láthair, mhínigh an chuideachta gur bhain sí úsáid as an tuarascáil loingsithe a bailíodh mar an foilseán fíorúcháin thuasluaite. Thosaigh na praghsanna aonaid lasta a tuairiscíodh sa liosta praghsanna ar phraghas a bhí níos airde ná an costas aonaid lasta ab ísle a shainaithin an Coimisiún sa tuarascáil loingsithe. Léiríonn sé sin go bhféadfadh sé go raibh an iarscríbhinn féin neamhiomlán nó nár léirigh sí na praghsanna iarbhír a íocadh ar sheirbhísí iompair. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(660) Maidir leis an maíomh nach raibh an gnáthluach ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, shuigh an Coimisiún go raibh údar leis agus rinne sé athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála dá réir.

(661) Maidir le Tatmetal, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nár cuireadh aon fhianaise isteach chun na costais lasta intíre a dheimhniú ar bhonn an idirbhirt. Thug an Coimisiún faoi deara freisin nár taifeadadh an seoladh seachadta/bailiú sa chóras cuntasaíochta chun na díolacháin intíre a tuairiscíodh a bheith seachadta chuig an gcliant a rianú chuig a gceann scríbe. Mar sin féin, mheas an Coimisiún, ós rud é go ndearnadh an coigeartú sin faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán, agus úsáid á baint as an gcostas réasúnta lasta is ísle in aghaidh an aonaid, limistéar Kocaeli sa chás seo, go raibh an costas sin ina athróg ionadach leormhaith ar chostais lasta chun an gnáthluach ar an leibhéal trádála díreach ón monarcha a shuí. Glacadh go páirteach leis an argóint.

(662) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh Tatmetal nach bhfuil an gnáthluach mar thoradh air sin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha toisc nach leithdháiltear leis ach cuid de na costais iompair a thabhaítear agus lena n-áirítear an luach iarmharach i gcostais SGA a úsáidtear i dtástáil an ghnáthchúrsa trádála.

(663) Shuigh an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh agus rinne sé athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála dá réir.

(664) Tar éis nochtadh deiridh breise, d'áitigh Tatmetal gur tharla earráid i leithdháileadh na gcostas lasta a bhaineann le díolacháin intíre arna seachadadh chuig custaiméirí. D'iarr Tatmetal ar an gCoimisiún an earráid a cheartú.

(665) Tar éis anailís a dhéanamh ar mhaíomh Tatmetal, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí a bhaineann le díolacháin intíre agus thug sé Tábla G-PL cothrom le dáta dá réir sin.

3.5.5.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(666) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais lasta, árachais, láimhseála agus luchtaithe agus choimhdeacha.

(667) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas pacála, costas creidmheasa agus muirir bhainc.

(668) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Borcelik go ndearna an Coimisiún athbhreithniú mícheart ar an ráta úis a úsáideadh chun an costas creidmheasa a chinneadh le haghaidh athdhíolacháin an táirge faoi imscrúdú a rinne Bamesa Otel le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas.

(669) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an maíomh. Go deimhin, rinne an Coimisiún earráid chléireachais agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an ráta úis a comhaontaíodh leis an gcuideachta. Cheartaigh an Coimisiún an earráid agus d'athbhreithnigh sé an leibhéal costais creidmheasa i ríomh an chorrlaigh dumpála.

(670) Maidir le Tatmetal, mar gheall ar na neamhréireachtaí móra sa mhalartú eachtrach a tuairiscíodh sa liostú díolachán intíre agus i liostú díolachán an Aontais, mar a thuairiscítear in aithrisí (551) go (553), chuir an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil i bhfeidhm. Chuir an Coimisiún na rátaí malairte míosúla dá bhforáiltear sa cheistneoir frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin in ionad na rátaí malairte eachtraí laethúla tuairiscithe.

(671) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Tatmetal gur shann an Coimisiún lasta aigéin d'idirbhearta áirithe SAB agus saoriompróra trí dhearmad agus ceartúcháin á ndéanamh aige ar liostú díolachán an Aontais.

(672) Rinne an Coimisiún anailís ar shannadh an lasta aigéin ar bhonn an idirbhirt agus cheartaigh sé an botún inar leithdháileadh lasta aigéin ar idirbhearta áirithe SAB agus saoriompróra. Glacadh leis an argóint.

3.5.5.3. Comhshó airgeadra

(673) Rinneadh díolacháin intíre in airgeadraí éagsúla, lena n-áirítear TRY, EUR, USD. Rinneadh onnmhairí chuig an Aontas in EUR nó USD. Dá bhrí sin, bhí gá le comhshó airgeadra chun an gnáthluach a chur i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin. D'athraigh an Coimisiún na praghsanna díola go TRY, airgeadra cuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(674) Chun a chinneadh cén dáta ba cheart a mheas mar an dáta díolacháin de bhun Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bunaíodh na téarmaí ábhartha díolacháin ar bhonn an tsonraisc nó an ordaithe ceannaigh/an chonartha díolacháin. Chinn an Coimisiún go raibh formhór mór na ndíolachán bunaithe ar orduithe ceannaigh aonair seachas ar chonarthaí díolacháin fadtéarmacha. San ordú ceannaigh, tá sainmhíniú ar na téarmaí ábhartha díolacháin, amhail sonraíochtaí an táirge, cainníocht, am seachadta, praghas aonaid (arna ainmniú in airgeadra eachtrach de ghnáth, USD den chuid is mó), téarma íocaíochta. Cheadaigh an t-ordú ceannaigh lamháltas sa chainníocht a seachadadh, ach socraíodh an praghas go cinnte san ordú ceannaigh. Deimhníodh leis an bhfianaise a bailíodh ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte nár coigeartaíodh na praghsanna a gearradh sa sonrasc chun luaineachtaí praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta nó luaineachtaí na rátaí malairte idir airgeadra an ordaithe ceannaigh agus airgeadra cuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a léiriú. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur bhunaigh an t-ordú ceannaigh na téarmaí ábhartha díolacháin ar bhealach níos iomchuí agus, dá bhrí sin, gur cheart a dháta a úsáid le haghaidh comhshó airgeadra faoi Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán.

(675) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik agus Tatmetal araon nár socraíodh na téarmaí ábhartha díolacháin tráth an ordaithe ceannaigh. Dar leo, ní raibh na heilimintí sna horduithe sin cinntitheach tráth a socraíodh na horduithe agus nár bunaíodh go cinntitheach iad go dtí tráth an tsonraisc. Thacaigh an dá chuideachta leis an maíomh agus iad ag tagairt don fhianaise atá ar taifead, ina ndeimhnítear leis na díolacháin a d'fhíoraigh an Coimisiún go bhfuil difríochtaí idir an t-ordú ceannaigh agus na sonraisc, difríochtaí is mó i gcásanna áirithe ná na lamháltais a comhaontaíodh san ordú ceannaigh.

(676) Thug an Coimisiún dá aire ó bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta in *Özkan Demir* ([129]) gur faoin gCoimisiún atá sé a shuí cén fáth a mbunaítear na téarmaí ábhartha díolacháin ar bhealach níos iomchuí le dáta an ordaithe ceannaigh. Thug an Coimisiún dá aire gur léir ó Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán, arna léamh i gcomhar leis an gcuid réamhráiteach d'Airteagal 2(10) de a thagraíonn don chomparáid chóir ar an leibhéal céanna trádála idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach, go dtagraíonn an téarma 'ábhar' do théarmaí trádála an díolacháin seachas do théarmaí dlíthiúla. Is iad na téarmaí trádála sin, go háirithe, an praghas, an chainníocht, na modhanna íocaíochta agus seachadta, nó saintréithe tráchtála eile idirbhirt a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht eacnamaíoch nó le cineál táirgthe ar leith.

(677) Thug an Coimisiún faoi deara gur dímheasadh lira na Tuirce thart ar 33 % ar an iomlán i gcomparáid leis an euro le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh na hagaí moille idir dáta an ordaithe ceannaigh agus dáta sonraisc Borcelik agus Tatmetal thar a bheith éagsúil agus gur agaí fada a bhí iontu: idir 0 lá agus 130 lá i gcás díolacháin intíre agus idir 0 lá agus 182 lá i gcás díolacháin onnmhairiúcháin, agus gur shloinn an dá chuideachta a ndíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin in airgeadraí eachtracha agus coinne acu, dá bhrí sin, le héagsúlachtaí móra i luacháil lira na Tuirce i gcomparáid le hairgeadraí eachtracha.

(678) Maidir leis an bhfianaise a chuir Borcelik ar fáil, i.e. na doiciméid tacaíochta le haghaidh idirbhearta breise lena ngabhann praghsanna éagsúla tráth an ordaithe ceannaigh agus tráth an tsonraisc, shuigh an Coimisiún nár thacaigh sé le maímh na cuideachta. Bhailigh an Coimisiún doiciméid tacaíochta le haghaidh 47 sonrasc lena gcumhdaítear díolacháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar an margadh intíre agus le custaiméirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe araon san Aontas. Cumhdaítear roinnt idirbhearta aonair leis na sonraisc sin de ghnáth (san imscrúdú seo, bíonn gach corna ina idirbheart ar leithligh de ghnáth). Sna doiciméid sin, níor tháinig an chuideachta ach ar chás amháin ina raibh an chainníocht a seachadadh lasmuigh den lamháltas comhaontaithe. Mheas an Coimisiún nach féidir go mbriseann sé sin an patrún a breathnaíodh, is é sin na téarmaí ábhartha díolacháin a bheith á socrú san ordú ceannaigh, go háirithe ós rud é go bhféadfadh cúiseanna eile a bheith leis an athrú ar chainníocht, amhail seachadtaí páirteacha nó cúlordú. Mhaígh an chuideachta freisin, maidir le ceithre shonrasc a bhaineann le díolacháin leis an Aontas, gur athraigh an praghas idir an t-ordú ceannaigh agus an sonrasc agus, dá bhrí sin, gur athraíodh na téarmaí ábhartha díolacháin freisin. Thug an Coimisiún faoi deara gur díoladh na hearraí leis an Aontas trí thrádálaí intíre neamhchomhlachaithe i ngach ceann de na ceithre chás. Chuir an chuideachta tairiscintí praghais isteach mar fhianaise ach níor chuir sí na horduithe ceannaigh iarbhír isteach. Deimhníodh é sin le dáta na dtairiscintí praghais agus dáta na n-orduithe ceannaigh a taifeadadh i dtaifid chuntasaíochta na cuideachta. I ngach ceann de na ceithre chás, ba é an praghas a tairgeadh an praghas ar leibhéal díreach ón monarcha, ach rinneadh an t-idirbheart díolacháin ar théarma seachadta SAB. Is dócha dá bhrí sin gurbh é ba chúis leis an difríocht phraghais, a bhí mar an gcéanna i gcás na gceithre shonrasc uile, na costais bhreise lasta, láimhseála agus luchtaithe a thabhaigh Borcelik.

(679) Dá bhrí sin, ar bhonn na mbreithnithe a shonraítear in aithrisí (676) go (678), diúltaíodh do mhaíomh Borcelik a leagtar amach in aithris (675).

(680) Maidir leis an bhfianaise a chuir Tatmetal isteach, is éard a bhí inti dhá idirbheart, a shampláil an Coimisiún le linn an fhíoraithe, a chuirfeadh réasúnaíocht an Choimisiúin ó bhail dar leis an gcuideachta. Is amhlaidh sin toisc gur tugadh faoi deara go ndearnadh athrú ar chainníochtaí, ar phraghsanna díola agus, i gcás amháin, athrú ar théarmaí íocaíochta idir an t-ordú ceannaigh/an conradh díolacháin agus an sonrasc.

(681) San fhíorú, rinne an Coimisiún sampláil ar 10 n-idirbheart díolacháin intíre agus ar 14 idirbheart díolacháin onnmhairiúcháin leis an Aontas. Maidir leis an difríocht chainníochta a luaigh Tatmetal i ndáil leis an dá idirbheart shampláilte, thug an Coimisiún faoi deara go raibh sí laistigh de na lamháltais chainníochta agus mheáchain a comhaontaíodh san ordú ceannaigh agus a socraíodh dá réir sin leis. Thug an Coimisiún faoi deara freisin go raibh an difríocht phraghais i gceann amháin den dá idirbheart a luadh fíorbheag (níos lú ná 0,1 %), rud nach féidir a mheas a bheith ina shárú ar na téarmaí díolacháin a áiríodh san ordú ceannaigh. Níor suíodh gur imíodh ó na coinníollacha a leagtar amach san ordú ceannaigh ach i gcás ceann amháin de na 24 ordú ceannaigh a ndearna an Coimisiún scrúdú orthu. An méid a imíodh ó na téarmaí díolacháin a bunaíodh sna horduithe ceannaigh, mheas an Coimisiún go raibh sé fíorbheag agus gur eisceacht a bhí sa chás neamhchomhlíonta amháin sin, rud nach bhféadfadh na hargóintí a chuir an Coimisiún chun cinn gur socraíodh na téarmaí ábhartha díolacháin tráth an ordaithe ceannaigh a chur ó bhail. Diúltaíodh don argóint.

([129]) Breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2026, *Özkan Demir Çelik Sanayi AŞ vs An Coimisiún Eorpach*, T-175/24, míreanna 41 go 43.

(682) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, líomhain Tatmetal, dá gcuirfeadh an Coimisiún an ráta malairte eachtraí tráth an ordaithe ceannaigh i bhfeidhm chun luach an tsonraisc a chomhshó, gur cheart an ráta malairte eachtraí céanna a bheith curtha i bhfeidhm chun costais díola dhírigh, amhail costais lasta, moillrátaí, coimisiúin agus costais láimhseála agus luchtaithe i liostú díolachán an Aontais a chomhshó. Mhaígh Tatmetal go ndearnadh praghas na gcostas díola dhírigh in airgeadraí eile a shocrú roimh ré agus gur cheart don Choimisiún an meán-aga moille idir tráth an ordaithe ceannaigh/an chonartha díolacháin agus tráth an tsonraisc arna ríomh ag Tatmetal a chur i bhfeidhm. Chuir Tatmetal fianaise thacaíochta isteach chun tacú lena mhaíomh.

(683) Shoiléirigh an Coimisiún gur chuir sé an ráta malairte eachtraí a úsáideadh ar dháta an tsonraisc le haghaidh na gcostas sin i bhfeidhm ina ríomhanna. Mheabhraigh an Coimisiún gur taifeadadh na costais díola dhírigh, amhail costais lasta intíre nó onnmhairiúcháin, i gcuntasaíocht na cuideachta tráth an tsonraisc agus gur tuairiscíodh iad i dtábla na ndíolachán intíre agus i dtábla na ndíolachán leis an Aontas bunaithe ar ráta malairte eachtraí an tsonraisc. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún leis na luachanna arna gcomhshó go TRY a thuairiscigh Tatmetal. Thug an Coimisiún dá aire go raibh úsáid dháta an ordaithe ceannaigh ag baint le coigeartú i leith comhshó airgeadra de réir Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán ach go rialaítear coigeartuithe a bhaineann le costais iompair, árachais, láimhseála, luchtaithe agus choimhdeacha le hAirteagal 2(10)(e) den bhun-Rialachán ar dá réir a úsáidfear an costas a tabhaíodh, mar a rinne an Coimisiún.

(684) D'ainneoin an mhéid thuas, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise ar ar bhunaigh Tatmetal an meán-aga moille idir an ráta malairte eachtraí ar dháta an ordaithe ceannaigh agus an ráta malairte eachtraí ar dháta an tsonraisc agus thug sé dá aire, i measc na dtrí chomhad fianaise a cuireadh isteach chun ráta malairte eachtraí na lamháltas i liostú díolachán an Aontais a choigeartú, gurb é a bhí i gceann de na comhaid fianaise sin comhfhreagras ríomhphoist a rinneadh lá amháin idir Tatmetal agus an soláthraí iompair. Nasc Tatmetal an comhfhreagras ríomhphoist sin le hidirbheart díolacháin onnmhairiúcháin, ach níorbh fhéidir crostagairt a dhéanamh idir na táirgí a pléadh sa chomhfhreagras ríomhphoist agus aon idirbheart díolacháin onnmhairiúcháin. Thairis sin, tá tairiscintí praghais sa chomhfhreagras ríomhphoist ach ní nochtar ann saintréithe an ordaithe ceannaigh ná téarmaí conartha díolacháin. Mar shampla, níor luadh go soiléir an raibh an táirge ina tháirge cothrom de chruach fhuar-rollta, ná níor luadh aon téarma díolacháin ná aon chainníocht chaibidlithe, etc. Sa dara comhad fianaise bhí comhfhreagras ríomhphoist maidir le tairiscintí praghais le soláthraí iompair eile agus sonrasc gaolmhar le haghaidh na seirbhíse iompair. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur eisíodh an sonrasc le haghaidh cornaí cruach galbhánaithe agus nár chosúil go raibh baint aige le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Comhfhreagras ríomhphoist maidir le lasta aigéin a bhí sa tríú comhad fianaise agus cé gur liostaíodh roinnt téarmaí díolacháin sa ríomhphost, ní raibh aon sonraí ann a nascfadh an ríomhphost leis na hidirbhearta i liostú díolachán an Aontais. Diúltaíodh don mhaíomh.

(685) Mhaígh Borcelik agus Tatmetal araon freisin, i gcás inar mheas an Coimisiún fós gur socraíodh na téarmaí ábhartha díolacháin tráth an ordaithe ceannaigh, gur cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna maidir lena gceannacháin amhábhar. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún na comhshónna airgeadra a dhéanamh le haghaidh na gceannachán sin bunaithe ar dháta an ordaithe ceannaigh, seachas ar dháta an tsonraisc. I ndáil leis sin, chuir Borcelik in iúl gur dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in Ereğli Demir ve Çelik Fabrikaları TAŞ agus páirtithe eile v an Coimisiún Eorpach go bhfuil feidhm chomhionann ag oibleagáidí/coinníollacha Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán maidir le comhshó airgeadra i ndáil le díolacháin onnmhairiúcháin, díolacháin intíre agus costas táirgthe ([130]).

(686) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán infheidhme i gcásanna inar gá airgeadraí a thiontú chun na praghsanna a chur i gcomparáid. Ba in TRY a rinneadh costais Borcelik agus Tatmetal a thaifeadadh ina gcuntais, a thuairisciú don Choimisiún agus a fhíorú. Ós in TRY a rinneadh an ríomh dumpála don dá tháirgeoir onnmhairiúcháin, níor ghá airgeadra na gcostas sin a chomhshó chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid agus, dá bhrí sin, ní raibh feidhm ag Airteagal 2(10)(j). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(687) Ina theannta sin, thagair Borcelik do na doiciméid tacaíochta maidir le ceannacháin amhábhar a cuireadh isteach le linn an fhíoraithe ar an láthair. Ar bhonn na ndoiciméad sin, ríomh an chuideachta an meán-aga seachadta idir ordú ceannaigh agus an sonrasc agus d'iarr sí go n-úsáidfí an t-aga seachadta sin chun meastachán a dhéanamh ar dháta an ordaithe ceannaigh le haghaidh na gceannachán eile amhábhar.

([130]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Bealtaine 2024, *Ereğli Demir ve Çelik Fabrikaları TAŞ agus Daoine Eile v An Coimisiún Eorpach*, Cás T-629/21, ECLI:EU:T:2024:303.

(688) Mar a mhínítear in aithris (686), níor ceanglaíodh leis an gcomparáid sa chás seo comhshó airgeadra a dhéanamh maidir le costas na n-amhábhar. Mar sin féin, ar mhaithe le hiomláine, rinne an Coimisiún anailís ar na doiciméid tacaíochta agus thug sé faoi deara nár chumhdaigh na doiciméid a bailíodh ach níos lú ná 0,1 % de na hamhábhair a ceannaíodh. Ina theannta sin, na dátaí ordaithe ceannaigh agus na dátaí sonraisc a úsáideadh sa ríomh, níor chomhfhreagair siad do na doiciméid a cuireadh isteach. D'úsáid an chuideachta 'dáta an athraithe is déanaí' a taifeadadh ina córas cuntasaíochta mar dháta an ordaithe ceannaigh cé go raibh dátaí éagsúla ar na horduithe ceannaigh a cuireadh isteach leis na doiciméid tacaíochta. An tráth céanna, níor úsáid an chuideachta dáta an tsonraisc tráchtála chun an t-aga seachadta a chinneadh. Ina ionad sin, d'úsáid sé dáta an imréitigh custaim, de réir cosúlachta. Mar achoimre, fiú dá mbeadh gá le comhshó airgeadra maidir leis an gcostas táirgthe *quod non*, níor sholáthair an chuideachta faisnéis chomhsheasmhach iontaofa lena mbeifí in ann an comhshó sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'iarraidh na cuideachta athbhreithniú a dhéanamh ar luach na n-amhábhar agus úsáid á baint as an ráta malairte eachtraí ar dháta an ordaithe ceannaigh bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an chuideachta.

(689) Ar an gcaoi chéanna, mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh, sholáthair Tatmetal faisnéis a bhí le húsáid chun praghsanna amhábhar a chomhshó, mar a iarradh, agus úsáid á baint as an ráta malairte eachtraí ar dháta an ordaithe ceannaigh. I ndáil leis sin, chuir an chuideachta liostú ceannaigh cornaí cothroma de chruach theorollta isteach agus dátaí orduithe ceannaigh ag gabháil leo a cuireadh isteach de láimh.

(690) Mar a míníodh roimhe seo (féach aithris (686)), shuigh an Coimisiún nár ceanglaíodh leis an gcomparáid comhshó airgeadra a bhaineann le costas na n-amhábhar sa chás seo. In aon chás, níor thug Tatmetal aon fhianaise ar aghaidh a léireodh go raibh na dátaí ordaithe ceannaigh ceart, ná aon fhianaise maidir leis na coinníollacha a leagtar amach sna horduithe ceannaigh/conarthaí díolacháin i ndáil le ceannacháin amhábhar. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár ndearna Tatmetal aon tagairt do bhunús dlí, ar ar a bhonn a bheadh údar leis an gcoigeartú sin. Diúltaíodh don argóint.

(691) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik nár chomhlíon an Coimisiún a dhualgas cruthúnais maidir leis an gcoigeartú a rinne sé i leith comhshó airgeadra de bhun Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán toisc nár mhínigh sé conas a rinne an comhshó airgeadra difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(692) Mheas an Coimisiún go gcomhcheanglaítear le cuspóir Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán gnéithe den ghá praiticiúil atá le comhshó airgeadra i gcás ina n-ainmnítear na hidirbhearta in airgeadraí éagsúla agus de chothroime na comparáide, mar shampla nuair a threoraíonn sé cén ráta malairte eachtraí a úsáidfear i gcásanna ina bhfuil réamhchonarthaí malairte eachtraí nasctha go díreach le díolacháin onnmhairiúcháin. Maidir leis an ngá praiticiúil atá le comhshó airgeadra, tugtar treoraíocht in Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán maidir leis an dáta ba cheart a úsáid chun an ráta malairte eachtraí a chinneadh: is é dáta an díolacháin a bheidh ann, arb é dáta an tsonraisc é de ghnáth mura mbunaítear na téarmaí ábhartha díolacháin ar dháta eile. Sa chás seo, shuigh an Coimisiún gur suíodh na téarmaí ábhartha díolacháin san ordú ceannaigh mar a mhínítear in aithris (674). Dá bhrí sin, rinne sé cinneadh go raibh sé ní b'iomchuí an ráta malairte eachtraí ar dháta an ordaithe ceannaigh a úsáid chun luach an tsonraisc a bhí ainmnithe in airgeadra eachtrach a chomhshó go TRY.

(693) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Borcelik gur ghlac an Coimisiún cur chuige idirdhealaitheach trí chomhshó airgeadra bunaithe ar dháta an ordaithe a chur i bhfeidhm maidir leis an Tuirc amháin, gan a mhíniú cén fáth a bhfuil staid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Tuirce éagsúil le staid táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtíortha eile. D'fhéadfadh sonraíochtaí táirge, cainníochtaí, coinníollacha seachadta, praghsanna in aghaidh an aonaid agus téarmaí íocaíochta a bheith comhaontaithe cuid mhaith cheana féin ar an ordú sna tíortha uile lena mbaineann. Mhaígh sé thairis sin gurb in é seasamh an Choimisiúin féin é maidir le díolacháin sa tionscal cruach ([131]).

(694) Tá tréimhse fhada de bhoilsciú ard leanúnach sa Tuirc (hipearbhoilsciú fiú i roinnt blianta) rud a d'fhág go raibh dímheas lira na Tuirce ann mar a luaitear in aithris (677). Níor breathnaíodh staid den sórt sin in aon cheann eile de na tíortha atá faoi réir an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh an idirdhealaithe idir an Tuirc ar thaobh amháin agus na tíortha eile lena mbaineann ar an taobh eile.

([131]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/209 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2024/209, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/209/oj), aithris (64).

(695) D'athdhearbhaigh Borcelik a mhaímh maidir le comhshó airgeadra ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

3.5.6. *Corrlaigh dhumpála*

(696) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(697) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe cinntitheacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	7,8
Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	3,0

(698) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus *de minimis*, ná ar chorrlaigh a socraíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(699) I bhfianaise imthosca fíorasacha an cháis, go háirithe nár suíodh neamh-chomhoibriú ach ag céim dhéanach den nós imeachta agus nár bhraith an Coimisiún ach go páirteach ar fhíorais a bhí ar fáil chun an dá chorrlach a shuí, mheas an Coimisiún go raibh feidhm fós ag Airteagal 9(6) d'ainneoin gur shuigh sé corrlaigh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí brath ar na corrlaigh sin chun an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte. Ar an mbonn sin, is é 4,9 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(700) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa Tuirc, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(701) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 100 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(702) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	7,8
Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	3,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile	4,9
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	7,8

3.6. **Vítneam**

3.6.1. *Staid margaidh áirithe: éifeacht 'brú amach'*

3.6.1.1. Anailís

(703) Chun a shuí gurb ann do staid margaidh áirithe i margadh Vítneam mar gheall ar éifeacht 'brú amach' allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín, rinne an Coimisiún an anailís seo a leanas: ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar a mhéid a bhí allmhairí Síneacha ag dul i bhfód ar mhargadh intíre Vítneam ó thaobh méide de; ar an dara dul síos, bhreathnaigh an Coimisiún ar thionchar na n-allmhairí sin ar na praghsanna i margadh intíre Vítneam.

(704) Ina anailís, bhí an Coimisiún ag brath ar tháscairí ar leibhéal na tíre ar fad arna soláthar ag údaráis Vítneam, agus ar leibhéal na cuideachta arna soláthar ag an ngrúpa sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin, POSVIET. Fíoraíodh an dá thacar táscairí ar an láthair, mar a léirítear in aithris (106).

3.6.1.1.1. An margadh intíre: éifeacht méide

(705) Ar dtús, rinne an Coimisiún anailís ar thomhaltas táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i Vítneam mar a thuairiscigh údaráis Vítneam ar bhonn díolacháin intíre agus allmhairí.

(706) Tháinig forbairt ar thomhaltas i Vítneam mar a leanas:

Tábla 20

Tomhaltas i Vítneam (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas i Vítneam	[2 250 000 – 2 350 000] ([1])	[2 150 000 – 2 250 000]	[2 800 000 – 2 900 000]	[3 100 000 – 3 200 000]
Innéacs	*100*	*94*	*124*	*138*

([1]) Ar chúiseanna rúndachta, nochtar na sonraí i raonta.
Foinse: An tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam.

(707) Idir 2022 agus 2024, an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tháinig méadú 23 phointe céatadáin ar an tomhaltas i Vítneam. Ba é ba chúis leis an méadú ar thomhaltas an táirge faoi imscrúdú roinnt dlíthe, rún agus beart beartais a ghlac Rialtas na Tuirce arb é is aidhm dóibh infheistíocht phoiblí a chur chun cinn, go háirithe sa bhonneagar agus san earnáil tógála, le linn na tréimhse 2024–2025 ([132]).

(708) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú go Vítneam:

Tábla 21

Cainníocht na n-allmhairí isteach i Vítneam (tonaí)

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na n-allmhairí, ar de sin:	Cainníocht na n-allmhairí	266 580	203 390	286 455	314 187
	Innéacs	*100*	*76*	*107*	*154*

([132]) Mar shampla, Rún Uimh. 103/2023/QH15, Rún Uimh. 192/2025/QH15, Rún Uimh. 1321/NQ-UBTVQH15, Rún Uimh. 162/2024/QH15 nó Rún Uimh. 189/2025/QH15.

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Daon-Phoblacht na Síne	Cainníocht na n-allmhairí	136 484	108 229	156 655	144 106
	Innéacs	*100*	*79*	*115*	*106*
an tSeapáin	Cainníocht na n-allmhairí	67 681	53 610	86 382	124 213
	Innéacs	*100*	*79*	*128*	*184*
an Téaváin	Cainníocht na n-allmhairí	28 305	21 043	19 197	17 753
	Innéacs	*100*	*74*	*68*	*63*
An Chóiré	Cainníocht na n-allmhairí	18 691	10 758	13 080	15 208
	Innéacs	*100*	*58*	*70*	*81*
an Astráil	Cainníocht na n-allmhairí	3 858	4 387	7 764	9 664
	Innéacs	*100*	*114*	*201*	*250*

Foinse: Údarás Custaim Vítneam.

(709) Léiríonn sonraí allmhairiúcháin gur tháinig méadú 54 % ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach i Vítneam idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an méadú sin ar allmhairí an méadú ar thomhaltas intíre, rud a spreag rialtas Vítneam a bhfuil sé beartaithe aige infheistíochtaí bonneagair a mhéadú in 2024 agus 2025.

(710) As na hallmhairí sin, tháinig méadú 6 % ar mhéideanna allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ón tSín idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. I méideanna iomlána na n-allmhairí, tháinig laghdú ar sciar na n-allmhairí ón tSín ó 51 % in 2022 go 46 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, bhí an tSín fós ar an gcéad fhoinse allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta isteach i Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(711) An tráth céanna, is mar a leanas a tháinig forbairt ar dhíolacháin intíre an táirge faoi imscrúdú i Vítneam:

Tábla 22

Cainníocht na ndíolachán intíre (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh Vítneam, lena n-áirítear:	[2 000 000 – 2 100 000]	[1 900 000 – 2 000 000]	[2 500 000 – 2 600 000]	[2 700 000 – 2 800 000]
Innéacs	*100*	*97*	*126*	*140*

Foinse: An tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam (2022 go 2024); le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é nár sholáthair údaráis Vítneam díolacháin intíre, ríomh an Coimisiún iad ar bhonn an fhreagra fhíoraithe ar an gceistneoir ón táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte POSVIET.

(712) Áiríodh leis na díolacháin intíre na díolacháin saormhargaidh agus na díolacháin faoi chuing. Tháinig méadú 26 % ar chainníochtaí na ndíolachán idir 2022 agus 2024, i gcomhréir leis an tomhaltas intíre méadaithe a thuairiscítear in aithris (707).

(713) Bunaithe ar na sonraí thuas maidir le tomhaltas, allmhairí agus díolacháin intíre, tháinig forbairt ar na sciartha den mhargadh i Vítneam mar a leanas:

Tábla 23

Sciar den mhargadh (%) ([133])

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tionscal intíre	[85-90]	[87-92]	[86-91]	[85-90]
Allmhairí, lena n-áirítear:	[10-12]	[9-11]	[10-12]	[10-12]
1. Daon-Phoblacht na Síne	[5-7]	[4-6]	[4-6]	[4-6]
2. an tSeapáin	[2-4]	[2-4]	[2-4]	[3-5]
3. an Téaváin	[0-2]	[0-2]	[0-2]	[0-2]
4. An Chóiré	[0-2]	[0-2]	[0-2]	[0-2]
5. an Astráil	[0-2]	[0-2]	[0-2]	[0-2]

Foinse: An tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam.

(714) I dtéarmaí an sciar den mhargadh, d'fhan an sciar den mhargadh a bhí ag an tionscal intíre os cionn 85 % i ngach bliain idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí fós cobhsaí freisin ag [10 %-12 %] idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú beag ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne, ó [5 %-7 %] in 2022 go [4 %-6 %] in 2024.

(715) Bhí an méadú ar mhéideanna iomlána na n-allmhairí a dtugtar tuairisc orthu in aithris (708) agus an méadú ar dhíolacháin intíre a dtugtar tuairisc orthu in aithris (711) ar aon dul leis an méadú ar thomhaltas intíre a dtugtar tuairisc air in aithris (706), agus mar thoradh air sin d'fhan sciartha an dá cheann den mhargadh ar na leibhéil chéanna, a bheag nó a mhór. I bhfianaise na méideanna, fágann sé sin gurbh é an tionscal Vítneamach den chuid is mó a thairbhigh den tomhaltas méadaitheach.

(716) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ceannasacht ag tionscal intíre Vítneam i margadh Vítneam ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, gan aon tír eile ag a raibh sciar den mhargadh os cionn 6 %.

3.6.1.1.2. An margadh intíre: éifeacht ar phraghsanna

(717) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún anailís ar éifeacht na n-allmhairí ón tSín ar phraghsanna i margadh intíre Vítneam. Chun é sin a dhéanamh agus ós rud é gur beag an sciar den mhargadh a bhí ag tíortha seachas an tSín, rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna aonaid na n-allmhairí ón tSín agus ar dhíolacháin intíre.

([133]) Tugadh raonta ar chúiseanna rúndachta.

(718) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar phraghas aonaid na n-allmhairí agus na ndíolachán intíre:

Tábla 24

Praghsanna díola i Vítneam (EUR ([134])**/tona)** ([135])

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas allmhairiúcháin aonaid isteach i Vítneam (CAL) ón tSín	[900 – 1 000]	[700 – 800]	[650 – 750]	[650 – 750]
Innéacs	*100*	*78*	*73*	*72*
An meánphraghas díola intíre in aghaidh an aonaid i Vítneam	[650 – 750]	[500 – 600]	[450 – 550]	[500 – 600] ([1])
Innéacs	*100*	*77*	*74*	*84*

([1]) Le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, tá an praghas díola intíre bunaithe ar shonraí POSVIET.
Foinse na bpraghsanna allmhairiúcháin: Údarás Custaim Vítneam.
Foinse na bpraghsanna díola intíre: An tÚdarás um Leigheasanna Trádála Vítneam.

(719) Léiríodh san anailís ar phraghsanna go raibh meánphraghas allmhairiúcháin na Síne i gcónaí i bhfad os cionn mheánphraghas intíre Vítneam le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus treocht anuas chomhchosúil á leanúint ag an dá cheann acu.

3.6.1.2. Conclúid maidir leis an éifeacht 'brú amach'

(720) Bunaithe ar an méid thuas, ní raibh aon éifeacht anuas ar na praghsanna intíre ag dul i bhfód teoranta allmhairí Síneacha isteach i Vítneam sa tréimhse a scrúdaíodh. Go deimhin, bhí an chuid is mó den sciar den mhargadh a bhí ag tionscal Vítneam ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, agus bhí an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne neamhshuntasach i gcomparáid leis. Bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne go comhsheasmhach os cionn phraghsanna intíre Vítneam. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chruthaigh allmhairí ón tSín staid margaidh áirithe i margadh Vítneam.

3.6.2. *Staid margaidh áirithe: éilimh eile*

(721) Rinne an Coimisiún imscrúdú freisin féachaint an raibh na bearta a sainaithníodh sa ghearán agus a líomhnaítear gur shaobh siad costas táirgthe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta i Vítneam ina gcúis le staid margaidh áirithe de réir bhrí Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán. Ba iad seo a leanas na bearta sin:

(a) Srianta ar onnmhairiú is infheidhme maidir le hamhiarann, dramhchruach agus gual;

(b) Táirgeoirí atá comhtháite go hingearach a bheith ar an margadh;

(c) Mórtháirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ó tháirgí teo-rollta de thionscnamh na Síne; agus

(d) Tionscnaimh rialála eile.

(722) Maidir le pointí a) ar shrianta onnmhairiúcháin is infheidhme maidir le hamhiarann, dramhchruach agus gual, b) ar chomhtháthú ingearach táirgeoirí, agus pointe c) ar mhórtháirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ó chornaí cothroma de chruach theorollta de thionscnamh na Síne, suíodh san imscrúdú gur tháirg POSVIET an táirge faoi imscrúdú go heisiach ó chornaí teorollta agus gur ón gCóiré a fuarthas formhór na gcornaí sin ([136]). Dá bhrí sin, ní raibh POSVIET comhtháite, ná níor úsáideadh amhiarann, dramhchruach agus gual ó Vítneam ná táirgí teorollta de thionscnamh na Síne.

([134]) Cláraíonn an tÚdarás Custaim praghsanna in USD agus in VND. Tá na praghsanna díola intíre cláraithe in VND. Chuir an Coimisiún an ráta malairte oifigiúil i bhfeidhm chun na praghsanna a thiontú go EUR.
([135]) Tugadh raonta ar chúiseanna rúndachta.
([136]) B'fhiú [80 %-100 %] de na cainníochtaí iomlána a ceannaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin an sciar de na cornaí teorollta a ceannaíodh ó sholáthróirí gaolmhara. Tugadh raon ar chúiseanna rúndachta.

(723) Maidir le pointe d) tionscnaimh rialála eile, thug an Coimisiún dá aire gur chuir rialtas Vítneam deireadh le Straitéis Forbartha an Tionscail Cruach go dtí 2030 le fís go 2050 agus go raibh Treoir 494/CT-TTg dar dáta an 20 Aibreán 2010, dá dtagraítear sa ghearán maidir le húsáid soláthairtí agus tráchtearraí a tháirgtear sa bhaile, ceangailteach i ndáiríre ar eintitis phoiblí, amhail aireachtaí, gníomhaireachtaí ar leibhéal na n-airí agus gníomhaireachtaí atá i gceangal leis an rialtas. Ní raibh feidhm ag an Treoir maidir le heintitis phríobháideacha agus in aon chás, ní fhéadfadh na tionscnaimh rialála sin difear a dhéanamh do POSVIET mar a mhínítear in aithris (722).

(724) Dá bhrí sin, ní dhearna aon cheann de na bearta sin difear do POSVIET agus, ós rud é go ndearna sé [80 % – 100 %] d'onnmhairí an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí forálacha Airteagal 2(3) maidir le staid margaidh áirithe a chur i bhfeidhm maidir le POSVIET ná maidir le Vítneam ach oiread.

3.6.3. *An Gnáthluach*

(725) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann . Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(726) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas.

(727) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún nach raibh aon díolachán intíre de chineál táirge comhionann ná inchomparáide i gcás roinnt cineálacha táirgí arbh ionann iad agus níos lú ná 0,5 % de mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin chuig an Aontas.

(728) Ós rud é nár díoladh cineálacha áirithe táirgí den táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(729) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(730) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(731) Má chomhlíontar an dá thástáil sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(732) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(733) De réir na hanailíse a rinneadh ar dhíolacháin intíre, bhí thart ar 27 % de na díolacháin intíre uile brabúsach, agus bhí an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná an costas táirgthe. Astu sin, b'fhiú thart ar 7 % de na díolacháin intíre uile cineálacha táirgí ar mhó díolacháin bhrabúsacha ina leith ná 80 %. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh na gcineálacha táirge sin. Ina theannta sin, b'fhiú 20 % de na díolacháin intíre uile cineálacha táirgí a raibh díolacháin bhrabúsacha ina leith cothrom le 80 % de dhíolacháin intíre iomlána na gcineálacha táirgí sin nó níos ísle ná sin. Dá dheasca sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin amháin le haghaidh na gcineálacha táirgí sin.

(734) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe a bhain le táirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais ualaithe SGA a thoibhigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(735) I gcásanna nárbh ann do dhíolacháin intíre chineál táirge an táirge chomhchosúil, lorg an Coimisiún foinsí malartacha le haghaidh praghsanna sa ghnáthchúrsa trádála. Ós rud é nach raibh aon táirgeoir intíre comhoibríoch sampláilte eile ná aon táirgeoir intíre sampláilte ar fáil a tháirgeann an táirge comhchosúil sa tír lena mbaineann, ní raibh aon phraghas den sórt sin ar fáil, ríomh an Coimisiún an gnáthluach le haghaidh na gcineálacha táirgí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(736) Fuair POSVIET sciar mór de chornaí teorollta, an príomh-amhábhar i monarú táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, ó roinnt soláthróirí gaolmhara. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh na ceannacháin sin ar phraghsanna ar neamhthuilleamaí. Rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna díola POSCO Co. Ltd. (cheanncheathrú 'POSCO') le custaiméirí neamhchomhlachaithe le haghaidh gráid chruach ábhartha agus na praghsanna díola le POSVIET ar leibhéal díreach ón monarcha. Mheas an Coimisiún go raibh díolacháin cheanncheathrú POSCO ina n-athróg ionadach iomchuí chun scrúdú a dhéanamh ar phraghsanna ceannaigh cornaí cothroma de chruach theorollta ó aon cheann de na soláthróirí comhlachaithe. Chinn an Coimisiún gur dhíol ceanncheathrú POSCO cruach theo-rollta de ghráid chruach ábhartha le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar phraghsanna níos airde ná na praghsanna a gearradh ar POSVIET as na gráid chruach chéanna. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an costas cornaí cothroma de chruach theorollta a thuairiscigh POSVIET a choigeartú go leibhéal ar neamhthuilleamaí. Mar thoradh air sin, tháinig méadú 3,7 % ar an gcostas táirgthe.

(737) Úsáideadh an costas táirgthe coigeartaithe chun anailís bhrabúsachta a dhéanamh ar dhíolacháin intíre a dtugtar tuairisc orthu in aithris (733), agus chun an gnáthluach a dtugtar tuairisc air in aithrisí (734) agus (735) a ríomh.

(738) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh POSVIET nach ndearnadh an coigeartú go leibhéal ar neamhthuilleamaí i gceart. Go sonrach, chuir sé in iúl gur chuir soláthróir comhlachaithe eile an fhaisnéis a iarradh agus fianaise thacaíochta isteach. Bhí sonraí san fhaisnéis sin maidir le praghsanna ceannaigh agus praghsanna díola (a gearradh ar POSVIET agus ar roinnt custaiméirí neamhchomhlachaithe). D'áitigh POSVIET nár cheart an coigeartú a dhéanamh i gcás ceannacháin cornaí teorollta ón soláthróir comhlachaithe sin, toisc gur ghin na díolacháin le POSVIET corrlach, agus d'áitigh sé go raibh na praghsanna sin ar neamhthuilleamaí. D'athdhearbhaigh an chuideachta a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(739) Rinne an Coimisiún scrúdú ar na sonraí a bailíodh. Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún, de dhroim na faisnéise a sholáthair an soláthróir comhlachaithe, nach bhfuil sé soiléir an raibh an costas éadála uile sa phraghas ceannaigh a tuairiscíodh nó an é an praghas a ghearr an chuideachta soláthair agus sin amháin a bhí ann. Ar an dara dul síos, bhí an corrlach (an difríocht idir an praghas ceannaigh agus praghas díola a tuairiscíodh) chomh híseal sin gur ar éigean a d'fhéadfaí é a mheas gur brabús réasúnta a bhí ann, go háirithe ós rud é gur ghin díolacháin an tsoláthróra chomhlachaithe sin lena chustaiméirí neamhchomhlachaithe corrlach i bhfad níos airde, rud a léiríonn nach raibh na díolacháin le POSVIET ar phraghas ar neamhthuilleamaí. Tá an anailís sin teoranta toisc nár áiríodh sa liostú díolachán a sholáthair an soláthróir comhlachaithe faisnéis maidir leis an gcineál cornaí cothroma de chruach theorollta, e.g. bunaithe ar ghrád cruach nó ar thréithe eile. Cuireadh anailís mhionsonraithe ar fáil do POSVIET ar leithligh toisc go raibh sonraí rúnda cuideachta-shonracha inti. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh a shonraítear in aithris 738.

3.6.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(740) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas (a) go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha, (b) trí chuideachta chomhlachaithe atá lonnaithe i dtríú tír agus atá ag gníomhú mar thrádálaí, POSCO International Corporation, ('PIC Korea'), ag onnmhairiú go díreach chuig an Aontas, nó (c) trí PIC Korea ag onnmhairiú trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir san Aontas, POSCO INTERNATIONAL Deutschland GmbH, ('PI Germany') agus POSCO INTERNATIONAL Italia S.r.l ('PI Italy').

(741) Maidir le díolacháin onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(742) I gcás dhíolacháin táirgí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh. Ba é 2 % an corrlach brabúis a úsáideadh le haghaidh na gcoigeartuithe, mar a mhínítear in aithris (630).

(743) Rinneadh coigeartuithe a léiríonn an costas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol ar láimhseáil, luchtú agus iompar san Aontas, agus an costas creidmheasa a tabhaíodh.

3.6.5. *Comparáid*

(744) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.6.5.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(745) Mar a mhínítear i roinn 3.6.3, suíodh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas díola intíre nó ríomhadh é trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin.

(746) Rinne an Coimisiún coigeartú maidir leis an gcostas iompair, láimhseála agus luchtaithe a tabhaíodh i leith díolacháin ar an margadh intíre faoi Airteagal 2(10)(e) den bhun-Rialachán chun an praghas díola intíre a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha, creidmheas a deonaíodh do chustaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre faoi Airteagal 2(10)(g) den bhun-Rialachán, costais phacála a tabhaíodh le haghaidh dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil faoi Airteagal 2(10)(f) den bhun-Rialachán, agus le haghaidh barántaí agus ráthaíochtaí a soláthraíodh do chustaiméirí intíre neamhspleácha faoi Airteagal 2(10)(h) den bhun-Rialachán.

(747) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh POSVIET a mhaíomh gur cheart don Choimisiún an gnáthluach a choigeartú i gcás díolacháin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le haghaidh mótarfheithiclí.

(748) De réir na cuideachta, i roinn 3.4.5 den Rialachán seo, dheimhnigh an Coimisiún féin nach é an tsaincheist chéanna é aicmiú cineálacha táirgí de réir uimhir rialaithe táirgí agus inchomparáideacht praghsanna, agus scrúdú á dhéanamh aige ar an iarraidh a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin Téavánacha ar choigeartú faoi 2(10) den bhun-Rialachán i leith difríochtaí fisiceacha, leibhéal trádála, agus tosca eile ina n-aonar. D'áitigh an chuideachta go bhfuil staid na gcuideachtaí Téavánacha éagsúil go hábhartha le staid POSVIET. D'áitigh POSVIET, murab ionann agus na cuideachtaí Téavánacha, gur sholáthair sé fianaise maidir le costas níos airde agus cúiseanna teicniúla agus tráchtála araon leis an difríocht sa phraghas.

(749) I ndáil leis sin, d'áitigh POSVIET nach mar a chéile iad comhchosúlacht táirgí agus inchomparáideacht praghsanna. De réir na cuideachta, sa nochtadh deiridh cuideachta-shonrach, d'fhreagair réasúnaíocht an Choimisiúin an cheist an bhfuil táirgí le haghaidh mótarfheithiclí agus táirgí nach táirgí le haghaidh mótarfheithiclí iad comhchosúil go leor chun teacht faoin uimhir rialaithe táirgí chéanna, agus níor fhreagair sí an cheist an bhfuil na táirgí sin inchomparáide ó thaobh praghais de gan choigeartú. Thagair an chuideachta do choigeartú praghais a chuir an Coimisiún i bhfeidhm sna nósanna imeachta frithdhumpála maidir le hallmhairí Roisíní Stiréin Bhútaidhé-éine Aicrilinítríle de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus na Téaváine ([137]).

(750) Ina theannta sin, d'áitigh POSVIET nárbh é an maíomh tosaigh a rinne sé go raibh praghas níos airde mar thoradh ar chostas níos airde. D'áitigh an chuideachta gur chuir sí fianaise isteach go raibh costas níos airde ag baint leis na gráid mótarfheithiclí. Níorbh é an costas níos airde amháin ba chúis leis na praghsanna níos airde, áfach. Mhaígh an chuideachta go mbaineann gnéithe eacnamaíocha uathúla breise le díolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí, mar atá:

(a) Sonraíochtaí diana agus deimhniú;

(b) An luach a chuireann custaiméirí san earnáil mótarfheithiclí ar iontaofacht agus ar shlándáil an tsoláthair;

(c) Íogaireacht praghsanna laghdaithe toisc go gcuireann cáilíochtaí agus athdheimhniú srian ar ionadú soláthróirí.

(751) I ndáil leis sin, mheabhraigh an chuideachta torthaí an Choimisiúin faoi chuimsiú an imscrúdaithe coimirce cruach ([138]) inar dheighil an Coimisiún táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta le haghaidh mótarfheithiclí ó chineálacha eile táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Sa nochtadh deiridh cuideachta-shonrach, mheas an Coimisiún nach bhfuil sampla na coimirce cruach infheidhme sa chás seo mar, san imscrúdú coimirce, sainaithníodh na táirgí ar bhonn aicmiú taraife agus ar a bhonn sin amháin agus, san imeacht atá idir lámha, fágann bunú uimhreach rialaithe táirgí gur féidir comparáid a dhéanamh idir cineálacha táirgí comhchosúla. D'easaontaigh an chuideachta, áfach, agus d'áitigh sí gur aithin an Coimisiún cheana féin go raibh cruach mótarfheithiclí sainiúil ó thaobh na tráchtála de toisc go dtáirgtear í de réir sonraíochtaí beachta, go gceanglaítear deimhniú soláthróra léi, go soláthraítear í faoi shocruithe fadtéarmacha agus gur cheart, sna himthosca a scrúdaíodh ansin, í a mheas ar leithligh ó tháirgí caighdeánacha. ([139])

(752) Mheabhraigh POSVIET an fhianaise líomhnaithe a cuireadh isteach chun tacú leis na líomhaintí thuas. Chuir sé i dtábhacht nárbh iad na praghsanna arda a breathnaíodh ar ghráid mótarfheithiclí an t-aon chúis leis an gcoigeartú a iarradh. Mhaígh an chuideachta go raibh na praghsanna arda a breathnaíodh mar thoradh ar na gnéithe thuasluaite de dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí.

(753) Thairis sin, líomhain POSVIET go raibh locht ar an anailís a rinne an Coimisiún ar chostas táirgthe grád mótarfheithiclí agus grád nach gráid mótarfheithiclí iad agus a thagann faoin uimhir rialaithe táirgí chéanna. Chinn an Coimisiún na raonta costais aonaid táirgthe i gcás gach uimhreach rialaithe táirgí faoinar díoladh gráid mótarfheithiclí agus shuigh sé gur tháinig an costas aonaid táirgthe i ndáil le díolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí go maith laistigh de na raonta sin. D'áitigh an chuideachta gur cheart meáin ualaithe a chinneadh ina ionad sin. Léiríonn na meáin ualaithe go raibh meánchostas táirgthe na ngrád mótarfheithiclí níos airde ar an iomlán, agus in aghaidh na huimhreach rialaithe táirgí freisin, ná meánchostas aonaid táirgthe na ngrád nach gráid mótarfheithiclí iad. Thug an chuideachta dá haire freisin go gcruthaíonn sé sin neamhshiméadracht ós rud é nár dhíol sí aon táirge cothrom de chruach fhuar-rollta le custaiméirí in earnáil mótarfheithiclí an Aontais. I ndáil leis sin, thagair an chuideachta arís don imscrúdú maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle a luaitear in aithris (749).

(754) Ar deireadh, rinne POSVIET gearán nár thug an Coimisiún aghaidh ar a iarraidh ar choigeartú faoi Airteagal 2(10)(d) den bhun-Rialachán (leibhéal trádála) agus faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán (tosca eile) ina n-aonar. D'áitigh an chuideachta thairis sin gur sholáthair sí fianaise leordhóthanach chun tacú lena hiarraidh ar choigeartú faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán (difríochtaí fisiceacha). Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh an chuideachta a hargóint freisin, is é sin ós rud é go ndearnadh táirgí cothroma de chruach fuar-rollta a dheighilt ina dhá bhfochatagóir (táirgí le haghaidh mótarfheithiclí agus táirgí nach le haghaidh mótarfheithiclí iad) faoin mbeart coimirce cruach, gur thacaigh sé sin lena maíomh go raibh difríochtaí fisiceacha ann.

([137]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/316.
([138]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159.
([139]) Ibid, aithrisí (156) agus (157).

(755) Rinne an Coimisiún scrúdú ar na heilimintí aonair de mhaíomh na cuideachta maidir le coigeartú ar an ngnáthluach bunaithe ar Airteagal 2(10)(a), nó Airteagal 2(10)(d) nó Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán. I gcás inar ghá, rinne an Coimisiún na cúiseanna a bhí aige a mhionsaothrú i nochtadh cuideachta-shonrach toisc gur de chineál rúnda roinnt faisnéise agus fianaise a cuireadh ar fáil.

(756) Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh an Coimisiún go bhféadfadh cúiseanna a bheith le coigeartú d'ainneoin an aicmithe uimhreach rialaithe táirgí a bunaíodh, má léiríonn an páirtí a éilíonn an coigeartú an tionchar ar inchomparáideacht praghsanna. Níor aontaigh sé, áfach, gur deimhníodh le haon chuid den Rialachán seo gurbh amhlaidh an cás san imscrúdú seo. Leis an anailís a rinneadh ar iarraidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Téavánacha ar choigeartú, níor léiríodh ach go ndearna an Coimisiún anailís ar na maímh uile a fuair na páirtithe faoi seach agus gur thug sé aghaidh orthu.

(757) Ní mór scrúdú ar bhonn cás ar chás a dhéanamh ar an ngá atá le coigeartú agus é a bheith bunaithe ar fhíorais an cháis. Dá bhrí sin, níl na torthaí a fuarthas san imscrúdú maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle a luaigh an chuideachta infheidhme sa chás seo. San imscrúdú maidir le roisíní stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle, léiríodh san anailís mhionsonraithe ar na cineálacha táirgí maischothromaithe nárbh fhéidir na difríochtaí costais agus praghais a bhíonn ann ag brath ar an gcineál bunábhair mhaischothromaithe a ghabháil le hidirdhealú simplí idir cineálacha táirgí maischothromaithe agus gnáthchineálacha táirgí ([140]). Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún sa chás sin gur forbraíodh na cineálacha táirgí ar cuireadh coigeartú i bhfeidhm ina leith go sonrach do chustaiméir aonair agus go raibh oibleagáid chonarthach ar an táirgeoir onnmhairiúcháin gan na cineálacha táirgí sin a dhíol le custaiméirí eile.

(758) Maidir le torthaí an imscrúdaithe coimirce cruach, chloígh an Coimisiún lena sheasamh. Ní chuireann an réasúnaíocht a úsáideadh sa choimirce bonn eolais faoin gcinneadh a bhí le déanamh san imscrúdú seo. Ní toisc nach raibh siad inchomparáide i dtéarmaí costas agus praghsanna a chinn an Coimisiún fochatagóir ar leithligh a chruthú do tháirgí le haghaidh mótarfheithiclí. Rinne an Coimisiún an cinneadh sin bunaithe ar leas na n-úsáideoirí. I ndáil leis sin, léiríodh go soláthraítí na táirgí le haghaidh mótarfheithiclí díreach in am de ghnáth, rud a mhéadaigh an riosca go mbeadh roinnt cineálacha sonracha táirgí brúite amach ón gcuóta saor ó dhleacht ag táirgí caighdeánacha (nach táirgí le haghaidh mótarfheithiclí iad) is féidir a sholáthar agus a stoc-charnadh ina méideanna ollmhóra ag tús na tréimhse ar ina leith a sainíodh an taraifchuóta.

(759) Maidir le hiarraidh POSVIET ar choigeartú, dheimhnigh an Coimisiún gur dhírigh sé, sa nochtadh deiridh, ar an anailís ar an gcostas táirgthe. Mheas an Coimisiún go léireofaí sa chostas táirgthe cineál sonrach na ndíolachán leis an earnáil mótarfheithiclí, go háirithe na ceanglais maidir le sonraíochtaí teicniúla agus cáilíocht a líomhnaíodh a bheith níos airde. I ndáil leis sin, níor aontaigh an Coimisiún gur cheart úsáid a bheith bainte aige as an meán ualaithe chun comparáid a dhéanamh idir costas táirgthe grád mótarfheithiclí agus costas táirgthe grád nach gráid mótarfheithiclí iad féachaint an raibh siad ailínithe. Sa chás seo, bheadh ríomh an mheánchostais aonaid ualaithe faoi smál ag cainníochtaí táirgeachta na gcineálacha táirgí aonair a thagann faoin uimhir rialaithe táirgí chéanna. Thug raon bunaithe ar an íosmhéid agus ar an uasmhéid léargas níos iomchuí ar an gcostas táirgthe is infheidhme maidir le cineálacha táirgí nach táirgí le haghaidh mótarfheithiclí iad agus a thagann faoi uimhir rialaithe táirgí amháin. Na cineálacha táirgí le haghaidh mótarfheithiclí a thagann faoin uimhir rialaithe táirgí chéanna, shuigh an Coimisiún gur ghin siad costas aonaid táirgthe a bhí go maith laistigh den raon a bunaíodh le haghaidh cineálacha táirgí nach táirgí mótarfheithiclí iad.

(760) Chun aghaidh a thabhairt i gceart ar mhaímh na cuideachta faoi Airteagal 2(10)(a), 2(10)(d) nó 2(10)(k) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún cuntas ar na maímh a rinneadh, agus ar an réasúnaíocht agus ar an bhfianaise a soláthraíodh mar thaca leis na maímh sin. Tugadh aghaidh san anailís sin freisin ar an maíomh go bhfuil staid POSVIET an-éagsúil le staid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Téaváine (féach aithris (748)).

(761) Sa fhreagra tosaigh ar an gceistneoir, d'iarr POSVIET go ndéanfaí athbhreithniú ar struchtúr an chóduimhir tháirge bunaithe ar an bhfasach ón gcoimirce cruach agus ar na trí ghné a liostaítear in aithris (750) agus thug sé dá aire, dá gcinnfeadh an Coimisiún gan an códuimhir tháirge a athbhreithniú, go ndéanfadh sé iarraidh ar choigeartú ar dhifríochtaí fisiceacha, ar leibhéal trádála agus/nó ar imthosca eile.

([140]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/316.

(762) Ní dhearna an chuideachta an iarraidh go dtí an fíorú ar an láthair. Sholáthair POSVIET aighneacht inar mhionsaothraigh sé gnéithe sonracha na ndíolachán leis an earnáil mótarfheithiclí i gcodarsnacht le díolacháin le custaiméirí nach san earnáil sin iad, litir óna sholáthróir don earnáil mótarfheithiclí maidir lena bheartas foinsithe, tuarascálacha arna n-eisiúint ag an gcustaiméir mótarfheithiclí lenar formheasadh gráid chruach roghnaithe arna monarú ag POSVIET, luachan praghsanna le haghaidh tréimhse a thagann faoin tréimhse imscrúdúcháin, agus an ríomh chun leibhéal an choigeartaithe a shuí.

(763) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise sin chun a chinneadh arbh iomchuí coigeartú a dhéanamh i leith difríochtaí fisiceacha de bhun Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán. Shuigh an Coimisiún gur dhíol an chuideachta dhá chatagóir cineálacha táirgí lena custaiméir san earnáil mótarfheithiclí: (i) cineálacha táirgí arna monarú i gcomhréir le caighdeán tionsclaíoch is infheidhme maidir le cruach le haghaidh na hearnála mótarfheithiclí, *inter alia*; agus (ii) cineálacha táirgí arna monarú i gcomhréir le caighdeán tionsclaíoch is infheidhme maidir le táirgí fuar-rollta i gcoitinne. Tháinig formhór na ndíolachán leis an gcliant mótarfheithiclí (75-85 %) faoin dara catagóir. An tráth céanna, na cineálacha táirgí sin nach táirgí le haghaidh mótarfheithiclí iad a díoladh leis an gcliant san earnáil mótarfheithiclí, díoladh iad le custaiméirí eile nach san earnáil sin iad. I ndáil leis sin, shuigh an Coimisiún gur sholáthair an chuideachta tuarascálacha formheasa le haghaidh na gcineálacha táirgí a táirgeadh i gcomhréir leis an gcaighdeán tionsclaíoch mótarfheithiclí agus lena n-aghaidh sin amháin ach gur iarr sé go ndéanfaí coigeartú ar a dhíolacháin uile leis an gcustaiméir san earnáil mótarfheithiclí. Ina theannta sin, léirigh an fhianaise a soláthraíodh, i gcás na gcineálacha táirgí a táirgeadh faoin gcaighdeán tionsclaíoch mótarfheithiclí, go ndearna an custaiméir san earnáil mótarfheithiclí anailís ar chomhlíonadh na dtáirgí sin leis na sonraíochtaí teicniúla a iarradh. Bhí na sonraíochtaí agus na modhanna scrúdúcháin araon bunaithe ar an gcaighdeán tionsclaíoch mótarfheithiclí. Maidir leis na cineálacha táirgí arna bhformheas ag an gcustaiméir san earnáil mótarfheithiclí, shuigh an Coimisiún freisin gur dhíol an chuideachta le custaiméirí eile iad faoin gcaighdeán tionsclaíoch mótarfheithiclí cé nár dhíol sí ach mionchainníochtaí díobh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcás fhormhór na gcineálacha táirgí a díoladh leis an gcustaiméir san earnáil mótarfheithiclí, nach raibh aon difríocht idir saintréithe fisiceacha toisc gur díoladh na gráid chruach chéanna le custaiméirí nach san earnáil mótarfheithiclí iad ar an margadh intíre. Go deimhin, monaraíodh sciar níos lú de chineálacha táirgí a díoladh leis an gcustaiméir mótarfheithiclí (15-25 %) i gcomhréir le caighdeán tionsclaíoch sonrach is infheidhme maidir le *inter alia* an tionscal mótarfheithiclí (ach freisin maidir le táirgí cothroma de chruach fuar-rollta a úsáidtear le haghaidh trealamh leictreach nó i dtógáil). Mheas an Coimisiún nár léiríodh difríochtaí fisiceacha idir na cineálacha táirgí sin agus na cineálacha táirgí a díoladh le custaiméirí nach san earnáil mótarfheithiclí iad. Fiú dá mbeadh aon éifeacht ann, bheadh an éifeacht ar an ngnáthluach diomaibhseach toisc gurbh ionann na díolacháin iomlána leis an gcustaiméir mótarfheithiclí agus níos lú ná 2 % de dhíolacháin intíre iomlána POSVIET. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh go gcoigeartófaí an gnáthluach i leith difríochtaí fisiceacha. Soláthraíodh tuilleadh mionsonraí don chuideachta i nochtadh cuideachta-shonrach.

(764) Rinne an Coimisiún scrúdú breise ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise a luaitear in aithris (762) chun a chinneadh an mbeadh coigeartú le haghaidh an leibhéil trádála de bhun Airteagal 2(10)(d) den bhun-Rialachán iomchuí. Mheabhraigh an Coimisiún, chun go mbeadh údar leis an gcoigeartú sin, nach mór don chuideachta a léiriú, i ndáil leis an slabhra dáileacháin, go bhfuil an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal éagsúil trádála leis an ngnáthluach agus go ndearna an difríocht difear d'inchomparáideacht praghsanna, rud a léirítear le difríochtaí comhsheasmhacha agus sainiúla i bhfeidhmeanna agus i bpraghsanna an díoltóra i leith na leibhéal éagsúil trádála i margadh intíre na tíre is onnmhaireoir. Shuigh an Coimisiún nár shainaithin an chuideachta ach gur ghearr sí praghsanna níos airde ar chustaiméir amháin, is é sin an custaiméir san earnáil mótarfheithiclí, ar an margadh intíre. Níor mhínigh ná níor léirigh sí, áfach, na difríochtaí i bhfeidhmeanna a d'fhágfadh go mbeadh praghsanna níos airde ann. Ina theannta sin, ní raibh ach custaiméir amháin san earnáil mótarfheithiclí ag POSVIET. Dá bhrí sin, is ar éigean is féidir aon iompraíocht phraghsála i leith custaiméir aonair a mheas a bheith ina cruthúnas ar dhifríochtaí comhsheasmhacha agus sainiúla idir díolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí agus díolacháin nach leis an earnáil sin iad. I bhfianaise a bhfuil thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(765) Maidir leis an iarraidh ar choigeartú faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, sholáthair an Coimisiún anailís mhionsonraithe don chuideachta i nochtadh cuideachta-shonrach. I dtéarmaí ginearálta, shuigh an Coimisiún nár léirigh an chuideachta comhghaol idir na tosca a liostaigh an chuideachta mar ghnéithe sonracha de dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí agus na praghsanna a gearradh ar an gcustaiméir san earnáil mótarfheithiclí. Go sonrach, shuigh an Coimisiún gur tabhaíodh caillteanas ar dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí a thagann faoi chuid de na huimhreacha rialaithe táirgí lena gcumhdaítear díolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí chomh maith le díolacháin nach díolacháin leis an earnáil sin iad, i.e. ní raibh na gnéithe sin de dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí a líomhnaíodh a bheith speisialta in ann praghas a ghiniúint a chumhdódh an costas táirgthe. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(766) Ar deireadh, ar bhonn na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (755) go (765), dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a chuir POSVIET i láthair mar a mhínítear in aithrisí (747) go (754).

(767) Tar éis nochtadh deiridh breise, d'athdhearbhaigh POSVIET go raibh sé níos oiriúnaí an meán ualaithe a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir gráid mótarfheithiclí agus gráid nach gráid mótharfheithiclí iad maidir lena gcostas táirgthe ná raonta a úsáid. D'áitigh an chuideachta go léiríonn an meán ualaithe tábhacht tráchtála iarbhír na mbarúlacha agus go dtugann raon tábhacht chinntitheach don dá fhoircinn gan beann ar an bhfuil ceachtar acu ionadaíoch.

(768) Maidir leis an anailís a rinne an Coimisiún ar iarraidh na cuideachta ar choigeartú ar dhifríochtaí fisiceacha faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán, thug POSVIET dhá argóint isteach.

(769) Ar an gcéad dul síos, mhaígh an chuideachta nach raibh anailís an Choimisiúin bunaithe ar chaighdeáin tionscail ar dá réir a táirgeadh na cineálacha táirgí a díoladh leis an gcustaiméir mótarfheithiclí ábhartha chun teacht ar chonclúidí an raibh údar le coigeartú faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán. D'áitigh an chuideachta gur féidir le táirge teacht faoin gcóduimhir tháirge chéanna nó faoi chaighdeán tionscail níos leithne agus a bheith fós faoi réir ceanglais bhreise a bhaineann go sonrach le custaiméirí.

(770) Ar an dara dul síos, d'áitigh POSVIET gur léirigh ceanglais shonracha a chustaiméara mótarfheithiclí an margadhluach. I ndáil leis sin, thagair an chuideachta don fhíoras go ndéantar na táirgí a thástáil de réir cheanglais theicniúla shonracha an chustaiméara mótarfheithiclí, go bhfuil meánchostas aonaid ualaithe an táirgthe níos airde ná costas na ngrád nach gráid mótarfheithicilí iad faoin gcóduimhir tháirge chéanna, agus go bhfuil meánphraghsanna díola ualaithe díreach ón monarcha na ngrád mótarfheithiclí níos airde freisin ná meánphraghsanna díolachán nach díolachán mótarfheithiclí iad don chóduimhir tháirge chéanna.

(771) Maidir le measúnú an Choimisiúin ar iarraidh na cuideachta ar choigeartú do dhifríochtaí sa leibhéal trádála (díolacháin monaróra buntrealaimh) faoi Airteagal 2(10)(d) den bhun-Rialachán, thug an chuideachta forléargas ar na difríochtaí idir na feidhmeanna a dhéantar do chustaiméirí mótarfheithiclí agus do chustaiméirí nach custaiméirí mótarfheithiclí iad laistigh de na catagóirí seo a leanas: (a) cáilíocht agus tástáil, (b) réamhaisnéis agus pleanáil, (c) fardal agus lóistíocht, (d) údarás praghsála, (e) éilimh agus tacaíocht theicniúil a láimhseáil. Mhaígh an chuideachta freisin gur léiríodh éifeacht na ndifríochtaí sin i bhfeidhmeanna trí na praghsanna níos airde a gearradh ar an gcustaiméir mótarfheithiclí agus gur léiríodh comhsheasmhacht na ndifríochtaí sin ar fud idirbheart, táirgí agus tréimhsí. Ar deireadh, dúirt an chuideachta freisin, fiú má mheas an Coimisiún nár comhlíonadh coinníollacha Airteagal 2(10)(d)(i) den bhun-Rialachán ina n-iomláine, gur cheart dó coigeartú speisialta a dheonú faoi Airteagal 2(10)(d)(ii) den bhun-Rialachán.

(772) Maidir le measúnú an Choimisiúin ar iarraidh na cuideachta ar choigeartú ar thosca eile faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, d'áitigh an chuideachta an méid seo a leanas:

(a) Rinne sé an maíomh le linn an fhíorúcháin ar an láthair, ní hamháin tar éis an nochta deiridh;

(b) Tacaíodh le hinbhuanaitheacht shrianta i bhfoirm fianaise ar phróiseas deimhniúcháin;

(c) Cé go ndéantar praghsanna de réir tíre a dhifreáil, déantar praghsáil réigiúnach a chaibidliú go lárnach;

(d) Le meáin ualaithe an chostais táirgthe agus na bpraghsanna díola, soláthraítear fianaise dhíreach ar éifeacht chomhsheasmhach praghsanna;

(e) Ní bhréagnaíonn na códuimhreacha táirge neamhbhrabúsacha an éifeacht ar phraghsanna;

(f) In éagmais díolacháin mótarfheithiclí chuig an Aontas, is gá coigeartú a dhéanamh ó tharla go líomhnaítear gur suíodh éifeacht tosca eile ar phraghsanna.

(773) D'áitigh an Coimisiún nach raibh sé iomchuí an meán ualaithe a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir an costas táirgthe chun a shuí an raibh costas táirgthe na ngrád mótarfheithiclí níos airde go comhsheasmhach ná costas táirgthe na ngrád nach gráid mótarfheithiclí iad (tráchtearra). Go deimhin, i gcás ina roinntear roinnt luachanna éagsúla in dhá ghrúpa agus ina ríomhtar meán le haghaidh gach grúpa, beidh meán amháin beagnach i gcónaí níos airde ná an meán eile. Mar sin féin, ní thugann an difríocht sin, inti féin, aon léiriú ar an bhfuil na luachanna aonair i ngrúpa amháin níos airde go comhsheasmhach ná na luachanna sa ghrúpa eile. Ina theannta sin, d'áitigh an chuideachta roimhe sin ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh nach ndearna an Coimisiún scrúdú cuí ar a hiarrataí ar choigeartuithe faoi Airteagal 2(10)(a), Airteagal 2(10)(d) agus Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán. Rinneadh an anailís sin, agus dhiúltaigh an Coimisiún d'iarrataí na cuideachta ar bhonn eile seachas ar bhonn na hanailíse ar an meánchostas táirgthe.

(774) Maidir leis an maíomh faoi Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún dá aire nár bhunaigh sé a chonclúid ar an bhfíoras amháin gur táirgí faoi chaighdeán tionscail áirithe iad na cineálacha táirgí a díoladh leis an gcustaiméir mótarfheithiclí. Ní dhíospóideann an Coimisiún gur féidir le táirgí a tháirgtear i gcomhréir le caighdeáin éagsúla tionscail teacht faoin gcóduimhir tháirge chéanna. Ba é croílár argóint an Choimisiúin nach raibh aon fhianaise ann go raibh difríochtaí fisiceacha ann idir gráid aonair a táirgeadh de réir chaighdeán an tionscail tráchtearraí, arbh iad a bhí i gceist i bhformhór mór dhíolacháin na cuideachta leis an gcustaiméir mótarfheithiclí fad a díoladh na gráid shonracha chéanna le custaiméirí nach custaiméirí mótarfheithiclí iad freisin. Níor bhain na tuarascálacha formheasa a chuir an chuideachta isteach ach le cineálacha táirgí a táirgeadh i gcomhréir le caighdeán na hearnála mótarfheithiclí, ar mionlach de dhíolacháin na cuideachta leis an gcustaiméir mótarfheithiclí a bhí i gceist. In aon chás, níor mhínigh an chuideachta na difríochtaí fisiceacha idir na cineálacha táirgí a dhíoltar leis an gcustaiméir mótarfheithiclí agus le custaiméirí nach custaiméirí mótarfheithiclí iad. Ní féidir glacadh le díreach difríocht sa phraghas mar fhianaise ar dhifríochtaí fisiceacha.

(775) Maidir leis an maíomh faoi Airteagal 2(10)(d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís ar na feidhmeanna a dhearbhaigh POSVIET maidir le díolacháin mótarfheithiclí agus díolachán nach mótarfheithiclí iad. I gcás roinnt feidhmeanna líomhnaithe, is é sin cáilíocht agus tástáil, réamhaisnéis agus pleanáil, fardal agus lóistíocht, tacaíocht theicniúil, ní raibh aon fhianaise thacaíochta sa chomhad, nó ní raibh an fhianaise ach páirteach (tuarascálacha formheasa/tástála a bheith ann le haghaidh líon teoranta cineálacha táirgí). Maidir le héilimh a láimhseáil, is cosúil go bhfuil forluí idir na feidhmeanna agus na seirbhísí a sholáthraítear. Cé gur léir go bhfuil nós imeachta um éilimh soiléir ann don chustaiméir mótarfheithiclí, féadfar nós imeachta comhchosúil a chur i bhfeidhm maidir le custaiméirí nach custaiméirí mótarfheithiclí iad ag brath ar an gcineál éilimh atá i gceist. Maidir leis an údarás praghsála, ní léir conas a léirítear feidhm a bhaineann leis an leibhéal trádála/díolacháin monaróra buntrealaimh leis an bhfíoras go ndéantar praghsanna a chaibidliú go lárnach.

(776) Maidir leis an maíomh faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

(a) Cé go ndearna an chuideachta an maíomh le linn an fhíorúcháin ar an láthair, níor shainaithin sí go soiléir ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh ach na tosca ba cheart a mheas faoi na forálacha sin;

(b) Níor sholáthair an chuideachta aon fhianaise ar nós imeachta deimhniúcháin cuimsitheach ach tuarascálacha formheasa/tástála le haghaidh líon teoranta cineálacha táirgí a dhíoltar leis an gcustaiméir mótarfheithiclí. Shuigh an Coimisiún nach bhféadfadh inbhuanaitheacht shrianta soláthróirí a bheith mar thoradh ar thástáil thráthrialta ar chomhlíontacht na dtáirgí arna soláthar le sonraíochtaí teicniúla an chustaiméara mótarfheithiclí;

(c) Maidir leis an gcaibidlíocht láraithe ar phraghsanna, thug an Coimisiún dá aire gur mhaígh an chuideachta roimhe seo nach raibh na praghsanna a gearradh ar an gcustaiméir mótarfheithiclí ionadaíoch ar mhargadh Vítneam toisc nár socraíodh iad go sonrach do Vítneam ach ar an leibhéal réigiúnach Bréagnaíodh é sin le barúlacha an Choimisiúin maidir leis an luachan praghais a chuir an chuideachta isteach;

(d) Tugadh aghaidh roimhe sin roinnt uaireanta ar ábharthacht an mheánchostais táirgthe ualaithe (agus na bpraghsanna ar an ábhar sin);

(e) Toisc go raibh na díolacháin mótarfheithiclí a thagann faoi dhá cheann d'ocht chóduimhir tháirge ábhartha neamhbhrabúsach, ní léir conas nach mbréagnaíonn sin maíomh na cuideachta go raibh údar le coigeartú. Go háirithe, ós rud é gur mhol an chuideachta dhá mhodh chun an coigeartú a dhéanamh agus go raibh an dá mhodh sin bunaithe ar na praghsanna a choigeartú go dtí leibhéal lena nginfeadh díolacháin grád mótarfheithiclí faoi gach códuimhir tháirge ábhartha an leibhéal céanna brabúsachta leis na díolacháin nach díolacháin mótarfheithiclí iad faoin gcóduimhir tháirge sin.

(777) In aon chás, lean POSVIET ag bunú a mhaímh ar choigeartú faoi Airteagal 2(10)(a), Airteagal 2(10)(d) nó Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán ar go raibh praghsanna níos airde á ngearradh ar a chustaiméirí mótarfheithiclí, agus ar na praghsanna sin amháin. Líomhain an chuideachta ansin gur ann do dhifríochtaí idir saintréithe fisiceacha, feidhmeanna a bhaineann le leibhéal na ndíolachán trádála/monaróra buntrealaimh nó tosca eile. In ionad fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir leis na difríochtaí sin a bheith ann, mhaígh an chuideachta, más ann beag nó mór do phraghsanna níos airde gur fianaise sin ar na difríochtaí. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur gnáthrud é ar shaormhargadh an difríocht sa phraghas a sainaithníodh ar an

margadh intíre ag brath ar chustaiméir, rud ba cheart a léiriú seachas deireadh a chur leis an ngnáthluach. Mar sin féin, níor mhínigh POSVIET an difríocht sin sna praghsanna i dtéarmaí tosca coincréiteacha a dhéanann difear do phraghsanna mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Gan nasc den sórt sin, níl aon chúis leis an gcoigeartú. Ní gá go léiríonn difríocht praghais leis féin praghas bisigh; d'fhéadfadh sé asbhaint praghsanna a léiriú freisin i gcás cliaint nach cliaint mótarfheithiclí iad, agus, gan aon nasc inléirithe le toisc choincréiteach, is gnáththarlú margaidh é lena múnlaítear an gnáthluach le haghaidh cineál táirge ar leith.

(778) I gcomhréir leis na breithnithe a leagtar amach in aithrisí in aithrisí (773) go (777), dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh a shonraítear in aithrisí (767) go (772).

3.6.5.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(779) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais lasta, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha faoi Airteagal 2(10)(e) den bhun-Rialachán.

(780) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: creidmheas a dheonaítear do chustaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre faoi Airteagal 2(10)(g) den bhun-Rialachán, costais phacála arna dtabhú le haghaidh dhíolacháin onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann leis an Aontas faoi Airteagal 2(10)(f) den bhun-Rialachán, muirir bhainc faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán, agus le haghaidh coimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. D'íoc PIC Korea coimisiúin le cuideachta chomhlachaithe i Vítneam as doiciméid, cumarsáid agus seirbhísí eile a soláthraíodh i ndáil le honnmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag POSVIET chuig an Aontas a láimhseáil.

(781) Maidir leis na díolacháin onnmhairiúcháin uile a rinneadh trí PIC Korea, trádálaí, rinneadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún gur léirigh na costais SGA arna dtabhú ag an trádálaí agus brabús 2 % allmhaireora neamhghaolmhair, mar a mhínítear in aithris thuas, go hiontaofa an coimisiún a ghearrfadh gníomhaire neamhghaolmhar as a sheirbhísí.

(782) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh POSVIET a mhaíomh gur eintiteas eacnamaíoch aonair iad na trí chuideachta trádála – PIC Korea, PI Germany, agus PI Italy ('Grúpa PI'). D'admhaigh an chuideachta gur cuireadh coincheap an eintitis eacnamaíoch aonair i bhfeidhm i nósanna imeachta frithdhumpála maidir le trádálaí atá comhlachaithe leis an táirgeoir onnmhairiúcháin i gcás inar léirigh réaltacht eacnamaíoch an chaidrimh gur ghníomhaigh an trádálaí mar roinn onnmhairiúcháin inmheánach de chuid an táirgeora. D'athdhearbhaigh an chuideachta a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(783) Mhaígh an chuideachta, áfach, nach bhfuil an fíoras nach cuid d'eintitis eacnamaíoch aonair líomhnaithe é POSVIET ábhartha sa chás seo agus thagair sí do dhlí iomaíochta an Aontais lena n-aithnítear gur aonad eacnamaíoch é gnóthas arb é a d'fhéadfadh a bheith ann roinnt daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar leith. Sa chás sin, baineann an tástáil leis an aontacht eacnamaíoch agus leis an rialú eacnamaíoch, agus ní le cé acu atá nó nach bhfuil ceann de na heintitis ina tháirgeoir. I ndáil leis sin, d'áitigh POSVIET gur eintiteas eacnamaíoch aonair é Grúpa PI mar gheall ar an méid seo a leanas:

(a) Bhí cuntais an ghrúpa comhdhlúite;

(b) Rinneadh feidhmeanna díolacháin na dtrí chuideachta a chomhordú go lárnach;

(c) Níor shocraigh an dá allmhaireoir chomhlachaithe san Aontas na praghsanna go neamhspleách;

(d) Cuireadh an dá allmhaireoir chomhlachaithe san Aontas ar bun chun feidhmeanna a dhéanamh nach bhféadfadh PIC Korea a dhéanamh.

(784) D'áitigh POSVIET nár chuir sé in aghaidh asbhaint costas SGA faoi Airteagal 2(9) agus Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán araon, ach gur chuir sé in aghaidh asbhaint dhúbailte an bhrabúis.

(785) Mhol sé freisin go mbeadh asbhaint aonair costas SGA comhdhlúite faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán iomchuí.

(786) Ar deireadh, mheabhraigh an chuideachta, de bhun an bhreithiúnais in *PT Musim Mas v An Coimisiún* ([141]), i gcás ina n-aithnítear eintiteas eacnamaíoch aonair idir táirgeoir agus trádálaí comhlachaithe, nach féidir a mheas go bhfuil an trádálaí ag déanamh feidhmeanna gníomhaire a oibríonn ar bhonn coimisiúin de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.

(787) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an maíomh. Go deimhin, i nósanna imeachta frithdhumpála, úsáidtear coincheap an eintitis eacnamaíoch aonair chun tuairisc a thabhairt ar chásanna ina bhfuil trádálaí comhlachaithe leis an táirgeoir onnmhairiúcháin, agus ina léiríonn réaltacht eacnamaíoch an chaidrimh go ngníomhaíonn an trádálaí mar roinn onnmhairiúcháin inmheánach de chuid an táirgeora. Faoi mar a thuigfí as, ní thagann an imthoisc sin salach ar an tuiscint ar ghnóthas faoi dhlí iomaíochta an Aontais, cé nach mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil dlí iomaíochta an Aontais infheidhme in imscrúduithe cosanta trádála.

(788) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é ab aidhm don mhaíomh a rinne POSVIET maidir le PIC Korea, PI Germany agus PI Italy a bheith ina n-eintiteas eacnamaíoch aonair go modhnófaí an chaoi ar cuireadh coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin i bhfeidhm. Go bunúsach, chuir an chuideachta in aghaidh asbhaint dhúbailte líomhnaithe an bhrabúis bharúlaigh faoi Airteagail 2(9) agus 2(10)(i) den bhun-Rialachán nó mhol sí, de rogha uirthi sin, costais SGA chomhdhlúite Ghrúpa PI a asbhaint faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(789) I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur dhá chleachtadh ar leithligh é costais SGA agus brabús barúlach a asbhaint faoi Airteagail 2(9) agus 2(10)(i) den bhun-Rialachán, cé go mbraitheann siad araon ar an gcineál céanna faisnéise, is é sin costais SGA arna dtabhú iarbhír ag na cuideachtaí comhlachaithe agus brabús allmhaireora neamhchomhlachaithe.

(790) Faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, ríomh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta leis an gcéad chustaiméir neamhspleách toisc go raibh na hallmhaireoirí PI Germany agus PI Italy comhlachaithe leis an táirgeoir onnmhairiúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán, rinneadh coigeartú de réir na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol agus de réir na mbrabús a fabhraíodh. Na costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, áirítear orthu sa chás seo na costais sin a thuairiscigh na hallmhaireoirí ar bhonn idirbhirt agus costais SGA nárbh fhéidir a nascadh go díreach le hidirbhearta aonair.

(791) Nuair a suíodh an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach araon, rinne an Coimisiún coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin ansin chun comparáid chothrom a dhéanamh de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Shuigh an Coimisiún go ndearna PIC Korea feidhmeanna a bhí comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire a oibríonn ar bhonn coimisiúin agus gur tugadh luach saothair dó as na feidhmeanna sin trí bhíthin corrlach brabúis. Ós rud é gur íocadh an corrlach brabúis idir eintitis chomhlachaithe, d'fhág an caidreamh smál air. Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún na costais SGA arna dtabhú ag PIC Korea agus an brabús barúlach mar athróg ionadach don choimisiún a d'íocfaí le gníomhaire neamhspleách agus feidhmeanna PIC Korea á ndéanamh aige.

(792) I ndáil leis sin, níor chruthaigh POSVIET go raibh cur chuige an Choimisiúin de shárú ar an mbun-Rialachán. Ceanglaíodh go dlíthiúil ar an gCoimisiún costais SGA agus brabús a asbhaint chun an praghas onnmhairiúcháin a ríomh faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Maidir leis an gcoigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, níor chuir an chuideachta in aghaidh thorthaí an Choimisiúin go ndearna PIC Korea feidhmeanna a bhí comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire a oibríonn ar bhonn coimisiúin. Níor mhaígh ná níor sholáthair an chuideachta fianaise ach oiread gur ghníomhaigh PIC Korea mar roinn onnmhairiúcháin inmheánach de chuid POSVIET, agus sa chás sin ní bheadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán iomchuí.

([141]) Breithiúnas na Cúirte an 26 Deireadh Fómhair 2016, *PT Musim Mas v An Coimisiún*, C-468/15 P, ECLI:EU:C:2016:803, míreanna 41-42 agus an cásdlí a luaitear.

(793) Tar éis an nochta deiridh, maidir leis an leibhéal brabúis a asbhaineadh faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán le haghaidh PIC Korea agus díolacháin á ndéanamh go díreach aige le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas, d'áitigh POSVIET gur cheart athbhreithniú a dhéanamh air chun feidhmeanna teoranta na cuideachta a léiriú. I ndáil leis sin, thagair an chuideachta don bhreithiúnas in *PT Musim Mas v An Coimisiún* ([142]), inar shoiléirigh an Chúirt nach bhfuil úsáid Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán bunaithe ar chaidreamh a bheith idir an trádálaí agus an táirgeoir onnmhairiúcháin, ach ar na feidhmeanna a dhéanann an trádálaí. D'áitigh an chuideachta nach mór leibhéal an bhrabúis a oiriúnú do na feidhmeanna a dhéanann an trádálaí, seachas na feidhmeanna a dhéanann allmhaireoir.

(794) Thairis sin, thagair POSVIET do Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ([143]) ar dá réir 'a bheidh tionchar ag an leibhéal gníomhaíochtaí a dhéanann an t-athdhíoltóir ar chorrlach praghsanna athdhíola. D'fhéadfadh an leibhéal gníomhaíochtaí sin raon leathan a chuimsiú, idir an cás nach ndéanann an t-athdhíoltóir ach seirbhísí íosta mar sheoltóir lasta agus an cás ina nglacann an t-athdhíoltóir chuige féin an riosca iomlán úinéireachta chomh maith leis an bhfreagracht iomlán as fógraíocht, margaíocht, dáileadh agus ráthú na n-earraí, maoiniú stoc, agus seirbhísí nasctha eile agus as na rioscaí a bhaineann leo. Más rud é nach bhfuil an t-athdhíoltóir san idirbheart rialaithe ag gabháil do ghníomhaíocht tráchtála shubstaintiúil agus mura ndéanann sé ach na hearraí a aistriú chuig tríú páirtí, d'fhéadfadh an corrlach praghais athdhíola a bheith beag, i bhfianaise na bhfeidhmeanna a dhéantar.'

(795) I ndáil leis sin, chuir an chuideachta in iúl nach soláthraíonn PIC Korea stórasú ná imréiteach custaim, ná nach ndéanann sé bainistíocht laethúil ar chaidreamh custaiméirí sa bhealach díolacháin ina ndíolann sé go díreach le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas.

(796) D'athdhearbhaigh an chuideachta an maíomh a leagtar amach in aithrisí (793) go (795) ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar sin faoi réir an nochta deiridh bhreise agus gur tugadh treoir don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(797) Thug an Coimisiún dá aire ag an tús, murab ionann agus an maíomh a rinne POSVIET, ní dhéanann an breithiúnas sa chás *PT Musim Mas v An Coimisiún* ([144]) an brabús a úsáidtear chun an coigeartú a chainníochtú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán a nascadh leis na feidhmeanna a dhéanann an trádálaí ag gníomhú mar ghníomhaire dó. Ina ionad sin, is é an coigeartú féin atá nasctha leis na feidhmeanna sin. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil dhá chomhpháirt ar leith sa choigeartú i leith an choimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán: (i) costais SGA iarbhír an trádálaí chomhlachaithe, agus (ii) brabús barúlach trádálaí neamhchomhlachaithe atá gníomhach san earnáil chéanna. Cé go bhfeidhmíonn comhpháirt an bhrabúis mar athróg ionadach don chorrlach a thuillfeadh trádálaí neamhspleách inchomparáide ar an saormhargadh, léiríonn comhpháirt na gcostas SGA na costais iarbhír a tabhaíodh mar gheall ar na feidhmeanna a rinne na trádálaithe comhlachaithe. Is í an ghné dheireanach sin go díreach, na costais SGA iarbhír, a áirithíonn go dtugann an coigeartú léiriú cruinn ar chostais na bhfeidhmeanna a rinneadh.

(798) Dheimhnigh an Coimisiún nach raibh an coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán a cuireadh i bhfeidhm maidir le honnmhairí chuig an Aontas trí PIC na Cóiré bunaithe ar chaidreamh a bheith ann idir POSVIET agus PIC na Cóiré ach ar rannpháirtíocht trádálaí i roinnt bealaí díolacháin ina ndearna an trádálaí feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. An caidreamh a bheith ann, áfach, chuir sé sin bonn eolais faoi chinneadh leibhéal an choigeartaithe. Cé gur glacadh le costais SGA iarbhír PIC Korea mar chuid den choigeartú, níorbh fhéidir an brabús a ghin na díolacháin a bhreithniú toisc go ndearna an caidreamh idir POSVIET agus PIC Korea difear don phraghas ceannaigh. Dá bhrí sin, úsáideadh brabús allmhaireora neamhchomhlachaithe san Aontas mar athróg ionadach oiriúnach.

([142]) Breithiúnas na Cúirte an 26 Deireadh Fómhair 2016, *PT Musim Mas v An Coimisiún*, C-468/15 P, ECLI:EU:C:2016:803, mír 88.

([143]) ECFE (2022), OECD Transfer Pricing Guidelines for Multinational Enterprises and Tax Administrations 2022, mír 2.37, Le fáil ag https://www.oecd.org/en/publications/oecd-transfer-pricing-guidelines-for-multinational-enterprises-and-tax-administrations-2022_0e655865-en.html (arna rochtain go deireanach an 7 Meán Fómhair 2026).

([144]) Breithiúnas na Cúirte an 26 Deireadh Fómhair 2016, *PT Musim Mas v An Coimisiún*, C-468/15 P, ECLI:EU:C:2016:803, mír 88.

(799) Thairis sin, dhearbhaigh an chuideachta gur cheart leibhéal an bhrabúis a choigeartú anuas de bhrí go ndearna an chuideachta feidhmeanna teoranta i gcomparáid leis na hallmhaireoirí comhlachaithe san Aontas agus gur bhraith sí ar Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ina leith sin.

(800) Maidir le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil siad bunaithe ar 'chaighdeán praghsála aistrithe náisiúnta a chomhaontaigh ballstáit ECFE, ba cheart do ghrúpaí [fiontar ilnáisiúnta] agus do riaracháin chánach é a úsáid chun críoch cánach'. ([145]) Níl sé i gceist le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe a thuar cén brabús ar athdhíol earraí áirithe is féidir a bhaint amach nó is réasúnta i margadh ar leith bunaithe ar na feidhmeanna a dhéanann trádálaí. Maidir le leithdháileadh brabúis bunaithe ar na feidhmeanna a dhéanann eintitis chomhlachaithe sa chomhthéacs sin, feidhmíonn sé go bunúsach mar choimirce in aghaidh brabúis a shannadh do chuideachtaí nach ndéanann ach líon beag feidhmeanna ach atá lonnaithe i dtíortha ísealchánach.

(801) In aon chás, d'easaontaigh an Coimisiún go raibh na feidhmeanna a rinne PIC Korea teoranta i gcomparáid le feidhmeanna an dá allmhaireoir chomhlachaithe san Aontas. Ar chúiseanna rúndachta, rinneadh anailís mhionsonraithe a nochtadh don chuideachta ar leithligh. Sa chomhthéacs sin, le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, ar ar bhraith an chuideachta ina hargóint, soláthraítear samplaí de chásanna ina meastar go bhfuil feidhmeanna an trádálaí teoranta (mionseirbhísí mar sheoltóir lasta) agus de chásanna ina meastar go bhfuil na feidhmeanna sin substaintiúil, i.e. inar féidir coinne a bheith le corrlach níos airde (amhail, mar shampla, riosca iomlán úinéireachta, freagracht iomlán as fógraíocht, margaíocht, dáileadh agus ráthú na n-earraí agus as na rioscaí a bhaineann leo). Is léir gur ghlac PIC Korea úinéireacht ar na hearraí le linn an mhuiriompair agus go raibh sé freagrach as an líonra dáileacháin a eagrú. Fágann sin nach féidir a mheas go bhfuil a fheidhmeanna teoranta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh a leagtar amach in aithris (797) .

3.6.6. *Corrlaigh dhumpála*

(802) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(803) Ar an mbonn sin, is é 16,0 % na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc

(804) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Sa chás seo, tá corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla mar an gcéanna le corrlach dumpála cinntitheach an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch shampláilte, i.e. 16,0 %

(805) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i Vítneam, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(806) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás sin ós rud é go raibh níos mó ná 80 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a ndearnadh scrúdú aonair uirthi.

([145]) ECFE (2022), *OECD Transfer Pricing Guidelines for Multinational Enterprises and Tax Administrations 2022*, mír 1.1, Le fáil ag https://www.oecd.org/en/publications/oecd-transfer-pricing-guidelines-for-multinational-enterprises-and-tax-administrations-2022_0e655865-en.html (arna rochtain go deireanach an 7 Meán Fómhair 2026).

(807) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
POSCO VIETNAM CO., LTD	16,0
Cuideachtaí comhoibríocha eile	16,0
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Vítneam	16,0

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(808) Rinne 22 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(809) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ag thart ar 31,5 milliún tona, lena n-áirítear táirgeacht le haghaidh an mhargaidh faoi chuing. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, is é sin an freagra fíoraithe ar an gceistneoir a fuarthas ó Chónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach, arna chros-seiceáil, i gcás inar féidir, leis na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(810) Mar a tugadh faoi deara in aithris (94), roghnaíodh sampla de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais. Tá níos mó ná 24 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 17 % de dhíolacháin mheasta an táirge chomhchosúil ar an saormhargadh san Aontas i gceist leis an sampla cinntitheach agus áirithíodh raon maith geografach leis.

(811) Ar an iomlán, tá mórleibhéal comhtháthaithe ingearaigh ina shaintréith de thionscal an Aontais. Úsáidtear sciar mór den táirgeadh faoi chuing le haghaidh tuilleadh próiseála iartheachtaí, agus díoltar an chuid eile ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí.

4.2. Cinneadh an mhargaidh ábhartha de chuid an Aontais

(812) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún a mhéid ba cheart an úsáid a bhaineann tionscal an Aontais féin as a tháirgeacht, go háirithe le haghaidh tuilleadh próiseála, a chur san áireamh san anailís sin.

(813) Mar a léirítear thuas, tá tionscal an Aontais comhtháite go hingearach den chuid is mó, agus is príomhionchur é an táirge faoi imscrúdú chun táirgí iartheachtacha éagsúla a bhfuil luach níos airde acu a mhonarú, amhail táirgí galbhánaithe agus táirgí a bhfuil bratú orgánach orthu. Chinn an Coimisiún dá bhrí sin go raibh sciar mhór de tháirgeacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing. I bhfianaise an mhéid sin, rinneadh anailís ar leithligh ar thomhaltas faoi chuing agus ar thomhaltas saormhargaidh.

(814) Tá an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh ábhartha don anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí a bhfuil sé beartaithe úsáid faoi chuing a bhaint astu d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí, agus socraítear praghsanna aistrithe laistigh de na grúpaí de réir beartais praghais éagsúla. Os a choinne sin, tá an táirgeacht atá dírithe ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú agus is ionann praghsanna agus praghsanna an tsaormhargaidh.

(815) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh gníomhaíocht iomlán táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta agus chinn sé an raibh an táirgeacht beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó le haghaidh an tsaormhargaidh.

(816) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad seo na táscairí: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna na n-onnmhairí; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(817) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; agus an cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

4.3.1. *Tomhaltas faoi chuing ar mhargadh an Aontais (tonaí)*

(818) Shuigh an Coimisiún tomhaltas faoi chuing an Aontais ar bhonn úsáid faoi chuing agus díolacháin faoi chuing gach táirgeora aitheanta san Aontas ar mhargadh an Aontais. Ar an mbonn seo, forbraíodh tomhaltas faoi chuing an Aontais mar a seo a leanas:

Tábla 25

Tomhaltas faoi chuing ar mhargadh an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas faoi chuing	24 019 465	24 266 863	24 913 310	24 037 814
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*101*	*104*	*100*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer.

(819) Suíodh go bhfuil 76 % de tháirgeacht táirgí comhréidhe teorollta cruach an Aontais tiomnaithe don mhargadh faoi chuing agus go ndíoltar an 24 % eile faoi dhálaí an tsaormhargaidh.

(820) Tháinig méadú thart ar 4 % ar thomhaltas faoi chuing an Aontais idir 2022 agus 2024, rud a léiríonn méadú de réir a chéile ar an éileamh faoi chuing. Mar sin féin, níor leanadh leis an treocht sin, toisc gur tháinig laghdú thart ar 3,5 % ar thomhaltas ina dhiaidh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2024, agus d'fhill sé ar leibhéal 2022 den chuid is mó. Ar an iomlán, níor léirigh tomhaltas faoi chuing ach éagsúlacht theoranta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh éileamh iartheachtach réasúnta cobhsaí laistigh d'oibríochtaí atá comhtháite go hingearach.

4.3.2. *Tomhaltas saormhargaidh ar mhargadh an Aontais (tonaí)*

(821) Shuigh an Coimisiún tomhaltas saormhargaidh an Aontais ar bhonn (a) sonraí Chónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach a bhaineann le díolacháin gach táirgeora aitheanta san Aontas ar mhargadh an Aontais, arna gcros-seiceáil leis an bhfaisnéis a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an Aontais; agus (b) na hallmhairí isteach san Aontas ó gach tríú tír mar a thuairiscigh Eurostat. Ar an mbonn sin, rinneadh tomhaltas saormhargaidh an Aontais a fhorbairt mar a leanas:

Tábla 26

Tomhaltas saormhargaidh an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas Saormhargaidh	8 089 250	7 372 012	7 543 690	7 274 722
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*91*	*93*	*90*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer, táirgeoirí sampláilte an Aontais, Eurostat.

(822) Tháinig laghdú nach beag ar thomhaltas an tsaormhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 9 % air sa chéad bhliain. Tháinig méadú measartha 2 % air ina dhiaidh sin sa bhliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, bhí an téarnamh sin sealadach, toisc gur tháinig laghdú 3 phointe céatadáin ar thomhaltas arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(823) Ar an iomlán, taifeadadh laghdú iomlán 10 % ar thomhaltas an tsaormhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é crapadh ar thomhaltas iartheachtach ba chúis leis an laghdú sin den chuid is mó, go háirithe in earnáil na tógála agus i bhfeidhmeanna tionsclaíocha áirithe, ar príomh-mhargaí úsáide deiridh iad do tháirgí cruach.

(824) Ina theannta sin, chuir éiginnteacht mhaicreacnamaíoch agus fás eacnamaíoch níos laige i roinnt Ballstát le hiompar ceannaigh níos faichillí i measc custaiméirí, a chuir moill ar orduithe nó a laghdaigh iad agus a thug tús áite do laghdú fardail. Is é an toradh a bhí air sin gníomhaíocht spotmhargaidh níos ísle agus méideanna idirbheartaíochta laghdaithe i ndeighleog an tsaormhargaidh.

4.3.3. *An tomhaltas foriomlán*

(825) An tomhaltas foriomlán – an tomhaltas faoi chuing agus an tomhaltas saormhargaidh san iomlán – tháinig forás air mar a leanas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 27

Tomhaltas foriomlán an Aontais (an saormhargadh agus an margadh faoi chuing) (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas foriomlán an Aontais	32 108 714	31 638 874	32 456 525	31 312 536
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*99*	*101*	*98*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer, táirgeoirí sampláilte an Aontais, Eurostat.

(826) Bhí tomhaltas foriomlán an Aontais fós cobhsaí den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gan ach luaineachtaí teoranta ann. Tháinig laghdú beag 1 % air sa chéad bhliain. Tháinig méadú beag 3 phointe céatadáin ina dhiaidh sin sa bhliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, níor leanadh leis an méadú sin, toisc gur tháinig laghdú 4 phointe céatadáin ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(827) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an tomhaltas foriomlán cuibheasach fós cobhsaí, le laghdú beag de thart ar 2 % idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ba é ba chúis leis an gcobhsaíocht choibhneasta sin den chuid is mó go raibh an tomhaltas faoi chuing fós cobhsaí den chuid is mó, rud a réitigh go páirteach an treocht laghdaitheach a tugadh faoi deara i dtomhaltas an tsaormhargaidh, rud a mhaolaigh an laghdú foriomlán ar an éileamh.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar mhéideanna allmhairí agus ar phraghsanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(828) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí an táirge de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(829) An corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann, bhí sé os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. Ba iad 3 % agus 7 % na sciartha den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin.

(830) Bhí na dálaí iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil cosúil lena chéile. Mar a tugadh faoi deara in aithris (125), léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus ag tionscal an Aontais. Thairis sin, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht le chéile agus le tionscal an Aontais agus le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgtear san Aontas toisc go ndíoltar iad trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla.

(831) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann go carnach chun an díobháil a chinneadh.

4.4.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(832) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí a sholáthar Eurostat. Suíodh na sciartha den mhargadh trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas saormhargaidh an Aontais mar a thuairiscítear i dtábla 26.

(833) Allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 28

Cainníocht na n-allmhairí (aonad tomhais) agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
AN INDIA				
Méid na n-allmhairí ón India (tonaí)	405 319	387 521	435 297	414 530
Innéacs	*100*	*96*	*107*	*102*
An sciar den mhargadh atá ag an India (%)	5	5	6	6
AN tSEAPÁIN				
Méid na n-allmhairí ón tSeapáin (tonaí)	126 021	223 217	246 354	250 001
Innéacs	*100*	*177*	*195*	*198*
An sciar den mhargadh atá ag an tSeapáin (%)	2	3	3	3
AN TÉAVÁIN				
Méid na n-allmhairí ón Téaváin (tonnaí)	293 280	440 907	574 505	499 836
Innéacs	*100*	*150*	*196*	*170*
An sciar den mhargadh atá ag an Téaváin (%)	4	6	8	7
AN TUIRC				
Méid na n-allmhairí ón Tuirc (tonaí)	448 012	228 046	417 253	334 885
Innéacs	*100*	*51*	*93*	*75*
An sciar den mhargadh atá ag an Tuirc (%)	6	3	6	5

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
VÍTNEAM				
Méid na n-allmhairí ó Vítneam (tonaí)	48 282	115 405	157 386	187 767
Innéacs	*100*	*239*	*326*	*389*
An sciar den mhargadh atá ag Vítneam (%)	1	2	2	3
TÍORTHA LENA mBAINEANN				
An cainníocht allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)	1 320 914	1 395 097	1 830 796	1 687 020
Innéacs	*100*	*106*	*139*	*128*
Sciar den mhargadh (%)	16	19	24	23

Foinse: Eurostat. Suíodh na sciartha den mhargadh trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas saormhargaidh an Aontais mar a thuairiscítear i dtábla 24.

(834) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú foriomlán 28 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, ó thaobh méide de, agus ó thaobh sciar den mhargadh de, a shroich 23 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé go raibh éagsúlacht mhór sna forbairtí i measc na dtíortha lena mbaineann, léiríonn an treocht ghinearálta go bhfuil na hallmhairí sin ar mhargadh an Aontais ag neartú.

(835) In 2023, léirigh méideanna allmhairí forbairtí measctha. Tháinig laghdú beag ar allmhairí ón India (–4 %), agus tháinig laghdú mór ar allmhairí ón Tuirc (–49 %). Os a choinne sin, tháinig méadú mór ar allmhairí ón tSeapáin (+ 77 %), ón Téaváin (+ 50 %) agus ó Vítneam (+ 139 %). Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar mhéid foriomlán na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, mar aon le méadú ar an sciar den mhargadh ó 16 % go 19 % (+ 3 phointe céatadáin).

(836) In 2024, d'éirigh an treocht aníos níos suntasaí. Lean allmhairí ón India (+ 12 %), ón tSeapáin (+ 10 %) agus ón Téaváin (+ 30 %) de bheith ag fás, agus tháinig téarnamh láidir (+ 83 %) ar allmhairí ón Tuirc ón leibhéal íseal a taifeadadh in 2023. Tháinig méadú breise (+ 36 %) ar allmhairí ó Vítneam freisin. Mar thoradh air sin, tháinig méadú mór ar mhéid foriomlán na n-allmhairí agus tháinig méadú nach beag ar an sciar den mhargadh go 24 % (+ 5 phointe céatadáin).

(837) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí i gcomparáid le 2024 ach d'fhan siad i bhfad os cionn leibhéil 2022. Tháinig laghdú measartha ar allmhairí ón India (–5 %), agus thit allmhairí ón Téaváin (–13 %) agus ón Tuirc (-20 %) freisin. Os a choinne sin, lean allmhairí ón tSeapáin (+ 1 %) agus ó Vítneam (+ 19 %) de bheith ag méadú. Ar an iomlán, d'fhan allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ard, agus níor tháinig ach laghdú beag ar an sciar den mhargadh go 23 % (–1 phointe céatadáin).

(838) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú mór ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, ó thaobh méide agus sciar den mhargadh de araon. Tháinig méadú 6 % ar mhéideanna allmhairí in 2023 agus tháinig méadú mór 31 % orthu in 2024. Cé gur tháinig laghdú 8 % orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2024, d'fhan siad 28 % os cionn leibhéil 2022. An tráth céanna, tháinig méadú seasta ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí sin ó 16 % in 2022 go 19 % in 2023 agus shroich sé 24 % in 2024, sular laghdaigh sé beagán go 23 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, d'ainneoin laghdú beag sa tréimhse imscrúdúcháin, léirigh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann treocht láidir aníos agus neartaigh siad a seasamh ar mhargadh an Aontais go mór.

4.4.3. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais agus ísliú praghsanna*

(839) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(840) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 29

Praghsanna allmhairí (EUR/aonad tomhais)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
AN INDIA				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 051	772	725	680
Innéacs	*100*	*73*	*69*	*65*
AN tSEAPÁIN				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 021	802	777	718
Innéacs	*100*	*79*	*76*	*70*
AN TÉAVÁIN				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 042	752	703	690
Innéacs	*100*	*72*	*67*	*66*
AN TUIRC				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 041	834	744	716
Innéacs	*100*	*80*	*71*	*69*
VÍTNEAM				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 166	757	708	667
Innéacs	*100*	*65*	*61*	*57*
TÍORTHA LENA mBAINEANN				
Meánphraghas allmhairí dumpáilte	1 047	779	728	695
Innéacs	*100*	*74*	*70*	*66*

Foinse: Eurostat.

(841) Ar an iomlán, tháinig laghdú 34 % ar mheánphraghas na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chonacthas an treocht anuas sin i gcás na dtíortha uile lena mbaineann ina n-aonar, agus bhí laghduithe praghsanna idir 30 % agus 43 %, agus taifeadadh an laghdú ba mhó i gcás Vítneam ag 43 %.

(842) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na tíre arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(843) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(844) Tar éis barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh as ar eascair athruithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin sa tSeapáin agus sa Tuirc mar a mhínítear in aithrisí (270) agus (278), agus (632) agus (636) faoi seach, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh shladghearrtha.

(845) Maidir le Nippon Steel go sonrach, tar éis glacadh leis an maíomh go raibh a phraghsanna do MISI agus NST ar neamhthuilleamaí, níor shuigh an Coimisiún a phraghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, chun an praghas allmhairiúcháin a úsáideadh i ríomhanna na gcorrlach sladghearrtha agus díobhála a shuí, chuir an Coimisiún Airteagal 2(9) i bhfeidhm de réir analaí toisc nach raibh an praghas a dearbhaíodh don lucht custaim iontaofa de dheasca caidreamh inghrúpa a bheith ann. ([146])

(846) Sa chás sin, chun praghas an mhargaidh le custaiméir neamhchomhlachaithe a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála inchomparáide (i.e. an praghas allmhairiúcháin díreach tar éis imréiteach an táirge sin ag teorainn an Aontais), rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh.

(847) Bhraith an Coimisiún ar na costais SGA iarbhír a thuairiscigh na hallmhaireoirí comhlachaithe. Ba é 2 % an corrlach brabúis a úsáideadh le haghaidh na gcoigeartuithe, mar a mhínítear in aithris (630). Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún coigeartú i leith an bhrabúis a thabhaigh gach eintiteas comhlachaithe san Aontas a raibh baint aige leis an athdhíol leis an gcéad chustaiméir neamhspleách de chuid an Aontais. Go háirithe, léirigh fianaise sa chomhad gur chumhdaigh cuideachta B, i gcomhthéacs ceannacháin ó MISEA ar théarmaí arna sheachadadh ag an gceann scríbe díluchtaithe, na costais urscaoilte i gcalafort an Aontais nuair a seachadadh an táirge faoi imscrúdú. Bunaithe air sin, in éagmais comhair ó chuideachta B, mheas an Coimisiún, sa bhreis ar MISEA, go raibh baint ag cuideachta B leis an bpróiseas allmhairiúcháin freisin. Ar an gcúis sin, chuir an Coimisiún Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán i bhfeidhm de réir analaí i gcás MISEA agus Chuideachta B araon.

(848) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Rialtas na Seapáine nár thug an Coimisiún údar le corrlach brabúis iomarcach 2 % a asbhaint i ndáil le gach eintiteas a raibh baint aige leis an slabhra díolacháin agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh. Cé go ndearnadh an maíomh maidir leis an bpraghas onnmhairiúcháin don ríomh dumpála, i gcás nár choigeartaigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin faoi Airteagal 2(10)(i) tar éis dó glacadh le maíomh Nippon Steel maidir le neamhthuilleamaí in aithris (270, bhí an maíomh fós ábhartha do ríomh an tsladghearrtha agus an chorrlaigh díobhála.

(849) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé an coigeartú agus Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm de réir analaí, mar a mhínítear in aithris (845) thuas. Ní fhéadfadh an Coimisiún brath ar na brabúis a bhain na hallmhaireoirí comhlachaithe amach toisc go bhfuarthas iad bunaithe ar dhíolacháin agus ar phraghsanna gaolmhara. Níorbh fhéidir brabús allmhaireora neamhchomhlachaithe a shainaithint mar athróg ionadach san imscrúdú seo, ós rud é nár chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe. Dá bhrí sin, mar a mhínítear in aithris (847), bhraith an Coimisiún ar an mbrabús a suíodh d'allmhaireoir neamhghaolmhar in imscrúdú roimhe seo ar an táirge céanna. Ba é a bhí sa bhrabús 2 % sin athróg ionadach ar bhrabús allmhaireora san Aontas in éagmais roghanna malartacha. Mar a tharlaíonn, tá brabús 2 % i gcomhréir leis an gcorrlach brabúis a bhí fós ann do thrádálaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a fhágann nach féidir a mheas go bhfuil brabús barúlach 2 % iomarcach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

([146]) Tá seasta go comhsheasmhach ag Cúirteanna an Aontais leis an gcur chuige sin. Féach e.g. Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 14 Meán Fómhair 2022, *Methanol Holdings (Trinidad) Ltd v An Coimisiún Eorpach*, T-744/19, ECLI:EU:T:2022:558, mír 63. Breithiúnas ón gCúirt an 8 Meitheamh 2023, *PAO Severstal agus Novolipetsk Steel PJSC (NLMK) v An Coimisiún Eorpach*, C-747/21 P agus C-748/21 P, ECLI:EU:C:2023:459, mír 92.

Tábla 30

Corrlaigh sladghearrtha

Tír	Cuideachta	Corrlaigh sladghearrtha (%)
An India	JSW Steel Limited	11
an tSeapáin	Nippon Steel Corporation	12,5
an Téaváin	Grúpa CSC	9,2
an Tuirc	Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	13,4
	Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	5,3
Vítneam	POSCO VIETNAM CO., LTD	10,7

(850) Tá an táirge lena mbaineann bunaithe ar phraghsanna den chuid is mó agus tarlaíonn iomaíocht ar an margadh go príomha trí phraghsáil. Ina theannta sin, tá praghsanna an mhargaidh trédhearcach agus tá rochtain éasca orthu. Léiríodh san imscrúdú nach ndéantar ach sciar teoranta de dhíolacháin faoi chonarthaí fadtéarmacha, agus go bhfuil an deis ag custaiméirí i gcónaí soláthróirí a athrú i margadh an-dinimiciúil.

(851) I bhfianaise an mhéid sin, fuarthas go raibh na corrlaigh sladghearrtha a bunaíodh le haghaidh na n-allmhairí lena mbaineann an-mhór, is é sin 11 % i gcás na hIndia, 12,5 % i gcás na Seapáine, 9,2 % i gcás na Téaváine, 5,3 % agus 13,4 % i gcás na Tuirce agus 10,7 % i gcás Vítneam.

(852) Léirigh an t-imscrúdú freisin go raibh praghsanna thionscal an Aontais laghdaithe ag na hallmhairí ar phraghas íseal de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, rud a lean treochtaí agus patrúin trádála chomhchosúla.

(853) D'áitigh Grúpa NSC freisin gur cheart don Choimisiún na hagaí seachadta níos faide a bhaineann le hallmhairí Seapánacha a chur san áireamh agus an corrlach sladghearrtha agus díobhála á ríomh. D'áitigh sé gur thóg sé i bhfad níos faide ar tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na Seapáine an tAontas Eorpach a shroicheadh ná táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgtear san Aontas agus mhol sé go ndéanfaí coigeartú amluacha airgid ar an bpraghas onnmhairiúcháin a bheadh inchomparáide leis an gcostas breise a bhaineann le téarmaí íocaíochta.

(854) Suitear corrlach díobhála tríd an bpraghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid le praghas neamhdhíobhála thionscal an Aontais ar leibhéil trádála inchomparáide. Mar a thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire in Hansol, 'is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán nach mór measúnú a dhéanamh ar an díobháil tráth 'scaoileadh [an táirge dhumpáilte] i saorchúrsaíocht san Aontas'. Dá bhrí sin, ní mór ríomh an tsladghearrtha a dhéanamh, i bprionsabal, ar leibhéal na n-allmhairí dumpáilte' ([147]). Is é sin le rá, ba cheart an praghas díreach ón monarcha a ghearrann táirgeoirí de chuid an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla a chur i gcomparáid leis 'an bpraghas allmhairiúcháin díreach tar éis an táirge sin a imréiteach ag teorainn an Aontais' ([148]). Ní dhéanann an difríocht sna hagaí seachadta difear do leibhéal trádála ná do shaintréithe na dtáirgí atá á gcur i gcomparáid agus, dá bhrí sin, ní gá an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú.

(855) Mheas an Coimisiún freisin nárbh iomchuí an chomparáid de réir analaí a rinne NSC le costais chreidmheasa a bhaineann le téarmaí íocaíochta sonraisc. Léiríonn costais chreidmheasa coinníoll íocaíochta conarthach arna chomhaontú idir na páirtithe agus tá siad nasctha go díreach le téarmaí an idirbhirt. Os a choinne sin, an t-am a thógann sé ar an táirge allmhairithe an tAontas a shroicheadh, eascraíonn sé as socruithe iompair agus lóistíochta agus ní téarma íocaíochta atá ann. Dá bhrí sin, ní hé atá san aga seachadta níos faide coinníoll maoiniúcháin atá inchomparáide leis an tréimhse chreidmheasa a dheonaítear faoi théarmaí sonraisc.

(856) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(857) Mhaígh Grúpa NSC freisin gur úsáideadh cuid dá onnmhairí DC01 san earnáil tógála, cé gur ar chustaiméirí san earnáil mótarfheithiclí a díríodh ar an chuid is mó de DC01 a dhíol táirgeoirí de chuid an Aontais. Ar an mbonn sin, mhaígh NSC nár cheart measúnú a dhéanamh ar shladghearradh ná ar ghearrdhíol ach amháin in aghaidh dhíolacháin de chuid an Aontais nár dhíolacháin leis an earnáil mótarfheithiclí iad.

([147]) *An Coimisiún Eorpach v Hansol Paper Co. Ltd*, C-260/20 P, cit., mír 102.
([148]) *Ibid.*, mír 103, béim curtha leis.

(858) Thug an Coimisiún dá aire go ndéantar sladghearradh agus gearrdhíol a chinneadh trí allmhairí dumpáilte a chur i gcomparáid le táirge comhchosúil thionscal an Aontais, a shainítear de réir saintréithe oibiachtúla, agus ní trí thagairt don earnáil ina n-oibríonn an ceannaitheoir. Déantar an chomparáid sin de réir na huimhreach rialaithe táirgí. D'admhaigh NSC féin go soláthraítear an táirge sonrach do chustaiméirí tógála agus mótarfheithiclí araon; dá bhrí sin, is táirge comhchosúil aonair é laistigh d'uimhir aonair rialaithe táirgí. Socraítear uimhreacha rialaithe táirgí tráth an tionscnaimh bunaithe ar shaintréithe fisiceacha agus teicniúla infhíoraithe a bhfuil éifeachtaí praghais acu. Ní saintréith den sórt sin í an úsáid deiridh. Ní fhéadfadh NSC aon chritéar teicniúil intomhaiste a shainaithint lena bhféadfaí táirgí le haghaidh mótarfheithiclí a dheighilt ó tháirgí eile. Ná níor shainaithin NSC aon saintréith intomhaiste lena ndéantar idirdhealú idir a onnmhairí agus díolacháin chomhfhreagracha an Aontais. Baineann difríochtaí líomhnaithe i gceanglais maidir le hinrianaitheacht, deimhniú nó cáilíocht le dálaí tráchtála, ní le gnéithe táirge. Custaiméirí san earnáil mótarfheithiclí agus custaiméirí nach san earnáil sin iad, is úsáideoirí deiridh tionsclaíocha araon iad a oibríonn ar an leibhéal céanna trádála.

(859) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, fiú dá mbeadh tuairisc NSC ar an margadh cruinn seachas bunaithe ar thoimhde, go mbeadh an díobháil fós ann. Déantar díobháil do thionscal an Aontais i ndáil leis na díolacháin a théann in iomaíocht leis na hallmhairí ar phraghas íseal. Ní chuireann praghsanna níos airde a fhaightear ó chustaiméir eile deireadh leis an díobháil sin. Nuair a ghearrann NSC faoin bpaghas, cailleann táirgeoirí de chuid an Aontais an díolachán nó laghdaíonn siad a phraghas, agus is é an caillteanas nó an t-ísliú praghsanna sin an díobháil. Ar an gcaoi chéanna, ríomhtar gearrdhíol ar bhonn an chostais in aghaidh na huimhreach rialaithe táirgí, ní in aghaidh an chineáil custaiméara. Dá bhrí sin, níl aon tionchar ag earnáil an cheannaitheora ar an anailís ghearrdhíola.

(860) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(861) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(862) Mar a luaitear in aithris (92), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(863) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinneadh measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar leibhéal thionscal iomlán an Aontais. Bhí an measúnú bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an gearánach, a cros-seiceáladh ansin le sonraí a sholáthair táirgeoirí de chuid an Aontais agus leis an staidreamh oifigiúil a bhí ar fáil (Eurostat). Rinneadh an anailís ar tháscairí micreacnamaíocha ar leibhéal tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Bhí an measúnú bunaithe ar a bhfaisnéis, arna bhfíorú go cuí. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(a) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(b) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(864) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a thabhairt ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil atá faoi imscrúdú, agus chinn sé ar úsáid faoi chuing nó ar an margadh saor a bhí an táirgeacht dírithe. I gcás roinnt táscairí díobhála a bhaineann le tionscal an Aontais, rinne an Coimisiún anailís ar leithligh ar shonraí a bhaineann leis an margadh saor agus leis an margadh faoi chuing agus rinne sé anailís chomparáideach.

(865) Is iad seo a leanas na táscairí a measúnóíodh trí bhreathnú go sonrach ar an deighleog den mhargadh saor: díolacháin, sciar den mhargadh, praghsanna aonaid, costas aonaid, brabúsacht, agus sreabhadh airgid. Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais.

(866) Airítear leis na tosca níos leithne sin táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí, fostaíocht, táirgiúlacht, stoic agus costais saothair. Maidir leis na tosca sin, ní féidir leis an gCoimisiún measúnú fóinteach a dhéanamh ach amháin trí thagairt a dhéanamh do ghníomhaíocht iomlán thionscal an Aontais. Tá an anailís sin i gcomhréir le cásdlí chúirteanna an Aontais agus EDT. ([149])

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(867) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 31

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	31 694 255	31 701 294	32 392 557	31 508 803
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*100*	*102*	*99*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	46 387 539	45 690 871	45 465 152	43 790 478
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*98*	*98*	*94*
Úsáid acmhainneachta (%)	68	69	71	72
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*102*	*104*	*105*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer.

(868) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí cainníocht táirgeachta an Aontais réasúnta fós cobhsaí. Tháinig méadú beag 2 % air idir 2022 agus 2024 sular tháinig laghdú air le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú imeallach foriomlán 1 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(869) Léirigh an acmhainneacht táirgeachta treocht anuas leanúnach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag laghdú 6 % ar an iomlán. Tháinig laghdú 2 % ar an acmhainneacht idir 2022 agus 2023, bhí sí fós cobhsaí in 2024, agus ansin tháinig laghdú 4 % eile uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is féidir an laghdú 6 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú a mhíniú le hionchais éilimh níos ísle, i gcomhthéacs inar tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas an Aontais, rud a d'fhág go ndearnadh crapadh ar mhéid an mhargaidh. Mar fhreagairt air sin, choigeartaigh táirgeoirí de chuid an Aontais a mbonn táirgeachta chun ailíniú leis an éileamh laghdaithe, lena n-áirítear acmhainneacht nach bhfuil chomh héifeachtúil nó neamhriachtanach a tharraingt siar, chun ró-acmhainneacht a sheachaint agus chun úsáid níos éifeachtúla acmhainní a áirithiú.

(870) Mar thoradh ar an laghdú beag ar an acmhainneacht táirgeachta in éineacht le méideanna táirgeachta réasúnta cobhsaí, tháinig méadú seasta ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag ardú ó 68 % in 2022 go 72 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 5 %.

([149]) Breithiúnas an 27 Samhain 1991, *Gimelec v An Coimisiún*, C-315/90, EU:C:1991:447, míreanna 16 go 29; Tuarascáil ó Chomhlacht Achomhairc EDT 24.7.2001, WT/DS184/AB/R, míreanna 181 go 215.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(871) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 32

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid díolachán i saormhargadh an Aontais (tonaí)	5 633 739	5 007 333	4 855 388	4 767 237
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*89*	*86*	*85*
Sciar den mhargadh (%)	70	68	64	66
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*98*	*92*	*94*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer agus Eurostat.

(872) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú leanúnach 15 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar an saormhargadh, agus tháinig laghdú géar 11 % air idir 2022 agus 2023, agus tháinig laghduithe breise 3 phointe céatadáin agus pointe céatadáin amháin air ina dhiaidh sin sna tréimhsí ina dhiaidh sin.

(873) Tháinig laghdú foriomlán 4 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 2 phointe céatadáin air idir 2022 agus 2023 agus laghdú 4 phointe céatadáin eile idir 2023 agus 2024, sular mhéadaigh sé 2 phointe céatadáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(874) Ar an iomlán, ba mhó an laghdú ar an méid díolachán (–15 %) ná an laghdú ar thomhaltas an Aontais (–10 %), rud a léiríonn caillteanas sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de chuid an Aontais i saorthomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(875) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 33

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe (coibhéis lánaimseartha)	9 298	9 006	9 013	8 598
Innéacs	*100*	*97*	*97*	*92*
Táirgiúlacht (tonaí/ coibhéis lánaimseartha)	3 409	3 520	3 594	3 665
Innéacs	*100*	*103*	*105*	*108*

Foinse: Freagra ar cheistneoir Eurofer.

(876) Tháinig laghdú 8 % ar an bhfostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 3 % ar an bhfostaíocht idir 2022 agus 2023, bhí sí fós cobhsaí in 2024, agus tháinig laghdú 5 phointe céatadáin eile uirthi ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an laghdú sin coigeartuithe ar dhíolacháin atá ag titim agus ar dhálaí margaidh níos laige. Rinne an tionscal a lucht saothair a chuíchóiriú de réir a chéile trí bhearta éifeachtúlachta, lena n-áirítear gan lucht fágála a athsholáthar agus athstruchtúrú gníomhaíochtaí táirgthe, chun costais a ailíniú le héileamh laghdaithe.

(877) Tháinig méadú 8 % ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'eascair an fhorbairt sin go príomha as an laghdú ar fhostaíocht mar aon le leibhéil táirgeachta atá cobhsaí den chuid is mó, rud a d'fhág go raibh aschur níos airde in aghaidh an fhostaí ann. Dá bhrí sin, léiríonn an méadú ar tháirgiúlacht gnóthachain éifeachtúlachta a bhaintear amach trí athstruchtúrú agus cuíchóiriú saothair.

4.5.2.4. Méid an chorrlaigh dumpála

(878) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

4.5.2.5. Fás

(879) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas saormhargaidh an Aontais. Ba é cineál aibí an mhargaidh agus laghdú ar ghníomhaíocht i bpríomhearnálacha iartheachtacha ba chúis leis an laghdú sin, rud a chuir isteach ar an éileamh foriomlán. Go háirithe, mar thoradh ar an easpa fáis ar chúrsaí tógála agus ar fheidhmeanna tionsclaíocha áirithe, bhí tomhaltas níos ísle ar an táirge lena mbaineann.

(880) Mar sin féin, léiríonn táscairí feidhmíochta thionscal an Aontais go raibh deacrachtaí aige a sheasamh ar an margadh a chaomhnú. Cé go raibh an táirgeacht fós cuibheasach cobhsaí (–1 %), tháinig laghdú mór 15 % ar dhíolacháin ar mhargadh an Aontais, rud a d'fhág gur cailleadh sciar 6 % den mhargadh (4 phointe céatadáin). Léiríonn sé sin ní hamháin gur lean tionscal an Aontais an crapadh ar thomhaltas ach gur sháraigh sé é i dtéarmaí laghdú ar dhíolacháin, rud a d'fhág go raibh sé ag tearcfheidhmiú i gcoibhneas le forbairtí foriomlána sa mhargadh.

(881) Léiríonn an meath ar dhíolacháin agus ar an sciar den mhargadh, i gcomhthéacs tomhaltas atá ag laghdú, nár bhain tionscal an Aontais fás amach, i ndearbhthéarmaí nó i dtéarmaí coibhneasta. Ina ionad sin, tharla crapadh ar a láithreacht sa mhargadh a sháraigh an laghdú foriomlán ar éileamh.

(882) Léirítear an easpa fáis sin a thuilleadh sa laghdú 8 % ar an bhfostaíocht, rud a léiríonn laghdú ar an acmhainneacht oibríochtúil mar fhreagairt ar dhálaí margaidh atá ag dul in olcas. Cé gur tháinig méadú 8 % ar tháirgiúlacht agus méadú 5 % ar úsáid acmhainneachta (4 phointe céatadáin), léiríonn na gnóthachain sin feabhsuithe éifeachtúlachta a baineadh amach trí laghduithe ar an lucht saothair, laghdú acmhainneachta agus athstruchtúrú seachas leathnú nó fás inbhuanaithe.

(883) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid nach raibh fás ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'ainneoin go n-oibríonn sé i saormhargadh craptha arb é is príomhthréith dó laghdú 10 % ar thomhaltas, léiríonn meath thionscal an Aontais ar dhíolacháin agus ar an sciar den mhargadh caillteanas nirt iomaíoch agus neamhábaltacht gnóthachain éifeachtúlachta a aistriú ina bhfás margaidh.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(884) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 34

Praghsanna díola san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/ aonad tomhais)	[1 020–1 095]	[815–875]	[745–800]	[700–755]
Innéacs	*100*	*80*	*73*	*69*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Costas aonaid an táirgthe (EUR/aonad tomhais)	[900–975]	[820–890]	[720–780]	[690–750]
Innéacs	*100*	*91*	*80*	*77*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(885) Léirítear sa tábla thuas éabhlóid an phraghais díola aonaid ar shaormhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas táirgthe aonaid comhfhreagrach.

(886) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh tomhaltas saormhargaidh an Aontais treocht laghdaitheach ar an iomlán, rud a léirigh dálaí an mhargaidh a bhí ag dul in olcas i gcomhthéacs iar-COVID-19, agus brú anuas leanúnach á chur ag an éileamh lag ar phraghsanna a chuaigh in olcas ó 2023 ar aghaidh i gcomhréir leis an éileamh cruach atá ag lagú. I bhfianaise an mhéid sin, tháinig laghdú mór ar mheánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais, agus tháinig laghdú 20 % air idir 2022 agus 2023, agus tháinig laghdú breise 8 % air ina dhiaidh sin idir 2023 agus 2024, agus laghdú 6 % eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2024. Ar an iomlán, is laghdú carnach 31 % é sin idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(887) I gcaitheamh na mblianta céanna, lean costas aonaid an táirgthe treocht anuas freisin, cé go raibh patrún difriúil ann. Tháinig laghdú 9 % ar chostais idir 2022 agus 2023 agus laghdú níos géire 12 % idir 2023 agus 2024. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú breise 4 % ar chostais i gcomparáid le 2024. San iomlán, comhfhreagraíonn sé sin do laghdú foriomlán 23 % idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(888) Léiríonn comparáid bliain ar bhliain go raibh an laghdú ar phraghsanna díola (–20 %) sa chéad tréimhse (2022-2023) i bhfad níos mó ná an laghdú ar chostais (–9 %), rud a d'fhág go raibh comhbhrú mór ar chorrlaigh ann. Sa bhliain dár gcionn (2023-2024), cé gur tháinig laghdú níos géire ar chostais ná ar phraghsanna, níor leor é sin chun an meath corrlaigh a bhí ann roimhe sin a fhritháireamh. Sa tréimhse deiridh (2024–tréimhse imscrúdúcháin), lean an dá phraghas (–6 %) agus na costais (–4 %) de bheith ag laghdú ar luas comhchosúil, rud a léiríonn gur fhan tionscal an Aontais faoi bhrú leanúnach agus nach raibh sé in ann a chorrlaigh a athbhunú. Ós rud é gur táirge tráchtearraí iad táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, bhí féidearthachtaí teoranta ag táirgeoirí an Aontais a dtairiscint a idirdhealú, agus chun teorainn a chur le caillteanas breise ar sciar den mhargadh, bhí orthu na forbairtí praghsanna anuas a leanúint agus a bpraghsanna díola a laghdú dá réir.

(889) Ar an iomlán, d'ainneoin laghduithe ar chostais, mar thoradh ar an laghdú carnach níos géire ar phraghsanna díola i gcomparáid le costais, tháinig meath struchtúrach ar bhrabúsacht le linn na tréimhse a scrúdaíodh, de réir mar a bhog praghsanna níos gaire do leibhéil chostais agus de réir mar a bhí siad fós neamhleor chun torthaí inbhuanaithe a áirithiú.

4.5.3.2. Costais saothair

(890) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 35

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[35 500 – 36 500]	[38 000 – 39 100]	[35 500 – 36 500]	[38 000 – 39 100]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*107*	*100*	*107*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(891) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí forbairt luaineach, ag méadú 7 % idir 2022 agus 2023 sular fhill siad in 2024 go leibhéal atá inchomparáide le leibhéal 2022 agus ag méadú 7 % arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.3.3. Fardail

(892) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 36

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (tonaí)	[390 000 –400 000]	[410 000 –420 000]	[385 000 –395 000]	[370 000 –380 000]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*105*	*99*	*95*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	[1-2]	[1-2]	[1-2]	[1-2]

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(893) Tháinig méadú ar fhardail in 2023 sular tháinig laghdú orthu in 2024 agus arís eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú foriomlán 5 % orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba cheart an fhorbairt sin a mheas i gcomhthéacs leibhéil táirgthe réasúnta cobhsaí agus laghdú mór ar dhíolacháin.

(894) Léirigh an méadú sealadach ar fhardail in 2023 gur lagaigh díolacháin agus go raibh an táirgeacht fós cobhsaí. De réir mar a lean éileamh an mhargaidh de bheith ag dul in olcas, laghdaigh tionscal an Aontais fardail ina dhiaidh sin trí choigeartuithe ar phleanáil táirgthe agus ar bhainistiú stoc.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(895) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 37

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (%) de láimhdeachas na ndíolachán)	[10-15]	[0-3]	[2-8]	[0-5]
Innéacs	*100*	*3*	*37*	*18*
Sreabhadh airgid (EUR)	[400–450 milliún]	[50–100 milliún]	[100–150 milliún]	[150–200 milliún]
Innéacs	*100*	*19*	*32*	*39*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR)	[300–350 milliún]	[400–450 milliún]	[400–450 milliún]	[400–450 milliún]
Innéacs	*100*	*141*	*136*	*133*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[70-90]	[0-5]	[10-20]	[5-10]
Innéacs	*100*	*1*	*19*	*9*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(896) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(897) Léirigh brabúsacht thionscal an Aontais meath mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2022, bhain tionscal an Aontais leibhéal láidir brabúis [10 %-15 %] amach. Mar sin féin, tháinig laghdú géar ar bhrabúsacht go pointe cóimheá in 2023, rud a léiríonn cúngú mór idir praghsanna díola atá ag laghdú agus costais táirgthe atá réasúnta ard fós.

(898) In 2024, tháinig téarnamh páirteach ar bhrabúsacht go leibhéil aon digit amháin, go príomha mar gheall ar laghdú ar chostais aonaid, ar tháinig laghdú orthu níos tapúla ná praghsanna díola. D'ainneoin an fheabhsaithe sin, d'fhan na leibhéil bhrabúis i bhfad faoi bhun na leibhéal a breathnaíodh ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(899) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht arís go [0 %-5 %]. Cé gur lean praghsanna díola agus costais araon de bheith ag laghdú, sháraigh an creimeadh praghsanna laghduithe costais, rud a rinne difear diúltach do chorrlaigh.

(900) Ar an iomlán, lean an bhrabúsacht treocht an-diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag laghdú níos mó ná 10 bpointe céatadáin ó [10 %-15 %] in 2022 go [0 %-5 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn an fhorbairt sin nach raibh tionscal an Aontais in ann leibhéil bhrabúis inbhuanaithe a choinneáil ar bun, agus go raibh a staid airgeadais fós leochaileach d'ainneoin roinnt feabhsuithe sealadacha.

(901) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léirigh glansreabhadh airgid tháirgeoirí samplacha an Aontais treocht an-luaineach ach meathlaitheach ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú an-mhór 81 % air idir 2022 agus 2023. Tháinig téarnamh páirteach ina dhiaidh sin in 2024 (+ 71 %) agus méadú breise le linn na tréimhse imscrúdúcháin (+ 20 %), rud a léiríonn feabhas éigin tar éis an chliste tosaigh. Ar an iomlán, áfach, d'ainneoin an téarnaimh sin, d'fhan an sreabhadh airgid 61 % faoi bhun leibhéil 2022. Tá dlúthbhaint ag an meath sin leis an meath mór ar bhrabúsacht, rud a laghdaigh giniúint inmheánach leachtachta.

(902) A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí, tháinig méadú thart ar 41 % ar chaiteachas caipitil thionscal an Aontais in 2023 i gcomparáid le 2022. Tháinig laghdú thart ar 4 % ar infheistíochtaí ina dhiaidh sin in 2024 agus laghdú 2 % eile le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'fhan leibhéil infheistíochta le linn na tréimhse imscrúdúcháin thart ar 33 % níos airde ná mar a bhí in 2022 ar an iomlán, rud a léiríonn leathnú tosaigh ar ghníomhaíocht infheistíochta agus modhnóireacht fhorchéimnitheach ina dhiaidh sin. Bhí na hinfheistíochtaí sin nasctha go príomha le tionscadail dícharbónaithe agus ghlasaithe.

(903) I ndáil leis sin, tugtar faoi deara go bhféadfadh infheistíochtaí a bheith sách ard fós d'ainneoin brabúsacht lag mar gheall ar a gcineál fadtéarmach agus ar an ngá atá le sócmhainní táirgthe a choinneáil ar bun nó a fheabhsú. Mar sin féin, léiríonn an maolú ar fhás infheistíochta sa chuid dheireanach den tréimhse faoi bhreathnú faichill níos mó agus muinín laghdaithe i ndálaí margaidh amach anseo.

(904) Maidir leis an toradh ar infheistíochtaí (TAI), rinneadh scrúdú san imscrúdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús a chur le glanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá an táscaire seo ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas an tionscail toradh leordhóthanach a ghiniúint ar an gcaipiteal a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge chomhchosúil. Dá bhrí sin, tugann forbairt TAI léargas ar tharraingteacht airgeadais agus ar inbhuanaitheacht infheistíochtaí i dtionscal an Aontais.

(905) Léiríodh san anailís gur luainigh TAI go mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gur tháinig laghdú mór 99 % air in 2023, sular tháinig téarnamh beag air in 2024 agus gur tháinig laghdú air arís ina dhiaidh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, d'ainneoin an téarnaimh an-teoranta a breathnaíodh i lár na tréimhse, bhí TAI fós luaineach agus tháinig deireadh leis ar leibhéal i bhfad níos ísle ná mar a bhí ag tús na tréimhse lena mbaineann. Léiríonn an éabhlóid sin go bhfuil meath tagtha ar chobhsaíocht na dtorthaí infheistíochta, rud a léiríonn brú leanúnach ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais.

(906) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath mór ar chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú. Tharla an laghdú sin go príomha mar gheall ar mheath na bpríomhtháscairí feidhmíochta airgeadais, go háirithe an crapadh mór ar bhrabúsacht agus an creimeadh substaintiúil ar acmhainneacht giniúna an tsreafa airgid.

(907) Bhain an laghdú ar bhrabúsacht an bonn de mhuinín infheisteoirí agus d'ídigh sé na cúlchistí inmheánacha is gá chun maoiniú seachtrach a ghiaráil. Thairis sin, chuir luaineacht agus meath ginearálta an tsreafa airgid srian ar chumas an tionscail infheistíochtaí a fhéinmhaoiniú, rud a chuir teorainn lena sholúbthacht airgeadais. Dá bhrí sin, rinne feidhmíocht airgeadais fhoriomlán thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú dochar dá acmhainneacht creidmheasa agus chuir sí bac ar a chumas caipiteal a thiomsú ar théarmaí fabhracha.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(908) Léiríodh san imscrúdú gur tháinig meath mór ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse sin, tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas ar an saormhargadh, agus tháinig laghdú 15 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar an saormhargadh, laghdú a sháraigh an crapadh ar an éileamh. Mar thoradh air sin, thit sciar thionscal an Aontais den mhargadh ar an saormhargadh ó 70 % in 2022 go 66 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(909) Ní raibh tionscal an Aontais in ann a leibhéil praghsanna a choinneáil ar bun le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur laghdaigh tionscal an Aontais a chostas táirgthe in aghaidh an aonaid 23 %, tháinig laghdú níos géire 31 % ar a mheánphraghsanna díola. Mar thoradh air sin, thit an bhrabúsacht ó [10 %-15 %] in 2022 go [0 %-5 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(910) Léiríodh an díobháil a thuilleadh sa mheath ar tháscairí airgeadais áirithe. Tháinig laghdú 61 % ar an sreabhadh airgid agus tháinig laghdú 91 % ar an toradh ar infheistíochtaí idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. D'ainneoin na bhforbairtí díobhálacha sin, d'fhan glaninfheistíochtaí ar ardleibhéal le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí siad 33 % níos airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin ná mar a bhí in 2022. Mar sin féin, rinne an meath géar ar bhrabúsacht, an toradh ar infheistíochtaí agus an sreabhadh airgid dochar do staid airgeadais an tionscail agus dá chumas cistí inmheánacha a ghiniúint le haghaidh infheistíochtaí amach anseo.

(911) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Saintréith den díobháil sin ba ea mórchaillteanas díolachán agus sciar den mhargadh ar an saormhargadh, ísliú praghsanna, agus meath nach beag ar staid airgeadais an tionscail, go háirithe maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, agus toradh ar infheistíochtaí.

(912) Tar éis an nochta, mhaígh na táirgeoirí Seapánacha go raibh an laghdú ar an sciar den mhargadh ag tionscal an Aontais ó 70 % go 66 % rótheoranta, ann féin, chun tacú leis an toradh maidir le díobháil ábhartha, go háirithe ós rud é gur choinnigh tionscal an Aontais sciar mór den mhargadh. D'áitigh siad gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt ar an sciar den mhargadh in éineacht leis na himthosca ábhartha eile, lena n-áirítear an méadú ar mhéid na ndíolachán onnmhairiúcháin ag tionscal an Aontais.

(913) Mheas an Coimisiún nár chaith na hargóintí sin amhras ar an toradh maidir le díobháil ábhartha. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur gá measúnú a dhéanamh ar na tosca eacnamaíocha ábhartha uile a dhéanann difear dá staid chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais, agus nach bhfuil aon toisc aonair cinntitheach ann féin. Dá bhrí sin, ní hé an tástáil cheart an suitear díobháil le haon táscaire amháin, ann féin, ach an léiríonn an fhorbairt a tháinig ar na táscairí i dteannta a chéile meath ar staid thionscal an Aontais. Rinneadh measúnú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais in éineacht leis na táscairí díobhála ábhartha eile agus níor breithníodh ina aonar é. Ní ar an laghdú ar an sciar den mhargadh agus air sin amháin a bhí an Coimisiún ag brath, ach rinne sé measúnú air in éineacht le forbairt na dtáscairí ábhartha eile (amhail méid díolachán, táirgeacht, úsáid acmhainneachta, praghsanna, costais aonaid, brabúsacht, sreabhadh airgid, toradh ar infheistíocht, fostaíocht agus táirgiúlacht) agus leis na himthosca dá dtagraíonn na táirgeoirí Seapánacha, lena n-áirítear forbairt na ndíolachán onnmhairiúcháin. Sciar mór den mhargadh a bheith coinnithe ag tionscal an Aontais, ní rud é a d'eisiaigh ann féin toradh maidir le díobháil ábhartha, go háirithe i bhfianaise an mheatha ar a shuíomh ar an margadh agus táscairí eile ar a staid eacnamaíoch. Chun críocha an mheasúnaithe ar dhíobháil, ní hé dearbhleibhéal an sciar den mhargadh a coinníodh an critéar ábhartha, ach a mhéad a laghdaigh an sciar sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe i gcomhthéacs dul i bhfód allmhairí atá ag dul i méid. Thairis sin, i bhfianaise mhéid mhargadh an Aontais, is é atá i laghdú ó 70 % go 66 % méid substaintiúil díolachán a cailleadh de dheasca na n-allmhairí dumpáilte agus ní féidir é a dhíbhe mar rud neamhábhartha.

(914) A mhéid a bhaineann leis an méadú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin, thagair an Coimisiún don mheasúnú ar fheidhmíocht díolachán onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais a leagtar amach i roinn 5.3.1. den anailís chúisíochta. An méadú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin, níor fhritháirigh sé an meath ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais agus dá bhrí sin níor athraigh sé an toradh maidir le díobháil ábhartha.

(915) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár fhág leibhéal an sciar den mhargadh ag tionscal an Aontais, an laghdú a tháinig ar an sciar sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú ná forbairt na ndíolachán onnmhairiúcháin, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, gur athraíodh an toradh foriomlán maidir le díobháil ábhartha.

(916) Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh.

5. **CÚISÍOCHT**

(917) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(918) I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin:

— Allmhairí eile ó thríú tíortha

— Feidhmíocht díolacháin onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

— Úsáid faoi chuing

— Sleabhcadh maicreacnamaíoch agus crapadh ar éileamh earnálach

— Forbairtí i bpraghsanna fuinnimh

— Creat rialála an Aontais Eorpaigh

— Luaineacht i bpraghsanna amhábhar

— Ró-acmhainneacht dhomhanda san earnáil cruach

— Iarmhairt COVID-19 agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(919) Tharla an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais san am céanna a bhí allmhairí dumpáilte ag teacht isteach go tréan agus go mór ar an margadh ó na tíortha lena mbaineann, rud a rinne sladghearradh go comhsheasmhach ar phraghsanna thionscal an Aontais agus a raibh ísliú praghsanna mar thoradh air. I ndáil leis sin, laghdaigh éabhlóid mhéideanna agus phraghsanna allmhairí na dtíortha lena mbaineann, mar a léirítear i dtáblaí 27 agus 28, leibhéil praghsanna thionscal an Aontais, rud a shuigh nasc cúisíoch idir an dá cheann.

(920) Tháinig méadú mór 28 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó thart ar 1,3 milliún tona in 2022 go dtí níos mó ná 1,6 milliún tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An tráth céanna, mhéadaigh a sciar den mhargadh ó 16 % go 23 %, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 7 bpointe céatadáin. Tharla an méadú sin ar mhéideanna allmhairí dumpáilte i gcomhthráth le laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 70 % go 66 %, rud a léiríonn gur bhrúigh fás na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann díolacháin thionscal an Aontais amach.

(921) Tá forbairt bhrabúsacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú comhsheasmhach le héifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte. Tháinig laghdú mór ar bhrabúsacht in 2023 toisc gur tháinig laghdú níos mó ar phraghsanna díola ná ar chostais táirgthe. Cé gur tháinig feabhas ar bhrabúsacht in 2024 de réir mar a thit costais táirgthe níos tapúla ná praghsanna díola, ní raibh an feabhas sin ach sealadach, agus d'fhan an bhrabúsacht i bhfad faoi bhun leibhéal 2022. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú ar bhrabúsacht arís de réir mar a lean praghsanna díola de bheith ag titim níos tapúla ná costais táirgthe.

(922) Thairis sin, chuir na hallmhairí sin ó na tíortha lena mbaineann brú anuas leanúnach ar phraghsanna i margadh an Aontais. Tháinig laghdú thart ar 34 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann, ó EUR 1 047 in aghaidh an tona in 2022 go EUR 694 in aghaidh an tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan na praghsanna sin go comhsheasmhach faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, ar tháinig laghdú thart ar 31 % ar a mheánphraghsanna díola, ó EUR [1 020-1 095] in aghaidh an tona go EUR [700-755] in aghaidh an tona. Léiríonn an difreálach praghsanna leanúnach idir na táirgí allmhairithe agus praghsanna thionscal an Aontais sladghearradh leanúnach praghsanna agus sochtadh praghsanna. Chuir an brú praghsanna sin teorainn le cumas thionscal an Aontais leibhéil praghsanna a choinneáil ar bun i gcomhréir le costais, rud a chuir leis an meath a breathnaíodh ar bhrabúsacht.

(923) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann go hábhartha leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, trína méadú mór ar an méid, méadú ar an sciar den mhargadh, agus praghsanna a bhí íseal go comhsheasmhach go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Leis an measc de dhul i bhfód méadaithe ar allmhairí agus sladghearradh leanúnach praghsanna, bunaítear nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí dumpáilte agus an meath ar staid thionscal an Aontais.

5.2. Allmhairí ó thríú tíortha eile

(924) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 38

Allmhairí ó thríú tíortha eile

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An Chóiré	Cainníocht (tonaí)	382 473	388 999	381 372	408 920
	Innéacs	*100*	*102*	*100*	*107*
	Sciar den mhargadh (%)	5	5	5	6
	Meánphraghas (EUR)	1 026	817	765	734
	Innéacs	*100*	*80*	*75*	*72*

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
an Ríocht Aontaithe	Cainníocht (tonaí)	273 165	261 541	220 848	138 745
	Innéacs	*100*	*96*	*81*	*51*
	Sciar den mhargadh (%)	3	4	3	2
	Meánphraghas (EUR)	1 118	852	801	751
	Innéacs	*100*	*76*	*72*	*67*
An Úcráin	Cainníocht (tonaí)	99 827	149 989	154 603	171 095
	Innéacs	*100*	*150*	*155*	*171*
	Sciar den mhargadh (%)	1	2	2	2
	Meánphraghas (EUR)	942	722	678	637
	Innéacs	*100*	*77*	*72*	*68*
An chuid eile den domhan	Cainníocht (tonaí)	379,132	169,053	100,207	101,705
	Innéacs	*100*	*45*	*26*	*27*
	Sciar den mhargadh (%)	5	2	1	1
	Meánphraghas (EUR)	1 118	986	914	884
	Innéacs	*100*	*88*	*82*	*79*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	1 134 596	969 582	857 031	820 465
	Innéacs	*100*	*85*	*76*	*72*
	Sciar den mhargadh (%)	14	13	11	11
	Meánphraghas (EUR)	1 071	841	776	735
	Innéacs	*100*	*79*	*72*	*69*

Foinse: Comext.

(925) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mhéadaigh allmhairí ón gCóiré Theas a sciar den mhargadh ó 5 % go 6 %, agus mhéadaigh allmhairí ón Úcráin ó 1 % go 2 %. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón Ríocht Aontaithe ó 3 % go 2 %, agus tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón gcuid eile den domhan ó 5 % go 1 %. Tháinig laghdú mór freisin ar allmhairí ó thríú tíortha eile atá faoi réir bearta frithdhumpála, amhail an tSín, agus tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó 2 % go nialas. Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó gach tríú tír seachas na tíortha lena mbaineann ó 14 % go 11 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(926) Rinne an Coimisiún measúnú breise ar éabhlóid fhoriomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann. Léiríodh san anailís sin gur tháinig laghdú ar allmhairí den sórt sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí an sciar den mhargadh araon. Tháinig laghdú ar a sciar comhcheangailte den mhargadh ó 14 % in 2022 go 11 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú freisin ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin, ó EUR 1 071 in aghaidh an tona in 2022 go EUR 735 in aghaidh an tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chomhfhreagraíonn do laghdú thart ar 31 %. D'ainneoin an laghdaithe sin, d'fhan meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí tríú tír sin os cionn mheánphraghas allmhairiúcháin na dtíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, léirigh an laghdú ar phraghsanna a breathnaíodh an treocht anuas ghinearálta i bpraghsanna ar mhargadh an Aontais seachas éifeacht shonrach ar phraghsanna atá inchurtha i leith allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann.

(927) Deimhnítear a thuilleadh lena láithreacht laghdaitheach i margadh an Aontais nach raibh ról mór acu sna héifeachtaí ar phraghsanna a breathnaíodh ná i gcaillteanas sa sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais. I bhfianaise threocht chomhthreomhar praghsanna anuas na n-allmhairí ó thríú tíortha eile agus ó thionscal an Aontais araon, mar aon leis an bhfíoras gur fhan praghsanna tríú tír sa tréimhse imscrúdúcháin os cionn phraghsanna na dtíortha lena mbaineann, agus le sciar laghdaitheach den mhargadh allmhairiúcháin, is cosúil nach raibh éifeacht shonrach ná éifeacht bhreise ag allmhairí ó thríú tíortha eile ar mhargadh an Aontais a laghdaigh praghsanna thar threocht ghinearálta an mhargaidh. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an toisc sin an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(928) Tar éis an nochta, d'áitigh Rialtas na Seapáine go bhféadfadh an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a bheith mar thoradh ar athrú ar fhoinsiú ó thríú tíortha eile, agus ní mar thoradh ar mhéadú ar bhrú foriomlán allmhairiúcháin ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, d'iarr sé ar an gCoimisiún forbairt allmhairí ó gach tríú tír a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar éifeachtaí na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar an nasc cúisíoch leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(929) Mheas an Coimisiún nár thacaigh forbairt allmhairí ó thríú tíortha eile leis an maíomh nach raibh sa mhéadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ach ionadú allmhairí ó fhoinsí eile. Mar a mhínítear anseo thuas, tháinig laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 14 % go 11 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thríú tíortha seachas na tíortha lena mbaineann. An tráth céanna, tháinig méadú ó 16 % go 23 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, agus tháinig laghdú ó 70 % go 66 % ar an sciar den mhargadh ag tionscal an Aontais.

(930) Dá bhrí sin, an méadú ar an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus an laghdú comhuaineach ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais agus ag allmhairí ó thríú tíortha eile araon, ní rud é a léiríonn athrú ar fhoinse na n-allmhairí agus sin amháin. Ina ionad sin, léiríonn an fhorbairt gur mhéadaigh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a láithreacht ar mhargadh an Aontais agus gur chaill foinsí eile soláthair sciar den mhargadh.

5.3. **Éifeachtaí tosca eile**

5.3.1. *Feidhmíocht díolacháin onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais*

(931) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 39

Díolacháin onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin (tonaí)	1 046 797	1 153 564	1 313 619	1 169 942
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*110*	*125*	*112*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas aonaid (EUR/tonaí)	[1 108-1 148]	[941-972]	[821-846]	[761-788]
Innéacs (2022 = 100)	*100*	*84*	*74*	*69*

Foinse: Macraicheistneoir & freagra ar cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(932) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 10 % ar mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin a bhí ag táirgeoirí an Aontais idir 2022 agus 2023 agus méadú 14 % eile idir 2023 agus 2024. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 11 % ar mhéideanna onnmhairiúcháin i gcomparáid le 2024. Ar an iomlán, bhí méideanna na ndíolachán onnmhairiúcháin 12 % níos airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin ná mar a bhí in 2022.

(933) Léirigh an t-imscrúdú gurbh iad onnmhairí níos airde chuig Meicsiceo, chuig an Tuirc agus chuig na Stáit Aontaithe ba chúis go príomha leis an méadú ar mhéideanna onnmhairí. D'eascair na méaduithe sin as imthosca sonracha, lena n-áirítear téarnamh díolachán tar éis saincheisteanna teicniúla a réiteach ag saoráidí táirgeora de chuid an Aontais agus dálaí fabhracha margaidh i gcinn scríbe onnmhairiúcháin áirithe. Níor leanadh den mhéadú ar onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe. Dá réir sin, níor léirigh an fhorbairt feabhas ginearálta ar dhálaí an mhargaidh onnmhairiúcháin.

(934) An tráth céanna, tháinig laghdú leanúnach ar mheánphraghsanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú thart ar 31 % orthu idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn sé sin nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann méideanna onnmhairiúcháin a mhéadú ach amháin trí ghlacadh le praghsanna i bhfad níos ísle, rud a léiríonn brú láidir iomaíoch i margaí onnmhairiúcháin.

(935) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tosca sonracha a bhaineann leis an margadh agus le cuideachtaí ba chúis leis an méadú ar mhéideanna onnmhairiúcháin agus nár léirigh sé feabhas ginearálta ar dhálaí an mhargaidh onnmhairiúcháin. Bhí an méadú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin comhsheasmhach freisin le hiarrachtaí thionscal an Aontais a mhóracmhainneacht táirgeachta spártha a úsáid trí dheiseanna díolacháin breise a lorg lasmuigh de mhargadh an Aontais. Mar sin féin, níor sholáthair díolacháin onnmhairiúcháin foinse leordhóthanach bhrabúsachta chun an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais a fhritháireamh, agus dá bhrí sin, níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3.2. *Tomhaltas faoi chuing*

(936) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú thart ar 4 % ar thomhaltas faoi chuing an Aontais idir 2022 agus 2024, sular tháinig laghdú air le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí leibhéal 2022. Ar an iomlán, bhí an tomhaltas faoi chuing fós cuibheasach cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud nár léirigh ach éagsúlacht theoranta.

(937) Léiríonn an fhorbairt réasúnta cobhsaí sin ar thomhaltas faoi chuing nár tháinig crapadh ábhartha ar éileamh inmheánach iartheachtach laistigh de tháirgeoirí atá comhtháite go hingearach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é gurb é tomhaltas faoi chuing formhór tháirgeacht an Aontais (thart ar 76 %), deimhnítear lena chobhsaíocht nach féidir díobháil a thugtar faoi deara i ndeighleog an tsaormhargaidh a chur i leith crapadh mór ar éileamh faoi chuing. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh forbairtí ar thomhaltas faoi chuing an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3.3. *Sleabhcadh maicreacnamaíoch agus crapadh ar éileamh earnálach*

(938) Scrúdaigh an Coimisiún freisin ar chuir forbairtí maicreacnamaíocha agus crapadh ar éileamh ó phríomhthionscail iartheachtacha leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Tá dlúthnasc idir an t-éileamh ar an táirge lena mbaineann agus dálaí eacnamaíocha foriomlána agus gníomhaíocht in earnálacha amhail tógáil, mótarfheithiclí, innealtóireacht mheicniúil agus fearais tí, arb ionann iad le chéile agus sciar mór den tomhaltas.

(939) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí moilliú ar ghníomhaíocht thionsclaíoch agus éileamh níos laige i roinnt de na hearnálacha iartheachtacha sin ina saintréithe de dhálaí eacnamaíocha san Aontas. Go háirithe, bhí tionchar ag infheistíocht laghdaithe agus costais mhaoiniúcháin níos airde ar earnáil na tógála, agus bhí moilliú á léiriú san earnáil mótarfheithiclí agus an earnáil innealra atá nasctha le coigeartuithe struchtúracha agus aschur tionsclaíoch níos ísle. Is dócha gur chuir na forbairtí sin brú anuas ar thomhaltas agus gur chuir siad le timpeallacht mhargaidh níos iomaíche agus níos íogaire ó thaobh praghsanna de.

(940) Dhéanfadh moilliú eacnamaíoch ginearálta difear de ghnáth d'oibreoirí uile an mhargaidh. Mar sin féin, cé gur lagaíodh dálaí éilimh, tháinig méadú mór ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ó thaobh méide agus dul i bhfód ar an margadh de, cé gur chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh. Léiríonn an éagsúlacht sin nach féidir le tosca éilimh maicreacnamaíocha agus earnála an díobháil a tugadh faoi deara a mhíniú.

(941) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairtí maicreacnamaíocha agus ag crapadh éilimh in earnálacha iartheachtacha ar thimpeallacht fhoriomlán an mhargaidh, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3.4. *Forbairtí i bpraghsanna fuinnimh*

(942) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh forbairtí i bpraghsanna fuinnimh, go háirithe praghsanna arda leanúnacha leictreachais agus gáis, cur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Is cuid mhór de chostais táirgthe an táirge lena mbaineann iad costais fuinnimh, agus is féidir le luaineachtaí i bpraghsanna leictreachais agus gáis difear ábhartha a dhéanamh do struchtúr costais na dtionscal dianfhuinnimh.

(943) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí praghsanna luaineacha atá ardaithe go leanúnach fós ag baint leis na margaí fuinnimh i gcomparáid leis na leibhéil stairiúla.

(944) Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann leibhéal inbhuanaithe brabúsachta a ghiniúint in 2022, nuair a bhí praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde ná mar a bhí sa chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh toisc go raibh táirgeoirí an Aontais in ann costais fuinnimh níos airde a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí, agus praghsanna díolacháin á gcoinneáil ar bun acu ar leibhéil atá comhsheasmhach lena struchtúr costais.

(945) Os a choinne sin, in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thit praghsanna fuinnimh go mór faoi bhun na leibhéal a breathnaíodh in 2022. Mar sin féin, chuir an brú praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte cosc ar thionscal an Aontais praghsanna díola a choinneáil ar leibhéil a bhí leordhóthanach chun a chostais a chumhdach, rud a d'fhág gur tháinig meath géar ar bhrabúsacht. Cé gur tháinig laghdú 23 % ar an gcostas táirgthe, tháinig laghdú 31 % ar mheánphraghsanna díola, laghdú atá níos mó ná an méid a bhféadfadh údar a bheith leis de bharr costais a bhaineann le fuinneamh amháin. Léiríonn an dícheangal sin nár tháinig an meath ar bhrabúsacht ó mhargaí fuinnimh. Léiríonn an éagsúlacht sin, cé go mbíonn tionchar ag praghsanna fuinnimh ar chostais táirgthe, gurbh é an toisc chinntitheach ba chúis leis an gcliseadh ar bhrabúsacht neamhábaltacht thionscal an Aontais a leibhéal praghsanna a choinneáil i gcoibhneas leis an gcostas. Tharla an t-ísliú praghsanna sin i gcomhthráth leis an méadú mór ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, rud a rinne sladghearradh ar phraghsanna an Aontais go comhsheasmhach. Chuir láithreacht na n-allmhairí sin ar phraghas íseal cosc ar thionscal an Aontais costais táirgthe a chur ar aghaidh chuig custaiméirí, rud a chuir go díreach le meath na brabúsachta, a thit go leibhéil neamh-inbhuanaithe.

(946) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go raibh tionchar ag forbairtí costais fuinnimh agus iarrachtaí éifeachtúlachta ar struchtúr costais thionscal an Aontais, nach maolaíonn siad an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(947) Sa bhreis ar an nochtadh, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha gur chuir méadú agus luaineacht praghsanna fuinnimh, go háirithe ar ghás agus leictreachas, go mór le meath staid thionscal an Aontais. Thagair siad do na costais fuinnimh níos airde a bhíonn ar tháirgeoirí an Aontais i gcomparáid le táirgeoirí i réigiúin eile agus mhaígh siad go ndearna an Coimisiún gannmheastachán ar a dtionchar ar iomaíochas thionscal an Aontais. Dar leo, ba é an méadú ar chostais fuinnimh, agus ní na hallmhairí ón tSeapáin, ba chúis le cuid mhór den mheath a breathnaíodh.

(948) Mheas an Coimisiún nár athraigh na hargóintí sin an measúnú a leagtar amach anseo thuas. Chuir an Coimisiún an fhorbairt i bpraghsanna fuinnimh agus a n-éifeacht ar struchtúr costais thionscal an Aontais san áireamh. Mar sin féin, mar a mhínítear thuas in aithrisí (942) go (945), bhí praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde in 2022, nuair a bhí tionscal an Aontais in ann leibhéal inbhuanaithe brabúsachta a choinneáil ar bun, ach tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh ina dhiaidh sin agus tháinig meath mór ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Thairis sin, bhí an laghdú ar chostais táirgthe i bhfad níos airde ná mar a d'fhéadfaí a mhíniú le forbairtí costas fuinnimh, agus tháinig laghdú breise ar phraghsanna díola.

(949) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir leis na forbairtí i bpraghsanna fuinnimh dá dtagraíonn na táirgeoirí Seapánacha míniú a thabhairt ar an meath ar staid thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.3.5. *Creat rialála an Aontais Eorpaigh*

(950) Mhaígh roinnt páirtithe gurbh é creat rialála an Aontais foinse na díobhála.

(951) Oibríonn tionscal an Aontais i dtimpeallacht struchtúrach lena mbaineann móroibleagáidí maidir le comhlíonadh rialála agus ceanglais mhóra infheistíochta atá nasctha leis an aistriú dícharbónaithe leanúnach. Tá na tosca sin mar chuid de thimpeallacht oibriúcháin fhadtéarmach an Aontais agus tá siad éagsúil leis na dálaí atá os comhair táirgeoirí i dtríú tíortha a bhfuil creataí rialála nach bhfuil chomh dian céanna agus ualaí comhlíontachta níos ísle acu. Mar sin féin, is de chineál buan iad na dálaí struchtúracha sin agus bhí siad i láthair le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú. Dá réir sin, ní féidir leo míniú a thabhairt ar an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(952) Léiríodh san imscrúdú go raibh feidhmíocht thionscal an Aontais ag dul in olcas i gcomhthráth leis an méadú ar allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal, rud a chuir brú anuas leanúnach ar phraghsanna díola an Aontais agus ailíniú éigeantach praghsanna chun caillteanais bhreise sa sciar den mhargadh a mhaolú. Mar thoradh ar an ísliú praghsanna sin, tháinig meath ar go leor táscairí díobhála, lena n-áirítear brabúsacht, méideanna díolachán, sciar den mhargadh, fostaíocht, acmhainneacht táirgeachta, agus sreabhadh airgid.

(953) Cé gur cuid de leibhéal foriomlán na gcostas atá le híoc ag tionscal an Aontais é an creat costais struchtúraigh, níor bhris sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a suíodh. Ina ionad sin, tá uainiú agus méid na díobhála comhsheasmhach le forbairt na méideanna allmhairí dumpáilte agus na hiompraíochta praghsála, seachas le dálaí costais cobhsaí agus seanbhunaithe.

(954) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch a suíodh leis an gcreat costais struchtúraigh, arna mheas ina aonar nó in éineacht le tosca eile.

5.3.6. *Luaineacht i bpraghsanna amhábhar*

(955) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh luaineachtaí i bpraghsanna amhábhar, lena n-áirítear amhiarann, gual cóic, dramhchruach agus eilimintí cóimhiotalaithe, cur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Is sciar mór den struchtúr costais i dtáirgeadh cruach iad na hionchuir sin, agus tá a bpraghsanna faoi réir luaineachta mar gheall ar dhálaí domhanda soláthair agus éilimh, costais fuinnimh, agus forbairtí geopholaitiúla.

(956) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí luaineachtaí móra praghsanna seachas treocht aonfhoirmeach ag baint le margaí amhábhar. Bhí tréimhsí luaineachta ag baint le praghsanna amhiarainn agus guail cóic, agus bhí praghsanna dramhchruach agus cóimhiotail faoi réir gluaiseachtaí timthriallacha freisin a bhaineann leis an éileamh domhanda ar chruach agus le srianta soláthair réigiúnacha. D'fhéadfadh méaduithe gearrthéarmacha ar chostais táirgthe agus éiginnteacht i bpleanáil costais do tháirgeoirí a bheith mar thoradh ar luaineacht den sórt sin.

(957) D'fhéadfadh sé gur chuir na forbairtí sin le luaineachtaí i gcostais táirgthe aonaid do thionscal an Aontais agus go ndearna siad difear d'intuarthacht costais. Mar sin féin, is iondúil go ndéanann gluaiseachtaí costais den sórt sin difear do gach táirgeoir cruach ar fud an domhain agus ní mhíníonn siad iontu féin an meath sonrach ar shuíomh thionscal an Aontais ar an margadh.

(958) Go háirithe, d'ainneoin na luaineachta i gcostais ionchuir amhábhar, bhí tionscal an Aontais in ann a chostas aonaid foriomlán táirgthe a laghdú 23 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh iarrachtaí chun brúnna costais ionchuir a mhaolú trí ghnóthachain éifeachtúlachta agus coigeartuithe oibríochtúla.

(959) Mar sin féin, níor tháinig feidhmíocht airgeadais fheabhsaithe as an dinimic chostais sin, toisc gur tháinig laghdú thart ar 31 % ar mheánphraghsanna díola, arna spreagadh ag brú leanúnach praghsanna ó allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Tugann an éagsúlacht sin le fios nár spreag luaineacht praghsanna amhábhair an phraghsáil i margadh an Aontais.

(960) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhféadfadh sé go ndearna luaineachtaí i bpraghsanna amhábhar difear do chobhsaíocht an chostais táirgthe, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3.7. *Ró-acmhainneacht dhomhanda san earnáil cruach*

(961) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé gur chuir an ró-acmhainneacht dhomhanda san earnáil cruach leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Saintréith den tionscal cruach is ea ró-acmhainneacht struchtúrach leanúnach ar an leibhéal domhanda, rud a chuireann brú anuas ar phraghsanna de ghnáth trí iomaíocht idirnáisiúnta threisithe agus trí infhaighteacht mhéadaithe ar mhéideanna onnmhairí.

(962) Go háirithe, chuir móracmhainneacht iomarcach sa tSín le brú iomaíochta méadaithe sna margaí cruach domhanda. Rinne sé sin difear do shreafaí trádála idirnáisiúnta agus do dhálaí an mhargaidh, lena n-áirítear san Aontas.

(963) I gcomhthéacs den sórt sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag ró-acmhainneacht dhomhanda ar dhinimic an mhargaidh trí infhaighteacht mhéadaithe onnmhairí ar phraghas íseal, rud a d'fhéadfadh iomaíocht praghsanna a threisiú agus difear a dhéanamh do leibhéil praghsanna atá i réim i margaí allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, tá na dálaí struchtúracha sin ábhartha mar thoisc chúlra chun tuiscint a fháil ar shreafaí trádála domhanda i dtáirgí cruach.

(964) Mar sin féin, ní athraíonn ró-acmhainneacht dhomhanda na conclúidí maidir le cúisíocht. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mhéadaigh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a láithreacht ar mhargadh an Aontais go mór, agus mhéadaigh a sciar comhcheangailte den mhargadh ó 16 % go 23 %, agus d'fhan sé ar leibhéil praghsanna a bhí íseal go comhsheasmhach. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur chuid de thimpeallacht fhoriomlán an mhargaidh í an ró-acmhainneacht dhomhanda ach nár bhris sí an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(965) Rinneadh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a phraghsáil go córasach faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais agus chuir siad brú anuas leanúnach ar phraghsanna an Aontais, agus tháinig laghdú thart ar 34 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn sé sin gur tarchuireadh aon éifeacht a eascraíonn as ró-acmhainneacht dhomhanda, lena n-áirítear an éifeacht 'brú amach' ó onnmhairiúcháin na Síne, trí na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus gur mhéadaigh siad iad.

(966) Thairis sin, deimhnítear le feidhmíocht éagsúil soláthróirí tríú tír eile, ar tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh ó 14 % go 11 %, nach féidir an díobháil a mhíniú le dálaí acmhainneachta domhanda amháin, ach go bhfuil sí nasctha le méid sonrach agus iompraíocht praghsanna na n-allmhairí dumpáilte.

(967) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé gur tosca cúlra struchtúracha ábhartha a bhí sa ró-acmhainneacht dhomhanda, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(968) Tar éis an nochta, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha freisin gur cheart deacrachtaí thionscal an Aontais a mheas i gcomhthéacs na ró-acmhainneachta cruach domhanda agus an táirgthe fhóirdheonaithe i dtríú tíortha. D'áitigh siad nach bhféadfaí na tosca sin a chur i leith na Seapáine, a laghdaigh a hacmhainneacht déanta cruach agus a d'oibrigh i gcomhar leis an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainneacht dhomhanda. Dá bhrí sin, d'iarr siad ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar a mheasúnú ar an nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSeapáin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(969) Mheas an Coimisiún nár athraigh na hargóintí sin na conclúidí a leagtar amach anseo thuas. Mar a mhínítear in aithrisí (961) go (966), scrúdaigh an Coimisiún an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ró-acmhainneacht dhomhanda ar thionscal an Aontais agus tháinig sé ar an gconclúid, cé gur toisc chúlra struchtúrach ábhartha a bhí ann, nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(970) A hacmhainneacht déanta cruach a bheith laghdaithe ag an tSeapáin nó í a bheith ag oibriú i gcomhar leis an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar ró-acmhainneacht dhomhanda, níor athraigh siad sin an measúnú sin go háirithe i bhfianaise chinneadh an Choimisiúin gur dumpáladh allmhairí ón tSeapáin agus gur chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

5.3.8. *Iarmhairt COVID-19 agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil*

(971) Ar an gcaoi chéanna, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé gur chuir iar-éifeachtaí agus suaitheadh geopholaitiúil a bhaineann leis an bpaindéim, lena n-áirítear iarmhairtí COVID-19, coinbhleachtaí armtha, smachtbhannaí agus éagobhsaíocht réigiúnach, leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(972) Cé go bhféadfadh sé go ndearna imeachtaí den sórt sin difear do shlabhraí soláthair domhanda agus go raibh siad ina gcúis le suaitheadh sealadach éilimh agus lóistíochta, bhí na héifeachtaí sin ginearálta agus bhí tionchar acu ar na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

(973) In aon chás, ní mhínítear iontu feidhmíocht éagsúil an mhargaidh a breathnaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe an méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, mar aon le laghdú ar allmhairí ó thríú tíortha eile.

(974) Thairis sin, d'fhan allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar phraghas comhsheasmhach faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, rud a chuir brú anuas leanúnach ar phraghsanna an Aontais go neamhspleách ar aon fhorbairtí a bhaineann leis an bpaindéim nó forbairtí geopholaitiúla.

(975) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh tosca den sórt sin an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.4. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(976) Suíodh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar thaobh amháin agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais ar an taobh eile. Ba léir go raibh comhtharlú ama ann idir an méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna díola íslithe agus laghdaithe agus an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, rud a tháinig chun solais go háirithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(977) I bhfianaise brú láidir praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte, cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a ísliú chun caillteanais bhreise den sciar den mhargadh a mhaolú, rud a raibh tionchar diúltach aige ar a fheidhmíocht airgeadais. Mar thoradh ar an gcoigeartú praghsanna anuas sin, tháinig meath ar go leor táscairí díobhála amhail brabúsacht, méideanna díolachán, sciar den mhargadh, fostaíocht, acmhainneacht táirgeachta agus sreabhadh airgid.

(978) Scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé gur chuir tosca aitheanta eile leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Áiríodh orthu sin, *inter alia*, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais, forbairtí san éileamh, luaineachtaí i gcostais ionchuir, agus allmhairí ó thríú tíortha nach bhfuil faoi réir beart.

(979) Cé go bhféadfadh sé nach raibh ach tionchar teoranta ag cuid de na tosca sin ar staid thionscal an Aontais, fuarthas amach nár bhris aon cheann acu an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha. Arna nglacadh ina n-aonar nó i dteannta a chéile, níor mhaolaigh siad éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte.

(980) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais, agus nach raibh aon toisc eile ann a mhaolódh an nasc cúisíoch a suíodh.

(981) Ina mbarúil tar éis an nochta, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha freisin gur cheart do thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais struchtúracha, lena n-áirítear éifeachtúlacht táirgeachta agus acmhainneacht iomarcach, seachas a bheith ag brath ar chosaint taraife leanúnach.

(982) Mheas an Coimisiún nár thacaigh torthaí an imscrúdaithe leis na hargóintí a tharraing na táirgeoirí Seapánacha anuas. Mar a léirítear in aithris (869), tháinig laghdú 6 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an laghdú sin an coigeartú a rinneadh ar an mbonn táirgeachta i leith an laghdaithe ar thomhaltas an Aontais, lena n-áirítear tarraingt siar acmhainneachta nach raibh chomh héifeachtúil céanna nó nach raibh fíor-riachtanach, d'fhonn ró-acmhainneacht a sheachaint agus úsáid níos éifeachtúla acmhainní a áirithiú.

(983) Chuir an Coimisiún san áireamh freisin na hinfheistíochtaí a rinne tionscal an Aontais chun a shaoráidí táirgthe a choinneáil ar bun agus a nuachóiriú, lena n-áirítear infheistíochtaí a raibh sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil agus tacú leis an aistriú i dtreo táirgeadh níos glaise. Tá gá leis na hinfheistíochtaí sin chun an bonn táirgeachta a choinneáil ar bun agus chun é a oiriúnú do cheanglais rialála agus theicneolaíocha athraitheacha earnáil cruach an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir iad a mheas a bheith ina bhfianaise ar mhainneachtain thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar a iomaíochas struchtúrach.

(984) Dá bhrí sin, níor shuigh an Coimisiún gur mar thoradh ar mhainneachtain aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht táirgeachta ná ar éifeachtúlacht thionscal an Aontais a tharla an díobháil a bhain dó. Dá bhrí sin, níor chaith na hargóintí maidir le hiomaíochas struchtúrach amhras ar mheasúnú an Choimisiúin ar dhíobháil agus ar chúisíocht. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(985) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. Corrlach díobhála

(986) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(987) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt ('T&F') agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(988) Mheas an Coimisiún nach raibh an bhrabúsacht a bhain tionscal an Aontais amach le linn na tréimhse faoi bhreathnú ionadaíoch mar gheall ar an mbrú láidir praghsanna arb iad allmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann is cúis leis. Thug an Coimisiún dá aire freisin go n-oibríonn an tionscal cruach i dtimpeallacht atá luaineach ó thaobh struchtúir de le linn na tréimhse faoi bhreathnú arb é is príomhthréith di luaineachtaí i bpraghsanna amhábhar agus fuinnimh agus ró-acmhainneacht leanúnach dhomhanda.

(989) Mheas an Coimisiún freisin nárbh fhéidir spriocbhrabús ionadaíoch a shuí ar bhonn na mblianta díreach roimh an tréimhse imscrúdúcháin, toisc go ndearna allmhairí dumpáilte ó thíortha eile, go háirithe an tSín, nó imthosca eisceachtúla margaidh difear do na blianta sin. Mar shampla, bhí tionchar mór ag paindéim COVID-19 agus ag an téarnamh eacnamaíoch ina dhiaidh sin ar na blianta 2020 agus 2021, rud a d'fhág go raibh dálaí eisceachtúla margaidh ann nach bhféadfaí a mheas a bheith ionadaíoch ar ghnáthiomaíocht. Mheas an Coimisiún freisin nach bhféadfadh blianta inar oibrigh an tionscal ar chaillteanais mharthanacha a bheith ina dtagarmharc iomchuí chun spriocbhrabús réasúnta a chinneadh.

(990) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhrabúsacht a bhain tionscal táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais amach in 2018, mar a leagtar síos i Rialachán cur chun feidhme (AE) 2022/2068. Mheas an Coimisiún, áfach, go raibh imthosca eisceachtúla mar shaintréith de 2018, lena n-áirítear bearta coimirce a thabhairt isteach agus éifeachtaí bhearta Roinn 232 na Stát Aontaithe, as ar eascair saobhadh suntasach ar an margadh agus sraonadh trádála. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas go raibh an bhrabúsacht a baineadh amach in 2018 ionadaíoch go leor chun an spriocbhrabús a shuí san imscrúdú seo.

(991) Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún tréimhsí ionadaíocha níos luaithe. Go háirithe, san imscrúdú bunaidh ar tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta inar tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh í 2008 an bhliain is déanaí a léiríonn gnáthdhálaí iomaíochta agus shuigh sé spriocbhrabús 9,9 % bunaithe ar an meánbhrabús ualaithe a bhain tionscal an Aontais amach le linn na bliana sin.

(992) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún gur leibhéal brabúsachta réasúnta agus cuí-réasúnaithe go leordhóthanach ba ea corrlach brabúis 9,9 % a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a bhaint amach faoi ghnáthdhálaí iomaíochta in éagmais allmhairí dumpáilte. Dá bhrí sin, suíodh gur 9,9 % a bhí sa bhunbhrabús.

(993) D'áitigh tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta beagán ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, lena n-áirítear pleananna infheistíochta inmheánacha, doiciméid bhainistíochta agus taifid airgeadais. Deimhníodh san imscrúdú go raibh tionchar ag staid dhíobhálach thionscal an Aontais ar chaiteachais áirithe a bhaineann le nuálaíocht. Ar bhonn na faisnéise fíoraithe, rinne an Coimisiún an spriocbhrabús a choigeartú dá réir sin. Is éard a bhí sa choigeartú a d'eascair as sin suas le 0,07 % ag brath ar an táirgeoir sampláilte.

(994) Dá bhrí sin, ba é suas le 9,97 % an spriocbhrabús a suíodh san imscrúdú seo i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán ag brath ar staid gach táirgeora shampláilte.

(995) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais trí na sprioc-chorrlaigh bhrabúis faoi seach a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(996) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach, a raibh uirlisí tuairiscithe agus réamhaisnéisí na gcuideachtaí mar thaca léi, shuigh an Coimisiún costas breise suas le EUR 7,78/tona, ag brath ar staid gach táirgeora shampláilte, i gcomparáid leis an gcostas a bhain leis na coinbhinsiúin sin a chomhlíonadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cuireadh an costas breise sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.

(997) Ansin, chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sna tíortha lena mbaineann ar bhonn cineál ar chineál (praghas tugtha i dtír), agus meánphraghas neamhdhíobhála ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú. Taispeántar toradh an ríomha sin sa tábla thíos.

(998) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin.

(999) Tar éis na mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh a thuairiscítear in aithrisí (844) go (849), rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhíobhála don tSeapáin agus don Tuirc.

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlaigh ghearrdhíola (%)
An India	— JSW Steel Limited — JSW Steel Coated Products Limited	9,5	25,5
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,5	25,5
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia	9,5	25,5
an tSeapáin	— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	54,7	27,9
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	54,7	27,9
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Seapáine	54,7	27,9
an Téaváin	— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	33,3	20,7
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,3	20,7
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téaváine	59,6	27,0
an Tuirc	Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş..	7,8	12,9
	Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş..	3,0	17,8
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	4,9	16,4
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Tuirce	7,8	17,8
Vítneam	POSCO VIETNAM CO., LTD	16,0	25,8
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	16,0	25,8
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Vítneam	16,0	25,8

6.2. **Barúlacha maidir le nochtadh i ndáil le spriocbhrabús**

(1000) Tar éis an nochta, chuir Nippon Steel Corporation ('NSC') agus China Steel Corporation ('CSC') in aghaidh an spriocbhrabúis 9,9 % a úsáideadh chun an praghas neamhdhíobhála a ríomh. D'áitigh siad nár léirigh an tagairt do 2008 na dálaí iomaíochta a bhí i réim le linn an imscrúdaithe agus d'iarr siad go n-úsáidfí bliain níos déanaí, go háirithe 2017. De rogha air sin, d'iarr siad go gcuirfí spriocbhrabús níos ísle i bhfeidhm. Chun tacú lena n-argóintí, thagair siad d'athruithe ar mhargadh cruach an Aontais, lena n-áirítear costais fuinnimh níos airde agus éileamh níos laige, agus do chleachtas níos déanaí an Choimisiúin in imscrúduithe cruach eile. D'athdhearbhaigh CSC a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus tugadh treoraíocht don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(1001) Rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na barúlacha maidir leis an spriocbhrabús 9,9 %.

(1002) Mheabhraigh an Coimisiún ar dtús nach mór an spriocbhrabús a bheith ina léiriú ar an mbrabúsacht a d'fhéadfadh an tionscal de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge lena mbaineann, is é sin táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, a bhaint amach go réasúnta faoi ghnáthdhálaí iomaíochta in éagmais allmhairí dumpáilte. Dá bhrí sin, ní mór fianaise maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a bheith mar thaca ag an spriocbhrabús. Ní féidir le leibhéil bhrabúsachta arna suí le haghaidh táirgí cruach eile nó in imscrúduithe eile, iontu féin, an spriocbhrabús iomchuí a chinneadh le haghaidh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(1003) I ndáil leis sin, leis an imscrúdú bunaidh maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta soláthraítear fianaise atá ábhartha go díreach. Bhí sonraí brabúsachta fíoraithe ag an gCoimisiún i dtaca le tionscal táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais le haghaidh na mblianta 2005 go 2008, rud a léirigh leibhéil bhrabúsachta idir 9 % agus 15 %. Ar an mbonn sin, measadh gurbh í 2008 an bhliain is déanaí a léirigh gnáthdhálaí iomaíochta, agus suíodh spriocbhrabús 9,9 % ar bhonn na meánbhrabúsachta ualaithe a bhain tionscal an Aontais amach an bhliain sin.

(1004) Níor soláthraíodh fianaise choibhéiseach leis an bhfaisnéis a chuir CSC isteach maidir le 2017. Go sonrach, na sonraí in Iarscríbhinn 1 a ghabhann léi, bhain siad le táirgeoirí cruach nó deighleoga cruach roghnaithe de chuid an Aontais agus níor suíodh brabúsacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta go sonrach leo. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis inchomparáide leis na sonraí brabúsachta táirgeshonracha agus fíoraithe ar a raibh an spriocbhrabús 9,9 % bunaithe.

(1005) Léiríonn fianaise a bhaineann go sonrach le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta gur tháinig méadú substaintiúil ar bhrabúsacht tar éis fhorchur na mbeart bunaidh, agus gur shroich sí 12 % in 2017 ([150]), 16,1 % in 2018, sular laghdaigh sí go – 2,8 % in 2019 agus – 14,7 % in 2020 ([151]). Deimhnítear leis an bhforbairt sin go raibh tionscal táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta an Aontais in ann brabúsacht os cionn 9,9 % a bhaint amach faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus go raibh brabúsacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta faoi réir luaineachtaí nach beag ag brath ar dhálaí an mhargaidh.

(1006) Mheas an Coimisiún freisin nach bhféadfadh na leibhéil spriocbhrabúis in imscrúduithe cruach eile dár thagair na páirtithe an chonclúid sin a athrú. Bhain na himscrúduithe sin le táirgí éagsúla agus le himthosca fíorasacha éagsúla. Tá sonraí brabúsachta fíoraithe táirgeshonracha ina mbonn níos iomchuí ná figiúirí a tarraingíodh ó imeachtaí eile, fiú i gcás inar imeachtaí níos déanaí iad. Ní féidir an spriocbhrabús a suíodh le haghaidh táirgí cothroma de chruach theorollta, go háirithe, a mheas a bheith ina thagarmharc ab infheidhme maidir le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta díreach toisc go bhféadfar táirgí cothroma de chruach theorollta agus táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a tháirgeadh i muilte comhtháite. Is í an fhianaise atá ábhartha don mheasúnú seo i gcónaí an fhianaise maidir le brabúsacht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta.

(1007) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár léirigh an fhaisnéis a cuireadh isteach tar éis an nochta go raibh an spriocbhrabús 9,9 % míréasúnta nó nach raibh bunús leordhóthanach leis. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún an spriocbhrabús a suíodh thuas in aithris (992).

(1008) Rinne NSC agóid freisin in aghaidh costais chomhshaoil réamh-mheasta a bhaineann le CTA a bheith áirithe sa phraghas neamhdhíobhála. D'áitigh sé, tar éis theacht i bhfeidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) agus forbairtí eile a rinneadh le déanaí i gcreat comhshaoil an Aontais, go bhféadfadh sé gur comhaireamh dúbailte a bheadh ann dá n-áireofaí na costais sin. Dá bhrí sin, d'iarr NSC go mbainfí na costais nó, de rogha air sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar an méid chun léiriú a thabhairt ar na forbairtí is déanaí in CTA AE.

(1009) Mheas an Coimisiún nár fhág tabhairt isteach SCCT, ann féin, go bhfuil na costais a bheidh ann amach anseo de dhroim na gceanglas comhshaoil is infheidhme neamhábhartha chun críocha Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán. Tá feidhm ag CTA AE agus SCCT maidir le hoibreoirí eacnamaíocha éagsúla agus tá feidhmeanna comhlántacha acu: tá feidhm ag CTA AE maidir le hastaíochtaí ó shuiteálacha an Aontais, agus tá feidhm ag SCCT maidir le hastaíochtaí leabaithe táirgí allmhairithe ábhartha. Dá réir sin, ní dhéanann SCCT na costais chomhlíontachta arna dtabhú go díreach ag táirgeoirí an Aontais faoi CTA AE a laghdú ná a ionadú; leanann tionscal an Aontais de na costais sin a thabhú gan beann ar na costais charbóin a fhorchuirtear ar allmhairí faoi SCCT. Dá bhrí sin, ní léiríonn tabhairt isteach SCCT ann féin nár cheart na costais a bheidh le tabhú ag tionscal an Aontais amach anseo faoin gcreat comhshaoil is infheidhme a chur san áireamh a thuilleadh.

(1010) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a mheastar a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart. Mar a mhínítear anseo thuas, bhí na costais bhreise a shuigh an Coimisiún bunaithe ar fhaisnéis a chuir táirgeoirí sampláilte an Aontais isteach agus a raibh a n-uirlisí tuairiscithe agus a réamhaisnéisí mar thaca léi. Níor léirigh NSC go ndearnadh na costais shonracha a suíodh ar an mbonn sin a chur san áireamh cheana féin trí SCCT ná go mbeadh comhaireamh dúbailte ann dá n-áireofaí iad.

([150]) Fuarthas faisnéis ó iarraidh ar athbhreithniú éaga i ndáil le bearta is infheidhme maidir le hallmhairí cineálacha áirithe táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise.

([151]) Féach aithris (208) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068.

(1011) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár thug tabhairt isteach SCCT ná na forbairtí eile dá dtagraíonn NSC bunús leis na costais chomhshaoil réamh-mheasta a bhaint nó a athbhreithniú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1012) Thairis sin, d'áitigh NSC nár cheart a chumhdach leis an méid a áirítear le haghaidh infheistíochta, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ach infheistíochtaí a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ag céim an fhuar-rollta. Mheas sé gur cheart infheistíochtaí réamhtheachtacha a eisiamh chun comhaireamh dúbailte a sheachaint agus an t-imscrúdú ar leithligh ann maidir le táirgí teorollta.

(1013) Mar a mhínítear anseo thuas, rinne an Coimisiún scrúdú cúramach agus fíorú ar an bhfaisnéis a chuir tionscal an Aontais isteach, lena n-áirítear pleananna infheistíochta inmheánacha, doiciméid bhainistíochta agus taifid airgeadais. Agus an coigeartú á shuí, d'fhéach an Coimisiún le hinfheistíochtaí agus caiteachais a bhaineann le nuálaíocht atá ábhartha do tháirgeadh an táirge lena mbaineann a áireamh.

(1014) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an coigeartú bunaithe ar fhaisnéis fhíoraithe agus gur léirigh sé go hiomchuí na hinfheistíochtaí agus na caiteachais a bhaineann le nuálaíocht atá ábhartha do tháirgeadh táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.3. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(1015) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar san India agus i Vítneam maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(1016) Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na corrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála, níl sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

(1017) Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna cinntitheacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

6.4. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

(1018) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
An India	— JSW Steel Limited — JSW Steel Coated Products Limited	9,5
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,5
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia	9,5
an tSeapáin	— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	27,9
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	27,9
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Seapáine	27,9
an Téaváin	— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	20,7
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	20,7
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téaváine	27,0

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
an Tuirc	Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	7,8
	Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	3,0
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	4,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Tuirce	7,8
Vítneam	POSCO VIETNAM CO., LTD	16,0
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	16,0
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Vítneam	16,0

7. **LEAS AN AONTAIS**

(1019) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(1020) Tá tionscal an Aontais lonnaithe i roinnt Ballstát (an Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn) agus fostaíonn sé 8 598 duine coibhéiseach lánaimseartha go díreach i ndáil leis an táirge faoi imscrúdú.

(1021) Chomhoibrigh 11 tháirgeoir le linn an imscrúdaithe. Níor chuir aon cheann de na táirgeoirí aitheanta i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe. Mar is léir ó roinn 4.5, tháinig meath ar staid thionscal iomlán an Aontais de thoradh allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Léiríodh díobháil ábhartha sna micreatháscairí agus sna macratháscairí araon agus go háirithe ábhartha a mhéid a bhaineann le brabúsacht, méideanna díolachán agus sciartha den mhargadh de thionscal an Aontais.

(1022) Le forchur na ndleachtanna frithdhumpála, meastar go n-athbhunófar dálaí córa trádála ar mhargadh an Aontais, go gcuirfear deireadh leis an ísliú praghsanna agus go gcuirfear ar chumas thionscal an Aontais téarnamh. Dá thoradh sin, chuirfí feabhas ar bhrabúsacht thionscal an Aontais i leith leibhéil a mheastar a bheith riachtanach don tionscal dianchaipitil seo. Bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Meabhraítear gur léirigh go leor táscairí díobhála treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, rinneadh difear tromchúiseach don sciar den mhargadh agus don mhéid díolachán, chomh maith le táscairí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais tháirgeoirí sampláilte an Aontais, amhail brabúsacht agus toradh ar infheistíocht. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, praghsanna córa a athbhunú chun go mbeidh na táirgeoirí uile in ann oibriú ar mhargadh an Aontais agus cothrom iomaíochta ann.

(1023) In éagmais beart, is rídhócha go dtiocfaidh meath breise ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. Bheadh tionchar ag drochfheidhmíocht táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar ghníomhaíochtaí iartheachtacha tháirgeoirí an Aontais, agus go háirithe ar a dtáirgeadh faoi chuing. Braitheann táirgeoirí de chuid an Aontais ar shamhail ghnó ina bhfuil meascán de dhíolacháin ar an saormhargadh agus de tháirgeadh faoi chuing. Dá dtiocfadh meath ar dheighleog an tsaormhargaidh, d'fhéadfaí deighleog an táirgthe faoi chuing a chur i mbaol freisin, rud a léiríonn méideanna táirgeachta agus figiúirí fostaíochta níos mó ná deighleog an tsaormhargaidh.

(1024) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go bhfuil forchur dleachtanna frithdhumpála chun leas thionscal an Aontais toisc go gcumasódh sé téarnamh ó éifeachtaí na dumpála díobhálaí a suíodh agus go dtacódh sé le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach tháirgeacht an Aontais.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(1025) Mar a luaitear in aithris (96), níor chomhlánaigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe ceistneoir ná níor chuir sé eilimintí aonair ar fáil don Choimisiún a léiríonn a mhéid a dhéanfaí dochar d'allmhaireoirí mar gheall ar fhorchur na mbeart.

(1026) In éagmais comhair agus sonraí sonracha, ní mór measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag forchur na mbeart ar allmhaireoirí bunaithe ar na fíorais atá ar fáil.

(1027) Is féidir glacadh leis go réasúnta go bhféadfadh méaduithe costais áirithe a bheith ar allmhaireoirí mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Mar sin féin, mar a forbraíodh a thuilleadh i Roinn 7.4.1 thíos, deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhoinsí malartacha soláthair, lena n-áirítear ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, agus go bhféadfaí leanúint d'allmhairí ar phraghsanna córa. Maolaíonn na tosca sin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta; dá bhrí sin, meastar go mbeidh aon tionchar diúltach teoranta.

(1028) Cé go bhféadfadh laghdú ar roghanna soláthair nó costais mhéadaithe a bheith ar allmhaireoirí sa ghearrthéarma, is dócha go mbeidh na héifeachtaí sin measartha. Ar an taobh eile, dá gcoinneofaí an status quo ar bun, chuirfí inmharthanacht an tsoláthair intíre i mbaol agus d'fhéadfadh spleáchas níos mó ar allmhairí dumpáilte a bheith mar thoradh air amach anseo. Tríd is tríd, is mó na tairbhí do thionscal an Aontais ná na míbhuntáistí teoranta agus gan bhunús a d'fhéadfadh a bheith ann d'allmhaireoirí.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí, na dtomhaltóirí agus na soláthróirí**

(1029) Níor chomhoibrigh aon úsáideoir, tomhaltóir ná soláthróir san imscrúdú gan freagra ar an gceistneoir a sholáthar a bhí tráthúil, iomlán agus san fhoirm is gá. Dá bhrí sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach a léiríonn go mbeadh móréifeacht dhíobhálach ag forchur beart ar úsáideoirí nó ar thionscail iartheachtacha.

(1030) Tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, chuir BSH barúlacha isteach (féach aithris (90), ag áitiú go méadódh bearta costais ionchuir do thionscail iartheachtacha, agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar iomaíochas, ar fhostaíocht agus ar chobhsaíocht an tslabhra soláthair. Mar sin féin, níor chomhoibrigh BSH a thuilleadh san imscrúdú trí fhreagra ar an gceistneoir a chur isteach, ná níor thug sé bunús lena mhaímh le sonraí infhíoraithe maidir le sciar an táirge lena mbaineann ina chostais iomlána táirgthe, an cumas an táirge a fhoinsiú ó sholáthróirí malartacha, nó an cumas aon mhéadú ar chostais a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí. In éagmais bunús den sórt sin, níorbh fhéidir an maíomh a fhíorú agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.

(1031) In éagmais comhoibriú ó úsáideoirí, rinne an Coimisiún measúnú ar éifeachtaí dóchúla na mbeart ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil. Léiríodh san imscrúdú nach bhfuil i dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de ghnáth ach sciar teoranta de na costais táirgthe fhoriomlána arna dtabhú ag úsáideoirí iartheachtacha, lena n-áirítear an earnáil mótarfheithiclí, an earnáil tógála, an earnáil fearas tí agus an earnáil monaraíochta tionsclaíche. Dá bhrí sin, is dócha nach mbeadh ach tionchar teoranta ag aon mhéadú féideartha ar phraghsanna mar thoradh ar fhorchur beart ar struchtúr costais foriomlán na n-úsáideoirí iartheachtacha.

(1032) An tráth céanna, dá bhforchuirfí bearta, chuideofaí le hiomaíocht chóir a athbhunú ar mhargadh an Aontais agus le tionscal inmharthana de chuid an Aontais a chaomhnú a bheadh in ann soláthar iontaofa táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta do thionscail iartheachtacha san Aontas a áirithiú, agus ar an gcaoi sin laghdófaí an riosca maidir le suaitheadh soláthair agus spleáchas iomarcach ar allmhairí dumpáilte.

(1033) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann lena mheas go mbeadh forchur beart frithdhumpála i gcoinne leas na n-úsáideoirí.

(1034) Tar éis an nochta, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha agus Rialtas na Seapáine gur cheart aird níos mó a thabhairt ar thionchar na mbeart ar úsáideoirí iartheachtacha an Aontais. D'áitigh siad go raibh costais arda fuinnimh á gcur ar aghaidh chuig úsáideoirí cheana féin agus go bhféadfadh dleachtanna frithdhumpála breise, in éineacht leis na srianta trádála atá ann cheana, praghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a mhéadú a thuilleadh agus srian a chur lena n-infhaighteacht. Dá bhrí sin, d'iarr siad go gcuirfí leasanna úsáideoirí iartheachtacha san áireamh sa mheasúnú ar na bearta.

(1035) Mheas an Coimisiún nár athraigh na hargóintí a tarraingíodh anuas na conclúidí a leagtar amach anseo thuas ina ndearna an Coimisiún measúnú ar éifeachtaí dóchúla na mbeart ar úsáideoirí iartheachtacha ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil agus níor tháinig sé ar aon fhianaise a léirigh go n-imreodh forchur na mbeart tionchar díobhálach suntasach ar úsáideoirí nó ar thionscail iartheachtacha.

(1036) Go sonrach, mar a mhínítear anseo thuas, ní bhíonn i dtáirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de ghnáth ach sciar teoranta de chostais táirgthe fhoriomlána úsáideoirí iartheachtacha. Dá bhrí sin, na hargóintí maidir leis an méadú a d'fhéadfadh teacht ar phraghsanna táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta, níor léirigh siad go n-imreodh forchur na mbeart tionchar suntasach ar struchtúr costais foriomlán nó ar iomaíochas úsáideoirí iartheachtacha. Níor chuir na páirtithe fianaise ar fáil ach oiread lena suífí go mbeadh deacrachtaí soláthair nach beag ann de dheasca na mbeart.

(1037) An tráth céanna, mar a mhínítear thuas, rannchuideodh forchur na mbeart le hiomaíocht chóir a athbhunú ar mhargadh an Aontais agus le tionscal inmharthana de chuid an Aontais a choinneáil ar bun a bheidh in ann soláthar iontaofa táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta do thionscail iartheachtacha a áirithiú. Dá bhrí sin, b'éigean na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar úsáideoirí iartheachtacha a mheas i gcomhthéacs na gcostas a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na bearta agus i gcomhthéacs na dtairbhí a bhaineann le soláthar iontaofa AE a choinneáil ar bun.

(1038) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach raibh aon chúis an-láidir ann lena mheas go mbeadh forchur beart frithdhumpála in aghaidh leas an Aontais. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh.

7.4. **Tosca eile**

7.4.1. *Infhaighteacht soláthair*

(1039) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara go gcuireann teorainneacha struchtúracha thionscal an Aontais cosc air na méideanna agus na cáilíochtaí cruach fuar-rollta is gá a sholáthar do mhargadh an Aontais. De réir na bpáirtithe sin, dá bhforchuirfí bearta trádála breise, dhéanfaí coinníollacha soláthair níos doichte, chuirfí leis na ganntanais atá ann cheana, agus bheadh praghsanna níos airde laistigh den Aontas mar thoradh air sin

(1040) Thug an Coimisiún dá aire gur deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhoinsí malartacha soláthair, lena n-áirítear ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, agus go bhféadfaí leanúint d'allmhairí ar phraghsanna córa. Go sonrach, mar a thuairiscítear i dTábla 31, tá tionscal an Aontais ag feidhmiú ag 72 % dá acmhainneacht táirgeachta, rud a fhágann go bhfuil acmhainneacht de thart ar 12 mhilliún tona ar fáil a d'fhéadfaí a shlógadh chun freastal ar éileamh breise. Tá méid na n-allmhairí comhcheangailte ó na tíortha lena mbaineann i bhfad níos ísle ná an acmhainneacht sin atá ar fáil. Thairis sin, sainaithníodh san imscrúdú freisin go bhféadfadh allmhairí breise ó thionscnaimh eile a bheith ann, rud a d'fhéadfadh rannchuidiú le soláthar leordhóthanach do mhargadh an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.4.2. *Bearta cruach eile*

(1041) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara go bhféadfadh cur i bhfeidhm comhuaineach na mbeart frithdhumpála agus an bhirt nua cruach, atá i bhfeidhm ón 1 Iúil 2026, srian míchuí a chur ar rochtain ar mhargadh an Aontais. D'áitigh siad go bhféadfadh éifeacht chomhcheangailte na mbeart sin srianta díréireacha a chruthú ar sholáthar cruach agus ábhair imní a chur in iúl maidir le comhsheasmhacht le cuspóirí beartais trádála seachtraí níos leithne an Aontais.

(1042) Thug an Coimisiún dá aire go raibh cuspóirí dlíthiúla ar leith ag baint le bearta frithdhumpála agus le haon bheart cothrománach beartais trádála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cruach agus gur shaothraigh siad cuspóirí éagsúla; tugann ceann amháin aghaidh ar chleachtais éagóracha trádála a dhéanann díobháil don tionscal intíre agus féachann an ceann eile le haghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha trádála a bhaineann le ró-acmhainneacht dhomhanda i margadh cruach an Aontais. Tá na hionstraimí sin bunaithe ar bhunúis dlí éagsúla agus tá gá le caighdeáin éagsúla fhianaiseacha ina leith. Dá bhrí sin, ní raibh siad inmhalartaithe, agus ní fhéadfadh ceann amháin, nó ceann a d'fhéadfaí a ghlacadh amach anseo, a chur in ionad an chinn eile.

(1043) Thug an Coimisiún dá aire nach dtabharfadh beart cuóta-bhunaithe nó srian comhchosúil ar mhéid aghaidh ar an ngné díobhála praghais a suíodh san imscrúdú. Mar a léirítear i Roinn 4 agus Roinn 5, suíodh san imscrúdú go raibh sladghearradh, gearrdhíol agus ísliú praghsanna de bharr allmhairí dumpáilte. Tháinig na héifeachtaí sin chun cinn gan beann ar mhéideanna allmhairí. Os a choinne sin, frithchothromaíonn dleachtanna frithdhumpála gné éagórach praghsála na díobhála a bhain do thionscal an Aontais.

(1044) Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil forchur dleachtanna go hiomlán comhsheasmhach le cuspóirí beartais cruach agus trádála níos leithne an Aontais. Os a choinne sin, dá gceadófaí gan aghaidh a thabhairt ar dhumpáil dhíobhálach, bhainfí an bonn de réasúnaíocht bheartas trádála an Aontais.

(1045) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann lena mheas go mbeadh forchur beart frithdhumpála i gcoinne leas an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na hargóintí a d'ardaigh na páirtithe leasmhara.

(1046) D'áitigh Rialtas na Seapáine tar éis an nochta gur cheart géarú na mbeart coimirce i mí Aibreáin 2025 a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt allmhairí Seapánacha. Thagair sé do laghdú ar allmhairí Seapánacha tar éis an ghéaraithe agus mheas sé nach raibh an fhorbairt sin ag teacht leis an gcinneadh gur chuir méadú ar allmhairí Seapánacha le díobháil.

(1047) Mheas an Coimisiún nár athraigh argóintí Rialtas na Seapáine na conclúidí a leagtar amach in aithris (833) go (838). Sa chás sin, bhí na torthaí maidir le díobháil agus cúisíocht ag brath ar na sonraí fíoraithe le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn na sonraí sin gur mhéadaigh allmhairí ón tSeapáin ó 126 021 thona in 2022 go 250 001 thona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 98 %. Mhéadaigh a sciar den mhargadh freisin ó 2 % go 3 %.

(1048) An méadú ar allmhairí Seapánacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus a sciar méadaithe den mhargadh, níl siad comhsheasmhach leis an dearbhú nár mhéadaigh allmhairí Seapánacha a láithreacht ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur thacaigh forbairt allmhairí Seapánacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú leis an gcinneadh gur chuir na hallmhairí sin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, seachas a bheith contrártha leis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1049) Chomh maith leis sin, d'áitigh na táirgeoirí Seapánacha agus CSC go dtugann an beart cruach nua is infheidhme ón 1 Iúil 2026 cosaint shubstaintiúil do thionscal an Aontais cheana féin. D'áitigh siad gur cheart don Choimisiún an idirghníomhaíocht idir an beart sin agus na bearta frithdhumpála a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar an ngá atá leis na dleachtanna frithdhumpála agus ar a leibhéal. D'áitigh CSC freisin go bhféadfadh ró-chosaint a bheith mar thoradh ar spriocbhrabús 9,9 % a choinneáil ar bun i dteannta na cosanta a thugtar leis an mbeart nua. D'athdhearbhaigh CSC a maíomh ina barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'ainneoin nach raibh an t-ábhar faoi réir an nochta deiridh bhreise agus tugadh treoraíocht don chuideachta gan ach barúil a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an nochtadh deiridh breise.

(1050) Níor athraigh na hargóintí a ardaíodh na conclúidí a leagtar amach in aithris (1045). Ní dhéanann an beart cruach nua is infheidhme ón 1 Iúil 2026 difear, ann féin, don mheasúnú ar éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte ná do leibhéal na mbeart frithdhumpála is gá chun an díobháil sin a bhaint. Fónann an dá ionstraim do chuspóirí dlíthiúla ar leith agus saothraítear cuspóirí beartais éagsúla leo. Tugann dleachtanna frithdhumpála aghaidh ar chleachtais éagóracha praghsála a dhéanann díobháil do thionscal an Aontais, ach freagraíonn an beart cruach d'éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh an Aontais. Braitheann na hionstraimí sin ar bhunúis éagsúla dlí agus ar chaighdeáin fhianaiseacha éagsúla agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a mheas a bheith inmhalartaithe.

(1051) Mheas an Coimisiún freisin gur suíodh an spriocbhrabús 9,9 % ar bhonn na fianaise a bhaineann go sonrach le táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta ar a dtugtar tuairisc anseo thuas agus go léiríonn sé an leibhéal brabúsachta a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a bhaint amach go réasúnta faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Dá bhrí sin, ní leibhéal cosanta é a eascraíonn as an mbeart cruach nua, nó a chinntear leis an mbeart cruach nua. An dá bheart a bheith ann i gcomhthráth, ní rud é a léiríonn ann féin go dtabharfadh an spriocbhrabús nó na bearta frithdhumpála a eascraíonn as ró-chosaint.

(1052) Dá bhrí sin, na hargóintí a bhaineann leis an idirghníomhaíocht idir an beart cruach nua agus na bearta frithdhumpála, níor mheas an Coimisiún go dtugann siad bunús leis an spriocbhrabús ná le leibhéal na mbeart frithdhumpála a athrú. Diúltaíodh, dá bhrí sin, do na maímh.

(1053) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, d'athdhearbhaigh Rialtas na Seapáine gur bhain géarú na mbeart coimirce i mí Aibreáin 2025 agus an laghdú ina dhiaidh sin ar allmhairí na Seapáine an bonn den chinneadh gur chuir allmhairí ón tSeapáin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. D'áitigh sé freisin go bhféadfadh an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann athrú ar fhoinsiú ó thríú tíortha eile a léiriú seachas brú méadaithe ar allmhairí. Ar deireadh, d'áitigh an tSeapáin go laghdódh an Rialachán maidir le Ró-acmhainneacht Cruach, lena laghdaítear an cuóta allmhairiúcháin agus lena dtugtar isteach dleacht 50 % lasmuigh den chuóta, allmhairí a thuilleadh agus, dá bhrí sin, go dtarraingeodh sé amhras ar an ngá atá le bearta frithdhumpála breise.

(1054) Ní raibh na hábhair sin faoi réir an nochta deiridh bhreise. In aon chás, tá measúnú an Choimisiúin ar na hargóintí sin leagtha amach cheana féin in aithrisí (1046) go (1048) agus (1050) go (1052) faoi seach. Sna haithrisí sin mhínigh an Coimisiún cén fáth nár bhain na hargóintí a ardaíodh an bonn dá mheasúnú ar dhíobháil agus ar chúisíocht ná dá chonclúidí maidir leis an spriocbhrabús agus an gá atá le bearta frithdhumpála. Dá bhrí sin, dhearbaigh an Coimisiún a choigeartú agus dhiúltaigh sé do na maímh.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(1055) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúiseanna láidre ann nár chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí táirgí cothroma de chruach fhuar-rollta de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

(1056) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(1057) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
An India	— JSW Steel Limited — JSW Steel Coated Products Limited	9,5	25,5	9,5
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,5	25,5	9,5
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia	9,5	25,5	9,5
an tSeapáin	— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	54,7	27,9	27,9
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	54,7	27,9	27,9
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Seapáine	54,7	27,9	27,9

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
an Téaváin	— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	33,3	20,7	20,7
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,3	20,7	20,7
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téaváine	59,6	27,0	27,0
an Tuirc	Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	7,8	12,9	7,8
	Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	3,0	17,8	3,0%
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	4,9	16,4	4,9
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Tuirce	7,8	17,8	7,8
Vítneam	POSCO VIETNAM CO., LTD	16,0	25,8	16,0
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	16,0	25,8	16,0
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Vítneam	16,0	25,8	16,0

(1058) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin, dá bhrí sin, infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann'.

(1059) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([152]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([152]) Ríomhphost: TRADE-TDI-REQUESTS@ec.europa.eu, An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË. Luaigh uimhir an Rialacháin seo agus an chás-uimhir (AD739) san iarraidh.

(1060) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann'.

(1061) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(1062) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(1063) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina theannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1064) I gcás na dtíortha lena mbaineann ina bhfuil an dleachtráta le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla níos ísle ná an dleachtráta is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre sin, táirgeoirí onnmhairiúcháin nár onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ([153]) ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) nach bhfuil sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

9. **BAILIÚ CÚLGHABHÁLACH**

(1065) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(1066) Mhaígh Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach gur cheart cur i bhfeidhm cúlghabhálach dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a bheith ar fáil go dlíthiúil i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán agus inar cláraíodh allmhairí de bhun Airteagal 14(5), fiú in éagmais bearta sealadacha. Mar thaca lena mhaíomh, d'áitigh an Chónaidhm nach gceanglaítear go sainráite le hAirteagal 10(4) bearta sealadacha a fhorchur roimh ré agus thagair sé don chásdlí maidir leis an gcuspóir stoc-charnadh a chosc agus éifeachtacht na mbeart cinntitheach a chaomhnú.

([153]) Ríomhphost: TRADE-TDI-REQUESTS@ec.europa.eu, An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË. Luaigh uimhir an Rialacháin seo agus an chás-uimhir (AD739) san iarraidh.

(1067) Mheas an Coimisiún, áfach, nach féidir Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán a léirmhíniú ina aonar ach nach mór é a léamh in éineacht le hAirteagal 10 ina iomláine, lena rialaítear an gaol idir dleachtanna sealadacha agus dleachtanna cinntitheacha. I ndáil leis sin, is leathnú eisceachtúil é an cur i bhfeidhm cúlghabhálach dá bhforáiltear in Airteagal 10(4) ar chóras na mbeart sealadach, lena gceadaítear dleachtanna cinntitheacha a bhailiú ar allmhairí cláraithe a rinneadh roimh fhorchur na ndleachtanna sealadacha. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil dlúthnasc idir an sásra maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) agus forchur na mbeart sealadach roimhe sin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ós rud é nár forchuireadh bearta sealadacha san imscrúdú seo, nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha de bhun Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(1068) Tar éis an nochta, shonraigh Eurofer nár aontaigh sé le conclúid an Choimisiúin gur réamhriachtanas é bearta sealadacha a fhorchur chun dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. D'áitigh Eurofer go bhforáiltear le hAirteagal 10(4) do shásra ar leith chun dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach tar éis clárúcháin agus nach bhfuil cur i bhfeidhm na forála sin coinníollach ar bhearta sealadacha a bheith forchurtha roimh ré. D'áitigh Eurofer thairis sin gur sásraí ar leithligh iad clárú agus bailiú cúlghabhálach agus nár cheart a mheas gur cuid de shásra aonair iad atá nasctha le bearta sealadacha. Dá bhrí sin, d'iarr Eurofer ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar a léirmhíniú ar Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(1069) Thug an Coimisiún dá aire gur céimeanna éagsúla iad clárú agus bailiú cúlghabhálach ach gur tháinig sé ar chonclúid dhifriúil. Le clárú, caomhnaítear an fhéidearthacht go ndéanfar bailiú cúlghabhálach má chomhlíontar na coinníollacha dlíthiúla. Ní rud é ann féin a thugann an ceart dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach; tá an ceart sin fós faoi réir cheanglais Airteagal 10(4), lena dteorannaítear bailiú cúlghabhálach do tháirgí a iontráladh lena dtomhailt tráth nach luaithe ná 90 lá roimh dháta chur i bhfeidhm na mbeart sealadach. Ós rud é gurb iad bearta sealadacha an pointe tagartha sainráite chun an tréimhse sin a ríomh, ní féidir bailiú cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) a chur i bhfeidhm i gcás nár forchuireadh aon bheart sealadach. Thairis sin, tá an léirmhíniú sin comhsheasmhach freisin le cleachtas an Choimisiúin le déanaí ([154]).

(1070) Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha de bhun Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

10. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(1071) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([155]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(1072) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([154]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj).

([155]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, nó de chruach chóimhiotail eile cé is moite de chruach dhosmálta, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuarlaghdú), ach gan an méid seo a leanas a áireamh:

— táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, agus gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh, bídís ina gcornaí nó ná bídís, de gach tiús, leictreach,

— táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, de gach leithead, iad fuar-rollta (fuar-laghdaithe), gan chumhdach, plátáil ná bratú orthu, iad ina gcornaí, ar tiús is lú ná 0,35 mm, ainéalta (ar a dtugtar 'plátaí dubha'),

— táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail eile, de gach leithead, de chruach shileacain-leictreach, agus

— táirgí cothromrollta de chruach chóimhiotail, gan aon oibriú breise déanta orthu seachas fuar-rolladh (fuar-laghdú), de chruach ardluais,

a thiteann faoi láthair faoi chóid AC ex 7209 15 00, 7209 16 90, 7209 17 90, 7209 18 91, ex 7209 18 99, ex 7209 25 00, 7209 26 90, 7209 27 90, 7209 28 90, 7211 23 30, ex 7211 23 80, ex 7211 29 00, 7225 50 80, 7226 92 00 (TARIC codes 7209 15 00 90, 7209 18 99 90, 7209 25 00 90, 7211 23 80 19, 7211 23 80 95, 7211 23 80 99, 7211 29 00 19, 7211 29 00 99) agus ar de thionscnamh na hIndia, na Seapáine, na Téaváine, na Tuirce agus Vítneam iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinnitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
An India	— JSW Steel Limited — JSW Steel Coated Products Limited	9,5	88GB
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	9,5	Féach an Iarscríbhinn
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na hIndia	9,5	8999
an tSeapáin	— Nippon Steel Corporation — Daido Steel Co., Ltd.	27,9	88GD
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	27,9	Féach an Iarscríbhinn
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Seapáine	27,9	8999
an Téaváin	— China Steel Corporation — Chung Hung Steel Corporation	20,7	88GG
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	20,7	Féach an Iarscríbhinn
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téaváine	27,0	8999

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
an Tuirc	Borçelik Çelik Sanayi Ticaret A.Ş.	7,8	88GI
	Tatmetal Çelik Sanayi ve Ticaret A. Ş.	3,0	88GJ
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	4,9	Féach an Iarscríbhinn
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Tuirce	7,8	8999
Vítneam	POSCO VIETNAM CO., LTD	16,0	88GO
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	16,0	Féach an Iarscríbhinn
	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Vítneam	16,0	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) de tháirgí cothroma de chruach fhuar-rollta a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre is infheidhme lena mbaineann, i.e. an India, an tSeapáin, an Téaváin, an Tuirc nó Vítneam.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ón Téaváin agus ón Tuirc a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2024 – 30 Meitheamh 2025);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tairgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha eile nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
an India	Tata Steel Limited	88GC
an tSeapáin	JFE Steel Corporation	88GE
	Proterial, Ltd.	88GF
an Téaváin	Taekwang Industrial Co., Ltd.	88GH
an Tuirc	Erdemir Group — Ereğli Demir ve Çelik Fab. T.A.Š. — Erdemir Çelik Servis Merkezi San. ve T. A.Ş. A.Ş.	88GK
	AGT Agac Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi;	88GL
	Yıldız Entegre Ağaç Sanayi ve Ticaret A.š.	88GM
	Yıldız Entegre Ağaç Sanayi ve Ticaret A.š.	88GN
Vítneam	Công Ty Cổ Phần China Steel & Nippon Steel Việt Nam	88GP
	Công ty Cổ phần Tập đoàn Hoa Sen	88GQ